Energy for generations

90

# AG NASCADH LENÁR dTODHCHAÍ

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2017

## EOLAS FAOI ESB

In 1927 bunaíodh ESB mar chorparáid reachtúil i bPoblacht na hÉireann faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Le sealúchas 95.2%, tá ESB faoi úinéireacht thromlaigh Rialtas na hÉireann. Tá an 4.8% eile i seilbh iontaobhaithe Plean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe. Is fóntas láidir éagsúlaithe é ESB, agus é comhtháite go hingearach, atá gníomhach i ngach réimse den mhargadh leictreachais, ó tharchur agus dáileadh go soláthar custaiméirí, agus tá méadú leanúnach ag teacht ar a láithreacht i margaí giniúna agus soláthair na Breataine Móire. Lena hais sin, bainimid tairbhe as luach breise ag pointí áirithe feadh an tslabhra seo mar go soláthraímid ár ngás féin agus go n-úsáidimid ár líonraí chun snáithín optúil a iompar le haghaidh teileachumarsáid. Is fóntas ceannródaíoch Éireannach é ESB, a bhfuil bonn sócmhainne rialaithe (RAB) tuairim is €9.4 billiún aige, chomh maith le sciar 42% den ghiniúint leictreachais sa mhargadh uile-oileáin, agus soláthraíonn sé leictreachas do thart ar 1.25 milliún custaiméir ar fud oileán na hÉireann. Leanfaidh ESB de mhéadú a dhéanamh ar scála a ghnó giniúna, trádála agus soláthair ionas gur féidir leis maireachtáil sa timpeallacht iomaíoch uile-oileáin. Tá ESB dírithe ar seirbhís do chustaiméirí den scoth a chur ar fáil agus a neart airgeadais a chaomhnú. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí thart ar 7,800 fostaí in ESB Group.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS ESB 2017


Ceannoifig ESB
Two Gateway
Bóthar an Phoirt Thoir
Baile Átha Cliath 3
D03 A995
Éire
T: +353 1 676 5831
R: info@esb.ie
www.esb.ie
Twitter: @ESBGroup
LinkedIn: https://www.linkedin.com/company/esb
YouTube: https://www.youtube.com/user/ESBVideo




FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from responsible sources
FSC® C022287

# AMLÍNE GO DTÍ 2017



## 1925
Tús curtha le Scéim na Sionainne





## 1927
ESB Bunaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar)

## 1946
Leictriúchán Tuaithe






## 1975
ESB International Bunaithe






## AG NASCADH LENÁR dTODHCHAÍ

Tá seasamh docht á ghlacadh ag ESB chun todhchaí Éireann a chosaint, todhchaí a mbeidh leictreachas glan inbhuanaithe ina bhonn léi. Tá ESB tiomanta do ghluaiseacht i dtreo todhchaí iontaofa inacmhainne ísealcharbóin, todhchaí ina gcosnófar custaiméirí ESB agus an geilleagar féin ar bhunús shlándáil agus inacmhainneacht an fhuinnimh a chaomhnú. Tá infheistíocht á déanamh ag ESB i nginiúint ísealcharbóin; lena hais sin, tá sé ag dréim leis an eangach a leathnú agus a fheabhsú ionas go mbeidh foinsí fuinnimh níos dáilte ar fáil, agus tá sé ag iarraidh custaiméirí a chumasú, a n-úsáid fuinnimh a riar ar bhealach níos éifeachtúla.

Arna Tháirgeadh ag Zahra Media Group
www.zahramediagroup.com
Léaráidí le Yume Sato


# EOCHAIR-FHÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN* €'M**




(€107 milliún)


**EBITDA* €'M**




(€48 milliún)


* Roimh mhíreanna eisceachtúla. Féach Athbhreithniú leathanach xx.

**IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ €'M**





(€613 milliún)

**GLANFHIACHAS €'M**





(€147 milliún)

**GINIÚINT SCIAR MARGAIDH UILE OILEÁIN**




ESB
TÁIRGEOIRÍ EILE CUMHACHTA

**SOLÁTHAR SCIAR MARGAIDH UILE OILEÁIN**




ESB
SOLÁTHRAITHE EILE CUMHACHTA

## CAIBIDIL 1
### STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT


**FORBHREATHNÚ GNÓ** 8
Ráiteas an Chathaoirligh 10
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 12
Sracfhéachaint ar ESB 14
Buaicphointí 15

**STRAITÉIS, SAMHAIL GNÓ, TUARASCÁIL RIOSCA AGUS PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPIANNA)** 16
Straitéis 17
Samhail Gnó 22
Tuarascáil Riosca 24
Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna) 38

**ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS** 40
An Fhoireann Feidhmiúcháin 42
Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin 2017 44
Athbhreithniú Airgeadais 48
Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) 54
Líonraí ESB 56
Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) 58
Electric Ireland 60
Nuáil 62

**TUARASCÁIL AR GHNÓ FREAGRACH** 64
Forbhreathnú 66
Sábháilteacht 66
Daoine 68
Inbhuanaitheacht 70
Úsáid Fuinnimh in 2017 71
Freagracht Chorparáideach Shóisialta (CSR) 72
Ár mBrabúis a Úsáid i mBealach Inbhuanaithe 74


## CAIBIDIL 2
### RIALACHAS CORPARÁIDEACH


An Bord in 2017 78
Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialachas Corparáideach 80
Tuarascáil Rialachais an Bhoird 81
Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 89
Coistí an Bhoird in 2017 96
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 98


## CAIBIDIL 3
### RÁITIS AIRGEADAIS



Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird 103
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) 104
Ráitis Airgeadais 111
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 187

Gluais 188

# STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

**In 1927, bhí sé de réamhamharc ag an gcéad stiúrthóir bainistíochta ag ESB, Thomas McLaughlin, a thuiscint céard iad na torthaí a bheadh ag scéim náisiúnta hidrileictreach dár náisiún agus í ag tosú amach. Is mar sin a cuireadh tús le hArd na Croise, agus réitigh sé sin an bealach, in 1946, do leictriú 400,000 teach cónaithe tuaithe in Éirinn agus don tír a bhunathrú ina gheilleagar láidir, fuinniúil.**

Le húsáid na móna tugadh fostaíocht agus infheistíocht do Lár na Tíre sna 1950í agus sna 1960í, agus bhí forbairt stáisiún Ghob na Muine in 1987 – an t-aon stáisiún cumhachta gual-bhunaithe in Éirinn – ina chabhair le spleáchas méadaitheach an náisiúin ar ola a laghdú mar fhoinse giniúna leictreachais. Agus ESB ag tabhairt faoin gclár is uaillmhianaí aige go nuige seo – an trasdul go dtí soláthar fuinnimh saor ó charbón faoi 2050 – ceiliúraimid an misneach agus an treallús a bhí i McLaughlin agus iontu siúd go léir a thacaigh leis an bhfís aige, de réir mar a dhéanaimid iarracht Éire níos inbhuanaithí a chruthú do chách.




01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT

02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

03 RÁITIS AIRGEADAIS

# FORLÉARGAS GNÓ

10 Ráiteas an Chathaoirligh
12 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
14 Sracfhéachaint ar ESB
15 Buaicphointí

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Tá áthas orm mar Chathaoirleach Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais ESB a chur i láthair don bhliain 2017 – an comóradh 90 bliain againn.

Chruthaigh ESB go sásúil i dtosca dúshlánacha margaidh le brabús oibriúcháin agus brabús i ndiaidh cánach (roimh mhíreanna eisceachtúla) de €490 milliún agus €209 milliún faoi seach.

Leis an Margadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM) - margadh nua mórdhíola leictreachais do Phoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann (TE) - tabharfar isteach líon athruithe bunúsacha margaidh, ar a n-áirítear laghdú ionchasach ar ioncam ESB. De bharr an laghdaithe seo, mar aon le brúnna eile a bhaineann leis an gcorrlach fuinnimh, bhí muirear eisceachtúil bearnaithe ar bhonn sócmhainní giniúna ESB in 2017 – scéal a bhfuil cuntas níos iomláine tugtha air i nótaí 4 agus 10 leis na ráitis airgeadais.

## DÍBHINN

De réir bheartas díbhinne ESB, tá an Bord ag moladh anois go n-íocfaí díbhinn deiridh de €4.6 milliún do 2017. Mar thoradh air seo, is ionann na díbhinní ar fad do 2017 agus €60 milliún agus is ionann na díbhinní ar fad don deich mbliana a chuaigh thart agus breis is €1.4 billiún. Tá beartas díbhinne againne a dhéanann soláthar do sprioc díbhinne ag 40% de bhrabús coigeartaithe iarchánach gach bliain ó 2017 i leith.



Ellvena Graham OBE
Cathaoirleach

## COMÓRADH 90 BLIAIN

Sa 90ú bliain againn thapaigh muid an deis breathnú siar go mórtasach agus breathnú ar aghaidh go muiníneach. Ag ócáid do pháirtithe leasmhara i nDánlann Náisiúnta na hÉireann chun an bhliain a cheiliúradh, dúirt An Taoiseach, Leo Varadkar, TD "go gcuireann éacht ESB i gcuimhne dúinn an méid is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn an Stát agus fiontar poiblí ag obair as lámh a chéile". Agus sinn ag breathnú romhainn amach, tá an spiorad sin seirbhíse poiblí agus freagrachta sóisialta mar bhonn agus mar thaca le Straitéis 2030 ESB. Ba ghníomhaire bunathraithe shóisialta agus geilleagraigh ESB ó 1927 amach, agus táimid tiomanta sa lá atá inniu ann do bheith i gceannas ar an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin dár gcustaiméirí agus do na pobail dá bhfónaimid.

## STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT OIBRIÚCHÁIN ESB

In 2017 rinne muid dul chun cinn maith ar ár gcuspóirí straitéiseacha. Bhain ár ngnóthaí líonra (Líonraí ESB agus Líonraí NIE) a spriocanna iontaofachta amach. Thug fórsaí oibre an dá cheann acu freagairt éachtach ar Stoirm Ophelia i nDeireadh Fómhair nuair a thug siad cumhacht ar ais do 442,000 custaiméir go tapa agus go díograiseach.

Ba é Electric Ireland an chéad soláthraí sa Phoblacht a chuir coigiltí fadtéarmacha seasmhacha de suas go 8.5% i bhfeidhm (rud atá anois ag beagnach aon mhilliún dár gcustaiméirí). Ina theannta sin, go déanach in 2017, nuair a bhí ardú praghsanna dosheachanta de bharr costas mórdhíola fuinnimh, mhéadaigh formhór na soláthraithe na praghsanna go pras. Chuir Electric Ireland an t-ardú praghsanna siar go dtí Feabhra 2018, áfach, i bhfianaise na mbrúnna costais a bhí roimh chustaiméirí i rith thréimhse an gheimhridh.

Tá dúshlán ollmhór an athraithe aeráide ag croílár ár Straitéise do 2030. Tá sé mar chuspóir againn íosmhéid de 40% dár leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí saor ó charbón faoi 2030 agus, trí theicneolaíochtaí nua agus athnuachan plandaí, déine carbóin ár bpunainne giniúna teirmí eile a laghdú go han-mhór.

## INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL

Tá sé riachtanach go mbeadh feidhmíocht mhaith airgeadais agus méadraigh láidre airgeadais againn chun tacú lenár gclár uaillmhianach infheistíochta caipitil go dtí 2030. In 2017 d'infheistigh muid €867 milliún thar ár ngnóthaí ar fad – an chuid is mó de i sócmhainní rialáilte agus bonneagair leictreachais a théann chun tairbhe gach duine.

## ATHFHORBAIRT NA PRÍOMHOIFIGE

Tionscadal caipitil suntasach amháin is ea athfhorbairt choimpléasc Phríomhoifig Shráid Mhic Liam ar cuireadh tús leis in 2017. Beidh an fhorbairt nua mar eiseamláir de spás oifige nua-aoiseach inbhuanaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath, í deartha go híogair i leith na timpeallachta agus í ionadaíoch don ré lena mbaineann sí.

## TIMPEALLACHT GHNÓ

Maidir lenár ngnóthaí giniúna agus soláthair, táimid ag obair i margadh fíor-iomaíoch na Poblachta agus na Ríochta Aontaithe agus tá scair de 42% den mhargadh giniúna againn agus scair de 34% den mhargadh soláthair i margadh an oileáin uile. Tugann ESB freagairt ar an iomaíocht seo trí thús áite a thabhairt don chustaiméir i ngach a dhéanaimid and tríd an iontaoibh agus an fhollasacht a chur ag croílár ár gcaidrimh lenár gcustaiméirí.

Táimid ag machnamh go cúramach impleachtaí chinneadh na RA an AE a fhágáil, i bhfianaise na mbuntáistí a bhaineann le margadh fuinnimh uile-oileáin agus an tábhacht a bhaineann le timpeallacht rialála sa RA a bhíonn oscailte, iomaíoch i gcónaí.

## SEASAMH LE CAIGHDEÁIN DON RIALACHAS CORPARÁIDEACH


Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde sa rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm agus riosca a bhainistiú agus tacú le hinbhuanaitheacht agus fás. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag ESB chun cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Ar a bharr sin, cloíonn ESB ar bhonn deonach sa mhéid is féidir é, mar chorparáid reachtúil, le Cód Rialachais Chorparáidigh na RA 2016 agus le hAguisín Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.

Déanann an Bord athbhreithniú foirmiúil ar phríomhrioscaí an Ghrúpa go bliantúil mar chuid dá athbhreithniú leanúnach ar rioscaí, chun a chinntiú go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus go bhfuil bainistiú réamhghníomhach á dhéanamh ar rioscaí.

## FEIDHMÍOCHT LÁIDIR SÁBHÁILTEACHTA

Bhí feidhmíocht láidir sábháilteachta ESB in 2017 bunaithe ar infheistíocht leanúnach i bpróisis, córais agus acmhainní sábháilteachta agus ar bhéim a leagan ar chultúr saor ó eachtraí agus ó ghortú a fhorbairt san eagraíocht ar fad. Tá ESB tiomanta go hiomlán don chuspóir ionad oibre saor ó eachtraí agus ó ghortú a bhaint amach. Chuige sin, tá pleananna agus próisis shábháilteachta curtha i bhfeidhm sa Ghrúpa ar fad arna thacú ag na córais faisnéise bainistíochta sábháilteachta riachtanacha.

## ÍOCAÍOCHTAÍ DÍBHINNÍ 2008 GO 2017




## LUACHANNA ESB

Sa 90ú bliain againn tá an Bord, an lucht bainistíochta agus an lucht foirne tiomanta i gcónaí do na luachanna seasmhacha sin is dúil do ESB ó 1927 i leith. Cuirimid na luachanna sin in iúl sa lá atá inniu ann trí bheith misniúil, comhbhách, díocasach agus iontaofa. Is mian liom rannchuidiú ár lucht foirne go léir a admháil, a chuir na luachanna sin i bhfeidhm i mbealach iontach i gcaitheamh 2017.

## CONCLÚID

De réir fhorálacha na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927–2004, cuireann an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i láthair.



Ellvena Graham OBE, Cathaoirleach
1 Márta 2018

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bheith i gceannas ar an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin.

Freagraí Phríomhfheidhmeannach ESB, Pat O'Doherty, ar cheisteanna faoi thorthaí 2017 agus ar Straitéis 2030 ESB.



Pat O'Doherty
Príomhfheidhmeannach

### CÉRBH IAD NA PRÍOMHGHNÓTHACHTÁLACHA AGUS NA PRÍOMHCHEISTEANNA IN 2017?

**A** Bhí roinnt gnóthachtálacha suntasacha ann ar fud an Ghrúpa in 2017 - Comóradh 90ú bliain againn. Sa ghnó giniúna againn chruthaigh Carrington Power, ár monarcha gástuirbín comhchiogail gar do Mhanchain, a coimisiúnaíodh in 2016, go láidir sa chéad bhliain iomláin oibriúcháin aige agus faoinár gclár infheistíochta i bhfuinneamh in-athnuaite coimisiúnaíodh ceithre fheirm gaoithe nua dar luach 95 MW ar fad. Chuir muid chun cinn go suntasach chomh maith tógáil Tilbury Green Power, monarcha bithmhaise 40 MW atá á forbairt ar bhonn comhfhiontair gar do Londain, agus oibriúcháin tráchtála ar na bacáin do R1 2018.

Ar an taobh eile de ba bhliain dhúshlánach í don ghnó giniúna againn a bhfuil bearnuithe dulta i gcion air ar roinnt dá aonad giniúna. Toradh é seo ar athruithe suntasacha, ionchasacha ar an mbealach ina n-oibreoidh an margadh mórdhíola leictreachais ar an oileán uile, mar aon le brú anuas i gcónaí ar chorrlaigh fuinnimh.

Chruthaigh Líonraí ESB agus NIE go hiontach in 2017 i gcomhair na 3.1 milliún custaiméir atá acu ar fad, go háirithe le linn Stoirme Ophelia i nDeireadh Fómhair nuair a tugadh cumhacht ar ais do 385,000 teach cónaithe agus gnóthas sa Phoblacht agus do 57,000 teach cónaithe agus gnóthas i dTuaisceart Éireann (TE). Lean Líonraí ESB agus NIE araon orthu ag forbairt, ag oibriú agus ag cothabháil a gcuid líonraí agus ag éascú le cónaisc nua i gcomhréir lena n-oibleagáidí Ceadúnais ag an am céanna. Is ionann na cónaisc in-athnuaite anois agus beagnach 4GW sa Phoblacht agus 1.4GW i dTuaisceart Éireann. I gcás Líonraí NIE, b'fhorbairt an-suntasach an clabhsúr a bheith curtha leis an gcinneadh nua maidir le praghsanna rialála don tréimhse Deireadh Fómhair 2017 go Márta 2024.

I Iúil 2017 chuir Electric Ireland, lámh miondíola ESB, coigiltí fadtéarmacha seasmhacha de suas go dtí 8.5% i bhfeidhm go huathoibríoch i leith beagnach 1 milliún dá chustaiméirí sa Phoblacht. Chuir Electric Ireland siar chomh maith méaduithe dosheachanta ar phraghsanna go dtí Feabhra 2018 (tar éis thréimhse an gheimhridh).

In 2017 chomh maith bhain ESB feidhmíocht shásúil airgeadais amach i bhfianaise na dtosca dúshlánacha sa mhargadh fuinnimh, agus bhí Brabús EBITDA agus Oibriúcháin aige de €1,276 milliún agus €490 milliún faoi seach (roimh mhíreanna eisceachtúla). I gcaitheamh 2017 rinne ESB infheistíocht de €867 milliún agus b'ionann an díbhinn do 2017 agus €60 milliún, rud a chiallaigh gurbh ionann na díbhinní iomlána leis na deich mbliana a chuaigh thart agus breis is €1.4 billiún.

## CÉARD IAD, DAR LEAT, NA PRÍOMHGHNÉITHE DE STRAITÉIS ESB GO 2030 (STRAITÉIS 2030) ARNA FAOMHADH AG AN MBORD LE DÉANAÍ?

**F** Creidim nach mór do ESB bheith ian chúis dhinimiciúil leis an athrú agus an dul chun cinn sa tsochaí, ar mhaithe le todhchaí níos fearr a chruthú do na custaiméirí agus na pobail dá bhfónaimid. Is chun na críche sin a bunaíodh sinn 90 bliain ó shin in 1927 agus is mar sin atá sé i gcónaí. Comhlíonfaimid é sin inniu trí bheith i gceannas ar an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin a bheidh bunaithe ar fhuinneamh glan. Aibhsítear le Straitéis 2030 an tábhacht a bhaineann le bheith inoiriúnaithe sa ré seo an athraithe gan fasach, le láithreacht ar scála mór a choimeád ar fud shlabhra luacha na bhfóntas agus le neart airgeadais ESB a chothabháil. Leagtar amach cúig chuspóir straitéiseacha i Straitéis 2030:

1. Tús áite a thabhairt inár ngníomhaíochtaí uile, do riachtanais na gcustaiméirí, anois agus sa todhchaí
2. Fuinneamh glan slán inacmhainne a tháirgeadh, a nascadh agus a sholáthar
3. Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag teacht chun cinn
4. An gnó a fhás agus san am céanna, láidreacht airgeadais ESB a chothú
5. Cultúr ardfheidhmíochta a chur ar fáil ina dtacaítear le nuáil agus comhoibriú

Trínár ngnóthaí ilghnéitheacha ar fud na Poblachta, TE agus na Breataine Móire tá beartaithe againn riachtanais fuinnimh na gcustaiméirí a shásamh leis na hinniúlachtaí is fearr atá againn a chur le chéile chun réitigh nuálaíocha a sholáthar a bheidh bunaithe ar luachanna an tsaoil ísealcharbóin.

## CÉN SCÁLA INFHEISTÍOCHTA A THEASTAÍONN CHUN AN STRAITÉIS UAILLMHIANACH SEO A SHOLÁTHAR?

**F** In 2017 ba mhó ná €850 milliún ár n-infheistíocht chaipitil. Tá ESB ag súil le leanúint le hinfheistíocht shuntasach chaipitil, tuairim is €1 billiún ar an meán gach bliain, chun Straitéis 2030 a sholáthar. Leis an leibhéal seo infheistíochta inár líonraí, inár bhflít ghiniúna agus inár dtairiscintí do chustaiméirí cinnteofar go mbeimid in ann bheith i gceannas ar an trasdul go dtí saol an fhuinnimh ísealcharbóin.

## TÁ AN-CHUID ÉIGINNTEACHTA POLAITIÚLA AGUS RIALÁLA ANN. CÉN CHAOI A CHUIREANN ESB É FÉIN IN OIRIÚINT DO NA FORBAIRTÍ SEO?

**F** Tá roinnt dúshlán straitéiseach roimh ESB, mar atá roimh an-chuid cuideachtaí fuinnimh eile, éiginnteacht pholaitiúil agus rialála san áireamh. Orthu seo tá:

- tabhairt isteach an Mhargadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM) nua sa Phoblacht agus TE a bheidh ag teacht i bhfeidhm i mBealtaine 2018. leis an I-SEM tabharfar isteach athruithe suntasacha ar an margadh, ar a n-áirítear sás nua íocaíochta as acmhainn, rud a chuir leis an riachtanas do ESB cuid dá shócmhainní giniúna a lagú in 2017, scéal a bhfuil cuntas níos iomláine tugtha air i nótaí 4 agus 10 leis na ráitis airgeadais; agus
- éiginnteacht mhéadaithe inár macratimpeallacht arna tionscnamh ag ócáidí ar nós Brexit agus forbairtí eile domhanda sochpholaitiúla.

Tá deiseanna do ESB ag teacht as na forbairtí seo chomh maith agus táimid ag cur na gcéimeanna cuí féin-oiriúnaithe dínn. Leanadh ar aghaidh leis na hullmhúcháin don I-SEM i gcaitheamh na bliana agus táimid ullamh don struchtúr nua margaidh a bheidh ag teacht i bhfeidhm i mBealtaine 2018. Maidir le Brexit, táimid i gcónaí ag monatóiriú na dtionchar reatha agus na dtionchar atá ag teacht chun cinn de réir mar a thagann siad chun solais.

Tá ESB suite go maith chun na deiseanna seo a thapú agus chun dul i ngleic leis na dúshláin agus leis na hábhair éiginnteachta seo, mar gheall ar an ionad atá bainte amach aige mar an príomhfhóntas fuinnimh sa Phoblacht a bhfuil gnóthaí ilghnéitheacha aige ar fud shlabhra luacha an fhuinnimh, ar a phróifíl chobhsaí gnó, ar an bhfeidhmíocht mhaith airgeadais go seasmhach aige, ar a rátálacha creidmheasa agus ar a chroí-inniúlachtaí.

## CÉN CHAOI A MBEIDH ESB SUITE CHUN DÉILEÁIL LEIS NA DÚSHLÁIN Ó THEICNEOLAÍOCHTAÍ NUA SUAITEACHA ATÁ AG DUL I GCION AR NA FÓNTAIS MHÓRA GO LÉIR?

**F** Tá sé mar eochair-aidhm ag Straitéis 2030 a chinntiú go mbeidh ESB suite go maith chun déileáil leis na dúshláin ó theicneolaíochtaí nua suaiteacha. Leagtar amach i Straitéis 2030 ár bhfreagairt phleanáilte orthu seo, ar a n-áireofar treochlár soiléir chun scála ár ngnó a mhéadú agus ár láidreacht airgeadais a choimeád ag an am céanna. Trí ghlacadh leis na teicneolaíochtaí suaiteacha seo - trí infheistiú i líonraí cliste, i nginiúint nua-aoiseach ísealcharbóin in-athnuaite agus i dtairiscintí custaiméara a bheidh dírithe ar fhuinneamh dáilte agus ar theicneolaíochtaí digiteacha - cumasóimid saol fuinnimh ísealcharbóin amach anseo agus forbróimid réimsí nua cruthaithe luacha. Tá sé mar dhlúthchuid dár Straitéis 2030 go gcumasófar, lenár n-infheistíocht ar fud an tslabhra luacha, leictriú forleathan an téimh agus an iompair chomh maith agus go bhfágfar sa bhealach sin leictreachas ísealcharbóin ag croílár na sochaí ísealcharbóin.

Ar ndóigh, baineann an-tábhacht le hinniúlachtaí fhostaithe ESB i dtaca leis an uaillmhian seo a bhaint amach. In 2017, lean ESB air ag infheistiú i gcónaí san oiliúint agus sa bhforbairt agus san earcaíocht spriocdhírithe chun na hinniúlachtaí agus na scileanna a thógáil atá riachtanach chun cur ar chumas ESB Straitéis 2030 a sholáthar go rathúil.

## LE BLIANTA BEAGA ANUAS, TÁ ESB TAR ÉIS A THIOMANTAS DON TSÁBHÁILTEACHT A MHÉADÚ GO MÓR AGUS FÓCAS AIGE AR CHULTÚR SÁBHÁILTEACHTA ESB A NEARTÚ AGUS A FHORBAIRT. CÉN CHAOI BHFUIL SÉ SEO AG DUL CHUN CINN?


**F** Tá an tsábháilteacht ag croílár gach rud a dhéanaimid i ESB – sábháilteacht lucht foirne, custaiméirí agus an phobail. Leagtar amach i gCreat Ceannaireachta maidir le Sábháilteacht ESB ardchaighdeáin sábháilteachta inár bpróisis oibre go léir agus déanaimid comhlíonadh na gcaighdeán sin a mhonatóiriú ar bhonn seasmhach. Tá Pleananna Cuimsitheacha Feabhsaithe Sábháilteachta ar bun thar gach réimse dár ngnó agus athbhreithnítear go rialta iad. D'éirigh go han-mhaith lenár bhFeachtas Fan Sábháilte, Fan Glan in 2017 feasacht phoiblí ar cheisteanna sábháilteachta an líonra leictreachais a ardú.

## AR CHOINNIGH ESB LENA CHLÁR FREAGRACHTA CORPARÁIDÍ IN 2017?

**F** Leis na deich mbliana a chuaigh thart, bhronn ESB breis is €10 milliún ar thionscadail pobal-bhunaithe i réimsí áirithe - an féinmharú a chosc, míbhuntáiste oideachasúil agus easpa dídine, trínár gCiste Fuinnimh do na Glúine. In 2017, d'fhorbair muid comhpháirtíochtaí nua straitéiseacha le Aware ar a gclár Beat the Blues agus leis an gClár Rochtana ar Phrintíseacht atá ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Rinne muid infheistíocht i bpobail trínár gclár urraíochta a thugann tús áite do STEAM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaín agus matamaitic), don spórt agus do thionscnaimh chultúrtha.

## AG BREATHNÚ AR AGHAIDH DUIT GO DTÍ 2018 AGUS DON LÁ NÍOS FAIDE ANONN, CAD É AN DÚSHLÁN MÓR MEASANN TÚ?

**F** Beidh an timpeallacht oibríochta do ESB dúshlánach i gcónaí in 2018 agus níos faide anonn, agus beidh an iomaíocht, nuáil shuaiteach, luaineacht sna corrlaigh fuinnimh agus comhtháthú an mhargaidh go léir ag cur brú ar shruthanna traidisiúnta ioncaim. Tá na forbairtí seo ag cruthú deiseanna do ESB chomh maith, áfach, go háirithe i bhforbairt seirbhísí nua, áit is féidir linn réitigh atá bunaithe ar luach a thabhairt dár gcustaiméirí, ioncaim nua a chothú agus an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin a chumasú. Tá Straitéis 2030 ceaptha chun fás a bhaint amach sa timpeallacht dhúshlánach seo.



Pat O'Doherty, Príomhfheidhmeannach
1 Márta, 2018

# SRACFHÉACHAINT AR ESB



| DEIGHLEOG GNÓ | Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) | Líonraí ESB | Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) | Electric Ireland | Deighleoga Eile |
|---|---|---|---|---|---|
| IONCAM | €1,406M | €1,058M | €272M | €1,734M | €297M |
| BRABÚS OIBRÍOCHTA* | €121M | €317M | €35M | €68M | (€51M) |
| CAITEACHAS CAIPITIÚIL | €128M | €501M | €143M | €9M | €86M |
| MEÁNLÍON FOSTAITHE | 1,005 | 3,347 | 1,288 | 386 | 1,764 |
| NASC LE RANNÁIN EILE SA TUARASCÁIL | Féach leathanach 54 Athbhreithniú Oibriúcháin G&WM | Féach leathanach 56 Athbhreithniú Oibriúcháin Líonraí ESB | Féach leathanach 58Athbhreithniú Oibriúcháin NIE Networks | Féach leathanach 60Athbhreithniú Oibriúcháin Electric Ireland | Féach leathanach 62Athbhreithniú Oibriúcháin Innovation |


FÉACH NÓTA 2 (TUAIRISCIÚ DEIGHLEOG) SNA RÁITIS AIRGEADAIS CHUN TUILLEADH MIONSONRAÍ A FHÁIL

* - ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA (FÉACH NÓTA 4 SNA RÁITIS AIRGEADAIS CHUN TUILLEADH MIONSONRAÍ A FHÁIL)

# BUAICPHOINTÍ

## SCAIRSHEALBHÓIRÍ

DÍBHINN €60 MILLIÚN DO 2017



BRABÚS AR CHAIPITEAL A ÚSÁIDEADH DE 4.6%





## CUSTAIMÉIRÍ

I GCÁS CUSTAIMÉIRÍ A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU SA PHOBLACHT COIGILTÍ DE 8.5% AR AN MEÁN

MOILL CURTHA AR MHÉADUITHE RIACHTANACHA AR AN BPRAGHAS GO DTÍ TAR ÉIS BHILLÍ AN GHEIMHRIDH

SÁSTACHT CUSTAIMÉARA DE 95%

RINNEADH 442,000 CUSTAIMÉIR A ATHNASCADH I NDIAIDH STOIRME OPHELIA

## GEILLEAGAR NA HÉIREANN



D'INFHEISTIGH ESB €867 MILLIÚN SA BHONNEAGAR FUINNIMH AGUS IN INFHEISTÍOCHTAÍ EILE I GCAITHEAMH 2017

BREIS IS 7,700 FOSTAÍ

CUIREANN ESB BEAGNACH €2 BHILLIÚN GACH BLIAIN ISTEACH I NGEILLEAGAR NA HÉIREANN



EISÍOCADH BREIS IS €3 MILLIÚN THAR RAON TIONSCNAMH POBAIL

# STRAITÉIS, SAMHAIL GNÓ, TUAIRISC RIOSCA AGUS EOCHAIR-TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPIanna)


17 Straitéis
22 Samhail Gnó
24 Tuairisc Riosca
38 Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna)

# STRAITÉIS

## ATHBHREITHNIÚ AR STRAITÉIS

I gcaitheamh 2017, thug an Bord faoi athbhreithniú ar straitéis ESB chun na boinn tuisceana a thástáil agus a bhailíochtú, treo straitéiseach foriomlán an Ghrúpa a athdhearbhú agus an t-ionchas pleanála a shíneadh amach chuig 2030.

## STRAITÉIS 2030

Leanúint ar Straitéis 2025 is ea Straitéis ESB go dtí 2030 (Straitéis 2030) agus tá sí daingnithe in uaillmhian ESB todhchaí níos gile a chruthú trí bheith i gceannas ar an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin. Leagtar amach inti treochlár chun an uaillmhian seo a bhaint amach sa chaoi go gcinnteofar freisin go leanfaidh ESB air ag fás mar ghnó rathúil agus go gcoimeádfaidh sé láidreacht airgeadais go leor chun infheistiú i saol ísealcharbóin amach anseo ag an luas agus ar an scála is gá. Aithnítear léi chomh maith an poitéinseal d'fhás nua gnó ag éirí as an trasdul.

Aibhsítear i Straitéis 2030 an tábhacht a bhaineann le bheith inoiriúnaithe, freagrach agus deistapaíoch i ré éiginnteachta gan fasach agus le láithreacht ar scála mór a choimeád ar fud shlabhra luacha na bhfóntas, le comhcheangal de ghnóthaí rialaithe agus neamhrialaithe, fad is a gcoimeádtar ag an am céanna rátáil láidir chreidmheasa de ghrád infheistíochta.

Ó bunaíodh é in 1927, tá sé ina chomhartha sóirt ag ESB go bhfuil sé tiomanta don tsochaí a spreagadh ar aghaidh agus do dheiseanna a chruthú do na pobail dá bhfónann sé. Tá foinse dhomhain tacaíochta ann dá thoradh seo agus tá ESB suite mar cheannaire chun an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin a chur i ngníomh. Agus é sin á dhéanamh aige, feiceann ESB deiseanna chun fónamh níos fearr ar a chustaiméirí agus fás inbhuanaithe a bhaint amach.

## LUACHANNA ESB

Tá luachanna ESB, mar atá bheith misniúil, comhbhách, díocasach agus iontaofa, fréamhaithe go domhain san eagraíocht agus cuimsíonn siad an t-ionracas agus an uaillmhian is dual do ESB. Is dlúthchuid iad d'fhorbairt agus de sholáthar Straitéis 2030 - mar bhonn eolais ag iompraíocht agus cinntí ESB ó lá go lá, agus mar bhonn agus mar thaca leis an iontaoibh uathúil atá ag custaiméirí agus pobail i ESB.

## CREAT STRAITÉISEACH

Leis an gCreat Straitéiseach do Straitéis 2030 cinntítear go mbíonn na tionscnaimh straitéiseacha a dtugtar fúthu comhsheasmhach le cuspóirí agus luachanna uileghabhálacha ESB agus go mbíonn siad spreagtha leis an tráchtáil, mar a imlínítear ar leathanach 20.

Ag feidhmiú Straitéis 2030 dó, beidh mar threoir ag ESB a Ráiteas Straitéise, ina gcuirtear in iúl fócas geografach ESB, agus a fhócas gnó, agus tiomantas ESB do bheith custaiméir-lárnach, don chomhoibriú agus don nuáil.

## RÁITEAS STRAITÉISE

Trínár ngnóthaí ilghnéitheacha ar fud na Poblachta, TE agus na Breataine Móire tá beartaithe againn riachtanais fuinnimh na gcustaiméirí a shásamh leis na hinniúlachtaí is fearr atá againn a chur le chéile chun réitigh nuálaíocha a sholáthar a bheidh bunaithe ar luachanna an tsaoil ísealcharbóin.

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Leagtar amach na cúig Chuspóir Straitéiseacha seo a leanas i Straitéis 2030 (a bhfuil cuntas níos mionsonraithe tugtha orthu ar leathanach 21):

1. Tús áite a thabhairt inár ngníomhaíochtaí uile, do riachtanais na gcustaiméirí, anois agus sa todhchaí
2. Fuinneamh glan slán inacmhainne a tháirgeadh, a nascadh agus a sholáthar
3. Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag teacht chun cinn
4. An gnó a fhás agus san am céanna, láidreacht airgeadais ESB a chothú
5. Cultúr ardfheidhmíochta a chinntiú ina dtacaítear le nuáil agus comhoibriú

## TIMPEALLACHT GHNÓ ESB

Leagtar amach thíos achoimre ar na heochair-thosca timpeallachta gnó a théann i gcion go suntasach ar Straitéis 2030:

1. Beartas aeráide agus fuinnimh
2. Gluaiseachtaí chun cinn sa teicneolaíocht
3. Céadroghanna athraitheacha custaiméirí
4. Teacht chun cinn samhlacha nua gnó
5. Brexit (cinneadh na Ríochta Aontaithe (RA) imeacht as an Aontas Eorpach (AE))

## 1. BEARTAS AERÁIDE AGUS FUINNIMH

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó dá bhfuil roimh an gcine daonna agus tá riachtanas práinneach ann astuithe gáis ceaptha teasa domhanda (GHG) a laghdú chun na glúine reatha agus na glúine amach anseo a chosaint. Admhaítear é seo i raon de chomhaontuithe idirnáisiúnta agus i mbeartais náisiúnta ina leagtar amach spriocanna uaillmhianacha chun an téamh domhanda a chiorrú.

Sa ghearrthéarma, faoi chreat 2020 an AE, tá spriocanna ann atá ina gceangal dlí ag an leibhéal náisiúnta chun astuithe carbóin a laghdú i gcomhair earnálacha ar nós iompair, talmhaíochta agus foirgneamh. Leagann Poblacht na hÉireann agus an RA amach spriocanna freisin don chion leictreachais atá lena tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite gur ionann iad agus 40% agus 30% faoi seach.

Tá sé ina bheartas reatha ag an AE astuithe iomlána GHG a laghdú de 80-95% faoi 2050. Tá an Phoblacht tiomanta do dhícharbónú fadtéarmach, chéimnitheach a córais fuinnimh, laghdú 80% faoi 2050 agus laghdú 100% faoi 2100. Tá sé seo de bhreis ar a sprioc neodrachta carbóin faoi 2050 idir thalmhaíocht agus úsáid eile talún ar nós foraoiseachta. Leag Rialtas na RA amach sprioc cosúil leis sin de laghdú 80% in astuithe GHG faoi 2050, go neamhspleách ar na spriocanna AE.

Faoi Scéim Trádála Astuithe Uile-Eorpach (ETS) leagtar cuótaí ar an méid astuithe is ceadaithe ó shuiteálacha móra, stáisiúin giniúna leictreachais san áireamh. Táthar ag laghdú na gcuótaí seo gach bliain céim ar chéim chun dlús a chur leis an nuáil teicneolaíoch is gá chun dícharbónú iomlán a bhaint amach faoi 2050. Faoi struchtúir dlíthiúla agus struchtúir mhargaidh an ETS tá cuideachtaí aonair, seachas rialtais, faoi dhliteanas astuithe a laghdú. Tá earnáil an leictreachais, atá freagrach as 20% de na hastuithe sa Phoblacht, ag dul ar aghaidh de réir sceidil chun na spriocanna atá socraithe a bhaint amach. Léirítear é seo i bhFigiúr 1 ar leathanach 18 ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta cheana sa Phoblacht chun inneachar carbóin na hearnála leictreachais a laghdú mar aon leis an dul chun cinn eile atá fortheilgthe.

Murab ionann is an ETS, fágtar an fhreagracht agus na costais chomhlíonta a ghabhann léi sin maidir le hastuithe a laghdú ón talmhaíocht, ón iompar agus ó fhoirgnimh ar gach aon rialtas náisiúnta. Tá na hearnálacha seo le chéile freagrach as breis is 75% de na hastuithe náisiúnta, méid atá go suntasach níos mó ná na hastuithe ó earnáil an leictreachais de réir mar a léirítear i bhFigiúr 2 ar leathanach 18. Aithnítear go follasach anois faoi bheartas an Rialtais sa Phoblacht agus sa

RA araon go bhfuil sé riachtanach an carbón ón iompar agus ón téamh a laghdú chun spriocanna do na hastuithe náisiúnta a bhaint amach agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tá líon roghanna teicneolaíocha ann cheana nó ag teacht chun cinn chun astuithe a laghdú trí leictriú méadaithe in earnáil an téimh agus an iompair.

D'fhoilsigh ESB, i gcomhar le Poyry, le déanaí tuarascáil chuimsitheach – "Ireland's Low-Carbon Future – dimensions of a solution" ina leagtar amach treochlár praiticiúil atá indéanta go teicneolaíoch d'Éirinn chun a spriocanna laghdaithe carbóin a shásamh, mar chuid de rannchuidiú ESB don díospóireacht náisiúnta. Féadtar an tuarascáil a íoslódáil ó shuíomh idirlín ESB (www.esb.ie) agus tá sí mar bhonn eolais ag Straitéis 2030.

## 2. GLUAISEACHTAÍ CHUN CINN SA TEICNEOLAÍOCHT


Tá gluaiseachtaí meara ar aghaidh sa teicneolaíocht dulta i gcion ar chostas agus luas an athraithe in earnáil na bhfóntas ar fud an tslabhra luacha. Luaitear i bpacáiste Fuinnimh Ghlan an AE laghdú 80% i gcostais fótavoltach gréine idir 2009 agus 2015 agus laghdú 30-40% i gcostais giniúna gaoithe (ar an gcladach agus san fharraige amuigh araon) thar an tréimhse chéanna. Go meántéarmach nó go fadtéarmach, tá roghanna ann a chaithfear a dhéanamh chun foinsí eadrannacha giniúna leictreachais a chlúdach agus ní léir go fóill céard iad na teicneolaíochtaí is fearr chun an toradh deiridh a sholáthar - tá raon roghanna ann ach níl aon réiteach aonair ann.

Tá réitigh ann a bhfuil an poitéinseal acu go léir athrú suntasach a spreagadh i ndearadh agus oibriú líonraí leictreachais - feidhmiú teicneolaíochtaí cumarsáide agus digiteacha ar nós anailísíocht shonraí, comhtháthú córas gnó TF le córais teicneolaíochta oibriúcháin, néalríomhaireacht agus intleacht shaorga. Le gluaiseachtaí chun cinn sa teicneolaíocht cumasófar leibhéal níos airde táirgthe, stórála agus rialaithe leictreachais, ag custaiméirí go díreach, nó ag soláthraithe seirbhíse a bheidh ag rialú agus ag bainistiú an éilimh ar fhuinneamh thar a gceann.

## 3. CÉADROGHANNA CUSTAIMÉIRÍ A ATHRÚ


Tá teicneolaíochtaí ag teacht chun cinn a chuireann ar fáil raon roghanna nua do chustaiméirí gabháil leis an gcóras leictreachais i mbealaí éagsúla. Tá sé seo ag cruthú athraithe i dtírdhreach an fhuinnimh. Beidh toilteanas agus cumas daoine a stíleanna beatha a

### FIGIÚR 1: DÉINE CARBÓIN AN LEICTREACHAIS SA PHOBLACHT - STAIRIÚIL AGUS RÉAMH-MHEASTA




Foinse: SEAI, UCC

### FIGIÚR 2: POBLACHT ASTUITHE GÁIS CHEAPTHA TEASA IN 2016




Foinse: Anailís ESB bunaithe ar Thuarascálacha GCC 2017

chur in oiriúint agus teicneolaíochtaí nua a ghlacadh chucu féin ag croílár an trasdula go dtí todhchaí ísealcharbóin. Is minice anois ná riamh a bhíonn ionchais custaiméirí faoi thionchar an taithí a bhíonn acu lasmuigh d'earnáil an fhuinnimh – ar nós tairiscintí seirbhíse bunaithe go digiteach, freagairtí fíor-ama san áireamh. Tá na céadroghanna athraitheacha seo go léir de bhreis ar ionchais leanúnacha custaiméirí go mbeidh fuinneamh iontaofa, inacmhainne ísealcharbóin acu, ní ina n-ionad.

## 4. TEACHT CHUN CINN SAMHLACHA NUA GNÓ

Tá sé tuartha ag ESB go dtiocfaidh raon de shamhlacha nua gnó as na gluaiseachtaí chun cinn sa teicneolaíocht, sa bhfuinneamh agus sa bheartas rialaithe, mar aon leis na céadroghanna athraitheacha custaiméirí. Cruthaítear leis na samhlacha gnó seo tírdhreach níos iomaithí, as a dtagann dúshláin agus deiseanna d'fhóntais thraidisiúnta. Ionchasaíonn ESB go mbeidh, sa tírdhreach nua seo, fócas méadaithe ar sheirbhísí ag leibhéal an chustaiméara - "fuinneamh mar sheirbhís" - agus ag an leibhéal mórdhíola chomh maith, chun go mbeidh an córas ag comhlánú an tsoláthair fuinnimh. Ionchasaíonn ESB freisin gur lú a bheidh an t-idirdhealú traidisiúnta sonraithe idir sócmhainní giniúna, soláthair agus líonra de réir mar a iarrann samhlacha gnó luach a bhaint as teicneolaíochtaí ar nós stórála nó freagartha de réir éilimh.

## 5. BREXIT

Tá an RA tar éis vótáil chun imeacht as an AE agus tá sé seo sceidealta chun tarlú faoi 29 Márta 2019. Áireofar ar Chéim a Dó de na caibidlíochtaí go luath in 2018 sraith shainiúil in aitheantas ar staid uathúil oileán na hÉireann. Tá an-éiginnteacht ann faoi fhoirm agus céimniú imeacht na RA agus léireofar na hiarmhairtí iomlána thar na blianta seachas na míonna.

Tá infheistíochtaí ESB sa RA arna dtreorú ag an gcuspóir straitéiseach láithreacht ilghnéitheach ar scála mór a bheith aige ar fud an tslabhra luacha i ngnóthaí rialaithe agus neamhrialaithe araon áit a mbíonn an ilghnéitheacht ríthábhachtach chun rioscaí agus brabúis a chothromú. Tá raon de bheartais stuama bainistíochta airgeadais glactha chuige féin ag ESB chun na rioscaí gaolmhara airgeadais a bhainistiú.

Cuireann infheistíocht ESB i Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) le scála a bhoinn sócmhainní rialaithe agus, is cuma faoi Bhreatimeacht, ionchasaíonn ESB bheith ag oibriú laistigh de chóras cobhsaí rialaithe a spreagann infheistíocht i TE.

Déantar iarracht le Straitéis 2030 gnó Soláthair Giniúna-Trádála (GTS) ESB sa Phoblacht, i TE agus sa Bhreatain Mhór a mhéadú. De réir mar a choinníonn an Phoblacht, TE agus an Bhreatain Mhór lena dtiomantas do dhícharbónú an ghiniúna leictreachais, feiceann ESB i gcónaí deiseanna infheistíochta i sócmhainní fuinnimh de réir mar a mhalartaítear an tsean-ghiniúint atá dian ar an gcarbón. Ba cheart go gcuirfeadh dícharbónú an téimh, an iompair agus na talmhaíochta trí mheán an leictrithe a thuilleadh leis na deiseanna seo.

Tar éis na vótála Brexit d'athdhearbhaigh na hÚdaráis Rialaithe sa Phoblacht agus TE le chéile a dtiomantas do thionscadal an Mhargaidh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM), lena gcoinnítear margadh aonair, comhchuibhithe, mórdhíola uile-oileáin. Is í an Bhreatain Mhór an margadh is dlúithe i gcónaí agus an t-aon mhargadh atá nasctha go leictreonach leis an bPoblacht agus TE, agus mar sin tá luach mór ag baint leis an gcumas fuinneamh a thrádáil gan chosc, ní do ESB amháin ach do na geilleagracha seo.

Go hachomair, in ainneoin na héiginnteachta a bhaineann le Brexit, cuireann earnáil fuinnimh na RA píblíne de dheiseanna fáis ar fáil i gcónaí i margaí i gcóngar agus i margaí idirnasctha. Leanfaidh ESB air ag monatóiriú agus ag bainistiú na dtionchar reatha agus na dtionchar atá ag teacht chun cinn de bharr Brexit.

# CREAT STRAITÉISEACH

## ÁR GCUSPÓIR

**Tá sé mar chuspóir ag ESB todhchaí níos gile a chruthú do na custaiméirí agus na pobail dá bhfónaimid agus déanfaimid seo trí bheith i gceannas ar an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin**

## ÁR LUACHANNA

### TÁIMID MISNIÚIL

Tá freagracht ar gach duine dínn agus deis chun ESB a mhúnlú i ngnó as a mbeadh gach duine bródúil

### TÁIMID IONTAOFA

Tá an iontaoibh luachmhar. Caithimid í a thuilleamh

### TÁIMID BÁÚIL

Is mian linn a bheith in ann a rá leis an nglúin a thiocfaidh inár ndiaidh go bhfuil ár ndícheall déanta againn oidhreacht dhearfach a fhágáil agus go bhfuil todhchaí níos gile tógtha againn do chách

### TÁIMID TIOMANTA

Déanaimid ár seacht ndícheall fíor-dhifríocht a dhéanamh dár gcustaiméirí, dár gcomhghleacaithe agus dár bpobail, agus sinn ag lorg i gcónaí bealach chun feabhas a chur ar ár seirbhísí dóibh

## RÁITEAS STRAITÉISE

**Trínár ngnóthaí ilghnéitheacha ar fud na Poblachta, TE agus na Breataine Móire tá beartaithe againn riachtanais fuinnimh na gcustaiméirí a shásamh leis na hinniúlachtaí is fearr atá againn a chur le chéile chun réitigh nuálaíocha a sholáthar a bheidh bunaithe ar luachanna an tsaoil ísealcharbóin**

## TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

- TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE, DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ
- FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR
- SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN
- AN GNÓ A FHÁS AGUS SAN AM CÉANNA, LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ
- CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

# TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

**2017 TIMPEALLACHT GNÓ**

■ Beartas aeráide agus fuinnimh ■ Gluaiseachtaí chun cinn sa teicneolaíocht ■ Céadroghanna athraitheacha custaiméirí ■ Teacht chun cinn samhlacha nua gnó ■ Brexit




### Tús áite a thabhairt inár ngníomhaíochtaí uile, do riachtanais na gcustaiméirí, anois agus sa todhchaí

- Glacfaidh ESB chuige féin cultúr custaiméir-lárnach thar a ghníomhaíochtaí gnó go léir a thógfaidh ar an gclú atá orainn do sheirbhís custaiméara agus don iontaoibh, agus a bhreathnóidh go réamhghníomhach chomh maith thar na seirbhísí traidisiúnta chun réitigh nua nuálacha leis an léargas taobh thiar díobh a fhorbairt chun riachtanais ilghnéitheacha custaiméirí a shásamh



### Fuinneamh glan slán inacmhainne a tháirgeadh, a nascadh agus a sholáthar

- Leis an staid uathúil ina bhfuil sé mar imreoir ar scála mór i Margaí Líonraí agus Giniúna araon tá ESB in ann ról ceannais a ghlacadh i ndícharbónú na sochaí
- Neartóimid ár samhlacha traidisiúnta gnó agus oiriúnóimid iad, agus spreagfaimid agus glacfaimid chugainn samhlacha nua gnó a dhéanann sócmhainní giniúna agus líonra nua, mar aon leo siúd atá ann cheana, a ghiaráil chun táirgí agus seirbhísí eile a fhorbairt



### Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag teacht chun cinn

- Leis an trasdul ó bhreosla iontaise, mar aon le forbairt teicneolaíochtaí nua, tá éileamh á chruthú ar sheirbhísí nua chun an eangach a chothromú agus breis smachta a thabhairt do chustaiméirí ar a n-úsáid fuinnimh féin
- Deis é seo do ESB luach a cheapadh sa mhargadh mearfhais seo – i dtéarmaí seirbhísí córais don eangach agus, ina theannta sin, i dtéarmaí seirbhísí fuinnimh do chustaiméirí soláthair



### An gnó a fhás agus san am céanna, láidreacht airgeadais ESB a chothú

- Is den tábhacht ar fad é do straitéis ESB feidhmíocht láidir airgeadais a choimeád mar is é sin a chinnfidh ár gcumas caipiteal a thiomsú chun infheistiú sa trasdul go dtí todhchaí ísealcharbóin
- Leanfaidh ESB air i gcónaí ag cinntiú go mbíonn gníomhaíochtaí ailínithe i dtreo is go seasfar lena sprioc do rátálacha creidmheasa de ghrád infheistíochta (BBB+ ar bhonn saorsheasaimh)
- Déanfaidh sé iarracht luach a shócmhainní reatha a uasmhéadú d'fhonn leibhéil inghlactha spáis airgeadais a choimeád



### Cultúr ardfheidhmíochta a chur ar fáil ina dtacaítear le nuáil agus comhoibriú

- Braithfidh ár n-uaillmhian dul i gceannas ar an trasdul go dtí todhchaí ísealcharbóin ar ár gcumas chun buanna, cruthaitheacht agus inspreagadh dúchasach na ndaoine againn a chur chun tairbhe d'fhonn ár straitéis a sholáthar
- Saothróidh ESB cultúr ardfheidhmíochta, nuálach, custaiméir-dhírithe a spreagfaidh an comhoibriú chun eolas agus léargais ar fhorbairtí sa tionscal a chomhroinnt

STRAITÉIS I NGNÍOMH - FÉACH LEATHANAIGH 54 GO 63 CHUN MIONSONRAÍ A FHÁIL AR DHUL CHUN CINN AN AONAID GHNÓ LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

**TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA STRAITÉISÍ (SPIanna)**

| TÁSCAIRE | MÉADRACH | 2017 | 2030 SPRIOC |
|---|---|---|---|
| Scála thar an Slabhra Luacha | EBITDA* €Ms | €1.3BN | >€1.9BN |
| Sciartha den Mhargadh | % | 42% de Ghiniúint SEM<br>34% de Sholáthar SEM<br>43% de Sheirbhísí Córais SEM | >30% Giniúint SEM<br>c.40% Soláthar SEM<br>≥40% SEM Seirbhísí Córais |
| Déine Carbóin Táirge Leictreachais ESB | $gCO_2$/kWh | 513g $CO_2$/kWh | ≤200g $CO_2$/kWh |
| Scála an Fhuinnimh Ísealcharbóin arna Nascadh lenár Líonraí | MW Athnuaiteán arna Nascadh | 3.8 GW sa Phob<br>1.4 GW i TE | 5GW sa Phob<br>2GW i TE |
| Rátáil Chreidmheasa Láidir de Ghrád Infheistíochta | Coibhéisí Rátála | Rátálacha Chreidmheasa de A - nó a choibhéis agus BBB+ ar bhonn saorsheasaimh | BBB+<br>ar bhonn saorsheasaimh |
| Cóimheas toradh ar chaipiteal a úsáidtear | ROCE (%) | 4.6% | ROCE >WACC |
| Gafacht Lucht Foirne | Ráta Freagartha ar Shuirbhé Foirne (%) | 62% | 75% |
| Cultúr Sábháilteachta | Teagmhais Ama Caillte (LTIs) | 29 LTIanna fostaí | 0 LTI |

Féach leathanach 54 go 63 maidir le tosaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha sna rannóga aonad gnó.
*Tuillimh roimh ús, cáin, dímheas, lagú, amúchadh (amúchadh rannchuidithe soláthair san áireamh) agus míreanna eisceachtúla.

# MÚNLA GNÓ

**Ár gCuspóir** 'Todhchaí níos Gile a Chruthú do na custaiméirí agus na pobail a mbíonn muid ag

## Ionchuir Chaipitil

**Caipiteal Monaraithe**
- Acmhainn Ghiniúna 5,822 MW
- Níos mó ná 229,000 km de líonra ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann

**Caipiteal Airgeadais**
- Rátáil chreidmheasa BBB+ (neamhspleách)
- Glansócmhainní €3.7 billiún
- Leachtacht €1.9 billiún

**Caipiteal Intleachtúil**
- Nuáil a chur chun cinn
- Struchtúr an rialachais chorparáidigh

**Caipiteal Daonna**
- 7,790 fostaí
- Cláir forbartha d'fhostaithe
- Straitéis Ceannasaíochta Sábháilteachta

**Caipiteal Sóisialta agus Caidrimh**
- Os cionn 1.25 milliún custaiméir
- Os cionn 400,000 uaireanta déanta ar chláir dheonacha


**Caipiteal Nádúrtha**
- 739 MW de ghiniúint in-athnuaite

## Gin

Déanann ESB aschur shócmhainní giniúna leictreachais ESB a fhorbairt, a fheidhmiú agus a thrádáil. Cuimsíonn an phunann 5,822 MW de shócmhainní giniúna teirmeacha in-athnuaite ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, agus tá 173 MW sa bhreis á thógáil faoi láthair

Féach nóta 54 le haghaidh tuilleadh sonraí

**BUNAITHE AR AN MARGADH**




## Tacaithe ag ár Luachanna

TÁIMID MISNIÚIL

TÁIMID IONTAOFA

TÁIMID BÁÚIL

TÁIMID TIOMANTA

freastal orthu, trí bheith i gceannas ar an aistriú go fuinneamh ísealcharbóin iontaofa, inacmhainne.'

## Tarchuir

Tógann, bainistíonn agus cothabhálann BS an líonra tarchurtha agus dáileacháin i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Os cionn 229,000 KM de Líonra.

Féach ar leathanach 56 agus 58 le haghaidh tuilleadh sonraí

**RIALÁILTE**

## Soláthair

Ag soláthar sheirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh do chustaiméirí i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

Féach ar leathanach 60 le haghaidh tuilleadh sonraí

**BUNAITHE AR AN MARGADH**



## Aschuir

**Custaiméirí**
- Sásamh custaiméara 95%
- 34% de sciar an mhargaidh chónaithe
- Meánchoigiltis custaiméirí cónaithe de 8.5%
- 42% de sciar an mhargaidh ghiniúna
- Rinneadh 442,000 custaiméir a athcheangal tar éis Stoirm Ophelia

**Scairshealbhóir**
- Díbhinn de níos mó ná €1.4 billiún le deich mbliana anuas
- Cóimheas toradh cuntasaíochta 4.6%
- Tuilleamh roimh úis, cánacha, dímheas agus amúchadh de €1.3 billiún

**Geilleagar na hÉireann**
- Infheistíodh €867 milliún
- Cuireann €2 bhilliún leis an ngeilleagar
- Os cionn €10 milliún dáilte thar raon de thionscnaimh phobail le deich mbliana anuas

## Baint amach ár gCuspóirí a Stiúradh



TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE, DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓ A FHÁS AGUS SAN AM CÉANNA, LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

# TUAIRISCIÚ AR RIOSCAÍ

## CUR CHUIGE I LEITH BAINISTÍOCHT RIOSCAÍ

Tacaíonn bainistíocht éifeachtach rioscaí agus deiseanna le forbairt straitéis ESB agus leasanna a chuid páirtithe leasmhara á gcosaint.

Nochtar ESB do roinnt rioscaí agus deiseanna a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt fhadtéarmach. Gné lárnach a gcuireann an Grúpa béim uirthi ná bainistíocht agus maolú na rioscaí sin.

## AN CHAOI A NDÉANANN ESB RIOSCA A BHAINISTIÚ

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord maidir le bainistíocht riosca agus smachtú inmheánach. Déanann an Bord cinnte go mbíonn nochtadh an Ghrúpa do riosca i gcomhréir le tabhairt faoina gcuid cuspóirí straitéiseacha agus le luach fadtéarmach scairshealbhóirí. Tá Polasaí Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais glactha aige chun tacú lena maoirseacht ar riosca ar fud an Ghrúpa.

Tacaítear leis an mBord ina mhaoirseacht ar phríomhrioscaí ESB ag a Choistí Boird i gcomhréir le Téarmaí Tagartha na gCoistí agus a gcuid réimsí saineolais faoi seach. Tugann Cathaoirligh na gCoistí tuairisc don Bhord iomlán faoi na príomhfhorbairtí agus na ceisteanna a bhfuil tuilleadh plé agus machnaimh ag teastáil uathu. Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca as cinntiú go ndéantar rioscaí agus deiseanna fiontraíochta a aithint, a mheasúnú, a thuairisciú agus a smachtú thar ceann an Bhoird agus tugann sé comhairle don Bhord maidir lena bhreithiúnas faoi ghlacadh rioscaí, lamháltas riosca agus straitéis riosca an Ghrúpa.

## CREAT UM BAINISTÍOCHT RIOSCA

RIALUITHE

### ÓN MBARR ANÍOS

**RÓL AN BHOIRD**

Faomhann an ESB Straitéis an Ghrúpa

Formheasann an Polasaí Riosca, an Creat Bainistíochta Riosca iomlán, Inghlacthacht Riosca, na Pleananna Riosca agus na Spriocanna Feidhmíochta

**AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT AGUS RIOSCA**
Tugann comhairle maidir le hinghlacthacht riosca, rialachas riosca agus ceisteanna eile a bhaineann le riosca ardleibhéil

**AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA**
Tugann comhairle faoi thrádáil fuinnimh, riosca cistíochta agus infheistíochta / riosca bainteach le tionscadal

**AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS TIMPEALLACHTA**
Tugann an comhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta chun a chinntiú go gcomhlíonann ESB a chuid oibleagáidí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil

**AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA**
Cinntíonn go bhfuil an inghlacthacht riosca faofa, cúiteamh, roghnú agus próisis chinnteoireachta bhainteacha ag teacht le chéile

**AN COISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ**
Cinntíonn go bhfuil tionscnaimh agus cláir chustaiméara ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha ESB

**RÓL NA BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ**

Straitéis a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm laistigh de theorainneacha an inghlacthacht riosca

Freagrach as rialachas agus rialuithe riosca

**FONN RIOSCA**

Déantar cur síos anseo ar na rioscaí a bhfuil an Grúpa toilteanach glacadh leo bunaithe ar straitéis fhadtéarmach, ar bhunphrionsabail riosca, ar luachanna agus ar inniúlachtaí bainistíochta riosca

**POLASAITHE BAINISTÍOCHTA RIOSCA AGUS AN CREAT RIALACHAIS**
Cinntíonn go ndéantar maoirseacht chuí ar chuntasacht maidir le bainistíocht riosca

**MÚNLA NA TRÍ LÍNE COSANTA**
Sainíonn róil agus freagrachtaí don bhainistíocht riosca

**CULTÚR AN RIOSCA**
Cumasaíonn daoine chun an rud ceart a dhéanamh ar son páirtithe leasmhara, custaiméirí agus fostaithe

**FEIDHM RIOSCA NEAMHSPLEÁCH**
Cinntíonn go ndéantar an t-athbhreithniú agus an mhonatóireacht riachtanach ar riosca

PRÓISIS

**PRÓISIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA UM BAINISTÍOCHT RIOSCA**

- PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS RIOSCAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN
- TEASLÉARÁID DÉINE RIOSCA AGUS RIALAITHE
- TÁSTÁIL LEANÚNACHAIS GHNÓ
- PRÓISIS CHUN RIOSCAÍ A THÉANN THAR THEORAINNEACHA AN INGHLACTHACHT RIOSCA A AITHINT, MONATÓIREACHT A DHÉANAMH ORTHU AGUS NA RIOSCAÍ A MHAOLÚ

**PRÍOMHRIOSCAÍ AN AONAID GHNÓ**

Rioscaí a eascraíonn ó ghníomhaíochtaí gnó atá tomhaiste, agus a dhéantar monatóireacht agus bainistiú orthu

**BUNAITHE AR LUACHANNA ESB**

### ÓN MBUN ANUAS

Tá mionsonraí faoin méid a rinne an Bord agus an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca in 2017 i dtaca lena gcuid freagrachtaí riosca leagtha amach ar leathanach 86. Tar éis go ndéanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca breithniú sonrach agus go dtugann moladh, cuireann an Plean um Riosca Grúpa faoi bhráid an Bhoird le faomhadh bliantúil a fháil.

Measctar i gcur chuige an ESB measúnú straitéiseach ón mbarr aníos ar riosca agus inghlacthacht riosca, agus próiseas ón mbun anuas le haghaidh aithint oibriúcháin agus tuairiscithe.

## BÉIM I RITH 2017

Rinneadh Polasaí Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais ESB a fheabhsú níos mó i rith 2017. Cuimsíonn an polasaí athbhreithnithe roinnt feabhsúchán ar phróisis, lena n-áirítear nascacht agus idirspleáchas riosca a aithint, nósanna imeachta nua chun infheictheacht phróisis bhainistíochta um chomhfhiontair / bainistíocht fo-riosca agus cuimsiú méadaithe shocruithe freagartha um chibeartheagmhais TF sa chreat foriomlán um rialú riosca.

Neartaíodh cuir chuige i dtreo rioscaí agus rialachais ar fud an Ghrúpa. Bíonn cruinnithe ráithiúla ag na feidhmeanna Riosca Grúpa, Iniúchóireachta Inmheánaí agus Airgeadas Grúpa chun rialú inmheánach agus tuairisciú riosca a athbhreithniú. Leis sin déantar cinnte go bhfuil ailíniú idir na feidhmeanna, go roinntear níos mó faisnéise agus go mbíonn níos mó deiseanna chun réimsí um feabhas a aithint. Rinneadh tuilleadh forbartha ar Thuairisciú Riosca in 2017. Forbraíodh tuairiscí ráithiúla faoi riosca don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca lena gcuimsítear príomhdheiseanna tháscaire riosca, agus tá Tuairisc Ráithiúil nua faoi Theagmhais Chomhshaoil agus Iarratais Fhaisnéise á gcur ar fáil don Choiste um Shláinte, Shábháilteacht agus an Comhshaol. Déantar cinnte le tuairisciú cuimsitheach go gcuirtear in iúl ar bhealach níos soiléire aon athruithe ar an bpróifíl riosca agus dul chun cinn le gníomhartha maolaithe.

Agus cibearshlándáil ina riosca méadaitheach agus forbartha don ESB agus don tionscal ina iomlán, dhírigh an Bord i mbliana ar na rioscaí sin a thuiscint agus scrúdaigh siad na bearta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar réimsí leochaileachta féideartha.

## CÁS-STAIDÉAR - STRAITÉIS CIBEARSHLÁNDÁLA

Tá gach duine san ESB freagrach as slándáil faisnéise. Mar sholáthraí ríthábhachtach an bhonneagair náisiúnta, tosaíocht lárnach í cibearshlándáil agus déanann ESB athbhreithniú leanúnach ar a straitéis shlándála:

**Uimh. 1 Bainistíocht Riosca:** Tá aithint rioscaí agus iad a thuiscint ríthábhachtach chun cibearshlándáil a bhainistiú. Oibríonn Foireann Slándála TF atá déanta suas de shaineolaithe leis an nGnó chun bagairtí a aithint.

**Uimh. 2 Cosaint:** Nuair a aithnítear rioscaí, díríonn ESB air féin a chosaint ar rioscaí fisiceacha agus digiteacha araon.

**Uimh. 3 Brath:** Ardaítear foláirimh shlándála mar fhreagairt ar ghníomhaíocht amhrasach.

**Uimh. 4 Gníomh agus Freagairt:** Tá prótacail i bhfeidhm ag ESB chun freagairt do theagmhais go tapa. Déantar Pleananna Leanúnachais Ghnó agus Pleananna Téarnaimh Tubaiste a thástáil le baill foirne lárnacha.


**Uimh. 5 Oideachas:** Tugtar tús áite do ghnó comhghleacaithe agus custaiméirí ESB a chosaint. Trí fhostaithe agus chustaiméirí a chur ar an eolas faoi na rioscaí criticiúla, méadaítear feasacht agus cabhraítear le teagmhais agus cur isteach ar ghnó a chosc. Is í príomhtheachtaireacht ESB NÁ - “Tá gach duine freagrach as Slándáil Faisnéise.”

**Uimh. 6 Maoirseacht:** Tugtar tuairiscí don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus don Bhord mar chuid den Tuairisc Ráithiúil Riosca ar chibear-rioscaí. Freisin tugann na saineolaithe sa réimse sain-ionchur.

## FONN RIOSCA

Is é atá i bhfonn riosca ESB ná ráiteas faoi thoilteanas an Bhoird riosca a ghlacadh nó tabhairt faoi dheiseanna chun a chuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tá sé mar bhonn eolais don straitéis agus tá an straitéis mar bhonn eolais dósan. Ráiteas rúin atá ann, a úsáidtear chun treo na todhchaí a shonrú. Leagtar teorainneacha ar ghlacadh riosca leis agus cabhraíonn sé le cinnteoireacht. Freisin úsáidtear mar uirlis é chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus éascaíonn sé plé maidir le hinghlacthacht riosca.

## FONN RIOSCA REATHA



## CULTÚR AN RIOSCA

Is é an Bord atá freagrach sa deireadh as an timpeallacht a shocrú ag barr na heagraíochta. Spreagann sé timpeallacht inar féidir le daoine bheith compordach maidir le ceisteanna a ardú agus áit a dhéileálann an lucht bainistíochta ar bhealach dáiríre agus gairmiúil le hábhair imní. Tacaítear le cinnteoireacht trí leibhéil shoiléire údaráis a bheith i bhfeidhm agus anailís dhian a dhéanamh ar riosca. Leis an gcur chuige sin déantar cinnte go dtarraingítear aird go luath ar rioscaí agus éiginnteachtaí ionas gur féidir gníomh pras a ghlacadh chun go mbeadh a laghad tionchair agus is féidir ar pháirtithe leasmhara.

### CÁS-STAIDÉAR - BAINISTÍOCHT RIOSCA I LÍONRAÍ ESB

I Mí Iúil, thug an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca cuairt ar bhainistíocht agus fhostaithe Sheirbhísí Méadair agus Sonraí Líonraí ESB. Fuair an Bord taithí agus tuiscint phearsanta ar ghnó an mhéadraithe agus ar an ról lárnach atá aige in oibriú an Mhargadh Leictreachais Mhiondíola i bPoblacht na hÉireann (ROI). Leagadh béim ar dhea-rialachas, ar rialuithe agus ar bhainistíocht réamhghníomhach riosca mar chuid lárnach den ghnóthas. Fuair an Coiste tuiscint ar an tionchar a bheidh ag méadrú cliste ar oibríochtaí sna blianta amach romhainn.

Tugadh sonraí don Choiste faoin obair atá déanta ó mhí na Nollag 2016 chun méadair nua a chur in ionad 27,000 méadar digiteach a d'fhéadfadh a bheith lochtach ar fud na tíre agus faoi conas ar chabhraigh cuir chuige i dtreo bhainistíocht riosca leis an riosca a mhaolú go héifeachtach. Ba é a bhí i gceist leis sin ná aontú ar phlean um maolú riosca a bheadh cuí do scála an riosca agus ar aon dul le fonn íseal an ESB um riosca do chlú.

## PRÍOMHRIOSCAÍ

Níor tharla mórán athruithe phríomhrioscaí agus phríomhdheiseanna ESB ó 2016 go 2017, cé gur tharla athrú éigin ar rangú coibhneasta na rioscaí agus roinnt athruithe ar na cúiseanna taobh thiar de na rioscaí. Rinne an Bord na príomhrioscaí agus Plean Mionsonraithe Riosca an Ghrúpa a fhormheas in Eanáir 2017, tar éis don Choiste um Iniúchóireacht agus Rioscaí na rioscaí a athbhreithniú agus moladh a dhéanamh. Áiríodh na príomhrioscaí i bplé an Bhoird faoi fhonn agus maolú riosca i gcaitheamh na bliana. Tá príomhrioscaí agus príomhdheiseanna ESB leagtha amach ar leathanach 28 go 37.

D'fhéadfadh go mbeadh rioscaí agus deiseanna eile nach bhfuil soiléir go leor fós nó nach eol dúinn fúthu fós agus athróidh na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna má éiríonn siad siúd níos tábhachtaí. D'fhéadfadh go mbainfí cuid de na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna reatha ó Chlár Riosca an Leibhéal Ghrúpa de réir mar a chuirtear pleananna maolaithe i bhfeidhm nó má thagann athruithe ar an timpeallacht oibriúcháin.

## RIOSCAÍ AIRGEADAIS

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le leachtacht, malairt eachtrach, rátaí úis, athruithe ar phraghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), agus riosca oibriúcháin. Athbhreithníonn, leasaíonn agus ceadaíonn an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí seo agus ó rioscaí eile, amhail riosca creidmheasa (agus tá na sonraí leagtha amach i nóta 26 de na ráitis airgeadais).

## RIOSCAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Cuireann an creat bainistíochta riosca ar chumas an Ghrúpa rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, a mhionscrúdú agus a bhainistiú chun cabhrú le haird a tharraingt ar nochtadh do riosca a luaithe agus is féidir. Déantar é seo a bhainistiú mar pháirt den phróiseas céanna lena n-aithnítear na príomhrioscaí. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu seo i bpáirt leis na príomhrioscaí.

## LEANÚNACHAIS GNÓ

Tá ESB freagrach as bonneagar criticiúil a sholáthar. D'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí agus oibríochtaí dochar a dhéanamh don gheilleagar, don tsochaí agus do ghnó ESB. Mar sin féin, tá sraith de phleananna agus phróisis dhaingne um leanúnachas gnó i bhfeidhm ag an ESB chun déanamh go ndéantar dea-bhainistiú ar ár gcuid freagairtí agus go gcuirtear i bhfeidhm go maith iad. Tá cleachtadh agus tástáil na bpleananna sin ríthábhachtach d'ullmhacht ESB. Léiríonn an cás-staidéar seo a leanas an cur chuige i dtreo tástála ar fud an Ghrúpa.

### CÁS-STAIDÉAR - TÁSTÁIL AR ULLMHACHT I GCOMHAIR PAINDÉIME


Ceann de na Rioscaí Ard-tionchair Dóchúlachta Ísle (RATDÍ) de chuid ESB ná go dtarlódh paindéim. Tá Plean um Freagairt Straitéiseach ar Phaindéim i bhfeidhm ag an nGrúpa ina dtugtar sonraí faoi thosaíochtaí ESB i gcás paindéime, agus faoi na struchtúir chun tacú le baint amach na dtosaíochtaí sin. I rith 2017, tástáladh an plean sin le cúnamh ó thacaíocht sheachtrach. Cuireadh tús leis an gcleachtadh le hathbhreithniú ar na próisis agus na scileanna ríthábhachtacha is gá chun tosaíochtaí an líne gnó a bhaint amach agus críochnaíodh é le triail ar shuíomh féideartha deisce lena raibh baint ag an bhFoireann Feidhmiúcháin mar Fhoireann Freagartha Paindéime an Ghrúpa agus tacaíocht acu ón bhFoireann Tacaíochta um Freagairt Paindéime.

Ba í aidhm an tseisiúin ná freagairt phaindéime an ESB ar éigeandáil sláinte a thástáil ón gcéad rabhadh go dúnadh ocht mí déag ina dhiaidh sin. Leagadh béim sa chleachtadh ar na srianta a d'fhéadfadh paindéim intuartha a leagan. Bhí an cleachtadh bunaithe ar roinnt cloch míle ar an amlíne, trínar fhorbair an stádas paindéime, agus tosaíochtaí agus freagairtí dá bharr sin.

Rinne an Fhoireann Fheidhmiúcháin díospóireacht faoi chinntí lárnacha, lenar áiríodh na bearta ba chuí chun nochtadh foirne / conraitheoirí a íoslaghdú, conas is ceart acmhainní a leithdháileadh chun seirbhísí riachtanacha a choimeád, idirspleáchas cinntí lárnacha agus plé ríthábhachtach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Le hathbhreithniú ar cheachtanna a foghlaimíodh rinneadh bailíochtú ar na socruithe atá i bhfeidhm agus tarraingíodh aird ar roinnt gnéithe breise le meas.

## TEASLÉARÁID DÉINE RIOSCA AGUS RIALAITHE




**AIRGEADAS:**
- **A** Feidhmíocht Airgeadais
- **B** Trádáil Fuinnimh

**OIBRIÚCHÁN:**
- **C** Sláinte, Sábháilteacht agus Comhshaol
- **D** Teip TF
- **E** Riosca Bonneagair

**RIALÁLA:**
- **F** Torthaí Rialála
- **G** Cáil Branda
- **H** Comhshuíomh Líonraí Leictreachais / Leathanbhanda

**STRAITÉISEACH:**
- **I** Margadh / Teicneolaíocht Shuaiteach agus Brú Iomaíoch
- **J** Dul chun cinn sa Teicneolaíocht / Riachtanais Bheartais
- **K** Straitéis Ghiniúna / Soláthair
- **L** Sárú ar Dhlí nó Rialachán
- **M** Cumas Eagraíochtúil
- **N** Atmaisféar Caidrimh Thionsclaíoch

**Timpeallacht Riosca**

▲ MÉADÚ – GAN ATHRÚ ▼ LAGHDÚ

# PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMHDHEISEANNA

Tá na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chuspóirí straitéiseacha an Rialtais leagtha amach thíos, agus an cuspóir straitéiseach lena mbaineann siad sonraithe, chomh maith le haon athrú ar an

## AIRGEADAS

### FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Dá mainneofaí feidhmíocht oibriúcháin a bhaint amach chuirfí inmharthanacht fhadtéarmach ESB i mbaol. Is gá sin chun déanamh cinnte gur féidir le ESB bheith in ann fós fiachas a ardú go hiomaíoch, infheistíocht a dhéanamh agus fás chun a chuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus a chuid méadrachtaí rátála creidmheasa agus spriocanna Scairshealbhóra a chomhlíonadh. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Socrú spriocanna ón mbarr aníos a dhéanamh, ag díriú isteach ar Straitéis ESB go 2030, (Straitéis 2030) agus ag baint amach agus ag cosaint thathaig airgeadais<br>■ Úsáid a bhaint as rátaí cléithe sainiúla dírithe ar ghnó agus / nó theicneolaíocht<br>■ Cost-éifeachtúlacht a lorg i gcónaí<br>■ Leagtar cúram ar Innovation gnólachtaí / teicneolaíochtaí nua a aithint chun deiseanna d'fhás sa todhchaí a thapú<br>■ Leithdháileadh caipitil a choinneáil faoi athbhreithniú ar fud an Ghrúpa<br>■ Straitéis Mhaoinithe chun déanamh cinnte go bhfuil dóthain maoinithe chun rioscaí bunúsacha a mhaolú (e.g. infheistíocht sa Ríocht Aontaithe (RA) maoinithe le fiachas steirling agus aisíoctha ó thuillimh steirling) |

### B TRÁDÁIL FUINNIMH

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Tá ESB nochta do luaineachtaí sa toirt fhisiceach agus i bpraghas tráchtearraí áirithe lena n-áirítear ceadanna um astaíochtaí leictreachais, gáis agus $CO_2$. Braitheann cion mór de bhrabúsacht ESB, lena n-áirítear toradh ar infheistíocht agus sócmhainní giniúna leictreachais agus an cumas praghsáil go hiomaíoch sa mhargadh miondíola, ar bhainistíocht rathúil na nochtuithe sin. Dá ndéanfaí bainistíocht fho-optamach ar an bpunann fhuinnimh d'fhéadfadh go dtarlódh cailliúint mhór airgeadais agus go laghdófaí líon na gcustaiméirí. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Déantar riosca margaidh a bhainistiú trí chur i bhfeidhm straitéisí trádála agus bainistíochta riosca cuí agus trí chur i bhfeidhm tionscnamh chun rochtain ESB ar mhargaí fuinnimh a fheabhsú<br>■ Déantar riosca creidmheasa a bhainistiú trí thrádáil a dhéanamh le heintitis a bhfuil rátáil leordhóthanach acu amháin agus trí chinntiú go bhfuil cineálacha inghlactha comhthaobhachta ann<br>■ Déantar riosca oibriúcháin a bhainistiú trí chreat rialála trádála a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach |

## OIBRIÚCHÁN

### C SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS COMHSHAOL

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Mar gheall ar a chuid oibríochtaí tá rioscaí móra sábháilteachta agus comhshaoil os comhair an Ghrúpa. D'fhéadfadh go dtarlódh timpistí nó teagmhais lena mbeadh baint ag fostaithe, conraitheoirí, baill den phobal, fearas agus trealamh mar thoradh ar chleachtais oibre contúirteacha, trealamh contúirteach agus easpa oiliúna. Bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí ESB, mar gheall ar a nádúr, ar an gcomhshaol. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar mheasúnuithe riosca<br>■ Creidiúnú córais bhainistíochta a choimeád de réir OHSAS 18001 (um Shláinte agus Shábháilteacht) agus ISO 14001 (don Chomhshaol)<br>■ Tionscadail chomhaontaithe um shláinte, shábháilteacht agus chomhshaol a chur i bhfeidhm<br>■ Pleanáil agus tástáil i gcomhair éigeandálaí intuartha<br>■ Teagmhais thromchúiseacha a fhiosrú agus bearnaí a dhúnadh chun nach dtarlódh siad arís<br>■ Próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar chórais, rialuithe, fearas agus trealamh a chothabháil, a iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh orthu<br>■ Cláir éigeantacha oiliúna a stiúradh agus a chothabháil<br>■ An líonra poiblí leictreachais a chothabháil agus a dheisiú<br>■ Feachtais um fheasacht sláinte phoiblí a chur i bhfeidhm |

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE, DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓ A FHÁS AGUS SAN AM CÉANNA, LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

timpeallacht riosca i rith na bliana, an té atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an riosca, na príomhbhealaí maolaithe, forbairtí maidir leis an riosca i rith 2017 agus an réimse béime le haghaidh 2018.

**Timpeallacht Riosca** ↑

**Maoirseacht: BORD ESB**

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Straitéis 2030 a leasú chun neart airgeadais a chosaint
- Déileáil le dúshláin rialála trí chumarsáid dhíreach a dhéanamh leis na húdaráis rialála

**Forbairtí in 2017**

- An conradh um athbhreithniú praghais a thabhairt chun críche um Líonraí Leictreachais Thuaisceart Éireann (NIE Networks)
- Dhearbhaigh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ESB faoi láthair agus i gcás amháin rinne siad uasghrádú orthu
- Corrlaigh níos ísle sna Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM) agus sa Ríocht Aontaithe (RA) de bharr luaineacht i bpraghsanna fuinnimh
- Athruithe suntasacha san earnáil fuinnimh de bharr teicneolaíochta nua agus cuspóirí dícharbónaithe
- Athbhreithniú á dhéanamh fós ar impleachtaí an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite (I-SEM) um shruthanna ioncaim

**Réimsí Fócais in 2018**

- Béim mhór ar dhéanamh cinnte go bhfuil an cumas airgeadais ann chun baint amach Straitéis 2030 a chumasú
- Monatóireacht leanúnach ar na torthaí atá ar fáil i margaí leictreachais i SEM agus sa RA agus maolú a dhéanamh mar is cuí
- Béim mhór ar bhaint amach I-SEM

**Timpeallacht Riosca** ↔

**Maoirseacht: An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta**

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Fiosraigh aon eachtra trádála
- Déan athbhreithniú ar na ceachtanna atá foghlamtha
- Leasaigh an fonn riosca agus an Straitéis Trádála agus Bainistíochta Riosca i bhfianaise fhorbairtí margaidh

**Forbairtí in 2017**

- Tá praghsanna cumhachta sa Mhargadh SEM agus i SEM na Breataine Móire agus praghsanna breosla a d'íoc ESB i dtaca lena ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais chomh míshocair anois agus a bhí le roinnt blianta anuas
- Le tabhairt isteach I-SEM beartaithe i mBealtaine 2018 cuireadh srian ar an gcumas fálú a dhéanamh i rith 2017
- Rinne ESB breithniú ar impleachtaí na rialachán airgeadais nua atá ag teacht chun cinn

**Réimsí Fócais in 2018**

- Bhí gá le béim leanúnach ar fhorbairt agus cumhdach cumas a theastaíonn do thrádáil in I-SEM
- Béim ar aithint leanúnach agus ar mheasúnú deiseanna chun ioncaim trádála a bharrfheabhsú

**Timpeallacht Riosca** ↓

**Maoirseacht: An Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta**

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Ionad an teagmhais a dhaingniú agus a dhéanamh sábháilte
- Daoine a chóireáil (más gá)
- Sonraí an teagmhais a chur in iúl do pháirtithe leasmhara ábhartha agus do na húdaráis
- Tús a chur le hiniúchadh ar an teagmhas
- Gníomhartha coisctheacha agus ceartaitheacha a chur i bhfeidhm
- Dul chun cinn gníomhartha a leanúint go bhfuil siad curtha i gcrích

**Forbairtí in 2017**

**Sábháilteacht**

- Feabhsúcháin sonraithe ó thaobh líon na teagmhas tromchúiseach maidir le sábháilteacht
- Feabhsúcháin sonraithe freisin ar na táscairí feidhmíochta lena n-áirítear ar an am chun gníomhartha a dhúnadh ó imscrúduithe tromchúiseacha agus éadáil mhaith
- Feasacht faoi shábháilteacht an phobail agus na contúirtí a bhaineann le líonraí leictreacha íoslaghdaithe níos mó
- Tosaíocht fós atá i Straitéis Sábháilteachta ESB agus tá sí ag dul ar aghaidh mar atá beartaithe
- Plean an Ghrúpa um Paindéim Fliú nuashonraithe agus tástáilte
- Teagmhais leanúnacha de chur isteach ag tríú páirtí agus ag goid sócmhainní leictreachais

**Comhshaol**

- Ionchúiseamh EPA maidir le neamhchomhlíonadh in ionad cumhachta Moneypoint. Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú iomlán ar gach coinníoll ceadúnais agus na rioscaí gnó a bhaineann leo i ngach ionad G&WM agus forbraíodh pleananna feabhsúcháin mar is gá

**Réimsí Fócais in 2018**

**Sábháilteacht**

- Na táscairí feidhmíochta is mó a fheabhsú
- Athrú ó bhonn ar Chultúr Sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar fud Líonraí ESB, G&WM agus Nuáil
- Tús a chur le Próisis an Ghrúpa um Iniúchadh ar Chomhlíontacht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht
- Acmhainn um Leas Pearsana Ceirde (ALPC) a chumhdach
- Creidiúnú OHSAS 18001 a choimeád
- Tabhairt chun críche Pleananna Feabhsaithe Sábháilteachta Sonracha d'Aonaid Ghnó agus Pleananna Gníomhaíochta um Ionaid Inniúlachta a stiúradh - grúpa straitéiseach trasna aonad gnó a thugann aghaidh ar bhearnaí sa chomhlíontacht

**Comhshaol**

- Creidiúnú ISO 14001 a choimeád
- Pleananna Feabhsúcháin Chomhshaoil a chur i bhfeidhm

STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

## D TEIP TF

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Braitheann ESB ar roinnt chórais lárnacha TF chun tacú le hoibríochtaí leanúnacha agus sreabhadh airgid. Tá na córais chustaiméara, na príomhchórais tacaíochta um thrádáil fuinnimh agus na córais réadama um bainistíocht líonra rithábhachtach. D'fhéadfadh go gcaillfí ceann ar bith de na córais sin mar gheall ar chibearionsaí díobhálach, fadhbanna bogearraí nó crua-earraí, lena n-áirítear fadhbanna le líonra teileachumarsáide, nascacht agus soláthar cumhachta d'ionaid sonraí, nó drochfheidhmíocht oibriúcháin. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht / iontaofacht theicniúil nó tacaíocht dóibh<br>■ Uasghrádú tráthúil ar chórais lárnacha TF agus athléimneacht chuimsithe mhéadaithe, lena n-áirítear áiseanna cúltaca agus aisghabhála<br>■ Bonneagar slán TF a choimeád<br>■ Beartas agus nósanna imeachta láidre TF, ar aon dul le caighdeáin dea-chleachtais sa tionscal<br>■ Athbhreithnithe slándála neamhspleácha gach bliain ar shlándáil TF ESB<br>■ Clár um Feasacht agus Chumarsáid Slándála<br>■ Bonneagar slándála i bhfeidhm le Foireann thiomnaithe um Shlándáil TF<br>■ Táthar ag ullmhú don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)<br>■ Pleananna Bainistíochta Géarchéime i bhfeidhm |

## E RIOSCA BONNEAGAIR

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| D'iarr líon mór de chustaiméirí móréilimh in ionaid sonraí ceangal leictreach i mBaile Átha Cliath. Tá scála an riachtanais sin um ualach ionad sonraí comhionann le fás 30-bliana measta ar an ualach i gceantar Bhaile Átha Cliath a bheith comhbhrúite i 3-5 bliana. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin ná brú ar sholáthar acmhainní agus baintear ón ngnáthacmhainn cúltaisce a bhíonn ar fáil um ghnáthfhás orgánach. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Déanann Líonraí ESB (Oibreoir an Chórais Dáileacháin (OChD) agus EirGrid (Oibreoir an Chórais Tarchurtha (OCT)) pleananna forbartha 10-mbliana rollacha a ullmhú i dteannta a chéile a ndéantar athbhreithniú orthu ansin de réir thimthriall 5-bliana atá ar aon dul le tréimhse an chonartha um athbhreithniú praghais, lena n-áirítear soláthairtí sonracha maidir le hionaid sonraí<br>■ Tá próiseas dea-bhunaithe um iarratas / thairiscint ceangail i bhfeidhm<br>■ Ord tosaíochta an chláir oibre a athrú chun ionaid sonraí a éascú |

# RIALÁLA

## F TORTHAÍ RIALÁLA

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Tá na margaí ina n-oibríonn ESB faoi réir leibhéil aird d'idirghabháil rialála agus reachtúil ar leibhéal intíre agus AE araon.<br>Is féidir le hathruithe dul i bhfeidhm go mór ar bhrabúsacht bhonn sócmhainní ESB. Is féidir le débhrí ar bith maidir leis an struchtúr margaidh agus an creat rialála agus beartais pleanáil um straitéis inbhuanaithe, fhadtéarmach a dhéanamh níos dúshlánaí agus dul i bhfeidhm ar mhuinín infheisteoirí. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin faoi threoir rialálaithe maidir le DS3 - togra nuálach chun úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn<br>■ Foireann tionscadail I-SEM i bhfeidhm chun dearcadh ESB maidir le ceisteanna rialála, margaidh agus struchtúracha a fhorbairt agus ullmhú le haghaidh an aistrithe chuig dearadh margaidh nua<br>■ Monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag cur isteach féideartha theorainn praghais ar iontráil i margadh soláthair GB<br>■ Forbairtí rialála measta mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Straitéis 2030<br>■ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht ceadúnas agus rialachán agus tuairisciú d'údaráis rialála chun comhlíontacht leanúnach a léiriú |

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE, DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓ A FHÁS AGUS SAN AM CÉANNA, LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

### Timpeallacht Riosca ↑

### Maoirseacht: An Coiste um Iniúchadh agus Riosca

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Cuir pleananna bainistíochta géarchéime i ngníomh
- Cuir i bhfeidhm ordú dianghlasála
- Cuir i ngníomh pleananna chun próisis ghnó a atosú ar bhealach eagraithe
- Cuir i ngníomh príomhphleananna cumarsáide do phríomhpháirtithe leasmhara
- Freagair do bhagairtí trí rannpháirtíocht ghníomhach tionscail agus grúpaí um roinnt eolais
- Cuir i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta um Shárú Sonraí i gcás go gcailltear sonraí pearsanta

**Forbairtí in 2017**

- Tástáil leanúnach ar shocruithe leanúnachais ghnó um chórais lárnacha, lena n-áirítear aistrithe suímh
- Cur i bhfeidhm leanúnach cláir um feasacht slándála le haghaidh fostaithe, lena n-áirítear monatóireacht ar rátaí críochnaithe
- Cur i gcrích athbhreithnithe sheachtraigh ar chibearshlándáil chun déanamh cinnte go gcloítear le dea-chleachtas caighdeánach tionscail

**Réimsí Fócais in 2018**

- Béim shonrach ar ullmhúcháin don Treoir i leith Shlándáil Faisnéise Líonra, an chéad phíosa de reachtaíocht AE-uile ar chibearshlándáil
- Tabhairt chun críche ullmhúchán i gcomhair GDPR
- Béim leanúnach ar bhealach i dtreo shocruithe dea-chleachtais um chibearshlándáil

### Timpeallacht Riosca ↔

### Maoirseacht: Bord ESB

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Réitigh shealadacha a mheas chun freastal ar éileamh
- Tionscadail ar chasadh eochrach a mheas le cur i gcrích - ó dhearadh, trí cheadú, thógáil agus coimisiúnú sa deireadh

**Forbairtí in 2017**

- Tionscadail shonracha idir lámha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais reatha agus mheasta um acmhainn, lena n-áirítear 2 stáisiún nua 220 / 110kV (Inse Chór agus Baile Ghrífín) agus claochladán nua a chur in ionad chlaochladán 220kV lochtach in Inse Chór
- Acmhainní breise ceaptha san eagraíocht sheachadta chun déanamh cinnte gur féidir freastal ar riachtanais i mBaile Átha Cliath

**Réimse Fócais in 2018**

- Monatóireacht agus rianú leanúnach ar riachtanais nua um ualaigh phointe, arna n-éascú ag plé leanúnach leis an Údarás Forbartha Tionscail (IDA) agus le custaiméirí

### Timpeallacht Riosca ↑

### Maoirseacht: Bord ESB

**Má thagann an riosca chun cinn:**

- Pleananna costais chaipitil agus oibriúcháin a leasú chun go mbeadh siad ag teacht leis na torthaí rialála
- Athmheasúnú a dhéanamh ar scála agus scóip na hIontrála i Margadh Soláthair GB
- Neamhchomhlíonadh rialála a thuairisciú agus bearta a chur chun feidhme chun aon fhadhbanna a réiteach
- Pleananna cumarsáide a úsáid chun déileáil le haon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn

**Forbairtí in 2017**

- Tá athbhreithniú fós á dhéanamh ar thionchar I-SEM ar dearadh an mhargaidh mhiondíola
- Breithniú leanúnach ar na roghanna um stáisiún cumhachta Ghob na Muine agus na stáisiúin Lár Tíre i Loch Riach agus in Uíbh Fhailí Thiar
- Príomhthreoracha rialála eisithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) maidir leis an straitéis sheachadta (seachadadh céimnithe) um méadrú cliste
- Plé tosaithe ag Fóntas Thuaisceart Éireann Rialálaí maidir le dí-chomhchuibhiú an mhargaidh mhiondíola
- Chuaigh an fhoireann G&WM i mbun measúnuithe chun na seirbhísí DS3 a shocrú is gá chun leibhéil mhéadaithe d'earraí in-athnuaite a éascú ar líonraí Phoblacht na hÉireann (ROI) agus Tuaisceart Éireann agus na socruithe conarthacha cuí chun na seirbhísí sin a sholáthar

**Réimsí Fócais in 2018**

- Béim mhór ar bhaint amach I-SEM agus comhlíonadh gealltanas um méadrú cliste
- Plé le hÚdaráis Rialála chun an margadh miondíola comhchuibhithe a choimeád

## G CÁIL / BRANDA

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| D'fhéadfadh tarlú aon de na príomhrioscaí dochar a dhéanamh do cháil ESB mar bhranda, le lagú muiníne san ESB i measc páirtithe leasmhara dá bharr, rud a d'fhéadfadh tacaíocht do Straitéis ESB agus cumas ESB maoiniú ag rátaí inghlactha a fháil a chur i mbaol, rud a thiocfadh salach ar acmhainn ESB cláir infheistíochta caipitil a chur i gcrích agus custaiméirí a mhealladh agus a choinneáil. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Na príomhrioscaí a bhainistiú go réamhghníomhach<br>■ Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara chun cumarsáid oscailte shoiléir a éascú<br>■ Ullmhúchán agus cur chun feidhme Phleananna Bainistíochta na bPáirtithe Leasmhara<br>■ Plé leanúnach idir gnóthais rialáilte agus údaráis rialála |

## H COMHSHUÍOMH LÍONRAÍ LEICTREACHAIS / LEATHANBHANDA

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Baineann dúshláin mhóra do ghnó Líonraí ESB maidir le sábháilteacht, airgeadas, cúrsaí teicniúla, dlí/rialála le húsáid an líonra leictreachais chun rochtain a éascú ar chur i bhfeidhm leathanbhanda. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Déanamh cinnte go bhfuil saineolas cuí ar fáil chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt, próisis a mheas chomh maith le téarmaí gnó agus táirgí praghais<br>■ Taighde ar an taithí i ndlínsí eile, trialacha teicniúla san áireamh<br>■ Struchtúir inmheánacha chuí bunaithe chun an próiseas a bhainistiú ó thús go deireadh<br>■ Plé le príomhpháirtithe leasmhara |

## STRAITÉISEACH

## I TEICNEOLAÍOCHT SHUAITEACH MARGAIDH AGUS BRÚ IOMAÍOCH

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Ní mór do ESB dul i dtaithí go leanúnach ar fhorbairtí tionscail, nuáil sa teicneolaíocht agus athrú ar riachtanais chustaiméara. D'fhéadfadh go mbeadh drochéifeacht ag éagumas / moill maidir le mórathruithe a aithint sna hearnálacha tionscail agus freagairt dóibh ar leibhéil seirbhíse do chustaiméirí agus sciar margaidh ESB a laghdú. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Tairiscintí praghais iomaíocha agus táirgí nuálacha a sheachadadh don mhargadh chun sciar margaidh a chosaint, dílseacht custaiméirí a fhorbairt agus difreáil a dhéanamh idir tairiscintí do chustaiméirí trí bhranda agus sheirbhís<br>■ Infheistíocht i gcumais agus i gcórais chun béim ar chustaiméirí agus seirbhís dóibh a fheabhsú<br>■ Straitéis Dhigiteach a chur i bhFeidhm<br>■ Solúbthacht fheabhsaithe trí chomhpháirtithe seachfhoinsithe chun dul in oiriúint go tapa do riachtanais na gcustaiméirí<br>■ Margadh cónaithe Thuaisceart Éireann a mhéadú mar fhéidearthacht chun an bonn custaiméirí a leathnú<br>■ Straitéis um iontráil orgánach an mhargaidh sa Bhreatain Bheag<br>■ Níos mó infheictheachta agus smachta a thabhairt do chustaiméirí i ndáil lena n-úsáid fuinnimh trí fhorbairt leantach réiteach um thithe cliste agus nasctha<br>■ Infheistíocht leanúnach i gcláir bhranda / dílseachta chun dílseacht a chothú agus a choimeád |

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE, DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓ A FHÁS AGUS SAN AM CÉANNA, LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

| | Timpeallacht Riosca ↔ | Maoirseacht: An Coiste Margaíochta agus Custaiméirí |
|---|---|---|
| | **Forbairtí in 2017** | **Réimsí Fócais in 2018** |
| **Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pleananna Bainistíochta Géarchéime agus Bainistíochta Geallsealbhóirí a chur i ngníomh, mar is cuí<br>■ Glac páirt in athbhreithnithe ar cheachtanna a foghlaimíodh | ■ Chuir na meáin chumarsáide agus an pobal araon fáilte roimh an ionad cuairteoirí nua in Ard na Croise<br>■ Plé leanúnach le páirtithe leasmhara maidir le ceiliúradh cothrom 90 bliana d'Ard na Croise<br>■ Freagairt dhearfach na meán agus an phobail maidir le feidhmíocht ESB le linn Stoirm Ophelia<br>■ Is léir fós go bhfuil easpa glactha i measc an phobail ó thaobh fhorbairt bonneagair<br>■ Imní leanúnach sa mhargadh faoi leibhéil phraghsanna fuinnimh | ■ Feachtas branda chorparáidigh beartaithe chun an bealach ar aghaidh a ullmhú um chlár infheistíochta agus forbairt seirbhísí nua<br>■ Straitéis urraíochta nua le tosú agus í dírithe ar eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaín agus matamaitic (STEAM) agus nuáil a chur chun cinn<br>■ Lean ar aghaidh ag plé le gach páirtí leasmhar ábhartha maidir le gach príomhriosca agus riosca nua |

| | Timpeallacht Riosca ↓ | Maoirseacht: An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta |
|---|---|---|
| | **Forbairtí in 2017** | **Réimse Fócais in 2018** |
| **Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Pléigh le páirtithe leasmhara ábhartha faoin ngné shonrach den riosca atá tagtha chun cinn<br>■ Cosain aon dúshláin arna gcur ag tríú páirtithe, más cuí | ■ Tá seasamh bunaithe ag ESB maidir le rochtain ag tríú páirtithe<br>■ Béim leanúnach ar fhorbairt na bpróiseas agus na gcáipéisí is gá, lena n-áirítear trialacha praiticiúla | ■ Plé leanúnach le páirtithe leasmhara ábhartha agus an réiteach is mó a bhfuil luí leis um rochtain tríú páirtí a chur i bhfeidhm |

| | Timpeallacht Riosca ↔ | Maoirseacht: An Coiste Margaíochta agus Custaiméirí |
|---|---|---|
| | **Forbairtí in 2017** | **Réimsí Fócais in 2018** |
| **Má thagann an riosca chun cinn:**<br>■ Leasú a dhéanamh ar Straitéis 2030 agus cinneadh a dhéanamh maidir le dul isteach i margaí nua, seilbh a fháil ar ghnóthais nua nó breithniú a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta eile<br>■ Fócas níos láidre a chur ar tháirgí ar phraghsanna iomaíocha agus ar ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí<br>■ Freagairt do thairiscint nua praghais nó do struchtúir nua praghais iomaitheoirí<br>■ An gnó a athstruchtúrú chun costais a laghdú agus bheith inmharthana ar scála níos lú | ■ Straitéis Nuálaíochta Líonraí ESB seolta lena n-áirítear Tionscadal an Daingin<br>■ Chuir Electric Ireland i bhfeidhm an dara céim den Fheachtas Stay Happy – coigiltis fhadtéarmacha mharthanacha a chur i bhfeidhm go huathoibríoch do gach custaiméirí cónaithe incháilithe<br>■ Gealltanas don mhargadh go dtabharfaidh Electric Ireland an meánchostas cónaithe is ísle thar thréimhse rollach 3 bliana<br>■ Bhí ESB ina rannpháirtí gníomhach sa Chlár Domhanda um Luasú Fóntais "Free Electrons" in éineacht le seacht bhfóntas eile ar fud an domhain agus iad ag tacú le gnóthais nua chun gaoil ghnó a fhorbairt le fóntais, iad a nochtadh do mhargaí nua, d'éiceachórais áitiúla agus do chomhpháirtíochtaí straitéiseacha<br>■ Seoladh ESB Energy, iontráil orgánach i margadh cónaithe na Breataine Bige<br>■ Sheol Planet 9 an chéad soláthraí fuinnimh néalbhunaithe agus rochtain dhíreach ar líne ar mhargadh fuinnimh mhiondíola an RA á tairiscint do bhróicéirí fuinnimh agus do chliaint tionscail agus ghnó | ■ Tionscnaimh a chur i gcrích mar atá leagtha amach sa Straitéis Nualaíochta Líonraí<br>■ Feabhsúcháin a dhéanamh ar thairsí ar líne Electric Ireland, chun ár gcumais fhéinfhreastail a fheabhsú do chustaiméirí thar raon feidhmeanna agus idirbheart<br>■ Fás ar Mhargadh na Breataine Bige trí ESB Energy, Planet 9, Smart Energy Services (SES) agus ecars |

## J DUL CHUN CINN SA TEICNEOLAÍOCHT / RIACHTANAIS BHEARTAIS

### Tionchar Féideartha

Is í aidhm lárnach Chomhaontú Pháras ná an fhreagairt dhomhanda ar bhagairt an athrú aeráide a neartú. Tagann deiseanna um leictriú chun cinn de réir mar a éiríonn breoslaí iontaise um iompar agus théamh níos costasaí agus de réir mar a mhéadaíonn imní faoi astú gás ceaptha teasa. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí doimhne ag leictriú méadaithe an iompair agus an téimh ar an mbeartas fuinnimh agus an earnáil chumhachta.

### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Cur i bhfeidhm Treochláir um Straitéis Nuálaíochta
- Forbairt phunann nuálaíochta / deiseanna gnó nua, lena n-áirítear comhar seachtrach
- Forbairt X_Site i Saotharlanna Dogpatch i mBaile Átha Cliath (mol nuálaíochta) agus próisis nua um measúnú ar choincheap gnó
- Bunú rathúil gnóthas nua e.g. SES
- Cinntí infheistíochta faoi réir faofa dhian bunaithe ar chritéir shainithe
- Forbairt fóram ar fud an ghrúpa chun cinntiú go n-aistrítear eolas ó gach tionscnamh nuálaíochta
- Níos mó plé le páirtithe leasmhara faoi thionscnaimh leasmhara chun iompar agus teas a leictriú

## K STRAITÉIS GHINIÚNA / SOLÁTHAIR

### Tionchar Féideartha

Má mhainnítear gnó giniúna agus soláthair de scála leordhóthanach a sholáthar, beidh éagothrom idir gnóthais rialáilte agus neamhrialáilte agus cuireann teorainn le héagsúlacht ó thaobh bhainistíocht riosca gnó agus acmhainn tuillimh.

### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Cuireadh socruithe láidre rialachais agus maoirseachta ar bun a raibh an Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin bainteach leo
- Déantar athbhreithniú bliantúil sonrach ar an timpeallacht ghnó sheachtrach, mar aon le monatóireacht leanúnach ar bhaint amach cloch míle agus spriocanna straitéiseacha lárnacha
- Cruinnithe athbhreithnithe fairsinge curtha i bhfeidhm
- Laethanta Boird amach ón láthair mar chuid de phróiseas dúshláin
- Próiseas pleanála corparáidí ar aon dul le straitéis, chun leithdháileadh / cur in ord tosaíochta cuí an chaipitil Ghrúpa a chinntiú tríd an bpróiseas bliantúil pleanála

## L SÁRÚ AR DHLÍ NÓ RIALACHÁN

### Tionchar Féideartha

Is féidir le hathruithe ar an gcreat dlí agus comhlíontachta ag eascairt ó thabhairt isteach reachtaíochta nua nó athbhreithnithe, nó mar gheall ar athrú ar léirmhíniú agus réamhfhasach dlí, bheith freagrach as oibleagáidí agus ceanglais bhreise nó leasaithe maidir le tuairisciú. I gcás aon athruithe den sórt sin d'fhéadfadh go mbeadh gá le leasuithe ar bheartais, nósanna imeachta agus chleachtais oibriúcháin. Dá sárófaí aon dlí nó dá mainneofaí comhlíontacht a choimeád d'fhéadfadh go nglacfaí gníomh rialála, go ndéanfaí dochar do chlú, go mbeadh costais airgeadais (fíneálacha san áireamh) i gceist chomh maith le drochthionchar ar oibríochtaí.

### Bearta Maolaithe

**Chun cosc a chur ar an riosca:**

- Monatóireacht leanúnach ar riachtanais dhlíthiúla agus chomhlíonta
- Foireann dlí atá oilte agus a bhfuil taithí acu a bheith i bhfeidhm
- Oiliúint leanúnach e.g. seoladh an lámhleabhar ar dhlí na hiomaíochta in 2017 agus tugadh seisiún eolais do stiúrthóirí fochuideachta faoi oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus faoi na Rialacháin i leith Mhí-Úsáid Margaidh
- Déantar an Riosca maidir le Comhlíontacht Rialála a bhainistiú trí Chomhlíonadh Rialála Grúpa
- Beartais chuí i bhfeidhm chun feasacht a ardú faoi oibleagáidí dlí

TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE, DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ

FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR

SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

AN GNÓ A FHÁS AGUS SAN AM CÉANNA, LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ

CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ

| Má thagann an riosca chun cinn: | Timpeallacht Riosca ⟷ Forbairtí in 2017 | Maoirseacht: An Coiste um Iniúchadh agus Riosca — Réimsí Fócais in 2018 |
|---|---|---|
| ■ An Straitéis Nuálaíochta agus Treochláir a athshuíomh bunaithe ar thaithí, ar fhoghlaim agus ar thírdhreach athraithe na nuálaíochta<br>■ Déan athmheasúnú ar Straitéis 2030<br>■ An gnó a atheagrú agus infheistíocht a atreorú chuig malairtí (teicneolaíochtaí nó múnlaí gnó)<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíochtaí aonair, agus cur i bhfeidhm na straitéise athbhreithnithe a mheas lena n-áirítear cláir um laghdú costais chun an toradh a uasmhéadú<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus shocruithe um roinnt eolais | ■ Le linn 2017, d'oibrigh Electric Ireland le EirGrid mar chuid dá chlár um freagairt ar éileamh cónaithe arb í an aidhm atá leis ná cabhrú le custaiméirí a gcuid leibhéal úsáide a láimhseáil<br>■ Tá dul chun cinn mór déanta ag ecars ó thaobh seasamh iomaíoch a fhorbairt sa Bhreatain Mhór le bronnadh chreat Iompair do Londain (Transport for London/TfL) agus roinnt láithreán i mórcheantar Londain<br>■ Tá cur i bhfeidhm leathanbhanda ag SIRO's (Comhfhiontar (CF) le Vodafone) imithe thar 120,000 áitreabh anois<br>■ Tuarascáil ESB / Poyry foilsithe: "Ireland's Low-Carbon Future – dimensions of a solution", ina leagtar amach roghanna agus treochlár inchreidte um dhícharbónú an earnáil fuinnimh, iompar agus teas san áireamh<br>■ Chomhoibrigh ESB Innovation agus Electric Ireland le Durkan Residential chun an Fhorbairt is mó de Thithe Éighníomhacha Lán-Leictreach a sheoladh - 59 dteach éighníomhach laistigh de raon praghais inacmhainne agus úsáid á baint as caidéil uisce d'fhoinse aeir, le hionaid luchtaithe um Feithiclí Leictreacha, réitigh mhéadraithe chliste Íoc mar a Úsáidtear agus Taraif Ráta Oíche de Náid, an chéad cheann dá chineál<br>■ D'oibrigh Líonraí ESB ar réitigh chun freastal ar líon a bhí méadaithe go mór d'fheithiclí leictreacha agus de théamh leictreach agus gan ach íoschostas breise le híoc ag custaiméirí | ■ Leanfaidh Electric Ireland ar aghaidh mar cheannródaí sa mhargadh ó thaobh spriocanna um éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach<br>■ leanfaidh ecars ar aghaidh ag fiosrú na roghanna um thráchtálú a bhonneagair reatha uile-oileáin de hionaid luchtaithe agus é ag leanúint ar aghaidh ag méadú a chuid seirbhísí sa Bhreatain Bheag<br>■ Leathnóidh SES ar aghaidh ag méadú a sheirbhísí agus a bhonn custaiméirí i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe araon |

| Má thagann an riosca chun cinn: | Timpeallacht Riosca ⟷ Forbairtí in 2017 | Maoirseacht: Bord ESB — Réimse Fócais in 2018 |
|---|---|---|
| ■ Anailís bunchúise a dhéanamh ar an mainneachtain an straitéis chomhaontaithe a bhaint amach<br>■ Athbhreithniú iomlán ar straitéisí, lena n-áirítear tosaíochtaí agus spriocanna<br>■ Acmhainní a athleithdháileadh, lena n-áirítear roghanna dífheistithe / dúnta más gá | ■ Agus Straitéis 2030 á forbairt rinneadh measúnuithe sonracha ar ghnéithe sonracha den straitéis chun cuspóirí straitéiseacha agus gníomhartha straitéiseacha a shoiléiriú níos mó | ■ Déan cinnte gur féidir an straitéis a bhaint amach |

| Má thagann an riosca chun cinn: | Timpeallacht Riosca ⟷ Forbairtí in 2017 | Maoirseacht: An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca — Réimsí Fócais in 2018 |
|---|---|---|
| ■ Breithniú cás ar chás a dhéanamh ar thionchar an riosca<br>■ Pleananna cumarsáide a chur i ngníomh chun na príomhpháirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na mbeartas agus na nósanna imeachta reatha<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na socruithe monatóireachta reatha<br>■ Oiliúint bhreise faoi fheasacht a chur i bhfeidhm más gá<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais agus déanamh cinnte go gcuirtear i bhfeidhm na gníomhartha a aithníodh<br>■ Eolas a fhoghlaimítear a roinnt ar fud na heagraíochta | ■ Leanadh ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh oibleagáidí reachtaíochta agus rialála<br>■ Cuireadh oiliúint ar bhonn leanúnach ar stiúrthóirí ESB agus fhochuideachtaí ESB | ■ Glacfar céimeanna leanúnacha chun déanamh cinnte go mbeidh ESB in ann cloí leis an reachtaíocht nua e.g. GDPR, rialacháin airgeadais nua, an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise etc.<br>■ Athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta comhlíontachta<br>■ Oiliúint leanúnach chun comhlíonadh a stiúradh |

## M CUMAS EAGRAÍOCHTÚIL

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
| --- | --- |
| Tá ról mór ag fostaithe ESB ina rath leanúnach. Tá sé éirithe níos tábhachtaí ná riamh déanamh cinnte go sroicheann deiseanna earcaíochta / forbartha an oiread iarrthóirí féideartha agus is féidir mar gheall ar iomaíocht mhéadaithe do dhaoine oilte, laistigh den earnáil fhuinnimh agus ó thionscail eile. Murar féidir le ESB foireann agus ceannairí oilte éagsúla a choimeád, a tharraingt agus a fhorbairt, beidh drochthionchar aige sin ar na pleananna forbartha don ghnó agus ar leanúnachas oibríochtaí reatha. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Cuir i gcrích an Straitéis AD ar aontaíodh uirthi<br>■ Tairiscint Luach Fhostaithe ESB a chur in iúl go héifeachtach d'fhostaithe reatha agus féideartha<br>■ Cláir um Forbairt Céimithe agus Printíseacht Líonraí chun na scileanna a bheidh ag teastáil sa todhchaí a chur ar fáil<br>■ Críochnaigh agus cuir i bhfeidhm an Plean Straitéiseach Acmhainní (PSA) um riar scileanna lárnacha<br>■ Cuir i gcrích an Creat Forbartha Bainistíochta<br>■ Cuir i bhfeidhm pleanáil comharbais<br>■ Déan cinnte go ndéantar dóthain aistriú oiliúna agus eolais |

## N ATMAISFÉAR CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH

| Tionchar Féideartha | Bearta Maolaithe |
| --- | --- |
| Mura mbeifí in ann timpeallacht dhearfach caidrimh thionsclaíoch a choimeád d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar fhás sa ghnóthas agus ar an gcumas Straitéis 2030 a chur i gcrích de réir na n-amlínte riachtanacha. | **Chun cosc a chur ar an riosca:**<br>■ Cuir i bhfeidhm an múnla párolla<br>■ Plé oscailte leanúnach idir an lucht bainistíochta, fostaithe agus an Grúpa Aontas<br>■ Tionscnaimh chumarsáide do gach fostaí chun feasacht a ardú faoi chuspóir agus luachanna ESB<br>■ An bhéim a choimeád ar iomaíochas foriomlán costais a fheabhsú<br>■ An straitéis AD a athbhreithniú |

## Timpeallacht Riosca

## Maoirseacht: An Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta

### Má thagann an riosca chun cinn:

- Breithniú a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun teacht ar acmhainní gearrthéarmacha ionas gur féidir inniúlachtaí nó riartha scileanna a aimsiú
- Breithniú a dhéanamh ar na roghanna atá ann maidir le fostaithe a aistriú chuig folúntais lárnacha ar bhunús na riartha scileanna lárnacha atá gnóthaithe acu ó róil roimhe seo, agus daoine a chur faoi oiliúint ghasta go comhuaineach lena gceapadh i bpoist tábhachtacha sna gnóthais
- Breithniú a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun teacht ar acmhainní gearrthéarmacha
- Féachaint arís ar an straitéis fhadtéarmach AD agus í a nuashonrú mar is gá

### Forbairtí in 2017

- Forbairt Rathúil Céimithe, Printíseacht Líonraí ESB agus Cláir um Earcaíocht TF curtha i gcrích
- Béim leanúnach ar neartú próiseas straitéiseach um pleanáil acmhainní agus creata rialachais chun déanamh cinnte go n-aithnítear scileanna agus inniúlachtaí a bhfuil gá leo agus go n-aimsítear go tráthúil iad
- Cláir bhreise ceannaireachta agus cumarsáide forbartha agus curtha i bhfeidhm le haghaidh na bhfoirne bainistíochta

### Réimsí Fócais in 2018

- Leanúint den Straitéis AD 2017 - 2022 a chur i bhfeidhm
- Beachtú leanúnach ar chuir chuige straitéiseacha i dtreo phleanáil acmhainní
- Cur i bhfeidhm leanúnach clár forbartha
- Athbhreithniú ar dhearadh eagraíochta i rith 2018 chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach

## Timpeallacht Riosca

## Maoirseacht: An Coiste um Iniúchadh agus Riosca

### Má thagann an riosca chun cinn:

- Leas a bhaint as meicníochtaí agus nósanna imeachta inmheánacha chun teacht ar réiteach fadhbanna ar leith
- Bainistíocht géarchéime agus socruithe pleanála teagmhasaí a thosú
- Más gá, tús a chur le hidirghabháil sheachtrach agus úsáid á baint as uirlisí stáit e.g. An Chúirt Oibreachais

### Forbairtí in 2017

- Plé agus cumarsáid leanúnach le baill foirne, ag díriú ar 2017 i stair 90 bliana ESB, luachanna bunúsacha agus cuspóir ESB, lena n-áirítear an Fhís Níos Gile don Todhchaí le haghaidh ESB amach anseo
- Cur i bhfeidhm leanúnach mhúnlaí párolla comhaontaithe, lena n-áirítear comhlachtaí maoirseachta cuí a bhunú chun cur i bhfeidhm agus plé oscailte a éascú

### Réimsí Fócais in 2018


- Plé spriocdhírithe le baill foirne ó thaobh luachanna bunúsacha ESB, cuspóir ESB agus ar Straitéis 2030
- Béim leanúnach ar fhóram ráithiúil an Fhoireann Stiúrthóirí Feidhmiúcháin / an Ghrúpa Aontas chun tuairimí faoi dhúshláin mhóra ghnó a roinnt go hoscailte
- An comhaontú ar Phá, Choinníollacha agus Chomhthathú (PC&I) a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíocht don Chomhghrúpa Maoirseachta (Cuideachta / Aontas)
- Cainteanna faoi phá a eagrú agus a chur i gcrích mar atá leagtha amach sa chomhaontú PC&I

# EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (ETFANNA)


Úsáideann ESB eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) airgeadais agus neamhairgeadais, agus is léiriú iad na táscairí sin ar an dul chun cinn atá déanta maidir le Straitéis ESB Group go 2030 (Straitéis 2030) a bhaint amach. Tá a KPInna féin ag gach aonad gnó, agus tagann siad seo go cruinn le KPInna an Ghrúpa agus tá siad cuimsithe sa chuid faoi aonaid ghnó ar leathanach 54 go 63.

## AIRGEADAIS


### EBITDA €'m




### Glanfhiachas €'m





### Caiteachas Caipitiúil €'m





| EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (ETF) | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **EBITDA** | Tuillimh roimh ús, chánachas, dhímheas, bhearnúchán, amúchadh (lena n-áirítear amúchadh ranníocaíochtaí soláthair) agus míreanna eisceachtúla. | Is príomhthomhas é EBITDA den airgead tirim a gineadh le linn na bliana, atá ar fáil ansin le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, aisíocaíocht fiachais agus íocaíochtaí díbhinní. | Fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar an mbrabús oibriúcháin is cúis leis an laghdú ar EBITDA. Féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 50 le haghaidh tuilleadh eolais. | |
| **Glanfhiachas** | Iasachtaí agus glanfhiachais eile d'airgead tirim agus a choibhéisí airgid. | Is táscaire é an glanfhiachas ar leibhéal giarála an Ghrúpa, agus tugann sé le fios cibé an bhfuil nó nach bhfuil an Grúpa ag comhlíonadh a phríomhchúnant. Leanfaidh glanfhiachas ar aghaidh ag dul i méid agus ESB ag maoiniú i bpáirt a chuid clár infheistíochta caipitil le hiasachtaí. | Tá laghdú tagtha ar an nglanfhiachas, agus is toradh é seo ar EBITDA dearfach agus ar lagú phunt na Ríochta Aontaithe (GBP), arna bhfritháireamh ag infheistíocht chaipitiúil leanúnach, costais airgeadais, díbhinní agus íocaíochtaí cánach. Féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 51 le haghaidh tuilleadh eolais. | |
| **Caipiteal Caiteachas** | Méideanna breise do mhaoin, gléasra agus trealamh, mar aon le sócmhainní doláimhsithe agus infheistíochtaí sócmhainní airgeadais. | Tá infheistíochtaí caipitiúla suntasacha idir lámha ag ESB faoi láthair i gcás a ghnóthais líonraí agus Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) araon. Tá seo amhlaidh ionas gur féidir le ESB an líonra leictreachais a fhorbairt agus bheith san iomaíoch sa timpeallacht uile-oileáin. | Baineann an laghdú ar chaiteachas caipitiúil le cur san áireamh an chaiteachais eile ar Carrington in 2016 agus leasuithe ó bhonn. Féach an t-athbhreithniú airgeadais ar leathanach 51 le haghaidh tuilleadh eolais. | |

## OIBRIÚCHÁIN

### Fáil Fearais %





### MW In-athnuaite Infheidhme*




*fuinneamh gaoithe, gréine agus hidreafhuinneamh

### Nóiméid Chustaiméara Caillte (NCCanna)*





*Líonraí ESB


| EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (ETF) | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Feidhmíocht Stáisiún Cumhachta** | Céatadán den am sa bhliain ach raibh an stáisiún cumhachta giniúna sin ar fáil chun leictreachas a dhéanamh, cibé gur ghin nó nár ghin siad. | Is gné ríthábhachtach d'fheidhmíocht tráchtála ESB é cumas oibriúcháin láidir a sholáthar i stáisiúin chumhachta uile ESB mar thoradh ar ardchaighdeáin i dtaca le feidhmíocht agus cothabháil, mar aon le cur i gcrích tráthúil oibreacha ollchóirithe. | Cé go raibh an leibhéal fála fós láidir ag 90% bhain an laghdú le briseadh cumhachta fada i stáisiúin chumhachta Chnoc an Turlaigh, Synergen agus an Phoill Bhig. Féach an chuid faoi aonad gnó G&WM ar leathanach 54 chun tuilleadh eolais a fháil. | |
| **MW In-athnuaite Infheidhme*** | MW de ghiniúint in-athnuaite, áit a bhfuil na sócmhainní tar éis a ndáta feidhmíochta tráchtála a bhaint amach. | Is í an ghiniúint in-athnuaite an ghné is tábhachtaí de chuspóir ESB, déine carbóin a fhlít ghiniúna a laghdú. | Baineann an méadú de 97 MW go príomha leis na ceithre fheirm ghaoithe i nGob na Muine, sa Cheapach, i Crockdun agus san Eaglais atá comhionann le 95 MW san iomlán. Féach an chuid faoi aonad gnó G&WM ar leathanach 54 chun tuilleadh eolais a fháil. | |
| **Nóiméid Custaiméirí a Cailleadh (CMLanna)** | Meánfhad na mbristeacha (pleanáilte agus de bharr fabhtanna) i soláthar leictreachais na gcustaiméirí le linn na bliana. | Is ardtosaíocht don ESB é iontaofacht an eangaigh agus bristeacha i soláthar leictreachais na gcustaiméirí a laghdú. | Tá ESB geallta fós chun tarlú agus fad na mbristeacha i soláthar na gcustaiméirí a laghdú. D'fhan an leibhéal in 2017 ar aon dul leis an leibhéal feabhsaithe in 2016. Féach an chuid faoi aonad gnó Líonraí ESB ar leathanach 56 chun tuilleadh eolais a fháil. | |

## AN CUSTAIMÉIR AGUS AN MARGADH


### Sciar an Mhargaidh Mhiondíola %




### Sásamh Custaiméirí Cónaithe %





### Feasacht Branda %





| EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (ETF) | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Sciar an Mhargaidh Mhiondíola** | Sciar margaidh uile-oileáin iomlán den Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM). | Is gnéithe ríthábhachtacha don ESB iad coimeád agus fás an sciar mhargaidh atá aige ionas gur féidir leis iomaíochas a bhaint amach sa timpeallacht iomaíoch uile-oileáin. | Bhí laghdú 3% ar an sciar margaidh iomlán le linn 2017 mar thoradh go príomha gur cailleadh custaiméirí in earnálacha an mhargaidh tionscail agus gnó. Féach an chuid faoi aonad gnó Electric Ireland ar leathanach 60 le haghaidh tuilleadh eolais. | |
| **Sásamh Custaiméirí Cónaithe** | Cuireann seo tomhas i dtaca le sásamh na gcustaiméirí ar fáil (Foinse: Torthaí Suirbhéanna Míosúla de chuid Research Perspective). | Bíonn ESB agus Electric Ireland ag déanamh a ndícheall ag iarraidh sársheirbhísí do chustaiméirí a chur ar fáil agus eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú chun an sciar atá acu den mhargadh a choinneáil. | D'fheabhsaigh sásamh na gcustaiméirí cónaithe in 2017 mar thoradh ar choigiltis mharthanacha de 8.5%, an mhoill le méaduithe riachtanacha ar phraghas go dtí tar éis an gheimhridh agus táirgí nua agus nuálacha sa mhargadh. Féach an chuid faoi aonad gnó Electric Ireland ar leathanach 60 le haghaidh tuilleadh eolais. | |
| **Feasacht Branda** | Feasacht ar Electric Ireland mar Sholáthraí Fuinnimh (Foinse: Torthaí Suirbhé Custaiméirí de chuid IPSOS Mori). | Branda Electric Ireland a láidriú chun iad a phoibliú mar an soláthraí fuinnimh atá chun tosaigh in Éirinn. | Bhí feasacht branda láidir fós follasach i 97% de bharr feabhsuithe ar mhargaíocht, urraíocht agus feachtais bolscaireachta. Féach an chuid faoi aonad gnó Electric Ireland ar leathanach 60 le haghaidh tuilleadh eolais. | |

## DAOINE

### Líon na bhFostaithe.




### Am Oibre a Chailltear mar Thoradh ar Ghortuithe (LTInna).




| EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (ETF) | SAINMHÍNIÚ | BAINTEACHT STRAITÉISEACH | FEIDHMÍOCHT | TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na nDaoine** | Meánlíon na bhfostaithe an bhliain sin, lena n-áirítear fostaithe sealadacha. | Chun Straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm, beidh ar an eagraíocht a bheith solúbtha fíorspreagtha inoiriúnaithe, agus beidh scála áirithe i gceist léi freisin. | Bhí níos mó daoine sa chuideachta in 2017 de bharr earcaíochta i dtaca le línte nua gnó, mar aon le hearcú printíseach agus céimithe. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar nóta 8 de na ráitis airgeadais. | |
| **LTInna Fostaithe** | Is é atá i gceist le LTInna fostaithe ná gortuithe a bhíonn acu a gcailleann siad ar a laghad lá amháin oibre mar thoradh orthu (agus ní áirítear leis seo an lá ar tharla an gortú). | Bíonn an tsábháilteacht ag croílár gach rud a dhéanaimid. Cuireann ESB béim i gcónaí ar rioscaí a laghdú sna réimsí den ghnó a dtarlaíonn gortuithe tromchúiseacha iontu. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an gcuid faoi shábháilteacht ar leathanach 66. | Tá an laghdú ar LTInna nasctha le pleananna feabhsúcháin, tionscadail, cláir oiliúna agus iniúchóireachta áit a gcuirtear an bhéim ar dhíobhálacha a chosc. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| TÚS ÁITE A THABHAIRT INÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE, DO RIACHTANAIS NA GCUSTAIMÉIRÍ, ANOIS AGUS SA TODHCHAÍ | FUINNEAMH GLAN SLÁN INACMHAINNE A THÁIRGEADH, A NASCADH AGUS A SHOLÁTHAR | SEIRBHÍSÍ FUINNIMH A FHORBAIRT CHUN FREASTAL AR NA RIACHTANAIS MARGAIDH ATÁ AG TEACHT CHUN CINN | AN GNÓ A FHÁS AGUS SAN AM CÉANNA, LÁIDREACHT AIRGEADAIS ESB A CHOTHÚ | CULTÚR ARDFHEIDHMÍOCHTA A CHINNTIÚ INA DTACAÍTEAR LE NUÁIL AGUS COMHOIBRIÚ |

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN

**42** An Fhoireann Feidhmiúcháin
**44** Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin 2017
**48** Athbhreithniú Airgeadais
**54** Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM)
**56** ESB Networks
**58** Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)
**60** Electric Ireland
**62** Nuálaíocht

# FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

Dííronn an Fhoireann Feidhmiúcháin ar Straitéis ESB go 2030 (Straitéis 2030 a chur i gcrích), ar fhorbairtí teicneolaíochta agus tráchtála, cláir a chur i bhfeidhm, feidhmíocht airgeadais agus iomaíoch, forbairt daoine, forbairt eagraíochtúil agus polasaithe don Ghrúpa ar fad.



**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Ceapachán:** Nollaig 2011
**Taithí Ghairme:** Chuaigh Pat isteach in ESB i 1981. Sular thosaigh sé sa ról atá aige anois, bhí Pat i gceannas ar na gnóthais is mó de chuid ESB, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ar DAC ESB Networks agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Power Generation. Bhain Pat bunchéim agus máistreacht san Innealtóireacht amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chríochnaigh sé an tArdchúrsa Bainistíochta de chuid Harvard Business School. Tá sé ina Iontaobhaí ar Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe, ina Stiúrthóir ar Energy UK agus ina Chathaoirleach ar an gComhairle Printíseachta Éireann.

**Jerry O'Sullivan**
Leas-Phríomhfheidhmeannachw



**Ceapachán:**
Deireadh Fómhair 2014
**Taithí Ghairme**: Roimh an ról atá aige faoi láthair, bhí Jerry ina Stiúrthóir ar DAC ESB Networks. Thosaigh sé in ESB in 1981 agus bhí cuid mhaith ról aige sna réimsí Tógáil Cumhachtstáisiún, Dáileacháin agus Tarchurtha, Miondíola, Comhairleoireachta, Margaíochta agus Seirbhísí do Chustaiméirí. Ceapadh é ina Cheann ar Sheirbhísí Líonra i 2002 agus ina Cheann ar Inbhuanaitheacht agus ar Chórais Líonra i 2008. Tá céim san innealtóireacht shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus tá sé ina Chomhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.

**Pat Fenlon**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadas agus Tráchtála an Ghrúpa



**Ceapachán:** Iúil 2016
**Taithí Ghairme:** Sula raibh sé sa ról atá aige faoi láthair, bhí cuid mhaith ról sinsearach airgeadais, tráchtála agus ginearálta ag Pat ar fud ESB, lenar áiríodh Bainisteoir Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa, Cisteoir an Ghrúpa, Bainisteoir Ginearálta Electric Ireland agus Bainisteoir Athruithe Corparáideacha. Is Comhalta é de Chuntasóirí Cairte Éireann agus d'oibrigh sé le PwC i mBaile Átha Cliath sular thosaigh sé ag obair le ESB in 1993.

**Paddy Hayes**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM)



**Ceapachán:**
Meitheamh 2012
**Taithí Ghairme:** Sular thosaigh sé sa ról atá aige faoi láthair, bhí róil éagsúla bainistíochta sinsearaí ag Paddy in ESB, lenar áiríodh Ceann Independent Generation. Sular thosaigh sé ag obair leis an ESB in 1999, d'oibrigh Paddy le British Steel.
Is innealtóir cairte é agus tá bunchéim agus céim mháistir aige san innealtóireacht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Warwick sa Ríocht Aontaithe.

**Marguerite Sayers**
Stiúrthóir Bainistíochta DAC ESB Networks



**Ceapachán:** Samhain 2014
**Taithí Ghairme:**
Thosaigh Marguerite ag obair le ESB in 1991 agus tá bunchéim aici san Innealtóireacht Leictreonach ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Roimhe sin, bhí sí ina Ceann Bainistíochta Sócmhainní ar ESB Networks agus ina Bainisteoir ar Sheirbhísí Custaiméirí do Bhaile Átha Cliath Theas, agus d'oibrigh sí freisin in Acmhainní Daonna agus i bPleanáil, Oibriúcháin agus Tógáil Líonraí. Ba Bhainisteoir í Marguerite freisin ar ESB Generation, agus bhí sí freagrach ansin as punann giniúna 5,500 MW ESB in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá sé ina Leas-Uachtarán ar Institiúid na nInnealtóirí faoi láthair agus is ball í den Bhord Forbartha don Ospidéal Péidiatrach Náisiúnta.



**Jim Dollard**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ionad Seirbhíse Gnó (BSC) agus Electric Ireland

**Ceapachán:** Iúil 2013
**Taithí Ghairme:** Is cuntasóir bainistíochta cairte é Jim, agus thosaigh sé amach ar a ghairm réime in ESB i 1992 agus bhí poist éagsúla ardbhainistíochta aige sa Ghrúpa. Tá bunchéim ag Jim sa tráchtáil agus céim mháistir sa staidéar gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chríochnaigh sé an tArdchúrsa Bainistíochta de chuid Harvard Business School i rith 2017.



**Paul Mulvaney**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin Nuáil

**Ceapachán:** Deireadh Fómhair 2014
**Taithí Ghairme:** Tháinig Paul isteach in ESB in 1985 agus bhí poist éagsúla sa bhainistíocht shinsearach aige, mar Bhainisteoir Stáisiúin Ghiniúna an Oileáin Mhóir agus Ghob na Muine, mar Bhainisteoir an Ghrúpa ar Stáisiúin Ghuail / Ola / Gháis, Bainisteoir Sócmhainní i nGiniúint Cumhachta agus mar Chlárbhainisteoir in Athruithe Corparáideacha. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ecars i 2009 agus ina Cheann ar Dháileachán & Seirbhísí do Chustaiméirí, ESB Networks i 2012. Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil ag Paul agus tá an Clár Ardbhainistíochta déanta aige ag Scoil Ghnó Institute de Estudios Superiores de la Empresa (IESE) in Ollscoil Navarra sa Spáinn.



**Pat Naughton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa

**Ceapachán:** Meitheamh 2012
**Taithí Ghairme:** Is innealtóir meicniúil é Pat agus d'oibrigh sé i róil éagsúla ó thosaigh sé ag obair sa Ghrúpa i 1978. Bhí poist shinsearacha aige roimhe seo mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna in ESB Energy International, Bainisteoir ar Fhorbairt Straitéise agus Punainne in ESB Energy International agus Bainisteoir ar Hidrea-Stáisiúin in ESB Power Generation.



**John Redmond**
Rúnaí na Cuideachta

**Ceapachán:** Deireadh Fómhair 2002
**Taithí Ghairme:** Sular thosaigh sé sa ról atá aige faoi láthair, bhí John ina Rúnaí Cúnta agus ansin ina Rúnaí Grúpa agus ina Leasuachtarán Sinsearach, Cúrsaí Corparáideacha, in GPA Group plc., agus ina dhiaidh sin, bhí sé ina Rúnaí Cuideachta in Debis AirFinance BV (cuideachta chomhlachaithe de Daimler Chrysler) agus in Airplanes Limited atá cláraithe le SEC. Idir 1980 agus 1988, d'oibrigh sé sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sa Roinn Airgeadais. Tá bunchéim san Fhealsúnacht ó Ollscoil Mhaigh Nuad agus John agus fuair sé cáilíochtaí iarchéime sa Rialachas Corparáideach ó Ollscoil Napier, Dún Éideann agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Comhalta é d'Institiúid na Rúnaithe Cairte ó 1997.

# STRUCHTÚR AN MHARGAIDH AGUS AN TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN 2017

## 1. FORBHREATHNÚ AR STRUCHTÚR NA MARGAÍ LEICTREACHAIS I BPOBLACHT NA HÉIREANN (ROI), I DTUAISCEART ÉIREANN AGUS SA BHREATAIN MHÓR

Is féidir struchtúr an mhargaidh leictreachais i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór a bhriseadh síos i gceithre dheighleog: giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar. Tá iomaíocht i réim i ngach cuid de ghiniúint agus de sholáthar an leictreachais ar fud ROI, NI agus na Breataine Móire. Is monaplachtaí rialaithe iad tarchur agus dáileachán leictreachais i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór agus socraíonn an rialaitheoir san dá áit an t-ioncam ceadaithe don tréimhse athbhreithnithe praghsanna.

## BEARTAS AGUS RIALÁIL FUINNIMH

Bíonn beartais fuinnimh á leagadh síos ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i bPoblacht na hÉireann, ag an Aire Geilleagair i dTuaisceart Éireann agus ag an Aire Fuinnimh Ghnó agus Straitéis Tionscail sa Bhreatain Mhór. Tá beartas agus rialáil fuinnimh go mór faoi thionchar dhlí an Aontais Eorpaigh (AE).

Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) an rialtóir neamhspleách don mhargadh fuinnimh i bPoblacht na hÉireann. Is é Údarás Tuaisceart Éireann um Rialáil Fóntais (NIAUR) rialtóir neamhspleách an mhargaidh fuinnimh i dTuaisceart Éireann. Is í Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (OFGEM) rialtóir an mhargaidh fhuinnimh sa Bhreatain Mhór.

## AN MARGADH AONAIR LEICTREACHAIS (SEM)

Is é an SEM an margadh aonair mórdhíola (malartán cumhachta) don leictreachas i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Is malartán cumhachta comhlán éigeantach é an SEM, agus ní mór do gach gineadóir cumhacht a dhíol, agus ní mór do gach soláthraí cumhacht a cheannach tríd an linn. Socraíonn an malartán cumhacht spotphraghas don leictreachas, ar a dtugtar an Praghas Imeallach Córais (SMP), gach tríocha nóiméad. Faigheann gineadóirí íocaíochtaí ar leith chun acmhainn giniúna a sholáthar tríd an meicníocht íocaíochta acmhainne. Bainistíonn gineadóirí agus soláthraithe luaineacht praghsanna sa mhalartán cumhachta trí chonarthaí airgeadais seasta a chur i gcrích (conarthaí difríochta).

## SOCRUITHE TRÁDÁLA AGUS TARCHUIR LEICTREACHAS NA BREATAINE (BETTA)


Is é is BETTA ann ná an margadh mórdhíola leictreachais atá i bhfeidhm sa Bhreatain Mhór. Murab ionann agus an SEM, is féidir le gineadóirí agus soláthraithe trádáil a dhéanamh lena chéile ar bhonn déthaobhach nó trí mhalairtí. Is féidir leo conarthaí fisiciúla agus airgeadais araon a dhéanamh chun luaineacht a bhainistiú, do thréimhsí ama éagsúla, mar shampla, roinnt mhaith blianta amach anseo nó margaí trádála aon lae amháin. Mar chuid dá thionscnamh Leasaithe ar an Margadh Leictreachais (EMR) chun infheistíocht a spreagadh i leictreachas ísealcharbóin agus chun sláine agus inacmhainneacht soláthair a fheabhsú, feidhmíonn Rialtas na Breataine tar éis scéim luach saothair le haghaidh cumais. Dá réir seo, bronntar conarthaí cumais ar ghineadóirí ar bhunús torthaí ceant, rud a chuireann ar a gcumas íocaíochtaí a fháil as cumas giniúna a sholáthar, ach a mbeidh pionóis ann ina leith mura bhfuil aon soláthar le linn teagmhas ganntanais.

## AN MARGADH AONAIR CHOMHTHÁITE LEICTREACHAIS (I-SEM)

Is é atá in I-SEM ná margadh leictreachais nua do Phoblacht na hÉireann agus do Thuaisceart Éireann a rachaidh in ionad SEM i mBealtaine 2018. Tháinig na fachtóirí spreagtha don I-SEM ón gceanglas Spriocshamhail an AE a chur i bhfeidhm, ar sraith socruithe comhchuibhithe í le haghaidh thrádáil trasteorann fuinnimh mhórdhíola agus seirbhísí cothromaíochta ar fud na hEorpa. Áirítear leis meicníocht nua um luach saothair acmhainn atá ar aon dul leis an treoirlínte is deireanaí ón AE maidir le cúnamh stáit. Tá ESB tar éis clár I-SEM a chur ar bun lena chinntiú go bhfuil an gnó ullamh do na socruithe nua margaidh atá sceidealaithe le dul beo ar an 23 Bealtaine 2018.

Sa phróiseas chun bogadh i dtreo dul beo le I-SEM baineadh amach go leor cloch míle tábhachtach i 2017, lenar áiríodh faomhadh na meicníochta acmhainne faoi threoirlínte i leith chúnamh stáit ón gCoimisiún Eorpach. Réitigh sé sin an bealach do cheant chonarthaí acmhainne I-SEM ar a dtugtar Roghanna Iontaofachta i mí na Nollag 2017. Is mór an difríocht idir an próiseas chun luach saothair a thabhairt as acmhainn in I-SEM agus scéim acmhainne reatha an SEM, áit a bhfaigheann gineadóirí íocaíochtaí ar bhonn fála. Leis an meicníocht nua ní hamháin go dtugtar isteach gné d'iomaíocht um chonarthaí acmhainne trí phróiseas an cheant ach freisin gearrtar pionóis iontaofachta ar shealbhóirí na gconarthaí luaite (má iarrtar orthu acmhainn a sholáthar agus murar féidir leo déanamh amhlaidh). Le céad cheant acmhainne I-SEM ligeadh do ghineadóirí dul san iomaíocht do Roghanna Iontaofachta

## AN MARGADH AONAIR LEICTREACHAIS (SEM)



le haghaidh 1 bhliana os a gcionn (T-1), ach i gceantanna amach anseo beidh amfhrámaí de 4 bliana amach anseo (T-4) chomh maith le ceant coigeartuithe don bhliain ina dhiaidh sin. Reáchtáladh an ceant ag an Oibreoir Córais Tarchurtha (OCT) i mí na Nollag 2017. Bronnadh conarthaí acmhainne ar 7,774 MW den acmhainn 9,014 MW a táirgeadh. Ba é €41.8/kW an praghas aonfhoirmeach ceant. Fuair 3,280 MW / 91% de stáisiúin chumhachta Mhargaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM) conarthaí as 3,580 MW d'acmhainn a táirgeadh.

## LÍONRAÍ LEICTREACHAIS

Is éard atá ann i gcóras tarchuir leictreachais ná líonra ardvoltais chun soláthar leictreachais builc a tharchur. Seachadann an córas dáileacháin leictreachas do chustaiméirí aonair thar na líonraí 38kV / meánvoltais / ísealvoltais. I bPoblacht na hÉireann, is le ESB an líonra córais tarchuir agus dáileacháin agus oibríonn sé an líonra córais dáileacháin leictreachais, agus oibríonn EirGrid an líonra córais tarchuir. I dTuaisceart Éireann is le Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) an líonra córais tarchuir agus dáileacháin leictreachais agus oibríonn sé an líonra córais dáileacháin leictreachais agus oibríonn an t-Oibreoir Córas do Thuaisceart Éireann (SONI) an líonra córais tarchuir.

## IDIRNASC

Ar chúiseanna tíreolaíochta, tá córais tarchuir leictreachais ar oileán na hÉireann réasúnta scoite i gcomparáid le córais ar mhór-roinn na hEorpa agus sa Bhreatain Mhór (GB). Nascann an tIdirnasc Soir Siar an córas tarchuir leictreachais i bPoblacht na hÉireann leis an gcóras tarchuir leictreachais sa Bhreatain Bheag, ionas gur féidir leictreachas a tharchur sa dá threo. Ritheann an tIdirnasc Soir Siar idir Deeside i dtuaisceart na Breataine Bige agus Fearann na Coille, Contae na Mí i bPoblacht na hÉireann. Tá na naisc faoi thalamh agus faoi uisce tuairim is 260 ciliméadar ar fad agus is féidir leo 530 MW a iompar.

Nascann Idirnasc na Maoile eangacha leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hAlban trí chábláí faoi uisce a ritheann idir stáisiúin tiontaire i dTuaisceart Éireann agus in Albain. 500 MW d'acmhainn atá sa nasc sin. Ón 10 Samhain 2017, áfach, cuireadh srian docht de 80 MW ar onnmhairí (sreabhadh ó thiar soir). Fadhbanna teicniúla ar thaobh na hAlban atá taobh thiar den srian seo agus meastar go bhfanfaidh sé i bhfeidhm go dtí an 1 Nollaig 2019. Cuireadh srian ar fháil Idirnascaire na Maoile go leathacmhainn ón 18 Feabhra 2017 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2017 mar gheall ar oibreacha cothabhála.

I 2017, i rith thréimhse gháis an gheimhridh bhí sreabhadh glan-allmhairí (ó GB go MAL) ar an dá hidirnascaire ach nuair a chuaigh na muirir acmhainne gáis i laghad (i dtréimhse ghháis an tsamhraidh) a mhalairt de threocht a tharla. Is rannpháirtí gníomhach é ESB ar an margadh idirnasc agus is é a bhí freagrach as 24% de na hallmhairí ar fad agus as 2% de na honnmhairí i rith 2017. Féach ar fhíor 1 agus 2 le haghaidh tuilleadh sonraí.

## GINIÚINT LEICTREACHAIS

15,291 MW d'acmhainn, nó geall leis, atá in earnáil ghiniúna an Mhargaidh Aonair Leictreachais agus é nasctha don chóras ar bhonn uile-oileáin, méadú ó 13,446 MW i 2016. Ar áireamh in acmhainn an chórais tá meascán de sheanstáisiúin ghiniúna, gástuirbíní timthrialla comhcheangailte nua-aimseartha agus foinsí fuinnimh in-athnuaite ar nós cumhacht gaoithe. Gineann na stáisiúin seo leictreachas ó bhreoslaí amhail gás, gual agus ola chomh maith le breoslaí dúchasacha lena n-áirítear hidreachumhacht, gaoth, móin agus bithmhais.

Tá 3,320 MW de ghaoth suiteáilte ag SEM, acmhainn thábhachtach maidir le sprioc Rialtas na hÉireann um 40% den leictreachas a ghiniúint trí acmhainní in-athnuaite faoi 2020. Gaoth a ghin 22% den leictreachas in 2017, níos mó ná an 18% i 2016, agus taifead déanta ar aschur uasta gaoithe 3,143 MW ar an 6 Nollaig 2017. Ghin ESB 42% den leictreachas sa SEM i 2017, laghdú beag ó 2016.


I 2017 ba é an céatadán d'fháil ghiniúint theirmeach bhonnualaigh sa mhargadh ná 96%, agus gás agus gual ar na breoslaí is mó sa mhargadh.

## TRÁDÁIL LEICTREACHAIS


Nasctar le chéile margaí leictreachais agus gáis in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór ar dhá bhealach, mar thoradh ar úsáid gáis le haghaidh giniúint leictreachais, agus lena chois sin, cuirtear i bhfeidhm é de bharr idirnascadh fisiciúil na líonraí leictreachais agus gáis. Dála an-chuid cuideachta i margadh na hÉireann, tá ESB gníomhach sna margaí gáis agus leictreachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon.

Anuas ar na leasanna giniúna atá aige, bíonn ESB gníomhach i ngach earnáil den mhargadh gáis, idir chustaiméirí cónaithe agus chustaiméirí móra tráchtála, agus tá sé ar na seoltóirí gáis is mó i bPoblacht na hÉireann. Tá ESB fós i mbun fáis sna margaí leictreachais agus gáis sa Bhreatain Mhór, agus ceann de na príomhfhorbairtí a tharla i 2017 ná go ndeachthas isteach i margadh soláthair na Breataine Móire agus gur scrúdaíodh, gur measúnaíodh agus gur forbraíodh deiseanna giniúna sa Bhreatain Mhór.

### FIGIÚR 1: ALLMHAIRIÚ AN SCIAR DEN MHARGADH LEICTREACHAIS




### FIGIÚR 2: ALLMHAIRIÚ AN SCIAR DEN MHARGADH LEICTREACHAIS



Mar thacaíocht d'oibríochtaí ESB sa Bhreatain Mhór, tá cumas trádála iomlán ag ESB Trading chuig an leibhéal fíor-ama, agus tá láithreacht 24 uair aige sa mhargadh gáis agus leictreachais.

## 2. TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN NA MARGAÍ FUINNIMH DOMHANDA


### PRAGHSANNA GÁIS

Tá ról mór ag fás ar éileamh an earnáil chumhachta sa ghás leis an éileamh ar ghás a bhrú san Eoraip i mbliana. Bhailigh an t-aistriú ó ghual go gás a thosaigh i 2016 neart i 2017 mar fhreagairt ar phraghsanna guail ní b'airde. Bhí treocht anuas le feiceáil sna meánphraghsanna gáis le haghaidh 2017, i gcomparáid le gluaiseachtaí praghais i 2015 agus 2016. Fadhbanna ar thaobh an tsoláthair sa Ríocht Aontaithe a chuir leis an bpátrún méaduithe sin. An meánphraghas a bhí ar ghás in Eanáir ná 53.11 pingin in aghaidh na teirme, agus bhí an meánphraghas sin ardaithe go dtí 57.80 pingin in aghaidh na teirme faoi Nollaig. Ba é 44.74 pingin in aghaidh na teirme an meánphraghas bliantúil ar ghás don bhliain 2017, méadú ó 34.59 pingin/teirm i 2016.

### PRAGHSANNA GUAIL

Cé go raibh laghdú ar phraghsanna guail ag deireadh R1 agus fós ag tús R2, thosaigh praghsanna ag dul i méid faoi lár na bliana agus lean an treocht ar aghaidh go dtí deireadh na bliana. An rud ba chúis leis an ardú praghsanna seo ná éileamh méadaithe ar ghual, go háirithe sa tSín, mar aon le dúnadh roinnt mianach intíre ag údaráis na Síne, rud a laghdaigh an soláthar. Ba é an meánphraghas ar ghual i 2017 ná $59.97/tona, méadú ó $84.41/tona i 2016.


### FIGIÚR 3: PRAGHSANNA GÁIS, GUAIL AGUS CARBÓIN





### PRAGHSANNA CARBÓIN

An meánphraghas míosúil a bhí ar charbón i mí Eanáir ná €5.25/tona agus tháinig laghdú air seo le linn na bliana, go háirithe sa tríú ráithe, go dtí gurbh é €7.63/tona an meánphraghas míosúil a bhí air i mí na Nollag. Ba é an meánphraghas ar charbón i 2017 ná $5.84/tona, suas ó €5.38/tona i 2016. Tá gluaiseachtaí ar phraghas carbóin ag brath ar chinntí beartais agus cur chun feidhme ar leibhéal an AE. Tá an méadú ar phraghas carbóin i 2017 nasctha le comhaontú sealadach i mí na Samhna idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach chun Scéim Trádála Astaíochtaí an AE a athbhreithniú tar éis 2020. Tá an t-athbhreithniú sin dírithe ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú faoi 40% ar a laghad faoi 2030.

### FIGIÚR 4: GINIÚINT LEICTREACHAIS I SEM DE RÉIR CHINEÁL BREOSLA




### FIGIÚR 5: SMP (€/MWH)



## PRAGHSANNA LEICTREACHAIS MHÓRDHÍOLA SEM

Tá an SMP sa SEM comhdhéanta de dhá chuid:


- an costas imeallach gearrthréimhseach táirgeachta (SRMC), arb ionann é agus costas an bhreosla; agus
- an ghné ardaithe de SMP, nuair a aisghabhtar costais tionscnaimh agus costais gan lód, is costais sheasta iad nach n-athraíonn de réir aschuir.

I 2017, bhí breoslaí iontaise ina mbonn le 69% den ghiniúint, gás agus gual ar an bhformhór. Is iad na gástuirbíní comh-thimthrialla (CCGT) na haonaid is éifeachtúla sa chóras, agus tá dlúthbhaint idir praghas an gháis mhórdhíola agus an SMP. Ar bhonn bliain ar bhliain, tá SMP 2017 méadaithe faoi 13.5% go meánluach bliantúil de €47.48/MWh), suas ó mheánluach €41.82/MWh in 2016, agus é sin stiúrtha go príomha ag an méadú ar phraghsanna gáis. Dhá rud a chuaigh i bhfeidhm ar phraghsanna i SEM i 2017 ná go raibh Idirnascaire na Maoile ag oibriú ag acmhainn 50% ar feadh 8 míosa agus gur tharla briseadh cothabhála i Stáisiún Cumhachta Synergen.

Ag tús na bliana, bhí SMP míosúil de €57.51/MWh ann ar an meán i mí Eanáir. Ag deireadh na bliana, i mí na Nollag, bhí meánphraghas míosúil de €56.88/MWh ann i mí na Nollag, i gcomparáid le €54.47/MWh i mí na Nollag 2016.

Tá treocht aníos le sonrú maidir le hardú (an ghné den phraghas leictreachais a chlúdaíonn costais tionscnaimh agus costais oibriúcháin seasta ó rinneadh athrú rialála ar ríomh an ardaithe ar an 1 Eanáir 2015. I 2014, ba é a bhí i gceist le hardú ná 29% den SMP aran meán, ach laghdaigh sé seo go seasta go dtí 15% den SMP i 2017, cothrom le 2016.

**FIGIÚR 6: BONNUALACH NA BREATAINE MÓIRE (£/MWh)**




## MARGADH AGUS PRAGHSANNA LEICTREACHAIS SA BHREATAIN MHÓR

Ba é 2017 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú gnó Stáisiún Cumhachta Carrington i margadh leictreachais forbartha na Breataine. Tháinig deireadh le tacaíocht do ghiniúint nua gaoithe agus gréine ar talamh i rith 2017. Chun leas a bhaint as na hacmhainní in-athnuaite sin ag tús 2017 chun dúnadh an gheata fóirdheontais a chlúdach, bhí leibhéil mhóra de ghrianfhuinneamh i gceist, agus é ag sárú 12 GW den acmhainn suiteáilte faoi láthair. Bhí tionchar mór ag an nginiúint bhreise grianfhuinnimh sin ar oibriú an chórais fhoriomláin i rith an tsamhraidh, agus praghsanna an mhargaidh fhuinnimh coiscthe mar thoradh air. Rinneadh an bhuaic ab airde do ghiniúint fuinnimh ghréine a thaifeadadh ar an 26 Bealtaine 2017 ag 9.34 GW agus praghsanna ag dul i laghad dá réir sin i rith thús an tsamhraidh sular tharla téarnamh ag deireadh an tsamhraidh agus meán de £45.42/MWh bainte amach acu don bhliain. Fógraíodh an dara babhta den phróiseas ceant um chonarthaí difríochta (CFDanna) in-athnuaite i Meán Fómhair, agus 3.34 GW san iomlán de ghiniúint in-athnuaite faighte, lenar áiríodh 3.2 GW de ghaoth ar an talamh le coimisiúnú i gcéimeanna le tosú sna blianta seachadta 2021 / 22 agus 2022 / 23.

Leanann méideanna giniúna guail ar aghaidh ag dul i laghad, agus na méideanna níos ísle i 2017 i gcomparáid le 2016. Tá sé sin brúite ag méadú ar phraghsáil guail agus ag Meicníocht Tacaíochta Praghais Charbóin an RA, rud a chiallaíonn nach bhfuil eacnamaíocht an ghiniúint guail chomh fabhrach i gcomparáid le gás. Ar an 21 Aibreán d'fhógair an tEangach Náisiúnta gur tharla an chéad lá iomlán gan ghiniúint guail sa RA ó bhí 1882 ann. D'athdhearbhaigh Rialtas na hÉireann a ghealltanas chun na stáisiúin ghuail a dhúnadh, trí fhógairt go raibh sé de rún aige praghas iomlán an charbóin a choimeád cosúil leis na leibhéil a cuireadh i láthair ina Ráiteas Fómhair, agus dhearbhaigh gurbh é 2025 an dáta dúnta ba dheireanaí do ghiniúint neamhlaghdaithe guail.

D'imigh 3.6 GW de stáisiúin chumhachta giniúna ó Scéim Chúltaca Comhardaithe Straitéisigh na hEangaí Náisiúnta i nDeireadh Fómhair 2017, lenar áiríodh stáisiún cumhacht 350 MW CCGT, atá rannpháirteach sa mhargadh leictreachais mhiondíola anois. Mar gheall ar an acmhainn sin, i dteannta le 1.2 GW de ghiniúint bhuaice nua agus freagairt ar thaobh an éilimh, bhí an chorrlach córais níos mó sa cheathrú ráithe i 2017. I nGeimhreadh 2017 freisin cuireadh tús leis an gcéad Mhargadh Acmhainne, agus Carrington agus Corby araon ina rannpháirtithe rathúla ann. (Is é Ceant an Mhargaidh Acmhainne an próiseas iomaíoch chun Comhaontuithe Margaidh Acmhainne a bhronnadh leis an acmhainn sprice a chomhlíonadh don Bhliain Seachadta áirithe).

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS



Pat Fenlon
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadas agus Tráchtála an Ghrúpa**

> **“Léiríonn na torthaí le haghaidh 2017 - cothrom 90 bliain ó bunaíodh ESB - feidhmíocht shásúil ar fud Ghrúpa ESB agus coinníollacha margaidh dúshlánach. Díríonn ESB fós ar luach a thabhairt san fhadtéarma agus ar infheistiú i mbonneagar leictreachais ríthábhachtach fadtéarmach chun an t-aistriú go fuinneamh iontaofa, inacmhainne ísealcharbóin a threorú ar mhaithe lenár gcuid custaiméirí, páirtithe leasmhara agus le geilleagar na hÉireann go ginearálta agus déantar é a chumasú trí sheasamh airgeadais láidir a choimeád.”**

### C Conas a chuirfeá síos ar an bhfeidhmíocht airgeadais i 2017?

I 2017 bhí feidhmíocht shásúil againn agus mar thoradh air sin bhí bliain eile againn d'fheidhmíocht bhunúsach airgeadais chomhsheasmhach le Tuillimh roimh Úis, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh agus Míreanna Eisceachtúla (EBITDA) de €1.3 billiún, Brabús Oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla de €490 milliún, infheistíocht chaipitiúil de €867 milliún agus giaráil de 52%. I 2017, choimeád ESB, an fóntas fuinnimh is mó in Éirinn, a phróifíl ghnó sheasta agus cuntas tugtha i leith thart ar dhá thrian dá thuilleamh, dá shócmhainní agus dá infheistíocht chaipitiúil ag líonraí leictreachais rialáilte in Éirinn faoi chreata rialála seanbhunaithe agus trédhearcacha. Léiríonn an fheidhmíocht:

- I Margaí Giniúna & Mórdhíola (G&WM), go raibh an chéad bhliain d'oibriú stáisiún cumhachta Carrington, stáisiún 885 MW, rathúil agus gur lean ár bpunann sócmhainní inláimhsithe ar aghaidh ag dul i méid agus go raibh fáil mhaith ar fud an phunann giniúna, ach go raibh méadú ar iomaíochas agus brú aníos ar chorrlaigh fhuinnimh
- Lean ESB Networks agus NIE Networks ar aghaidh ag soláthar líonraí cliste iontaofa le cláir mhóra chaipitiúla agus chothabhála i gcomhréir lena gcuid conarthaí rialála, chomh maith le freagairt den scoth ar Stoirm Ophelia, inar díríodh ar an gcustaiméir. Aontaíodh ar athbhreithniú praghais do NIE Networks i 2017 a sholáthraíonn infheictheacht rialála airgeadais amach go dtí 2024; agus
- Lean Electric Ireland ar aghaidh ag smaoineamh as an nua agus ag tabhairt luacha do chustaiméirí, lenar áiríodh coigiltis mharthanacha fhadtéarmacha a chur i bhfeidhm do nach mór 1 milliún custaiméir cónaithe leictreachais agus gáis i rith na bliana.

Tá leibhéil bhrabúis 2017 níos ísle i gcomparáid le 2016, rud a léiríonn go príomha coinníollacha dúshlánacha an mhargaidh le méadú ar iomaíochas agus brú aníos ar chorrlaigh fhuinnimh, chomh maith le tionchar na míreanna eisceachtúla neamh-athfhillteacha i 2017. Le tabhairt isteach an Mhargaidh Aonair Chomhtháite Leictreachais (I-SEM) atá le dul beo i mBealtaine 2018, chomh maith le leanúint de chorrlaigh fhuinnimh níos ísle, mar atá tuartha, meastar go gcuirfear brú aníos ar ioncaim ghiniúna réamh-mheasta. Is i bhfianaise an mhéid sin go bhfuil muirear bearnúcháin neamhathfhillteach de €276 milliún déanta ag ESB dá phunann sócmhainní giniúna i 2017. Is ionann sin agus 2% de bhonn iomlán sócmhainní ESB ag deireadh 2017.

D'ainneoin an mhuirear bearnúcháin eisceachtúil neamhathfhilltigh, mar atá leagtha amach thuas, bhí feidhmíocht bhunúsach airgeadais shásúil ag ESB i 2017, agus EBIDTA an Ghrúpa ag €1.28 billiún, chomh maith le seasamh láidir leachtachta de €1.9 agus rátálacha creidmheasa de A- nó a chomhionann le Standard & Poor's agus Moody's (BBB+ neamhspleách).

### C Cén ról atá ag an airgeadas ó thaobh Straitéis ESB go dtí 2030 (Straitéis 2030) a chur i gcrích?

Ceann de na cúig phríomhchuspóir straitéiseach ná an 'gnó a mhéadú agus neart airgeadais ESB á choimeád'. Tá ról lárnach ag airgeadais i dtacú le cur i gcrích straitéise agus neart agus sláine airgeadais EBS á gcosaint. Chun an aidhm seo a chur i gcrích, oibrímid leis an ngnóthas chun:

- Déanamh cinnte córas tuairiscithe cuimsitheach um bhainistíocht feidhmíochta curtha i bhfeidhm;
- Córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm;
- Tacaíocht agus dúshlán tráchtála a thabhairt chun leithdháileadh caipitil a optamú i ngach réimse de phunann deiseanna infheistíochta ESB chun cur i gcrích straitéise a chumasú;
- Príomhrioscaí airgeadais mar nochtadh airgeadra eachtraigh agus rátaí úis a bhainistiú go réamhghníomhach; agus
- Déanamh cinnte go bhfuil seasamh láidir ag ESB chun gur féidir rochtain a fháil ar na margaí maoinithe. Léirítear é sin go soiléir ag rátálacha creidmheasa ESB de A- nó a choibhéis (BBB+ neamhspleách) le Standard & Poor's agus Moody's agus socrú rathúil banna 12 bliana, €500m ar ráta seasta 1.75% ag ESB i rith 2017.

### C Cad iad na príomhdhúshláin atá roimh ESB Group sna chéad trí bliana eile atá romhainn amach ó thaobh airgeadais?

Amhail go leor cuideachtaí, tá an-chuid dúshlán straitéiseach airgeadais os comhair ESB. Ina measc siúd i gcaitheamh na gcéad thrí bliana eile tá:

- méadú ar luaineacht agus ar bhrú aníos i gcorrlaigh ghiniúna fuinnimh in I-SEM agus sa Bhreatain Mhór;
- Méadú ar an dúshlán rialála dár ngnó líonraí lena n-áirítear an gá le spriocanna sínte a bhaint amach faoina gcuid conarthaí rialála faoi seach;
- Iomaíochas miondíola méadaithe agus dian i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe chomh maith; agus
- Méadú ar éiginnteacht inár macraithimpeallacht de thoradh imeachtaí mar an mBreatimeacht agus forbairtí sochpholaitiúla domhanda eile.

Tá deiseanna ag baint leis na forbairtí sin le haghaidh ESB, áfach, go háirithe ó thaobh líonraí leictreachais cliste iontaofa a sheachadadh a cheadaíonn níos mó nascadh fuinnimh in-athnuaite agus a thacaíonn le leictriú teasa agus iompair, aistriú go punann scála cothrom de ghiniúint ísealcharbóin i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe agus forbairt seirbhísí, áit ar féidir linn réitigh spreagtha ag luach a thabhairt dár gcuid custaiméirí agus an t-aistriú a chumasú go fuinneamh ísealcharbóin inacmhainne.

Déanann muid monatóireacht chúramach agus leanúnach ar na deiseanna airgeadais straitéiseacha sin go léir agus glacann muid gníomhartha airgeadais críonna, lena n-áirítear an clár mór caipitil, mar is cuí, chun gur féidir Straitéis 2030 a chur i gcrích agus neart airgeadais ESB á choimeád.


Mar gheall ar sheasamh ESB mar an bhfóntas fuinnimh is mó in Éirinn le gnóthais éagsúla ar fud slabhra an luach fuinnimh, a phróifíl sheasta ghnó, a fheidhmíocht airgeadais a bhíonn daingean i gcónaí agus a rátálacha creidmheasa seasta, tá cumas láidir ag ESB leas a bhaint as na deiseanna sin agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin chun a straitéis a chur i gcrích.

## BUAICPHOINTÍ


| EBITDA (GAN MHÍREANNA EISCEACHTÚLA A BHEITH SAN ÁIREAMH) | GIARÁIL | BRABÚS OIBRIÚCHÁIN ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA | BRABÚS I NDIAIDH CÁNACH ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA | CAITEACHAS CAIPITIÚIL | DÍBHINNÍ 2017 | CÓIMHEAS TORADH AR CHAIPITEAL A ÚSÁIDTEAR |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €1,276 MILLIÚN | 52% | €490 MILLIÚN | €209 MILLIÚN | €867 MILLIÚN | €60 MILLIÚN | 4.6% |

## FIGIÚR 1: ACHOIMRE CÚIG-BLIANA - FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS CHOMHSHEASMHACH


### IONCAM OIBRIÚCHÁIN ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA[1] € MHILLIÚN





### CAITEACHAS CAIPITIL € MILLIÚN




### EBITDA ROIMH MHÍREANNA EISCEACHTÚLA[2] € MHILLIÚN




### GLANFHIACHAS[3] € MILLIÚN




[1] Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2017: athrú bearnúcháin (€276 milliún 2015: athrú bearnúcháin (€104 milliún 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€38 milliún) agus gnóthachan neamhairgid (€94 milliún) 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€95 milliún)
[2] Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2014: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€38 milliún) agus gnóthachan neamhairgid (€94 milliún) 2013: brabús ar dhiúscairt sócmhainní (€95 milliún)
[3] Glanfhiachas roinnte faoi shuim glansócmhainní agus glanfhiachais (gan chomhfhiontair san áireamh)

## FIGIÚR 2: RÁITEAS COIMRITHE AR IONCAM

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Ioncam agus ioncam oibriúcháin de gach saghas | 3,262 | 3,247 |
| Costais oibriúcháin | (2,772) | (2,650) |
| **Brabús oibriúcháin** | **490** | **597** |
| Míreanna eisceachtúla | (276) | - |
| **Brabús oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla a áireamh** | **214** | **597** |
| Costais iomlána airgeadais | (211) | (198) |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | (5) | (190) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (8) | (15) |
| **Brabús/(caillteanas) roimh cháin** | **(10)** | **194** |
| Muirear cánach | (22) | (8) |
| **Brabús/(caillteanas) tar éis cánach** | **(32)** | **186** |

### IONCAM

Is ionann ioncam reatha agus ioncam oibriúcháin eile roimh mhíreanna eisceachtúla agus €3,262 mhilliún agus is €15 mhilliún de mhéadú é sin i gcomparáid le 2016 (€3,247 mhilliún).

Is é a bhí mar thoradh ar an méadú sin ná ioncaim ní b'airde i Margaí Giniúna agus Miondíola mar thoradh ar bhliain iomlán d'oibriú ag Stáisiún Cumhachta Gástuirbín Comh-thimthrialla (CCGT) Carrington sa Bhreatain Mhór agus de bharr ioncaim rialáilte méadaithe i ESB Networks arna bhfritháireamh ag ioncaim níos ísle in Electric Ireland mar thoradh ar mhéideanna níos ísle agus laghduithe ar phraghsanna.

## COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

Tá costais oibriúcháin fhoriomlána roimh mhíreanna eisceachtúla ag €2,772 milliún méadaithe faoi €122 milliún.

- Tá costais bhreosla agus costais fhuinnimh eile méadaithe faoi €56 mhilliún i gcomparáid le 2016 maidir le costais gháis ní b'airde de thoradh bliana iomláine d'oibriú CCGT Carrington arna bhfritháireamh ag costais ghuail ní b'ísle de thoradh laghdú ar oibriú i nGob na Muine.
- Tá dímheas méadaithe faoi €55 mhilliún i gcomparáid le 2016 mar gheall ar mhéadú ar sholáthairtí um scor sócmhainní i 2016 i G&WM agus bliain iomlán de mhuirear dímheasa do CCGT Carrington.
- Tá costais fhostaí ar aon dul le 2016 le costais ní b'airde bainteach le méadú ar líon na bhfostaithe agus ar ragobair in ESB Networks le linn Stoirm Ophelia arna bhfritháireamh ag párolla caipitlithe ní b'airde in ESB Networks agus scaoileadh sholáthar athstruchtúraithe nach raibh gá leis a thuilleadh.
- Tá méadú €9 milliún tagtha ar chostais oibriúcháin agus chothabhála mar gheall ar chostais oibriúcháin ní b'airde in ESB Networks i ndáil le Stoirm Ophelia agus costais ní b'airde bainteach le gníomhaíochtaí gnóthais nua i 2017.

Tá miondealú ar na costais oibriúcháin de réir deighleog gnó ar fáil i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

## MÍR EISCEACHTÚIL

Tar éis athbhreithnithe bearnúcháin ar na sócmhainní giniúna d'aithin ESB muirear bearnúcháin eisceachtúil de €276 milliún maidir leis na stáisiúin chumhachta Gob na Muine (€142 milliún), Áth Fhada Aonad 2 (€69 milliún), Synergen (€30 milliún) an Poll Beag (€21 mhilliún), Marina (€1 mhilliún) agus €13 mhilliún ar fud fheirmeacha gaoithe. Léiríonn na hathruithe bearnúcháin sin na hathruithe tuartha a bhaineann le I-SEM, atá le dul beo i mBealtaine 2018 agus brú eile ar chorrlaigh fhuinnimh. Is ionann an bearnúchán sin neamhathfhillteach agus neamhairgid ar shócmhainn ghiniúna agus

## FIGIÚR 3: COSTAIS OIBRIÚCHÁIN (GAN MHÍREANNA EISCEACHTÚLA A ÁIREAMH)

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Costais bhreosla agus costais fhuinnimh eile | 956 | 900 |
| Dímheas agus amúchadh | 815 | 760 |
| Costais fostaí | 467 | 464 |
| Costais oibriúcháin agus cothabhála | 530 | 521 |
| Bearnúchán (lena n-áirítear mír eisceachtúil i 2017) | 4 | 5 |
| | **2,772** | **2,650** |

2% de shócmhainní iomlána ESB ag deireadh 2017. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nótaí 4 agus 10 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

Tá laghdú €107 milliún tagtha ar bhrabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla a áireamh. Is iad na fachtóirí seo a leanas is cúis leis an laghdú:

- Dímheas níos airde de €55 mhilliún - féach ar na costais oibriúcháin le haghaidh níos mó sonraí.
- Corrlach fuinnimh níos ísle de €20 milliún mar gheall ar chorrlach níos ísle i G&WM agus in Electric Ireland mar thoradh ar bhrú ar chorrlaigh fhuinnimh, arna bhfritháireamh i bpáirt ag corrlach níos airde in ESB Networks de thoradh méaduithe rialáilte ar tharaifí.
- Ioncam eile níos ísle de €20 milliún mar thoradh ar ghluaiseachtaí diúltacha sa luach cóir ar infheistíochtaí.
- Costais oibriúcháin agus chothabhála ardaithe de €9 milliún agus costais fhostaí níos airde de €3 mhilliún - níos mó sonraí le fáil sna costais oibriúcháin.

Sonraítear an ghluaiseacht sa bhrabús oibriúcháin idir na blianta 2016 agus 2017 i réiteach an bhrabúis oibriúcháin i bhFigiúr 4.

## EBITDA

Gan mhíreanna eisceachtúla a bheith san áireamh, tá laghdú €48 milliún ar EBITDA in 2017 (€1,276 milliún) i gcomparáid le 2016. Fachtóirí a théann i bhfeidhm ar bhrabús oibriúcháin (gan dímheas san áireamh) is cúis leis seo, mar atá sonraithe thuas.

## BRABÚS COIGEARTAITHE ROIMH CHÁIN

An brabús coigeartaithe roimh chánachas don bhliain 2017 ná €262 milliún (2016: €382 milliún). Baineann an éagsúlacht leis an gcorrlach fuinnimh níos ísle, le costais oibriúcháin níos airde agus dímheas níos airde mar atá tuairiscithe thuas agus costais úis níos airde, féach ar fhigiúr 5.


## COSTAIS IOMLÁNA AIRGEADAIS

Tá costais iomlána airgeadais na bliana 2017 €172 milliún níos airde ná na costais a bhí ann in 2016.

Baineann an méadú ar ghlanús ar iasachtaí le laghdú ar ús caipitlithe agus tógáil Carrington á thabhairt chun críche i 2016. Baineann an laghdú ar mhuirir mhaoinithe leis an laghdú ar an dliteanas atá le fós le híoc i ndáil le scéim pinsin EBS agus €140 milliún á aisíoc i rith na bliana.

Déantar cur síos ar leathanach 51 ar ghluaiseachtaí na mbabhtálacha rátaí úis atá nasctha le boilsciú. Tá tuilleadh sonraí curtha san áireamh i nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

## FIGIÚR 4: RÉITEACH AN BHRABÚIS OIBRIÚCHÁIN 2016 - 2017



## CÁNACHAS

Is í an phríomhchúis leis an muirear cánach níos airde de €22 mhilliún ná gluaiseachtaí i soláthairtí um oibleagáid scor sócmhainní, gluaiseachtaí diúltacha luacha chóir ar infheistíochtaí nach raibh inasbhainte roimh cháin, cáin níos airde ar bhrabúis thar lear, agus an laghdú ar an muirear cánach i 2016 maidir leis an ngluaiseacht diúltach luacha chóir ar na babhtálacha ráta úis nasctha leis an RPI. Tá tuilleadh sonraí le feiceáil i nóta 18 leis na ráitis airgeadais.

## FEIDHMÍOCHT NA NDEIGHLEOG

Tá an Grúpa eagraithe ina chúig phríomhdheighleog intuairiscithe nó rannán straitéiseach, a bhainistítear ar leithligh. Gheofar mionsonraí breise ar fheidhmíocht airgeadais na ndeighleog gnó sna ranna athbhreithnithe ar leathanaigh 54 go 63 agus i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

## GLANFHIACHAS AGUS GIARÁIL

Léiríonn an laghdú ar an nglanfhiachas go €4.4 billiún i 2017 ó €4.5 billiún i 2016 EBITDA dearfach agus tionchar lagú an GBP, arna bhfritháireamh ag infheistíocht leanúnach chaipitiúil, costais airgeadais, agus íocaíochtaí cánach is díbhinní in 2017.

Tá leibhéal giarála de 52% níos airde de bheagán (1%) ná i 2016.

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

Ba é méid iomlán an chaiteachais chaipitil ná €867 milliún i 2017. Is ionann sin agus laghdú de €30 milliún ar leibhéil infheistíochta 2016.

Leanadh den infheistíocht chaipitiúil sna gnóthais líonraí i 2017. Infheistíodh €644 milliún (74% d'iomlán na hinfheistíochta caipitiúla) sa bhonneagar líonraí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Rinneadh an caiteachas sin mar chuid de na cláir chaiteachais chaipitiúil cúig bliana a aontaíodh leis na rialtóirí faoi seach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Tá oibleagáid de €66 mhilliún um shócmhainn chaipitlithe cuimsithe sa chaiteachas le haghaidh 2017 maidir le scor agus scrios cuaillí créasóide ag ESB Networks.

B'ionann is €128 milliún an caiteachas a rinneadh i G&WM in 2017 (2016: €262 milliún). Cuimsítear freisin infheistíocht €93 milliún i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus méadú ar na hoibleagáidí um scor sócmhainní caipitlithe de €25 mhilliún atá leagtha amach i nóta 25 leis na ráitis airgeadais.

Áirítear leis an infheistíocht chaipitiúil de €95 milliún i ndeighleoga eile agus cur chun cinn tionscadal straitéiseach eile de chuid an Ghrúpa, lena n-áirítear athfhorbairt na Ceannoifige ar Shráid Mhic Liam agus an t-ullmhúchán i gcomhair I-SEM.

## FIGIÚR 5: RÉITEACH AN BHRABÚIS CHOIGEARTAITHE ROIMH CHÁNACHAS

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Brabús/(caillteanas) roimh chánachas | (10) | 194 |
| Míreanna eisceachtúla | 276 | - |
| Gluaiseacht luacha chóir ar bhabhtálacha rátaí úis nasctha | (4) | 188 |
| **Brabús coigeartaithe roimh chánachas** | **262** | **382** |


## FIGIÚR 6: COSTAIS IOMLÁNA AIRGEADAIS

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| Glan-ús ar iasachtaí | 188 | 170 |
| Muirir mhaoinithe | 29 | 37 |
| Ioncam airgeadais | (6) | (9) |
| **Glanchostais airgeadais** | **211** | **198** |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (4) | 188 |
| Caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais | 9 | 2 |
| **Costais iomlána airgeadais** | **216** | **388** |

## FIGIÚR 7: RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID COIMRITHE

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'m | €'m |
| EBITDA (gan mhíreanna eisceachtúla a bheith san áireamh) | 1,276 | 1,324 |
| Úsáid soláthar agus gluaiseachtaí eile | (139) | (74) |
| Ús agus cáin | (221) | (239) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **916** | **1,011** |
| Fáltais díolacháin | 31 | 9 |
| Caiteachas caipitiúil agus iasachtaí chuig institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (843) | (770) |
| Eile | 4 | 2 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | **(808)** | **(759)** |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **(90)** | **(14)** |
| **Glanmhéadú / (laghdú) ar airgead tirim** | **18** | **238** |

## FIGIÚR 8: CAITEACHAS CAIPITIÚIL



## CREAT BAINISTÍOCHTA CISTÍOCHTA MAIDIR LE HOIBRIÚCHÁIN CHISTÍOCHTA AGUS TRÁDÁLA

Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá roimh an Ghrúpa le:

- Leachtacht a fháil, chomh maith le rochtain ar na margaí fiachais
- Luaineacht maidir le malairt eachtrach
- Gluaiseachtaí rátaí úis i dtaca le punann fiachais an Ghrúpa faoi láthair agus a phunann fiachais réamh-mheasta sa todhchaí
- Gluaiseachtaí i bpraghsanna tráchtearraí
- Nochtadh creidmheasa contrapháirtí
- Riosca oibriúcháin, lena n-áirítear neamhchosaint ar chalaois agus earráidí

Tá Aonad Cistíochta an Ghrúpa freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá, agus dá bhrí sin, tá sé freagrach, go hiomlán nó suas go pointe, as gach ceann de na rioscaí airgeadais sin. Is féidir cuid de na rioscaí sin a mhaolú trí ionstraimí airgeadais díorthaigh. Nuair a úsáidtear iad, cuirtear i bhfeidhm ionstraimí den sórt sin de réir shonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Faoin Acht seo cumasaítear don ESB conarthaí díorthacha a dhéanamh chun deireadh a chur leis an riosca ó athruithe ar rátaí úis, ar airgeadra, ar phraghsanna tráchtearraí agus ó fhachtóirí eile den chineál céanna, nó é a mhaolú. Cuirtear cuntasaíocht fálaithe IAS 39 i bhfeidhm ar staideanna díorthacha an Ghrúpa áit is cuí. Coinnítear Coiste Infheistíochta an Bhoird ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta. Tá cur chuige an Ghrúpa i leith phríomhrioscaí airgeadais ESB a bhainistiú leagtha amach i nóta 26 leis na ráitis airgeadais.

## LEACHTACHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE

Tá tábhacht straitéiseach don Ghrúpa ag baint le hoibriúcháin maoinithe Chiste an Ghrúpa agus tacaíonn siad le cláir chaiteachais chaipitil ESB, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíocht agus le maolán dóthanach leachtachta a choimeád chun cosaint ar shuaitheadh eacnamaíoch sa todhchaí. I rith 2017, rinne ESB bainistíocht réamhghníomhach arís eile ar a sheasamh leachtachta trí roinnt idirbheart tábhachtach maoinithe.


Tá Áis Creidmheasa Imrothlaigh ESB, ar luach €1.44 billiún agus arna gcur ar fáil ag 14 banc caidrimh, arb í an príomhfhoinse de leachtacht i leataobh don Ghrúpa, ag síneadh amach go mí Eanáir 2022 faoi láthair. Rinneadh an seasamh láidir leachtachta sin a neartú níos mó i mí Eanáir 2017 nuair a d'eisigh ESB banna 12 bhliana, ráta sheasta de €500 milliún ag cúpón de 1.75%. Ba é sin an cúpón ab ísle ar cheann ar bith de na bannaí a eisíodh go dtí seo faoi chlár Eurobond ESB agus d'fhreastail sé ar fhormhór na riachtanas maoinithe don Ghrúpa le haghaidh 2017. Baineadh úsáid as na fáltais den chuid is mó chun fiachas a aisíoc a bhí le dul in aibíocht níos deireanaí i 2017, go háirithe banna 6.25% a ardaíodh i Meán Fómhair 2012 agus a aisíocadh i Meán Fómhair 2017.

Tá ESB gníomhach sna margaí chaipiteal fiachais le blianta beaga anuas, ba í 2017 an tríú bliain as a chéile ar eisigh ESB banna tagarmhairc (€500 milliún nó níos mó) lena linn. Tá giaráil an Ghrúpa (glanfhiachas roinnte ar shuim na nglansócmhainní agus an fhiachais (gan chomhfhiontair san áireamh) méadaithe beagáinín le linn na tréimhse ó thart ar 51% ag deireadh 2016 go 52% ag deireadh 2017. Baineadh úsáid as an gcuid is mó den mhaoiniú chun fiachas a bhí a dul in aibíocht a athmhaoiniú.


Díríonn straitéis mhaoinithe agus leachtachta an Ghrúpa ar sheasamh láidir leachtachta a choimeád chomh maith le punann fiachais le meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíochtaí. Úsáidtear iasachtaí neamhiontaofa agus iasachtaí iontaofa teoranta nuair is cuí.

Chuir an ráta úis íseal a baineadh amach ar an mbanna arna eisiúint i mí Eanáir 2017 le laghdú ar an meánráta úis ualaithe ar iasachtaí Grúpa, arbh é an méid ná 3.9% ag deireadh 2017 (Nollaig 2016: 4.3%). Ina theannta sin, trí bhanna 12-bhliana a eisiúint tá meánfhad phunann fiachais an Ghrúpa méadaithe sa mhéid is go bhfuil formhór mór iasachtaí an Ghrúpa le haisíoc i gceann cúig bliana nó


### FIGIÚR 9 - BAINISTÍOCHT RÁTAÍ ÚIS





### FIGIÚR 10: LEACHTACHT ATÁ AR FÁIL




### FIGIÚR 11: CINEÁL FHIACHAS GRÚPA



**FIGIÚR 12: PRÓIFÍL AIBÍOCHTA FIACHAIS ESB AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2017**




níos mó, rud a laghdaíonn go mór aon riosca maoinithe sa mheántéarma.

Léiríonn seasamh maoinithe agus leachtachta ESB a neart airgeadais bunúsach agus a rátálacha láidre creidmheasa de A - ag Standard & Poor's agus A3 ag Moody's. Tá dea-bhail ar phróifíl aibíochta fiachais ESB mar a leagtar amach i bhFigiúr 9 ar leathanach 39, go háirithe i gcomhthéacs feidhmíocht leanúnach láidir EBITDA (€1.3 billiún i 2015) agus leachtacht de €1.9 billiún (idir airgead tirim agus saoráidí geallta neamhtharraingthe) an 31 Nollaig 2017. Tá an Grúpa fós ag bainistiú a phróifíl aisíocaíochta iasachtaíochtaí go réamhghníomhach agus ag déanamh cinnte go bhféadfaidh sé maoiniú a fháil sa todhchaí trí dhea-chaidreamh a choinneáil leis na bainc, na hinfheisteoirí agus na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa.

## AIRGEADRA EACHTRACH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA AN RÁTA ÚIS

Tá an chuid is mó de ghnóthas an Ghrúpa suite i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Dá réir sin, is in euro nó steirling go príomha a bhíonn sreafaí airgid oibriúcháin agus infheistíochta ainmnithe. An eisceacht mhór air seo ná ceannacháin ghuail, a ainmnítear i ndollair na Stát Aontaithe de ghnáth. Is é beartas ESB ná aon nochtadh ábhartha d'airgeadra eachtrach a bhainistiú de réir mar a thagann sé chun cinn agus úsáid á baint as díorthaigh airgeadra ar nós réamhchonarthaí ceannaigh.

Is é beartas an Ghrúpa gnó dá chuid atá ainmnithe in euro a mhaoiniú trí iasachtaí díreacha in euro nó iasachtaí in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro le díorthaigh. Is gnách go mbíonn infheistíochtaí sa Ríocht Aontaithe (NIE Networks san áireamh) maoinithe ag fiachas ainmnithe i steirling. Amhail ar an 31 Nollaig 2017 tá tuairim agus 64% d'fhiachas ESB ainmnithe in euro, agus an fuílleach de 36% i steirling.

Is é an beartas atá ag an nGrúpa maidir le rátaí úis ná an chuid is mó dá fhiachas a choinneáil ag rátaí úis seasta, agus 50% de a choinneáil ar ráta seasta an t-am ar fad. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí 86% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí go dtiocfadh sé in aibíocht, agus bhí 13% de nasctha le boilsciú.

## AN RIOSCA MAIDIR LE PRAGHSANNA TRÁCHTEARRAÍ

Praghsanna a íocann ESB ar bhreosla agus carbón i dtaca lena ghníomhaíochtaí giniúna leictreachais, léiríonn siad luaineacht uaireanta, ag brath ar dhálaí an mhargaidh. Bíonn neamhchosaint ann mar thoradh air seo ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna breosla i dtaca le tuilleamh sa todhchaí, agus bainistíonn ESB an neamhchosaint seo ar bhonn fálú roghnaitheach. Tá conarthaí réamhphraghsanna tráchtearraí déanta ag ESB maidir le liúntais gháis, ghuail agus astaíochtaí carbóin go ceann trí bliana chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh an Ghrúpa do ghluaiseachtaí i bpraghsanna mórdhíola leictreachais ag éirí as luaineachtaí dá shórt i bpraghsanna tráchtearraí. Is fál nádúrtha é gnó soláthair an Ghrúpa, Electric Ireland, maidir leis seo.

## RIOSCA CREIDMHEASA CONTRAPHÁIRTÍ

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí creidmheasa ó na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bainc aige i bpáirt leo agus lena mbíonn sé i mbun gnó ar na margaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa teorainn a chur leis an nochtadh do chontrapháirtithe bunaithe ar mheasúnuithe ar an riosca creidmheasa. Tá nochtadh agus teorainneacha gaolmhara faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach i ngach aonad gnó, agus faoi réir Choiste Trádála an Ghrúpa, ar bhonn an Ghrúpa uile. Déantar gníomhaíochtaí déileála a rialú trí shainorduithe déileála a bhunú le contrapháirtithe. De ghnáth, bíonn dlúthnasc idir teorainneacha creidmheasa contrapháirtí a shocraíonn an GTC agus rátáil chreidmheasa gach contrapháirtí faoi mar a chinneann na príomhghníomhaireachtaí rátála creidmheasa é, cé gur féidir fachtóirí eile a chur san áireamh freisin, dála an tslándáil a chuirtear ar fáil agus struchtúr dlíthiúil an idirbhirt. Is é an teorainn a shocraítear do chontrapháirtí an méid nach ceadmhach a shárú i dtaca le suim iomlán an ghlanta, luach na marcála de réir margaidh, agus aon neamhchosaint a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí; déantar athbhreithniú ar na teorainneacha seo ar bhonn leanúnach.

## IONCHAS

Mar gheall ar sheasamh ESB mar an bhfóntas fuinnimh is mó in Éirinn, a phróifíl ghnó sheasta agus a sheasamh airgeadais daingean déantar cinnte go bhfuil cumas láidir aige na dúshláin atá romhainn a shárú agus tacú lena uaillmhian straitéiseach mar atá bheith i gceannas ar an aistriú go fuinneamh iontaofa, inacmhainne ísealcharbóin ar mhaith lena chuid custaiméirí.

# MARGAÍ GINIÚNA AGUS MÓRDHÍOLA (G&WM)



Paddy Hayes
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Margaí Giniúna agus Mórdhíola**

**C Cérbh iad na príomhrudaí a baineadh amach i 2017 i G&WM?**
Leanann G&WM ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na straitéise mar atá punann chothrom de ghiniúint theirmeach agus in-athnuaite a sholáthar sa mhargadh uile-oileáin. Tá iarrachtaí forbartha dírithe ar infheistíocht a bhrostú san fhuinneamh in-athnuaite chun déine charbóin na punainne a laghdú, agus chun tacú leis an aistriú go fuinneamh iontaofa, inacmhainne ísealcharbóin. I rith 2017 dhírigh an gnóthas ar mhéadú sócmhainní in-athnuaite agus leanadh ar aghaidh le feidhmíocht láidir ó thaobh giniúna agus trádála tráchtála. Tá moladh mór tuillte ag na foirne oibriúcháin, cothabhála agus teicniúla as an bhfáil láidir (90%) a seachadadh go sábháilte thar an bhflít giniúna. Bhí tionchar mór ag tráth na mbristeacha móra i R3 agus R4, áfach, ar mhéideanna agus ioncaim i mbliana.

Choimisiúnaigh G&WM ceithre fheirm ghaoithe i 2017, Gob na Muine agus an Cheapach i bPoblacht na hÉireann agus Crockdun agus Eglish i dTuaisceart Éireann, trína cuireadh 95 MW breise le punann athnuachana méadaithe ESB.

## FORLÉARGAS

Déanann an gnóthas G&WM aschur shócmhainní giniúna leictreachais ESB a fhorbairt, a fheidhmiú agus a thrádáil. Áirítear sa phunann 5,822 MW de shócmhainní giniúna sa Mhargadh Aonair Leictreachais agus sa Bhreatain Mhór, agus 173 MW sa bhreis atá á dtógáil. Agus é ag díriú go mór ar shábháilteacht, déanann G&WM luach a sholáthar mar seo a leanas:

- Táirgí mórdhíola agus trádáilte a chur ar fáil chun riachtanais na gcustaiméirí a shásamh
- Seirbhísí córais a thairiscint chun tacú le heangach láidir leictreachais agus chun comhtháthú fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a éascú
- Oibriúchán phunann ghiniúna ESB a optamú
- Sócmhainní fuinnimh nua a sheachadadh chun tacú leis an aistriú go fuinneamh ísealcharbóin agus
- Gníomhú go dearfach i bpobail áitiúla sna ceantair ina bhfuil tionscadail tógála agus sócmhainní oibriúcháin.

## BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

**2017** €121* milliún

2016 €231 milliún

(€110 milliún)

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

**2017** €128 milliún

2016 €262 milliún

(€134 milliún)

* Roimh mhuirear as bearnúchán eisceachtúil de €276 milliún (2016: Nialas)

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Tá brabús oibriúcháin G&WM roimh mhíreanna eisceachtúla ag €121 milliún laghdaithe faoi €110 milliún i gcomparáid le 2016. Léiríonn sé sin go príomha corrlaigh níos ísle um fuinneamh mórdhíola i SEM agus GB, agus gual ag dul i laghad ó thaobh fiúntais, chomh maith le muirear dímheasa níos airde i 2017. Ina theannta sin, cé go raibh fáil stáisiún cumhachta go maith, bhí sé níos ísle ná an leibhéal den scotha a baineadh amach le dhá bhliain anuas, agus bhí tionchar aige dá réir sin ar mhéid agus ioncaim.

Measann G&WM go mbeadh brú an-mhór aníos ar ioncaim mar thoradh ar an Margadh Aonair Comhtháite Leictreachais (I-SEM), a rachaidh in ionad SEM i mBealtaine 2018, in éineacht leis an mbrú aníos ar chorrlaigh fhuinnimh. Spreag an dá shaincheist sin athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní giniúna ESB, agus mar thoradh air sin bhí muirear bearnúcháin de €276 milliún i 2017, a chuimsigh muirear de €263 milliún as sócmhainní teirmeacha agus de €13 milliún as sócmhainní in-athnuaite.

Tá tionscadal mór ar siúl cheana chun plé le hathruithe ar an múnla gnó agus ar an mbonn costas a bheidh ag teastáil mar fhreagairt ar thionchar chailliúint mheasta ioncam de thoradh I-SEM.

Bhí an caiteachas caipitiúil ag €128 milliún laghdaithe faoi €134 milliún i gcomparáid le 2016, ba í an phríomhchúis leis sin ná gur cuireadh i gcrích roinnt tionscadal in-athnuaite beartaithe ar talamh agus caiteachas níos airde i 2016 maidir le hathruithe ó bhonn ar Carrington.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Bhí an timpeallacht oibriúcháin do ghiniúint i SEM agus GB araon dúshlánach. Mar thoradh ar mhéaduithe ar phraghsanna breosla laghdaíodh feidhmiú agus ioncaim ó ghiniúint guail. Cé gur tháinig méadú ar fheidhmiú gáis, bhí scaipeadh splanc fós íseal i rith na bliana sa dá mhargadh. Sa Bhreatain Mhór, ba í 2017 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú margaidh le haghaidh Stáisiún Cumhachta Carrington de chuid ESB, agus fáil láidir aige i rith na bliana.

Beidh an Margadh Aonair Comhtháite Leictreachais (I-SEM), a chuirfear in ionad SEM, ag feidhmiú beo i mBealtaine 2018, agus bhí tionchar aige ar an gcumas fálaithe do ghineadóirí agus sholáthraithe. Athróidh an margadh nua an chaoi a ndéantar leictreachas a thrádáil agus na hioncaim a bheidh ar fáil.

Mar chuid den ullmhú i gcomhar I-SEM, táthar ag athbhreithniú ioncam oibriúcháin G&WM agus athruithe móra ar mhargadh agus ioncam tuartha. Cé go bhfuil G&WM fós ag saothrú cuid mhór dá chorrlach fuinnimh in I-SEM ó íocaíochtaí acmhainne agus tacaí samhail-rialáilte dá phunann in-athnuaite, beidh ioncaim acmhainne níos ísle. Mar sin féin, beidh deiseanna ann d'ioncaim níos airde ó na seirbhísí coimhdeacha a theastaíonn chun tacú le córas leictreachais daingean le giniúint in-athnuaite níos eatramhaí. Meastar go mbeidh na hioncaim iomlána um ghiniúint faoi bhrú i gcaitheamh bhlianta luatha an mhargaidh. In athbhreithniú ar mhéid measta na laghduithe ar ioncam sonraíodh go bhfuil gá le bearnúchán eisceachtúil ar shócmhainní giniúna G&WM in I-SEM agus iad comhionann le €276 milliún san iomlán. Tá meascán éagsúlaithe de phunann stáisiúin chumhachta giniúna ag ESB chomh maith le cumas láidir trádála agus tá cumas maith aige freagairt d'athruithe ar an margadh I-SEM.

Reáchtáladh an chéad cheant acmhainne ag an Oibreoir Córais Tarchurtha (OCT) i mí na Nollag 2017 do chonarthaí acmhainne I-SEM le haghaidh na tréimhse ó Bhealtaine 2018 go Mí na Nollag 2019. Ba é €41.8/kW an praghas aonfhoirmeach ceant. Bronnadh conarthaí ar 3,280 MW nó 91% de stáisiúin cumhachta G&WM as 3,580 MW d'acmhainn arna tairiscint. Níor glacadh le conarthaí acmhainne d'aonad gáis timthriall-oscailte ESB i Marina agus d'aonad gail comhaimseartha in Áth Fhada agus, tar éis na mblianta fada d'fheidhmíocht den scoth agus de sheirbhís den scoth do chustaiméirí leictreachais, nuair a thosófar I-SEM i mí Bhealtaine, ní bheidh aon bhonn gnó chun leanúint ar aghaidh ag oibriú na n-aonad sin. Tá ESB an-fheasach faoi thionchar pearsanta sin ar dhaoine aonair agus tá sé tiomanta chun aghaidh a thabhairt air i dteannta leis na daoine atá i gceist.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tá G&WM freagrach as punann chothrom d'fhuinneamh ísealcharbóin a mhéadú agus é ag oibriú ar fud I-SEM agus GB, agus táirgeadh fuinnimh shláin agus inacmhainne agus ag tacú leis an aistriú go todhchaí ísealcharbóin. Rinne G&WM dul chun cinn suntasach leis an gcuspóir sin le linn 2017 ar na bealaí seo a leanas:

### Soláthar Sócmhainní

- Mhéadaigh punann giniúna in-athnuaite ESB ag 95 MW agus ceithre fheirm ghaoithe, Gob na Muine, an Cheapach, Crockdun agus Eglish, ag dul i mbun gnó;

### Forbairt Sócmhainní

**Bithmhais**

- Críochnaíodh tógáil stáisiún cumhachta 40 WM um dhramhadhmhad in-athnuaite go fuinneamh i Tilbury (comhfhiontar leis an Green Investment Group), agus coimisiúnú ar siúl i rith na bliana agus táthar ag súil le hoibriú le haghaidh gnó i R1 2018;
- Leanadh ar aghaidh le hobair fhorbartha ar roinnt saoráidí féideartha dramhaíola-go-fuinneamh i GB;

**Fuinneamh Gaoithe ar an Talamh**

- Críochnaíodh tógáil an fheirm ghaoithe 35 MW i gCaisleán an Phúca, comhfhiontar le Coillte, agus coimisiúnú ar siúl; tá sé sceidealaithe le dul i mbun oibriú gnó ag tús 2018;
- Cuireadh tús leis an bhfeirm ghaoithe 114 MW a thógáil i gCnocán an Phóna i gCiarraí;
- Obair fhorbartha dheireanach ar Chéim 1 (43.5 MW), comhfhiontar le Bord na Móna, agus é measta le bheith curtha i bhfeidhm go luath i 2018;
- Forbairt leanúnach suas go 700 MW de ghiniúint ghaoithe in Albain, i gcomhpháirt le Coriolis agus le REG Holdings;

**Grianfhuinneamh**

- Leanúint ar aghaidh ag forbairt tionscadal grianfhuinnimh féideartha i gcomhpháirt le Terrasolar agus trí mheán comhfhiontar le Bord na Móna agus Kingspan (Grianfhuinneamh Maoinithe);

**Gaothfhuinneamh Ar Muir**

- Forbairt céime luaithe agus obair díchill chuí ar dheiseanna éagsúla ar muir amach ó chósta ROI, NI agus GB;

**Gás**

- Forbairt fearas féideartha le hinneall gáis solúbtha i Carrington;
- Forbairt gástuirbín chomh-thimthriallach féideartha i Knottingley; agus

## Infheistíocht i sócmhainní atá ann cheana

- Le linn 2017, lean G&WM dá infheistíochtaí (ar luach €55 milliún) sa phunann giniúna a bhí ann cheana, agus áiríodh leis seo athchóiriú suntasach ar na stáisiúin chumhachta Áth Fhada, Loch Rí, Cnoc an Turlaigh mar aon le clár hidrea-athchóirithe dá fhlít iomlán a thabhairt chun críche.

## CUSTAIMÉIRÍ G&WM

Tá conarthaí éagsúla a thrádáiltear ar an malartán á dtairiscint ag G&WM do na cuideachtaí soláthair ar fad sa SEM ar bhonn neamh-idirdhealaitheach trí ardán trádála thar an gcuntar. Cuireann na conarthaí seo ar chumas na soláthraithe a gceannacháin fuinnimh a fhálú sa chaoi gur féidir leo an riosca luaineachta i dtaca le praghsanna fuinnimh a mhaolú dá gcustaiméirí cónaithe agus tráchtála. D'oibrigh ESB i ndlúthpháirt le rialtóirí agus contrapháirtithe chun aontú ar chonarthaí nua sruthlínithe de chaighdeán margaidh, chun trádáil leantach a éascú i margadh I-SEM, agus cuireadh na chéad thrádálacha faoi na conarthaí sin i gcrích i rith R4 2017. I rith 2017 sholáthair G&WM tacaíocht trádála de réir mar a bhunaigh ESB seasaimh soláthair i GB trí ESB Energy agus Planet 9.

## DAOINE

Ag 1,005 tá líon na bhfostaithe i G&WM méadaithe beagáinín mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe i bhForbairt Acmhainní agus sa tionscadal um réidhe do I-SEM.
Le próisis cheant acmhainne I-SEM agus GB tá éiginnteacht ag baint le roinnt stáisiún giniúna cheana agus leo siúd a oibríonn iad. Nuair a thosóidh I-SEM i mBealtaine 2018, ní bheidh aon bhonn gnó um oibriú leantach Áth Fhada Aonad 1 agus Marina. Tá ESB an-fheasach faoi thionchar pearsanta sin ar dhaoine aonair agus tá sé tiomanta chun aghaidh a thabhairt air i dteannta leis na daoine atá i gceist.

Tá an tsábháilteacht ríthábhachtach, agus le linn 2017, díríodh clár feabhsaithe na sábháilteachta de chuid G&WM ar an gclár um shábháilteacht próiseas a dhaingniú níos mó, ag coimeád na béime ar shábháilteacht iompraíochta agus ar chur chun cinn na sláinte agus an leasa. Rinneadh trialacha rathúla de Chlár um Athrú Chultúr na Sábháilteachta sna stáisiúin chumhachta Áth Fada, Marina agus Synergen.

Tá gach suíomh de chuid G&WM á chlúdach ag córas bainistíochta sábháilteachta arna iniúchadh go seachtrach agus arna chreidiúnú ag OHSAS agus coimeádadh an creidiúnú dó sin i 2017. Choinnigh G&WM a chreidiúnú Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe agus choinnigh an fhoireann i Carrington a gcreidiúnú Infheisteoirí i nDaoine.

## INBHUANAITHEACHT

Agus é i mbun a ghnó, is tosaíocht de chuid G&WM é an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, agus tá sé mar aidhm aige méadú suntasach a dhéanamh ar ghiniúint in-athnuaite agus déine charbóin na giniúna sin a laghdú i gcoitinne. Tá astaíochtaí CO2 ó stáisiúin ghiniúna G&WM níos ísle ná mar a bhí i 2005 (dáta tagartha) faoi thart ar 30% agus laghdaigh an déine charbóin faoi thart ar cheathrú go 513g/kWh le linn na tréimhse céanna.

Tá G&WM ag leanúint dá infheistíocht ina Chláir Caomhnaithe Iascaigh, a bhfuil buntáistí follasacha ag baint leo i dtaca le stoic éisc agus gnáthóga nádúrtha abhann a fheabhsú.

**UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2017 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2018**

| Tosaíocht 2017 | Dul chun cinn 2017 | Tosaíocht 2018 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Leanúint d'ionad oibre sláintiúil, gan ghortuithe a sholáthar, le sá bháilteacht a chinntiú. An próiseas sábháilteachta a dhaingniú níos mó. Leanúint de dhearbhú sábháilteachta a fheabhsú. | ■ Críochnaíodh agus cumhdaíodh Céim 1 den Chlár um Shábháilteacht Próiseas. ■ Rinneadh cláir phiolótacha a bhí saor ó eachtraí ná díobhálacha don Chlár um Athrú Chultúr na Sábháilteachta sna stáisiúin chumhachta Áth Fada, Marina agus Synergen. | ■ Leanúint d'ionad oibre sláintiúil, gan ghortuithe a sholáthar, le sábháilteacht a chinntiú. ■ Leanúint de dhearbhú sábháilteachta a fheabhsú. ■ Tús a chur le cur i bhfeidhm an Chláir um Athrú Chultúr na Sábháilteachta ar fud G&WM. |
| Tógáil Tilbury Green Power agus na punainne tionscadal gaoithe a chur i gcrích go sábháilte. | ■ Críochnaíodh ceithre fheirm ghaoithe ag a bhfuil acmhainn acu de 95 MW i dteannta a chéile agus chuaigh i mbun gnó. ■ Tá na feirmeacha gaoithe Tilbury (40 MW) agus Castlepook (35 MW) ag na céimeanna deireanacha de choimisiúnú. | ■ Tionscadail Tilbury agus Castlepook a choimisiúnú. ■ Tionscadail Ghaoithe Grousemount agus Oweninny a thógáil go sábháilte. |
| Ardleibhéal feidhmíochta a choinneáil i ndáil le giniúint agus trádáil araon Ullmhú le haghaidh I-SEM. | ■ Bhí fáil bhliantúil an fhlít ghiniúna daingean ag 90% d'ainneoin roinnt bristeacha brúite i R3 agus R4. ■ Bhí an fheidhmíocht trádála sásúil, d'ainneoin dálaí margaidh casta. ■ Leanadh ar aghaidh ag ullmhú i gcomhair I-SEM agus tharla an chéad cheant um Acmhainn i mí na Nollag 2017. | ■ Ardleibhéal feidhmíochta a choinneáil i ndáil le giniúint agus trádáil araon. ■ Tús a chur le hoibríochtaí in I-SEM i mBealtaine 2018. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Níos mó tionscadal in-athnuaite, agus ag an am céanna, leanúint d'fhorbairt deiseanna éagsúla i gcomhair fás in-athnuaite teirmeach. | ■ Tugadh chun críche 95 MW de thionscadail bhreise um ghiniúint in-athnuaite, agus 173 MW eile á dtógáil. | ■ An líon deiseanna um infheistiú i nginiúint ísealcharbóin a mhéadú lena n-áirítear sa ghrianfhuinneamh agus i ngaothfhuinneamh amach ón gcósta. ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna chun bogadh ar aghaidh leis na pleananna um thiontú bithmhaise leis na stáisiúin lár tíre agus roghanna a fhorbairt don aistriú amach ó ghiniúint guail i nGob na Muine. |
| Tá an trádáil agus an cumas feidhmíochta le bheith curtha chun cinn sa chaoi go mbeifear ullmhaithe do mhargadh I-SEM. | ■ Rinneadh dul chun cinn maith ar réidhe oibriúcháin i gcomhair I-SEM. ■ Forbraíodh conarthaí nua chun trádáil leantach sa mhargadh I-SEM a éascú. | ■ Aghaidh a thabhairt ar athruithe ar an múnla gnó agus ar an mbonn costas a bheidh ag teastáil mar fhreagairt do na laghduithe móra measta ar ioncaim I-SEM. |

## AG NASCADH LENÁR dTODHCHAÍ

Tá G&WM ag obair ar raon gníomhaíochtaí chun aistriú ar an mbealach go todhchaí ísealcharbóin. Tá stáisiún cumhachta Tilbury ar cheann de na tionscadail sin - cabhróidh sé le déine charbóin ghiniúint ESB a laghdú agus leis an bhfuinneamh in-athnuaite atá ar fáil do chustaiméirí a mhéadú. Tá sé á thógáil ar láithreán athfhorbraíochta i bPort Tilbury, an Ríocht Aontaithe. Tá an stáisiún i suíomh idéalach in aice le habhantrach Londain, mar sin tá iompar barrfheabhsaithe agus déantar an lorg charbóin fhoriomlán a íoslaghdú. Déanfaidh an tsaoráid 40 MW dramhadhmad a thiontú go fuinneamh, agus ginfear dóthain leictreachais ghlais chun nach mór 100,000 teach a chumhachtú. Is é atá sa bhreosla ná dramhadhmad a sheolfaí go líonadh talún murach sin, agus bailítear é go háitiúil. Cuireadh tús le Tilbury a thógáil i mBealtaine 2015 agus tá sé á choimisiúnú faoi láthair, agus é measta go mbeidh sé i mbun gnó i R1 2018. Comhfhiontar idir ESB agus an Green Investment Group atá i Tilbury. Tá an stáisiún cumhachta á thógáil agus á oibriú ag cuibhreannas idir Burmester Wain & Scandinavian Co a/s agus Aalborg Energie Technic a/s a bhfuil scairsheilbh mhionlaigh acu sa tionscadal freisin. Soláthróidh Stobart Biomass an dramhadhmad don bhreosla.

# ESB NETWORKS



Marguerite Sayers
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**DAC ESB NETWORKS**

**C Céard iad príomhghnóthachtála ESB NETWORKS in 2017?**

In 2017, lainseáil Líonraí ESB a Straitéis Nuála ina leagtar amach an chaoi ina rachaidh an gnó i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le tírdhreach athraitheach fhuinneamh na hÉireann agus ina n-éascóidh sé leis an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin. Beidh Líonraí ESB chun tosaigh ag cur an trasdulta seo i bhfeidhm go rathúil agus ag cinntiú go bhfónfar i gceart ar ár gcustaiméirí agus ar na páirtithe leasmhara ar fad maidir leis an bhfuinneamh amach anseo. Mar chuid den straitéis seo, lainseáladh triail shuntasach "leictreachais chliste" ar Leithinis an Daingin a bhfuil sé mar aidhm aige pictiúr de thírdhreach an fhuinnimh mar a bheidh sé in 2030 a imlíniú. Beidh na trialacha bunaithe ar chomhoibriú le custaiméirí, le pobail agus leis an tsochaí agus déanfar iarracht leo feabhas a chur ar an tseirbhís agus seastáin fuinnimh inacmhainne, iontaofa, inmhuiníne a thógáil.

De réir mar a tháinig cor chun feabhais ar an ngeilleagar, tháinig an feabhas céanna ar an líon nasc nua leis an gcóras agus in 2017, nascamar 25,000 (2016: 20,000) teach cónaithe agus gnóthas nua. Nascadh 443 MW (2016: 540 MW) d'athnuaiteáin nua chomh maith, agus dá thoradh sin tá beagnach 4 GW de ghineadóirí in-athnuaite á nascadh anois leis na córais tras-seolta agus dáilte in Éirinn. Theastaigh athneartú agus síntí suntasacha leis an líonra leictreachais le haghaidh na nasc thuas ar fad, mar aon le cothabháil nach beag, bainistiú fásra agus cláir athchóirithe don líonra bunaithe.

Mhol Foireann an Tionscadail Mhéadraithe Cliste don CRF in R1 2017 go mba cheart cur chuige athbhreithnithe céimnithe a bheith ann i gcomhair sholáthar an Tionscadail Mhéadraithe Cliste agus fuair siad ina dhiaidh sin faomhadh rialála foirmiúil agus faomhadh do chistiú de €304 milliún chun céim a haon den Tionscadal a chur i gcrích faoi 2020. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná suiteáil sábháilte 250,000 méadar faoi 2020 agus soláthar dhá fhuascailt a bhaineann leis an gCóras Lármhargaidh. Tá na soláthairtí ar fad ag dul ar aghaidh anois chun an réiteach aondíoltóra a cheannach agus tá céim Dearaidh Ardleibhéil an Tionscadail curtha i gcrích anois.

Ar an 16ú Deireadh Fómhair 2017, bhí gaotha 190 km san uair ó Stoirm Ophelia ag séideadh go tréan in Éirinn. Agus an stoirm i mbarr a réime, bhí 385,000 custaiméir gan soláthar agus bhí damáiste dian déanta don líonra. D'imlonnaigh Líonraí ESB 2,500 duine foirne agus 1,000 conraitheoir agus bhailigh siad chucu féin cabhair ó na Fórsaí Cosanta agus 400 oibrí fóntais as Líonraí Leictreachais Thuaisceart Éireann (NIE Networks) agus as cuideachtaí ón RA agus ón Fhrainc chun cumhacht a athnascadh agus a chur ar ais chuig gach teach cónaithe agus gnóthas agus chun an líonra a dhéanamh sábháilte arís. Níor mhór chuige seo comhoibriú dlúth leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála don Aimsir Dhian, Ranna Rialtais, Met Éireann, na Fórsaí Cosanta agus na meáin náisiúnta. Is mian le Líonraí ESB ár mbuíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí sin go léir as an gcabhair a thug siad le linn tréimhse na stoirme, agus ár mbuíochas ó chroí a ghabháil lenár gcustaiméirí as a bhfoighid nuair a bhí an t-athnascadh ar siúl tar éis an eachtra gan fasach seo.

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN**

**2017 €317 milliún**
2016 €314 milliún
€3 milliún

**CAITEACHAS CAIPITIL**

**2017 €501 milliún**
2016 €373 milliún
€128 milliún

**BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (BSR)**

**2017 €7.7 billiún**
2016 €7.5 billiún
€0.2 billiún

## FORLÉARGAS

Déanann Líonraí ESB bainistíocht agus obair tógála ar líonra tarchuir agus dáileacháin i bPoblacht na hÉireann de bhreis is 180,000 ciliméadar, ar leis é, agus ar a ndéanann sé cothabháil freisin. Tá teastais ISO 55001 agus OHSAS 18001 araon ag an ngnóthas a chlúdaíonn bainistíocht sócmhainní agus bainistíocht sláinte agus sábháilteacht gairme. Tá tábhacht ag baint leis na teastais seo chun ráthaíocht a thabhairt go bhfuil an gnóthas á reáchtáil go comhsheasmhach de réir tagarmharcanna arda seachtracha.

D'infheistigh an gnóthas €501 milliún (glan ó rannchuidíochtaí caipitil) in atreisiú agus tógáil líonraí nua in 2017 agus caitheadh €128 milliún ar an líonra atá ann cheana a chothabháil.

Ba é 2017 an dara bliain de PR4 agus tá dul chun cinn maith déanta ag Líonraí ESB ar na cláir faofa infheistíochta agus cothabhála, rud a léiríonn a dtiomantas do líonra sábháilte iontaofa.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Tá an brabús oibriúcháin €317 milliún ag Líonraí ESB do 2017 ar an leibhéal céanna le 2016. B'ionann an caiteachas caipitil (glan ó rannchuidíochtaí caipitil) agus €501 milliún, €128 milliún de bhreis ar 2016. Baineann an méadú le háireamh soláthair scortha sócmhainní i gcomhair scoir agus scrios cuaillí créasóide (coigeartú cuntasaíochta neamhairgid) agus le caiteachas níos airde ar shócmhainní tras-sheolta agus dáilte araon. Ba é €504 milliún an t-ollchaiteachas caipitil (roimh rannchuidíochtaí caipitil agus oibleagáidí scortha sócmhainní) in 2017 (2016: €473 milliún).

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Lean an téarnamh geilleagrach in 2017 sna hearnálacha tógála tithe agus gnó, agus bhí méadú ar an líon na nasc nua sa dá earnáil sin, ardú 22% i gcomparáid le 2016. Táthar ag súil le fás measartha in 2018. Ba mhó an líon athnuaiteán a nascadh leis an líonra leictreachais i bPoblacht na hÉireann ná 3,700 MW. Tá Éire go maith chun cinn ó thaobh an sprioc náisiúnta de 40% de riachtanais leictreachais a chur ar fáil ó acmhainní in-athnuaite faoin 2020 a bhaint amach.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

### Riachtanais custaiméirí faoi láthair agus amach anseo a bheith lárnach do na gníomhaíochtaí ar fad againn

Maidir le hinfheistíocht sa líonra tarchuir in 2017, bhíothas ag díriú ar an gcóras tarchuir a neartú chun nascadh giniúna leictreachais nua in-athnuaite a éascú. Lean ESB Networks, leis, de bheith ag infheistiú sa chóras dáileacháin leictreachais chun iontaofacht an tsoláthair a fheabhsú agus sábháilteacht an líonra a chinntiú.

### Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag teacht chun cinn

Tá Creat Nuála forbartha ag Líonraí ESB chun cabhrú leis an fhís atá aige don todhchaí aige a chur ar fáil. Tógtar ar an stair nuála leis an gcreat agus cuimsítear ann freisin na spreagthaigh don athrú. Tiocfaidh éabhlóid ar Chreat Nuála Líonraí ESB go buan san am atá amach romhainn chun tírdhreach mearathraitheach an fhuinnimh a léiriú. Beidh an teagmháil le comhpháirtithe mar ghné leanúnach de chur i bhfeidhm na straitéise.

### An gnóthas a mhéadú agus láidreacht airgeadais ESB a choimeád ag an am céanna

Déanfaidh Líonraí ESB a bhonn costais a bharrfheabhsú tríd an éifeachtúlacht a spreagadh agus rachaidh sé sin chun leasa na gcustaiméirí agus na scairshealbhóirí. Is é an aidhm atá ag Líonraí ESB ná solúbthacht airgeadais agus acmhainne a mhéadú chun oiriúnú do na leibhéil caiteachais a cheadófar faoi chinntí rialála amach anseo.

### Sábháilteacht

Tá Líonraí ESB go hiomlán tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus folláine a chosaint i gcás fostaithe, conraitheoirí, custaiméirí,

ball den phobal agus daoine eile a fhéadfadh a ghníomhaíochtaí dul i gcion orthu. Tá Ceannasaíocht, Inniúlacht, Géilliúlacht agus Teagmháil go lárnach sa straitéis reatha sábháilteachta. Tá sé athdheimhnithe le hiniúchtaí seachtracha neamhspleácha le déanaí go bhfuil feidhmíocht shábháilteachta Líonraí ESB chomh maith céanna le gnóthais eile comhchosúla. Níl aon ghnó againn bheith réchúiseach maidir leis an réimse ríthábhachtach seo, áfach, agus in 2018 cuirfear tionscadail bhreise atá beartaithe ar aghaidh chun cur a thuilleadh lenár bhfeidhmíocht sábháilteachta.

## CUSTAIMÉIRÍ LÍONRAÍ ESB

Bíonn Líonraí ESB i gcónaí ag forbairt bealaí nua chun eolas a chur ar fáil dá chustaiméirí agus chun éascú leo teagmháil a dhéanamh nó an t-eolas atá uathu a fháil. Déileálann an Lárionad Cúraim Custaiméirí le 1.6 milliún teagmháil sa bhliain agus baineann sé amach rátálacha arda seirbhíse custaiméara de shástacht de bhreis is 81% thar raon táscairí feidhmíochta.

I gcaitheamh 2017, forbraíodh dhá sheirbhís nua ar líne – 'Íoc Sonrasc' agus 'Logáil Locht' - atá le fáil ar shuíomh idirlín Líonraí ESB. Ina theannta sin, tugadh isteach eolas breisithe do chustaiméirí faoi uaireanta athbhunaithe tríd an uimhir 1850 agus an suíomh idirlín. Táthar ag breisiú láithreachta ar na meáin shóisialta i gcónaí agus chruthaigh Líonraí ESB cuntas Facebook in éineacht lena gcuntais Twitter agus Instagram.

Nuair a tuaradh Stoirm Ophelia, rinne Líonraí ESB a Phlean Bainistíochta Géarchéime a ghníomhachtú. Tá cumarsáid le custaiméirí ríthábhachtach le linn bristeacha ar scála mór agus cuireadh dhá ionad glaonna breise ar bun fad is a bhí an obair athbhunaithe ar siúl, oibrithe deonacha ESB mar fhoireann i gceann díobh. Baineadh úsáid fhairsing as na cainéil meáin ar fad chun teagmháil a dhéanamh le custaiméirí le linn an teagmhais aimsire dian seo. Láimhseáil na trí lárionad teagmhála suas le 52,000 teagmháil ó chustaiméirí gach lá agus fuair Líonraí ESB 8 milliún imprisean leathanaigh thar a chainéil meán sóisialta. Fuair an Powercheck (le fáil ar an Aip nó ar an suíomh idirlín) beagnach 1 milliún amas sa chéad 24 uaire.

In ainneoin na dteagmhas aimsire dian seo, agus líonra an-fhairsing de bharr an daonra scaipthe againn, tá líonraí slána, iontaofa ag custaiméirí leictreachais in Éirinn. Le linn 2017, bhí custaiméirí in Éirinn gan chumhacht le 144 nóiméad. Tá líonraí ESB ag infheistiú i gcónaí i dteicneolaíocht nua agus i líonraí níos cliste chun tuilleadh feabhais a chur ar iontaofacht na seirbhíse seo. Áireofar ar Straitéis Nuála Líonraí ESB infheistíocht i dteicneolaíocht úrscothach ar nós líonraí féinleighis, rud a laghdóidh a thuilleadh tréimhsí bristigh do chustaiméirí.

Bíonn Líonraí ESB i gcónaí ag forbairt bealaí nua chun feasacht a ardú i dtaobh na caoi le bheith sábháilte in aice an leictreachais agus faoi láthair reáchtálann siad feachtais feasachta sábháilteachta ar an teilifís, ar an raidió, ar líne, trí na meáin shóisialta agus in éineacht le scoileanna agus coláistí talmhaíochta.

Ba é Clár Sábháilteachta Líonraí ESB do Scoileanna ceann de na hiarrachtaí ab fhearr a d'éirigh léi anuraidh. Bhí breis is 4,000 iontráil chuig an gcomórtas sábháilteachta agus thug fostaithe de chuid ESB cuairteanna ar bhreis is 200 bunscoil chun oideachas a chur ar na páistí maidir leis an leictreachas. Thug lucht foirne tuilleadh cuairteanna ar scoileanna chun veisteanna sofheicthe a scaipeadh ar ranganna naíonán sóisearacha mar chuid d'fhiontar i gcomhar leis an Royal Sun Alliance (RSA).

## DAOINE

Tá na 3,347 fostaí atá ag Líonraí ESB ríthábhachtach maidir le feidhmiú rathúil a straitéise gnó agus léiríonn siad ardleibhéil ceardaíochta i gcónaí. Le linn 2017, dámhadh caighdeáin tionsclaíochta ar líon áirithe fostaithe de chuid Líonraí ESB, ina measc an Disciplín i Suiteálacha Leictreachais sa Chomórtas Scileanna Domhanda in Abu Dhabi agus bhuaigh duine acu Printíseach Meicneora na Bliana ag an Fleet Transport Association. Ina theannta sin bhí an Comórtas do Phrintíseach na Bliana atá ag ESB féin (Dámhachtain Bhuan Shane Conlon).

Mar a tharla i mblianta eile, bhí an feachtas earcaíochta printíseachta ag Líonraí ESB ró-shuibscríofa go suntasach. Maidir leis an bhfeachtas earcaíochta i mbliana, bhí breis is 5,650 iarratasóir in iomaíocht do suas le 60 ionad, agus méadú 70% é sin ar 2016 mar aon le méadú faoi cheathair ar an líon iarratasóirí baineanna.

## INBHUANAITHEACHT

Tá Líonraí ESB tiomanta d'éascú le Rialtas na hÉireann chun a sprioc a bhaint amach de 40% den tomhaltas fuinnimh bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020. Nascadh iomlán de 443 MW d'athnuaiteáin in 2017, rud a fhágann go bhfuil iomlán de bheagnach 4 GW de MW in-athnuaite nasctha leis an eangach. Tá pleananna ar bun chun 470 MW eile d'fhuinneamh in-athnuaite a nascadh in 2018.

## AG NASCADH LENÁR dTODHCHAÍ

Tá Líonraí ESB tiomanta do leictriú iompair agus teasa a chumasú. Ó 2010 amach tá obair déanta ag Líonraí ESB chun teicneolaíochtaí nualacha agus réitigh a shainaithint agus a mheasúnú chun toilleadh an líonra a mhéadú gan chostas ollmhór agus gan aon ró-imní a chur ar chustaiméirí. Tá dearaidh leictreachais costas-éifeachtacha táirgthe a chinntíonn go mbíonn cumas breise chun teasa leictrigh agus luchtú feithiclí leictreacha san áireamh i dtithíocht nua ón gcéad lá. Tá leabhrán Dearaidh Voltais Ísil á tháirgeadh chomh maith, chun a chinntiú go mbeidh cuir chuige comhsheasmhacha ann do na líonraí voltais ísil atá ann cheana chun tacú le comhtháthú geilleagrach teicneolaíocht ísealcharbóin na gcustaiméirí.

### Straitéis an Daingin

Mar chuid de Straitéis Nuála Líonraí ESB, lainseáladh triail shuntasach 'leictreachas cliste' ar Leithinis an Daingin a bhfuil sé d'aidhm aige pictiúr den tírdhreach fuinnimh a imlíniú mar a bheidh sé in 2030 bunaithe ar an gcomhoibriú le tomhaltóirí, le pobail agus leis an tsochaí.

**UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2017 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2018**

| Tosaíocht 2017 | Dul chun cinn 2017 | Tosaíocht 2018 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Cinnteofar leis an aistear sábháilteachta i gcónaí go mbeidh Líonraí ESB ag cosaint sláinte agus sábháilteachta fostaithe, conraitheoirí agus an phobail. | ■ Tá an tsábháilteacht ag croílár gach rud a dhéanann Líonraí ESB . Tá sé deimhnithe ag iniúchtaí seachtracha neamhspleácha le déanaí (arna gcur i gcrích ag Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann thar ceann OHSAS) go bhfuil dul chun cinn déanta ag caighdeáin agus cultúr na sábháilteachta laistigh de Líonraí ESB in 2017. | ■ Cinnteofar leis an aistear sábháilteachta i gcónaí go mbeidh Líonraí ESB ag cosaint sláinte agus sábháilteachta fostaithe, conraitheoirí agus an phobail. |
| Treochtaí nua i líonraí leictreachais ar fud na hEorpa a scrúdú i gcónaí agus pleananna straitéiseacha a fhorbairt ar an mbonn sin. Tionscadail a chur i gcrích de réir mar atá leagtha amach faoin Straitéis Nuála. | ■ Tá roinnt tionscadal curtha chun cinn ag ESB mar chuid dá Straitéis Nuála Líonraí ESB. Lainseáladh Straitéis an Daingin ach go háirithe i Meán Fómhair 2017. | ■ Lean le treochtaí atá ag teacht chun cinn i líonraí leictreachais ar fud na hEorpa a scrúdú agus forbair pleananna straitéiseacha dá réir sin.<br>■ Soláthair tionscadail atá leagtha amach faoin Straitéis Nuála Líonraí. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Lean le bheith ag soláthar agus ag monatóiriú feidhmíochta clár caipitil PR4 agus clár oibriúcháin. | ■ Lean le bheith ag dul chun cinn le soláthar clár caipitil agus cothabhála mar a leagadh amach i PR4.<br>■ Tá creat chun feidhmíocht PR4 a mhonatóiriú bunaithe anois. | ■ Lean le bheith ag soláthar agus ag monatóiriú feidhmíochta clár caipitil PR4 agus clár oibriúcháin. |
| I gcomhréir le conradh PR4, soláthair go héifeachtach tras-sheol agus dáileadh tionscadal caipitil agus cothabhála. | ■ Dul chun cinn maith le tionscadail tras-sheolta agus dáilte in 2017. | ■ I gcomhréir le conradh PR4, soláthair go héifeachtach tras-sheol agus dáileadh tionscadal caipitil agus cothabhála. |
| Treochtaí nua i líonraí leictreachais ar fud na hEorpa a scrúdú i gcónaí agus pleananna straitéiseacha a fhorbairt ar an mbonn sin. Tionscadail a chur i gcrích de réir mar atá leagtha amach faoin Straitéis Nuála. | ■ Lainseáil Líonraí ESB a Straitéis Nuála Líonraí i Meán Fómhair 2017.<br>■ Fuair faomhadh foirmiúil rialála agus cistiú de €304 milliún chun céim a haon den Tionscadal Méadraithe Cliste a chur i gcrích faoi 2020.<br>■ Tá céim Dearaidh Ardleibhéil an Tionscadail Mhéadraithe Chliste curtha i gcrích anois. | ■ Soláthair an Straitéis Nuála Líonraí.<br>■ Téigh ar aghaidh le fáil an chonraitheora imlonnaithe agus cuir tús le hullmhúcháin inmheánacha do mhéadair a imlonnú. |

# NORTHERN IRELAND ELECTRICITY NETWORKS (NIE NETWORKS)



Jerry O'Sullivan
**Leas-Phríomhfheidhmeannach**

**C Cad iad na príomhéachtaí atá bainte amach ag NIE Networks in 2017?**
Tháinig an rialú praghsanna rialála, a rialaigh caiteachas NIE Networks thar thréimhse cúig bliana go leith (RP5), i gcrích an 30 Meán Fómhair 2017. D'éirigh le NIE Networks an t-aschur a theastaíonn in RP5 a sheachadadh leis an gcaiteachas iomlán a tabhaíodh i gcomhréir le liúntais.

D'fhoilsigh Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Leictreachais (NIAUR) an Cinneadh Deireadh RP6 i Meitheamh 2017 lena soláthraítear léargas rialála agus airgeadais go dtí Márta 2024.

Thosaigh an rialú praghsanna sé bliana go leith ar an 1 Deireadh Fómhair 2017 agus socraíonn sé liúntais d'infheistíocht chaipitil de €0.8 billiún agus €0.5 billiún maidir le costais oibriúcháin (2017-18 praghsanna). Pléitear liúntais maidir le mórthionscadail a bhaineann le fás an ualaigh tarchurtha ar bhonn cás ar chás, mar shampla, an t-Idirnascaire Thuaidh-Theas. Déanfar na liúntais a choigeartú chun 50% den difríocht idir na liúntais agus na costais iarbhír a léiriú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2017 ar sheachadadh na giniúna piblíne naisc mar gheall ar dhúnadh na scéime Northern Ireland Renewables Obligation (NIRO). Tá breis is 1.4 GW de ghiniúint in-athnuaite nasctha leis an líonra anois. I bhfianaise na n-athruithe suntasacha breise ar mhargadh na nasc i dTuaisceart Éireann (TÉ), bhí NIE Networks dírithe freisin ar ullmhúchán maidir le tabhairt isteach céimnithe d'oscailt margaidh iomlán mhargaidh d'iomaíocht i naisc do chustaiméirí an 28 Márta 2018.

### BRABÚS OIBRIÚCHÁIN

**2017 €35 milliún**
2016 €35 milliún
–

### CAITEACHAS CAIPITIÚIL

**2017 €143 milliún**
2016 €141 milliún
€2 milliún

### BONN SÓCMHAINNÍ RIALAITHE (BSR)

**2017 £1.5 billiún**
2016 £1.4 billiún
£0.1 billiún

## FORLÉARGAS

Tá NIE Networks freagrach as leictreachas a tharchur agus a dháileadh ó ghineadóirí do gach baile, feirm agus gnóthas i dTuaisceart Éireann. Oibríonn fostaithe in NIE Networks chun an líonra leictreachais a phleanáil, a thógáil, a dheisiú agus a fhorbairt agus an líonra dáileacháin a fheidhmiú agus na soilse a choinneáil lasta do chustaiméirí. Tá NIE Networks freagrach as gníomhaíochtaí méadraithe chomh maith agus cuireann sé méadair agus faisnéis méadraithe ar fáil do gach soláthraí leictreachais. Forbraíonn agus athchumraíonn NIE Networks an líonra leictreachais chun giniúint foinsí in-athnuaite a nascadh. Mar a éilítear faoi na ceadúnais rialála, is gnó neamhspleách é NIE Networks de chuid ESB, a bhfuil Bord Stiúrthóirí dá chuid féin aige, bainisteoirí agus fostaithe.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Tá an brabús oibriúcháin €35 milliún ag Líonraí ESB do 2017 ar an leibhéal céanna le 2016. Bhí ioncam taraifí rialaithe agus nasc níos airde ann, ach fritháiríodh é seo mar thoradh ar thionchar punt na Breataine Móire a bhí ag lagú os coinne an euro.

Tá caiteachas caipitil ag €143 milliún ar an leibhéal céanna le 2016 agus baineann sé le caiteachas a bhaineann le críochnú an chláir RP5.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Sa bhliain 2017 sheachaid NIE Networks a phlean infheistíochta RP5 agus a aschuir in ainneoin an chláir oibre dúshlánaí agus buaicéileamh ar naisc in-athnuaite maidir leis an líonra. Leis an gcúlra seo, bhí teagmhais ar cailleadh am oibre mar gheall orthu, gearáin ó chustaiméirí agus miontuairiscí custaiméara a cailleadh den chuid is mó ar an leibhéal céanna leis an mbliain roimhe sin.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

D'éirigh le NIE Networks a phríomhchuspóir straitéiseach le haghaidh RP5 a sheachadadh, ba é sin ná a chlár oibre a chríochnú faoina phlean infheistíochta líonra agus seachadadh na n-aschur riachtanach a ghabhann leis, chun iontaofacht an tsoláthair a bhaint amach agus sábháilteacht an líonra do chustaiméirí a chinntiú. Lean infheistíocht ar aghaidh le linn 2017 chun nasc na giniúna breise in-athnuaite a éascú agus chun méadar custaiméirí a chur a ionadú, le 101,000 méadar a shuiteáil le linn 2017.

## CUSTAIMÉIRÍ NIE NETWORKS

Chun ionchais na gcustaiméirí a chomhlíonadh, lean NIE Networks ar aghaidh ag bainistiú bristeacha chun an t-am a bhíonn éaradh seirbhíse ar siúl a íoslaghdú. Ba é 62 nóiméad meánlíon na nóiméad custaiméara a cailleadh de bharr briseadh seirbhíse pleanáilte (2016: 65). Ba é 57 nóiméad meánlíon na nóiméad custaiméara a cailleadh de bharr fabhtanna sa líonra dáileacháin (2016: 56). Dhéileáil Comhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann (CCNI) le dhá amháin ar son custaiméirí le linn na bliana, sin dhá ghearán níos mó i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Mar atá leagtha amach ina phleananna do RP6, tá NIE Networks tiomanta do chur chuige ilchainéalach maidir le cumarsáid agus i rith 2017 lean sé ar aghaidh le leibhéal suntasach rannpháirtíochta a fheiceáil lena chustaiméirí trí na meáin shóisialta, go háirithe le linn Stoirm Ophelia.

## DAOINE

Bhí sábháilteacht na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú ag croílár oibríochtaí uile NIE Networks. Is í an aidhm ná timpeallacht oibre nach ndéanfar aon díobháil inti a sholáthar ina ndéantar rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht a mheasúnú agus a rialú agus bhí teagmhas amháin ar cailleadh am oibre mar gheall air ag NIE Networks i rith na bliana (2016:1), rud a léiríonn tiomantas na bhfostaithe do na caighdeáin sábháilteachta is airde a choinneáil . Mar aitheantas ar a fhócas láidir ar shábháilteacht, bhuaigh NIE Networks dhá dhámhachtain ó Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteacht na hÉireann i rith 2017.

Bhuaigh NIE Networks dámhachtain an UK Chartered Institute of Personnel and Development 2017 do Straitéis Rannpháirtíochta Fostaithe mar aitheantas ar a iarrachtaí maidir le teagmháil a dhéanamh lena 1,288 bhfostaí. Chomh maith leis sin, creidiúnaíodh NIE Networks ar leibhéal óir tar éis measúnachta in 2017 de réir an chaighdeáin a bhaineann le Investors in People Sixth-Generation Standard.

Mar aitheantas ar iarrachtaí na bhfostaithe, thug NIE Networks roinnt dámhachtainí fostaithe nua isteach i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear , dámhachtain "Think Customer" le haghaidh fheabhas sa tseirbhís do chustaiméirí, dámhachtainí an Ambasadóra Nuálaíochta agus an tSeaimpín Nuálaíochta, dámhachtain Meantóra agus dámhachtain an tSeaimpín Sláinte agus Folláine.

## INBHUANAITHEACHT

Le linn na bliana sin, nascadh 287 MW d'fheirm ghaoithe mhóra, 71 MW de thionscadal giniúna fuinnimh in-athnuaite ar scála beag agus 3 MW de mhicrighiniúna leis an líonra, agus b'shin 361 MW de ghiniúint in-athnuaite breise. Faoi dheireadh na bliana, bhí 1,447 MW d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite nasctha.

## AG NASCADH LENÁR dTODHCHAÍ

San áireamh le hullmhúcháin NIE Networks' le haghaidh todhchaí ísealcharbóin, tá sé ar intinn acu triail a bhaint as teicneolaíochtaí ar féidir leo costais a laghdú do chustaiméirí go fadtéarmach. Aithníodh cúig phríomhthionscadal: monatóireacht cliste ar shócmhainní, freagairt don éileamh, bainistiú líonra gníomhach ísealvoltais, bainistiú voltais agus seirbhísí stórála fuinnimh a éascú. Cabhróidh na tionscadail seo le nascadh na dteicneolaíochtaí ísealcharbóin leis an líonra agus cabhróidh siad le spás cloiginn an líonra a fhuascailt ar chostas níos ísle ná an gnáth-atreisiú. Díreoidh na pleananna le haghaidh nuálaíochta ar réitigh chliste atá oiriúnach a chomhtháthú le gnó mar is gnách. Chomh maith leis sin, tá sé roinnt infheistíochta i líonra na cumarsáide beartaithe chun na réitigh chliste a chur i bhfeidhm níos leithne i dtréimhsí rialaithe praghsanna amach anseo.

**UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2017 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2018**

| Tosaíocht 2017 | Dul chun cinn 2017 | Tosaíocht 2018 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú agus timpeallacht oibre a chothú nach ndéanfar aon díobháil inti, le cabhair ó chur i bhfeidhm tionscnamh atá dírithe ar ghortuithe agus timpistí a chosc. | ■ Teagmhas amháin ar cailleadh am oibre mar gheall air.<br>■ Coimeádadh creidiúnú ISO agus creidiúnú OHSAS.<br>■ Buadh 2 dhámhachtain ó Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann. | ■ Sábháilteacht fostaithe, conraitheoirí agus an phobail i gcoitinne a chinntiú agus timpeallacht oibre a chothú nach ndéanfar aon díobháil inti, le cabhair ó chur i bhfeidhm tionscnamh atá dírithe ar ghortuithe agus timpistí a chosc. |
| Ardchaighdeáin á soláthar go seasta i ndáil le feidhmíocht líonra agus seirbhísí do chustaiméirí, agus dianchlár infheistíochta á chur ar fáil, mar aon le leibhéal ard nasc giniúna. | ■ Dul chun cinn suntasach maidir le nasc na giniúna 361 MW in-athnuaite.<br>■ Ardscór i suirbhé maidir le sásamh custaiméirí tar éis sheoladh an tionscnaimh Think Customer.<br>■ Bainistíocht leantach éarlaisí cumhachta. | ■ Ardchaighdeáin á soláthar go seasta i ndáil le feidhmíocht líonra agus seirbhísí do chustaiméirí, agus chlár infheistíochta á chur ar fáil, mar aon le leibhéal ard nasc giniúna. |
| Cur ar fáil oscailt margaidh iomlán do naisc. | ■ Tugadh faoi leibhéil suntasach ullmhúcháin chun bogadh ar aghaidh i dtreo oscailt margaidh iomlán in 2018. | ■ Cur ar fáil oscailt margaidh iomlán do naisc an 28 Márta 2018. |
| Na riachtanais atá fágtha i dtaca leis an gclár infheistíochta líonra RP5 a chomhlíonadh, agus éifeachtúlachtaí costais agus feabhsuithe feidhmíochta a chinntiú áit ar féidir, lena n-áirítear costais fostaithe a bheith ar aon dul leis an tagarmharcanna ábhartha. | ■ Infheistíocht chaipitiúil shubstaintiúil (€143 milliún) agus seachadadh iomlán an chláir RP5 faoin 30 Meán Fómhair 2017 leis an gcaiteachas iomlán a tabhaíodh i gcomhréir le liúntais. | ■ Clár RP6 a sheachadadh agus ag an am céanna líonra sábháilte agus slán a choinneáil.<br>■ Caiteachas iomlán a sheachadadh i gcomhréir le liúntais RP6. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Infheistiú i bhfostaithe trí fhorbairt fostaithe éifeachtach agus rannpháirtíocht mhéadaithe fostaithe á gcur i bhfeidhm agus cuirfear béim ar fheabhsú leanúnach a spreagadh. | ■ Scóir suirbhé maidir le rannpháirtíocht fostaithe os cionn an mheáin.<br>■ Dámhachtain an UK Chartered Institute of Personnel and Development 2017 do Straitéis Rannpháirtíochta Fostaithe.<br>■ Cumas ceannaireachta ag gach leibhéal, arna bhfeabhsú ag tionscnaimh éagsúla oiliúna agus forbartha. | ■ Infheistiú i bhfostaithe trí fhorbairt fostaithe éifeachtach agus rannpháirtíocht mhéadaithe fostaithe á gcur i bhfeidhm agus cuirfear béim ar fheabhsú leanúnach a spreagadh. |
| Rannpháirtíocht éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara. | ■ Tugadh faoi rannpháirtíocht shuntasach le custaiméirí agus páirtithe leasmhara eile tar éis cinneadh RP6. | ■ Rannpháirtíocht éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara. |
| Toradh sásúil a bhaint amach maidir le rialú praghsanna RP6. | ■ Fuarthas Cinneadh Deireadh RP6 an 30 Meitheamh 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017. | ■ Rochtain a fháil ar mhaoiniú ag an gcostas is fearr chun clár oibre RP6 a mhaoiniú agus chun an banna atá ag dul in éag a athmhaoiniú. |

# ELECTRIC IRELAND



Jim Dollard
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ionad Seirbhíse Gnó (BSC) agus Electric Ireland**

**Q Cérbh iad na gnóthachtálacha móra do Electric Ireland in 2017?**

I rith 2017, lean Electric Ireland de bheith ag soláthar luacha da chustaiméirí, d'eispéireas feabhsaithe a thairiscint dá chustaiméirí trí chumas breisithe digiteach agus táirgí nuálacha.

I mí Iúil tháinig Electric Ireland chun bheith mar an gcéad soláthraí SEM a chuir coigiltí buana fadtéarmacha i bhfeidhm go huathoibríoch dá chustaiméirí cónaitheacha gáis agus leictreachais. Féadann gach custaiméir cónaitheach de chuid Electric Ireland i bPoblacht na hÉireann leas a bhaint as coigiltí suas go dtí 8.5% bunaithe ar iompraíochtaí áirithe ar nós billeáil ar líne agus dochar díreach. Tá beagnach aon mhilliún custaiméirí ag Electric Ireland ag baint leasa as na coigiltí seo. Mar chuid dá thiomantas leanúnach dá chustaiméirí, tá moill curtha ag Electric Ireland ar thabhairt isteach na méaduithe riachtanacha ar phraghsanna go dtí Feabhra 2018. Chuir sé seo siar tionchar an mhéadaithe go dtí tar éis thréimhse an gheimhridh nuair a bhíonn na billí ag an leibhéal is airde.

Ag an am céanna, chuir Electric Ireland ar aghaidh a thairiscintí táirge trí chumhacht na gréine a thabhairt isteach do thithe cónaithe agus tairiscintí cliste nasctha do thithe cónaithe a fhorbairt, agus lainseálfar iad seo go luath in 2018. Ina theannta sin forbraíodh siopa nua ar líne a éascaíonn le heispéireas ceannaigh aondíoltóra do chustaiméirí a bheidh go hiomlán digiteach.

In 2017 chruthaigh Electric Ireland a shuíomh i dTuaisceart Éireann agus ghabh sé scair 8% (c.69,000 custaiméir) den mhargadh cónaitheach. Tá ESB dulta isteach sa mhargadh baile sa Bhreatain Mhór go horgánach trí ESB Energy a bhunú in 2017.

**IONCAM**

| | |
|---|---|
| 2017 | €1.7 billiún |
| 2016 | €1.9 billiún |
| | (€0.2 billiún) |

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN**

| | |
|---|---|
| 2017 | €68 milliún |
| 2016 | €72 milliún |
| | (€4 milliún) |

## FORLÉARGAS

Is é Electric Ireland géag mhiondíola an ESB; soláthraíonn sé seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh do chustaiméirí ar fud oileán na hÉireann. Tá breis is 1.25 milliún custaiméirí ag Electric Ireland, mar aon le sciar 34% den mhargadh uile-oileáin, agus freastalaíonn sé ar gach deighleog den mhargadh, idir theaghlaigh agus ghnóthais mhóra tionscail agus tráchtála, i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Ag díriú go mór ar sheirbhís do chustaiméirí, luach ar airgead a chinntiú go gach custaiméir agus ag cur le pobail ar fud na tíre, tá clú ar Electric Ireland mar bhranda mór miondíola i measc custaiméirí agus gnóthais Éireannacha.

## FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Bhain Electric Ireland €1.7 billiún d'ioncam amach in 2017, arb ionann é agus laghdú 9% i gcomparáid le 2016, agus an chúis a bhí leis an laghdú seo ná praghsanna rátaí aonad laghdaithe do chustaiméirí leictreachais agus gáis, chomh maith le laghdú sa sciar margaidh. Bhí laghdú 3% ar sciar margaidh iomlán Electric Ireland go dtí 34% le linn 2017 mar thoradh go príomha gur cailleadh custaiméirí in earnáil an mhargaidh tionsclaíocha agus tráchtála.

Thuairiscigh Electric Ireland brabús oibriúcháin de €68 milliún, arb ionann é agus corrlach brabúis oibriúcháin de 3.7% (gan choigeartuithe cuntasaíochta neamhairgid marcála ón margadh a bheith san áireamh). Is ionann sin agus laghdú de €4 milliún ar fheidhmíocht airgeadais in 2016.

Bhí tiomáint leanúnach ag dul ar aghaidh in 2017 ag díriú ar chostais oibriúcháin agus de bharr seo bhí Electric Ireland in ann na praghsanna is fearr sa mhargadh a thairiscint agus bhí sé in ann freastail ar mhéadaithe suntasacha ar mhórdhíola fuinnimh agus ar costais rialála.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

I bPoblacht na hÉireann, tá Electric Ireland ag feidhmiú i gceann de na margaí miondíola fuinnimh is dinimiciúla agus is iomaíche san Eoraip, mar is léir ó líon na soláthraithe nua a tháinig isteach sa mhargadh le blianta beaga anuas agus ón ardleibhéal tiontaithe i measc custaiméirí. Tá Electric Ireland ag díriú fós ar phraghsáil iomaíoch agus ar sholáthar táirgí úra nuálacha sa chaoi go mbeidh sé in ann dul in iomaíocht go héifeachtúil sa timpeallacht seo. Thug Electric Ireland coigilteas suntasach dá chustaiméirí le linn na mblianta beaga anuas nuair a thit praghsanna breosla agus d'fhreastail sé ar mhéadaithe praghsanna in 2017 gan aon ardú praghais a chur i bhfeidhm le linn na bliana.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Ghlac Electric Ireland céimeanna suntasacha in 2017 chun a chuspóir straitéiseach a sheachadadh maidir le riachtanais custaiméirí faoi láthair agus sa todhchaí a chur ag croílár a chuid gníomhaíochtaí go léir. Lainseáil cur i bhfeidhm an dara céim den fheachtas coinneála Stay Happy i mí an Mheithimh agus cuireadh i bhfeidhm é i rith míonna an tsamhraidh. Is cur chuige nuálach é an straitéis seo maidir le dílseacht a chúiteamh agus chun luach fadtéarmach a sholáthar do chustaiméirí cónaithe i margadh a bhfuil an forlámhas ag tairiscintí luacha gearrthéarma. Is é aidhm an chuir chuige nuálaigh seo ná príomhsciar margaidh buan a chinntiú i gcroílár an mhargaidh. In 2017, leath Electric Ireland Stay Happy agus chuir sé é ar fáil do na custaiméirí go léir a íocann in am lena n-áirítear iad siúd nach n-íocann trí dhochar díreach.

Tá dul chun cinn déanta ag an ngnó ar fhorbairt a thairiscint bhaile chliste agus nasctha a bheidh réidh le lainseáil i R1 2018.

Le linn 2017, threisigh Electric Ireland bunú a bhranda sa mhargadh i dTuaisceart Éireann trí urraíocht a dhéanamh ar shacar na mban ó Chumann Sacair Thuaisceart na hÉireann.

Chuaigh ESB isteach sa mhargadh baile sa Bhreatain Mhór go horgánach trí ESB Energy a bhunú in 2017. Bíonn ESB Energy in iomaíocht sa mhargadh baile i Sasana, Albain agus sa Bhreatain Bheag i leictreachas agus i ngás araon.

## CUSTAIMÉIRÍ ELECTRIC IRELAND

Tugann Electric Ireland tús áite don chustaiméir i gcónaí. chomh maith le táirgí úra nuálacha a lainseáil, tá Electric Ireland fós i mbun athruithe a chur i bhfeidhm i dtaca le seirbhísí do chustaiméirí, chun an t-eispéireas iontach do chustaiméirí a fheabhsú agus a shimpliú.

Ag díriú i gcónaí ar thairiscint ar ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí, choinnigh Electric Ireland an t-ardleibhéal sástachta do chustaiméirí. Bhuaigh Electric Ireland Gradam Sármhaitheasa CX don earnáil Fóntais i dTuarascáil Innéacs ar Eispéireas an Chustaiméara 2017. Rangaíonn an tuarascáil seo na príomhbhrandaí in Éirinn bunaithe ar eispéireas an chustaiméara. Bhog Electric Ireland suas go suntasach sa rangú ar an iomlán i mbliana, agus anois tá sé ag uimh. 73 sa 100 is fearr, suas 95 chéim ón mbliain seo caite, agus is é an Fóntas rangaithe is fearr suirbhé. Chomh maith leis sin, cé acu? Rangaigh Magazine Electric Ireland mar an soláthraí leictreachais is fearr i dTuaisceart Éireann i mí Feabhra 2017.

Agus é ag féachaint le díriú fós ar chumasú custaiméirí agus ar fhéinseirbhís a éascú dóibh, rinne Electric Ireland níos mó forbartha ar a chumas seirbhíse digití ag gach céim d'eispéireas an chustaiméara le linn 2017, agus ba é an toradh air seo ná gur seoladh:

- Siopa nua ar líne a éascaíonn eispéireas ceannaigh ó cheann ceann agus a thugann an

deis do chustaiméirí sonraí agus roghanna an táirge a bhrabhsáil, suiteálacha a áirithiú agus ceannaigh ar líne;

- Uasghrádú suntasach ar an tairseach cónaithe digiteach a chuir feidhmiúlacht agus gnéithe leis an tseirbhís chun ár gcustaiméirí a chumasú agus ár gcumas féinseirbhíse a fheabhsú (is féidir 80% d'idirbhearta custaiméirí a dhéanamh go digiteach anois);
- Rinneadh uasghrádú ar Gnó ar Líne do FBManna agus cuireann sé feidhmiúlacht atá chun cinn ar fáil dár gcustaiméirí gnó; agus
- Tá áis comhrá gréasáin ar fáil don tseirbhís chónaithe agus do dhíolacháin ar shuíomh gréasáin Electric Ireland anois.

## DAOINE

Tá cumas, saineolas agus feidhmíocht na bhfostaithe ríthábhachtach chun tosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin Electric Ireland a chur ar fáil go rathúil. Go luath in 2017, creidiúnaíodh Electric Ireland mar Áit Iontach le Bheith ag Obair. Ach díriú go láidir ar fhorbairt fostaithe agus earcaíocht dhírithe thar réimse disciplíní agus gníomhaíochtaí éagsúla, cinnteofar go leanfaidh Electric Ireland de thairiscintí iomaíocha, ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí agus táirgí nua nuálacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

In 2017, d'fhostaigh Electric Ireland breis is 60 fostaí nua a bhfuil réimse leathan scileanna agus taithí acu, lena n-áirítear anailísíocht dhigiteach agus saineolas digiteach agus margaíocht, chun tacú leis an ngnóthas lena chuspóirí straitéiseacha thar a ghnóthas reatha a bhaint amach, ag tabhairt líon iomlán na bhfostaithe suas go 386.

## INBHUANAITHEACHT

Bíonn Electric Ireland aireach dá ghnó a fheidhmiú ar bhealach inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus tá creidiúnú ISO 14001 aige. Bíonn Electric Ireland ag obair go gníomhach chun cabhrú le custaiméirí inbhuanaitheacht a mbailte agus a ngnóthais a fheabhsú trí úsáid éifeachtach an fhuinnimh a chuirtear ar fáil dóibh.

## AG NASCADH LENÁR dTODHCHAÍ

Tá Electric Ireland ag cúiteamh custaiméirí a dhéanann beart chun éifeachtúlacht fuinnimh a mbailte a fheabhsú tríd an Scéim Dreasachtaí um Éifeachtúlacht Fuinnimh, lena dtugtar lascainí do chustaiméirí ar a mbillí. Bhí Electric Ireland ar an gcéad chuideachta a thug isteach Rialuithe Cliste Téimh, mar chuid de phleananna praghsanna chun cabhrú le custaiméirí a riachtanais fuinnimh a bhainistiú.

Cuireann Electric Ireland coigiltis fuinnimh ar fáil mar chuid den chlár Náisiúnta Oibleagáidí Éifeachtúlachta Fuinnimh. In 2017, thug Electric Ireland cúnamh d'údaráis áitiúla agus cumainn tithíochta ar fud na tíre chun éifeachtúlacht fuinnimh tithíochta sóisialta a fheabhsú trí réimse beart éagsúil lena n-áirítear insliú áiléir agus ballaí, feabhsúcháin ar an gcóras téimh agus uasghrádaithe rialaithe téimh.

**UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2017 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2018**

| Tosaíocht 2017 | Dul chun cinn 2017 | Tosaíocht 2018 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Leanúint de nuálaíocht a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis na custaiméirí mar thoradh ar sholáthar táirgí agus seirbhísí úra cliste nuálacha. | ■ An dara céim den fheachtas Stay Happy curtha i bhfeidhm – coigiltí buana fadtéarmacha a chur i bhfeidhm go huathoibríoch do na custaiméirí cónaitheacha intofa go léir. | ■ Réiteach Smart Home do na custaiméirí go léir a lainseáil go foirmiúil. |
| Tairseacha nua cónaitheacha agus gnó ar líne a sholáthar, agus cur le cumais féinseirbhíse do chustaiméirí thar raon feidhmeanna agus idirbheart. | ■ Tairseacha nua cónaitheacha agus gnó ar líne soláthartha in 2017. Cumasaíonn na tairseacha seo custaiméirí Electric Ireland agus tairgeann siad cumas feabhsaithe féinseirbhíse. | ■ Soláthair feabhsúcháin bhreise do na tairseacha ar líne, ag cur le haistear na gcustaiméirí agus ag cumasú custaiméirí Electric Ireland a thuilleadh. |
| Lean le bheith ag díriú ar bhainistíocht fuinnimh agus ar chostais oibriúcháin chun na táirgí is fearr luacha ar an margadh a sholáthar do chustaiméirí Electric Ireland. | ■ Tiomantas don mhargadh gurb é Electric Ireland a sholáthróidh an meánphraghas cónaitheach is ísle thar tréimhse rollach 3 bliana.<br>■ Le fócas leanúnach an lucht bainistíochta ar chostais oibriúcháin bhí Electric Ireland in ann praghsanna a choimeád gan athrú in 2017 in ainneoin méaduithe suntasacha ar chostais mórdhíola fuinnimh. | ■ Soláthair feabhsúcháin ar an bhfeidhmíocht thar an mbonn costais chun a chinntiú go soláthrófar tiomantais margaidh Electric Ireland maidir le praghsanna. |
| Bainistiú agus rialáil éifeachtach creidmheasa. Cumarsáid leanúnach le MABS agus le Cumann Naomh Vincent de Paul chun réitigh a sholáthar do chustaiméirí soghonta. | ■ Raon táirgí agus pleananna íoctha ar bun chun mar aon le hidirghníomhú réamhghníomhach le custaiméirí.<br>■ Bhí laghdú i gcónaí ar dhícheangailtí in 2017 – níos lú ná 25 in aghaidh gach 10,000 custaiméir. | ■ Soláthair straitéis bainistíochta creidmheasa i gcónaí a bheidh dírithe ar chustaiméirí ach éifeachtach agus a chinnteoidh go gcosnófar custaiméirí soghonta. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Béim leantach ar áisiúlacht, cumasú agus modhanna rialaithe do chustaiméirí mar thoradh ar fhorbairt leanúnach na hacmhainne seirbhíse digití i ngach réimse den eispéireas custaiméara. | ■ Forbairtí suntasacha ar a chumas seirbhíse digití in 2017 ar a n-áirítear thabhairt isteach siopa nua ar líne, áis comhrá idirlín agus uasghráduithe ar an tairseach dhigiteach chónaitheach agus Gnó Ar Líne do SMEanna. | ■ Fócas leanúnach ar áisiúlacht, cumasú agus rialáil do chustaiméirí tríd an gcumas seirbhíse digití a fhorbairt i gcónaí thar aistear an chustaiméara ar fad. |
| Comhlíon ról gníomhach chun cuspóir dícharbóinithe ESB a sholáthar trí leanúint le bheith i gceannas ar an margadh i soláthar spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh. | ■ Tá Electric Ireland ar an mbealach lena spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.<br>■ Chomhoibrigh Electric Ireland le Durkan Residential chun All Electric Passive Home Development na hÉireann a lainseáil.<br>■ Le linn 2017 d'oibrigh Electric Ireland le EirGrid mar chuid dá chlár freagartha ar éileamh cónaitheach a bhfuil sé d'aidhm aige cabhrú le custaiméirí a leibhéil tomhaltais a bhainistiú. | ■ Cuir béim i gcónaí ar spriocanna méadaithe éifeachtúlachta a sholáthar.<br>■ Tosóidh Electric Ireland ag tairiscint taraifí sainiúla leictrithe in 2018. |
| Déan cinnte de go mbeidh Electric Ireland ullamh don trasdul don Mhargadh (I-SEM). | ■ Bhí leasa an chustaiméara chun tosaigh ag Electric Ireland nuair a bhí sé ag freagairt ar chomhairliúcháin dearaidh do mhargadh I-SEM ag féachaint chuige go dtéann na leasa a bhaineann le margadh leictreachais na hÉireann bheith comhtháite le samhail sprice fuinnimh an AE chun tairbhe don chustaiméir.<br>■ Tá na hacmhainní go léir a theastaíonn curtha ar bun ag Electric Ireland chun a chinntiú go mbíonn se lánullamh don trasdul go I-SEM. | ■ Déan cinnte de go n-oibríonn agus go ndéanann Electric Ireland trádáil go rathúil laistigh de na socruithe nua don mhargadh mórdhíola leictreachais. |
| Fás leanúnach ar an scair den mhargadh cónaitheach i TE trí réitigh costas-iomaíoch a thairiscint do chustaiméirí. | ■ Lean Electric Ireland air ag cur béime ar scair den mhargadh a sholáthar agus ar feasacht bhranda a thógáil. | ■ Forbróidh Electric an branda i gcónaí agus méadóidh sé an scair den mhargadh i TE agus sa Bhreatain Mhór. |

# NUÁLAÍOCHT



Paul Mulvaney,
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Nuáil**

**Q Cérbh iad na gnóthachtálacha móra don Nuáil in 2017?**

Tá an nuáil dírithe ar thairiscintí nua buaiteacha do chustaiméirí a shainaithint agus a sholáthar i dtírdhreach athraitheach fuinnimh. Bhí sé mar fhócas lárnach don Nuáil in 2017 gnó Seirbhísí Cliste Fuinnimh (SES) a fhorbairt.

Tá SES tagtha chun bheith mar chomhpháirtí iontaofa fuinnimh ag úsáideoirí móra leictreachais i bPoblacht na hÉireann, TE agus sa BM, mar go dtairgeann sé saineolas, ceannasach sa mhargadh, sa bhainistíocht fuinnimh mar aon leis an gcumas tacú le roghnú agus imlonnú réiteach fuinnimh. Is iad na príomhsheirbhísí a thairgeann SES ná Seirbhísí Bainistíochta Fuinnimh mar aon le soláthar réiteach do chustaiméirí sa soilsiú, san éifeachtúlacht fuinnimh, sa téamh ísealcharbóin, sa stóráil agus sa bhainistíocht éilimh.

Ba bhliain mhór é 2017 chomh maith do ghnó na n-ecaranna, le hionad buaite ar an gcreat Transport for London agus ag cur tús le suiteáil áiseanna mearluchtaithe ag suíomhanna ar fud Londan. Tá líon de chonarthaí nua fadtéarmacha suntasacha bainte amach chomh maith ag ESB Telecoms agus ESB International do sholáthar seirbhísí teileachumarsáide agus bainistíochta fóntas, faoi seach.

Tá an tAonad Nuála Teicneolaíochta agus an Fhoireann Chomhoibrithe Seachtraí i gcónaí ag forbairt deiseanna agus caidreamh nua do ESB agus ba shuntasach ach go háirithe mar a d'éirigh leis an gclár Free Electrons (luasaire domhanda tosaithe fuinnimh).

## FORLÉARGAS

Tá Nuáil ag obair i gcónaí in éineacht le comhpháirtithe go hinmheánach agus go seachtrach chun táirgí agus seirbhísí nua a sholáthar chun tacú le haidhm ESB bheith i gceannas ar an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin. Tá Nuáil ag infheistiú i gcónaí i ndeiseanna nua gnó agus á bhforbairt a rachaidh chun leasa custaiméirí agus a sholáthróidh deiseanna fáis do ESB ar nós gnó an Planet9 Energy agus an réiteach Stop Cliste d'fhoscadáin bus.

Tá Nuáil ag cur smaointe nua chun cinn maidir le réitigh fuinnimh trí threochláir straitéiseacha a fhorbairt, ceardlanna atá dírithe ar idéanna agus forbairt táirgí nua mar aon le comhoibriú le tionscail nuathionscanta agus le cuideachtaí eile. Tá feidhmíocht airgeadais Nuála san áireamh mar chuid de Deighleoga Eile, féach nóta 2 sna ráitis airgeadais.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Tá iomaíochas fós follasach sna margaidh a bhaineann le gnóthais ESB Innovation.

Is sainchomhairleoir idirnáisiúnta dea-chlú é ESB International ag an earnáil cumhachta domhanda agus bíonn sé i gcónaí ag oiriúnú a thairiscintí custaiméara chun teicneolaíochtaí nua a ionchorprú agus é ag baint amach conarthaí ilbhliana sa mhargadh atá ann cheana agus i margaí nua. Tá an margadh olldhíola Éireannach don snáithín agus túir ina n-oibríonn ESB Telecoms ag dul faoi bhrú iomaíoch i gcónaí agus tá brú praghais ar a tháirgí mar aon le comhdhlúthú custaiméirí. Tá ESB Telecoms ag freagairt ar an dúshlán seo trí oibriú i gcónaí lena chustaiméirí chun caidrimh fhadtéarmacha a thógáil chun a seirbhísí riachtanacha líonra a sholáthar, agus a bhonneagar náisiúnta túir arna chomhtháthú le líonra náisiúnta snáithín á úsáid aige. Mar thoradh ar an teagmháil seo le custaiméirí, shínigh ESB Telecoms líon conarthaí tábhachtacha fadtéarmacha in 2017.

Tá Ciste ESB Novusmodus dírithe go láidir ar réadú a chuideachtaí punainne agus tá diúscairt an leasa i SELC (Smart Efficient Light Control) agus réadú na hinfheistíochta Airvolution i measc na bhforbairtí is suntasaí i mbliana. I rith 2017 rinneadh athbhreithniú ar na fáltais ionchasacha ón gciste agus dá thoradh sin, laghdaíodh luach glanluacha an chiste de €34 milliún. Léiríonn an coigeartú seo dúshláin agus luas an athraithe sa réimse seo.

Tá ecars ag obair le raon scairshealbhóirí ar fud oileán na hÉireann chun glacadh le feithiclí leictreonacha a spreagadh – mar go bhfuil leictriú an iompair ag teacht chun bheith níos tábhachtaí i gcónaí chun laghduithe a bhaint amach sna hastuithe náisiúnta carbóin (gan trácht ar fheabhas ar cháilíocht an aeir). Tá ecars ag forbairt réiteach feithicle leictreonaí sa BM, an margadh is mire fáis go hidirnáisiúnta do na feithiclí leictreonacha, agus béim ar leith aige ar an earnáil mearluchtaithe phoiblí i gcathracha móra sa BM. Is é an rogha is airde céim de na roghanna seo an creat Transport for London agus bhí rath mór ar ecars agus é ag fáil suíomhanna agus ag suiteáil luchtairí meara i Londain faoin bpróiseas seo. I rith 2017 d'eisigh CRF na hÉireann páipéar suímh maidir le ecars inar thángthas ar an tátal nach bhféadfaí bonneagar ecars sa Phoblacht a chur san áireamh mar chuid den bhonn rialáilte sócmhainní. Táthar ag athbhreithniú bhunús an chinnidh seo mar aon leis na himpleachtaí tráchtála agus tá cinnte ag ESB glanluach a infheistíochta sa bhonneagar seo a lagú de €4 milliún.

Tá leanta ar aghaidh ag SIRO (Comhfhiontar le Vodafone) le rollú amach an líonra náisiúnta Fibre-to-the-Building agus tá seirbhísí ar fáil anois do bhreis is 120,000 áitreabh.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tá SES chun tosaigh le forbairt seirbhísí fuinnimh chun riachtanais custaiméirí a shásamh - agus ag ailíniú le hiarrachtaí comhchosúla ag aonaid ghnó eile i ESB. Tá ESB feasach go maith ar na hathruithe teicneolaíocha atá ar siúl faoi láthair sa tionscal fuinnimh agus ar na héilimh athraitheacha ó chustaiméirí fuinnimh. Foireann thiomnaithe is ea an tAonad Nuála Teicneolaíochta a oibríonn le foirne eile ar fud ESB chun na réitigh a fhorbairt a shásóidh na riachtanais sin amach anseo. Chomhordaigh an fhoireann seo forbairt treochlár straitéiseacha do roinnt príomhréimsí ar fud ESB, ata mar bhonn eolais ag réimsí nua deiseanna gnó. Tá comhoibrithe nua á bhforbairt chun tacú le sintí isteach i réimsí nua agus chun sruthanna ioncaim a fhairsingiú, rud a chuirfidh doimhneacht le tairiscint tráchtála Nuála. Seo cúpla sampla:

## LÍNTE GNÓ NUÁLA

**ESB International**
- Tairgeann ESB International raon iomlán réiteach innealtóireachta, oibríochtaí agus cothabhála don mhargadh domhanda fuinnimh, chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta

**Novusmodus**
- Ciste teicneolaíochta glan agus fuinnimh in-athnuaite a infheistíonn i bhfuinneamh in-athnuaite agus sna hearnálacha éifeachtúlachta fuinnimh

**Telecoms**
- Tá líonra leathanbhanda snáthoptaice aige, mar aon le líonra de thúir fóin mhóibíligh neamhspleácha
- SIRO, comhfhiontar cábla-snáthoptaice-go-foirgneamh le Vodafone

**An tAonad Nuálaíochta sa Teicneolaíocht**
- Tacaíonn le forbairt raon teicneolaíochtaí agus samhlacha gnó chun freastal ar riachtanais athraitheacha fuinnimh na gcustaiméirí agus an mhargaidh

**ecars**
- Oibríonn an bonneagar náisiúnta luchtaithe d'fheithiclí leictreonacha agus soláthraíonn seirbhísí tráchtála san earnáil soghluaiseachta leictreonaí go hidirnáisiúnta

**Smart Energy Services**
- Soláthraíonn seirbhísí bainistíochta fuinnimh d'úsáideoirí móra fuinnimh sa Phoblacht, TE agus sa BM

- Suíomh X_, mol Nuála ESB suite ag Dogpatch Labs i mBaile Átha Cliath, cuireann sé ar fáil an timpeallacht agus an tacaíocht cheart d'fhoirne ESB agus do nuathionscanta seachtracha chun smaointe a chothú agus a fhorbairt go mear a bhfuil sé de chumas iontu teacht chun bheith ina ngnóthaí nua, mar shampla, na tairiscintí de tháirgí nua fuinnimh agus seirbhísí atá dírithe ar riachtanais custaiméirí teagmháil agus follasacht bhreise a bheith acu. Táthar ag iniúchadh cúpla deiseanna eile faoi láthair ag an áis X_Suíomh, ina measc Anailísigh Digiteacha mar Sheirbhís, Uisce Te mar sheirbhís, seirbhís deisithe cábla fo-thoinn agus Stop Cliste, comhoibriú le nuathionscnamh Éireannach, chun foscadáin bus a aisfheistiú le painéil soilsithe fuinneamh-éifeachtúla.
- I rith 2017, thug ESB Innovation faoi Chlár Domhanda Luasaire Fóntais, "Free Electrons", le seacht bhfóntas eile ar fud an domhain. Tríd an gclár Free Electrons tá Innovation ag cur dlús leis an ráta athraithe trí thacú le nuathionscnaimh chun caidrimh tráchtála a fhorbairt le fóntais, agus iad a chur i dteagmháil le margaí nua, eiceachórais áitiúla agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha.
- Tá Planet9 Energy ag forbairt táirge nua soláthair digitigh leictreachais d'úsáideoirí móra fuinnimh sa BM. Tugann Planet9 Energy do bhróicéirí fuinnimh agus cliaint tionscail agus tráchtála rochtain dhíreach ar líne ar mhargadh olldhíola BM agus tairgeann sé dul tríd costais ag 100% dóibh i gcás costas fuinnimh agus costas neamhfhuinnimh araon. Is é Planet9 Energy an chéad soláthraí néal bhunaithe ag an BM i gcomhair custaiméirí atá méadraithe ar bhonn leathuaire a bhfuil ráiteas uathúil gnó acu.

## CUSTAIMÉIRÍ INNOVATION

Aithníonn ESB Telecoms na dúshláin atá roimh a chustaiméirí ón iomaíocht agus ón gcomhdhlúthú agus tá sé ag iarraidh caidrimh fhadtéarmacha tráchtála a thógáil a shásóidh na riachtanais sin, mar is léir ón gcomhaontú fadtéarmach a cuireadh i gcrích i mbliana chun nascacht snáithín a sholáthar do bhreis is 100 suíomh túir do 3 Ireland. In 2017, d'aimsigh ESB International conarthaí suntasacha leis an Millennium Challenge Corporation (MCC) chun cabhrú le forbairt an bhonneagair sa Libéir agus i nGána, ag aimsiú conarthaí i margaí atá ann cheana ag an am céanna.

Tá conarthaí suntasacha ar bun ag SES cheana féin agus tá an gnó ag tairiscint go gníomhach do ghnó nua sa Phoblacht, TE agus sa BM le raon de tháirgí oiriúnaithe, ina measc tacú le tionscadail gnó atá ag sásamh riachtanas na Scéime Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS).

## DAOINE

Tá ESB tiomanta i gcónaí dona dhaoine a thacú chun smaointe nua a thabhairt don eagraíocht. Agus líon línte nua gnó forbartha agus fairsingithe agus an fócas méadaitheacha ar fhorbairt agus soláthar treochlár straitéiseacha, tá acmhainní nua curtha ag Innovation leis an bhfoireann leis na scileanna agus an saineolas a theastaíonn chun tacú le soláthar riachtanas athraitheacha gnó agus is é 935 líon na bhfostaithe anois.

## NASCADH LENÁR dTODHCHAÍ

Chomhoibrigh foireann Innovation ESB agus Electric Ireland le Durkan Residential in 2017 chun an All Electric Passive Home Development is mó in Éirinn a lainseáil, é déanta suas de 59 teach éighníomhach i raon inacmhainne praghais. Is éard tá i dteach éighníomhach ná caighdeán tógála atá fuinneamh éifeachtach, compordach, eacnamaíoch agus éiceolaíoch.

Tá caidéil téimh aer-fhoinsithe ag na tithe ar fad mar a bpríomhspás agus mar a gcóras téimh uisce, ag sásamh dóibh na Rialacháin Tógála (Cuid L) agus an Caighdeán Tí Éighníomhaigh gan gá le PV Gréine ar dhíon an tí; tá siad réamhshreangaithe freisin do phointí luchtaithe EV le Electric Ireland, rud a thairgeann réiteach Smart Pay As You Go mar aon le Zero Night Rate Tariff gurb é an chéad cheann dá shórt é.

### UASDÁTÚ AR THOSAÍOCHTAÍ 2017 AGUS TOSAÍOCHTAÍ 2018

| Tosaíocht 2017 | Dul chun cinn 2017 | Tosaíocht 2018 |
|---|---|---|
| **OIBRIÚCHÁN** | | |
| Beidh ESB International agus ESB Telecoms i gcónaí ag tacú lena gcustaiméirí seachtracha agus ag iarraidh a n-ioncaim a mhéadú trí tháirgí nua a fhorbairt do chustaiméirí atá acu cheana. | ■ Tá conarthaí suntasacha bainte amach ag ESB International leis an Millennium Challenge Corporation (MCC) chun cabhrú le forbairt an bhonneagair sa Libéir agus i nGána agus iad i gcónaí ag baint conarthaí amach i margaí atá ann cheana.<br>■ Chuir ESB Telecoms comhaontú ilbhliana i gcrích le Vodafone agus bhuaigh siad tairiscint do nascacht snáithín do bhreis is 100 suíomh do 3 Ireland. | ■ Fairsingeoidh ESB International a sheirbhísí comhairleacha fóntais mar aon le tacú le custaiméirí atá ann cheana.<br>■ Díreoidh ESB International ar an tacaíocht innealtóireachta a sholáthar atá riachtanach chun cuspóirí straitéiseacha ESB a sholáthar.<br>■ Leanfaidh ESB Telecoms air ag forbairt táirgí nua i réimsí atá cóngarach le seirbhísí atá ann cheana. |
| Díreoidh Novusmodus ar an luach atá ina phunann infheistíochta a réadú agus ar thacú le forbairt roghanna nua gnó do ESB. | ■ Mar gheall ar bheith ag obair le cuid de na hinstitiúidí infheistíochta, tacaíodh le fás ghnó SES agus le líon tionscnamh comhoibríocha eile. | ■ Díreoidh Novusmodus i gcónaí ar an luach atá ina phunann infheistíochta a réadú agus ar dheiseanna a fhorbairt do chomhoibriú idir cuideachtaí punainne agus ESB. |
| Cuirfidh ecars tús le feidhmiú tairiscinte tráchtála ina bhonneagar pointe náisiúnta luchtaithe agus fairsingeoidh sé a sheirbhísí sa BM faoi réir ag cinntí rialáilte. | ■ Tá ecars tar éis bheith gafa le próiseas fairsing le scairshealbhóirí chun tacú le glacadh le feithiclí leictreonacha in Éirinn.<br>■ Tá impleachtaí tráchtála chinneadh CRF nach féidir bonneagar ecars a chur san áireamh sa bhonn sócmhainní rialáilte á n-athbhreithniú faoi láthair.<br>■ Tá dul chun cinn suntasach déanta ag ecars ar staid iomaíoch a fhorbairt sa BM le dámhachtain ionaid ar chreat TfL agus tá roinnt suíomhanna bainte amach acu i gcathair Londan. | ■ Déanfaidh ecars iniúchadh i gcónaí ar na roghanna do bhonneagar an phointe náisiúnta luchtaithe Éireannaigh a thráchtálú.<br>■ Tógfaidh ecars ar a theagmháil le TfL chun a sheirbhísí sa BM a fhairsingiú. |
| **STRAITÉISEACH** | | |
| Fairsingeoidh SES a thairiscint sa Phoblacht agus sa RA araon. leanfar le táirgí agus seirbhísí nua a lainseáil chun tacú le riachtanais athraitheacha custaiméirí. | ■ Tá SES i gcónaí ag méadú a bhonn custaiméirí agus a thairiscintí táirge.<br>■ Tá líon tionscnamh nua á n-iniúchadh go gníomhach san áis X_Suíomh. | ■ Beidh SES i gcónaí ag méadú a bhonn custaiméirí sa Phoblacht, TE agus BM.<br>■ Soláthróidh SES táirgí nua bunaithe ar riachtanais custaiméirí – ina measc táirgí i réimse mearfháis na stórála bataírí. |
| Beidh SIRO ag leanúint de dhlús a chur lena sheoladh táirgí uathúla. Measúnóidh SIRO deiseanna chun páirt a ghlacadh sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP). | ■ Pas tugtha do bhreis is 120,000 áitreabh cheana.<br>■ Tá tarraingthe ag SIRO ón phróiseas NBP tar éis athbhreithniú fairsing a bheith déanta ar an gcás tráchtála gnó. | ■ Cuirfidh SIRO dlús le rollú amach a tháirge uathúil thar tuilleadh réimsí den tír. |
| Chun dul ar aghaidh le comhoibriú le comhpháirtithe seachtracha. | ■ Bunaíodh X_Suíomh agus tá an comhoibriú ar siúl go leanúnach.<br>■ Chuardaigh an fhoireann Chomhoibrithe Seachtraí go gníomhach na deiseanna chun dul i gcomhpháirtíocht le nuathionscnaimh, le fóntais agus le hollscoileanna ar thionscnaimh a d'fhéadfadh bheith ábhartha do ESB.<br>■ Bhí ESB ina rannpháirtí gníomhach sa Chlár Domhanda Luasaire Fóntais "Free Electrons" in éineacht le hocht bhfóntas ar fud an domhain. | ■ Clár "Free Electrons" 2018 a rollú amach<br>Píblíne deiseanna a thógáil do ghníomhaíochtaí nua – bídís ginte go hinmheanach nó le comhpháirtithe seachtracha. |

# TUARASCÁIL AR GHNÓ FREAGRACH

**66** Forléargas
**66** Sábháilteacht
**68** Daoine
**70** Inbhuanaitheacht
**71** Úsáid Fuinnimh in 2017
**72** Freagracht Chorparáideach Shóisialta (CSR)
**74** Ár mBrabúis a Úsáid go hinbhuanaitheach

# FORLÉARGAS



Pat Naughton
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpa Daoine agus Inbhuanaitheacht**

"Ba bhliain thábhachtach 2017, an 90ú bliain againn, do ESB. Thug sé deis dúinn machnamh ar gach rud a sheasamar dó agus a chreidimid mar eagraíocht. Toisc go bhfuil cuspóirí láidre againn agus tacar láidir luachanna, a bheidh mar threoir lenár mbearta, cuirimid tús le 2018 le fórsa oibre atá i staid níos láidre chun a mbealach a dhéanamh trí thionscal fuinnimh atá ag éabhlóidiú go mear."

Ba é 2017 an 90ú bliain ó bunaíodh ESB. Cheiliúramar an chlochmhíle seo trí mhachnamh ar an méid atá bainte amach ag an eagraíocht seo thar an 90 bliain againn agus trí chur i gcuimhne dúinn féin cad is caill le bheith mar ESB. Bhí fostaithe ESB riamh an-bhródúil as ár n-oidhreacht. Tuigimid an ról atá comhlíonta ag ESB i bhforbairt na hÉireann agus an oidhreacht a oibríonn gach glúin d'fhostaithe ag ESB chun í a bhaint amach. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis na fostaithe seo go léir, iad siúd a bhíodh againn agus iad siúd atá ann anois, as an rannchuidiú a thug siad thar na glúine agus as an gcaoi inar chuir siad ar chumas ESB dul i gcion ar na daoine dá bhfónaimid. Lena n-iarrachtaí agus a nuálaíochtaí thar 90 bliain, rinne siad deimhin de go bhfuil sé inacmhainne, iontaofa agus gur éirigh sé níos inbhuanaithe i gcónaí ar feadh an ama.

De réir mar a bhogaimid ar aghaidh i dtionscal fuinnimh atá ag athrú go mear, creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeimis dílis do na luachanna lenar múnlaíodh ESB thar 90 bliain agus don mhothúchán cuspóra a bhí i gcónaí mar spreagadh againn. Bhí an méid a chreidimid agus an méid dá seasaimid mar eagraíocht intuisceana i gcónaí sa mhéid a dhéanaimid. Bhí ár luachanna neamhráite taobh thiar dár n-iompraíocht i gcónaí agus is iad a shainmhínigh an eagraíocht atá againn inniu.

In 2017, roghnaíomar na luachanna seo a dhéanamh follasach, agus iad a léiriú trí thacar luachanna. Úsáidfimid ár luachanna, mar aon lenár gcuspóir, chun cabhrú linn ár mbealach a dhéanamh trí thodhchaí dhifriúil, ag cinntiú dúinn go mbeidh ár n-iompraíocht mar dhaoine aonair agus mar eagraíocht i gcónaí dílis dár gcreideamh agus go leanfaimid linn ag cruthú todhchaí fuinnimh níos gile dár gcustaiméirí, dár bpobail agus don tsochaí.

In 2017, thugamar ár mbainisteoirí tríd an gcéad chéim de chlár nua forbartha ceannasaíochta. Is é an aidhm atá ag an gclár seo ná cur ar chumas ár gceannairí sinsearacha a ndaoine a spreagadh agus a ghríosadh. Bhunaíomar an clár iompraíochta ceannasaíochta seo ar ár luachanna, chun atreisiú le prionsabal na hiompraíochta ceannasaíochta arna treorú ag luachanna.

In 2018, díreoimid ar theagmháil lenár ndaoine maidir le todhchaí ESB. Déanfaidh ár mbainisteoirí sinsearacha a ndaoine a spreagadh agus a ghríosadh maidir lenár straitéis dul i gceannas ar an trasdul go dtí fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin trí labhairt faoin méid dá seasamar i gcónaí agus a chreideamar i gcónaí, agus trí labhairt faoin mbealach ar a dtreoraíonn na luachanna sin sinn anois. Tuigimid an tábhacht a bhaineann lenár bhfostaithe bheith ag mothú go bhfuil siad páirteach in aistear ESB agus go mothóidís tiomanta agus i dteagmháil lenár dtodhchaí. Tá fhios againn go maith cé chomh tábhachtach is atá sé go mba mhian le glúine d'fhostaithe de chuid ESB amach anseo bheith mar chuid d'eagraíocht a dhéanann fíor-dhifríocht. Tá stair mhórtasach againn agus todhchaí spreagúil, agus tríd an dá cheann a thabhairt le chéile spreagfaimid an ghlúin seo de dhaoine ag ESB chun todhchaí athraithe fuinnimh a sholáthar.

Táimid dírithe níos mó agus níos mó ar a chinntiú gur áit uileghabhálach, measúil an áit oibre ina féidir lenár bhfostaithe bheith faoi bhláth. Táimid tiomanta dona chinntiú seo le tionscnaimh fhorbartha agus teagmhála d'fhostaithe, agus le tionscnaimh chuimsitheacha Sláinte agus Folláine chun tacú le folláine fhisiceach agus mheabhrach ár ndaoine.

Tá ár straitéis tógtha ar fhís do shaol iarcharbóin. Táimid tiomanta do na caighdeáin is airde bainistíochta comhshaoil agus dár ngnó a éabhlóidiú go réamhghníomhach chun dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide. Tá ár ngníomhaíochtaí nuála dírithe ar fhorbairt táirgí agus seirbhísí nua, a bhraitheann ar an gcomhshaol agus ar éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne a chur chun cinn ar fud ár gcuid oibriúchán.

Pat Naughton,
Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
Daoine agus Inbhuanaitheacht an Ghrúpa

# SÁBHÁILTEACHT

## FORLÉARGAS

Tá Bord, bainistíocht agus fostaithe ESB go hiomlán tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus folláine a chosaint i gcás fostaithe, conraitheoirí, custaiméirí, ball den phobal agus na ndaoine dá bhfónann siad. Is ar a sábháilteacht siúd a mhachnaítear ar dtús i mbearta agus gníomhaíochtaí gnó. Creideann ESB gur féidir gach próiseas oibriúcháin a dhearadh agus a oibriú i mbealach sábháilte. Tá an creideamh seo mar threoir aige ina chur chuige i leith na sábháilteachta thar a ghníomhaíochtaí gnó ar fad agus atreisítear é le ceannasaíocht láidir shofheicthe ar fud an Ghrúpa.

Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach go hiomlán as sláinte agus sábháilteacht san ESB a bhainistiú. Leagtar amach i Ráiteas Sábháilteachta Grúpa ESB, arna faomhadh ag an mBord, an beartas foriomlán agus na socruithe ginearálta chun sláinte, sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe ar fad a chinntiú. Comhroinntear an fhreagracht feidhme i measc na ndaoine sinsearacha bainistíochta agus, ina dhiaidh sin, le gach bainisteoir, maoirseoir, ceannaire foirne agus fostaí. Tacaíonn an Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil le monatóiriú agus rialáil an Bhoird i leith sláinte, sábháilteachta agus folláine. Tá tuilleadh eolais faoin gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ar fáil ar leathanach 96.

## FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA IN 2017

Ba é líon na ngortuithe ama chaillte (LTI) in 2017 ná 63 (29 fostaí agus 34 conraitheoir) i gcomparáid le 72 in 2016 agus 58 in 2015. Bíodh is nach gortuithe tromchúiseacha formhór na ngortuithe seo, bíonn ESB i gcónaí ag díriú ar na rioscaí a laghdú sa ghnó a bhíonn ina gcúis le teagmhais dhíobhálacha. Is iad na cúiseanna is coitianta a bhíonn le LTIanna ná sciorrthaí agus tuislí, láimhseáil, ardú agus úsáid uirlisí agus trealaimh. Tá sé mar eochair-fhócas ag an nGrúpa i gcónaí na LTIanna a laghdú. Coinnítear le pleananna feabhsaithe, tionscadail, oiliúint agus cláir iniúchta a dhíríonn ar ghortuithe a chosc.

I dteannta le díriú ar LTIanna, aicmíonn ESB gach teagmhas díobhálach agus neastimpiste agus dírítear ach go háirithe ar theagmhais ardphoitéinsil arbh fhéidir toradh níos measa a bheith orthu. In 2017, taifeadadh 177 teagmhas ardphoitéinsil. Bíodh is gur líon ard é seo, tá na teagmhais seo ag tarlú ag ráta níos ísle i gcomparáid le 2016 agus 2015. Iniúchtar gach teagmhas ardphoitéinsil agus LTI chun na bunchéisteanna a bhí leo a chinneadh. Is iad na rioscaí is tromchúisí a thagann ó theagmhais ardphoitéinsil do ESB ná; leictreachas, tiomáint agus iompar, bheith ag obair ag leibhéal ard agus úsáid uirlisí agus trealaimh.

## STRAITÉIS SÁBHÁILTEACHTA


Lean an clár sábháilteachta 2017 ar aghaidh ag díriú ar chur i bhfeidhm na Straitéise Ceannaireachta maidir le Sábháilteacht atá bunaithe ar cheithre bhunchloch, is iad sin ná Ceannaireacht, Inniúlacht, Comhlíonadh agus Rannpháirtíocht. Bunaíonn gach aon réimse gnó a chláir bhliantúla sláinte agus sábháilteachta agus a phleananna bliantúla feabhsúcháin ar na ceithre chrann taca seo. Úsáidtear próiseas eochairtháscaire feidhmíochta chun feidhmíocht i dtaca le sláinte, sábháilteachta agus folláine a bhainistiú.

## TIONSCNAIMH AGUS CLÁIR MHÓRA A FEIDHMÍODH NÓ A LEANADH LEO IN2017


- Tá córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta ar bun ag gach aonad gnó de chuid ESB, an-chuid díobh fíoraithe go seachtrach agus deimhnithe de réir caighdeáin Idirnáisiúnta OHSAS 18001 nó a choibhéis. In 2017, níor thaifead iniúchtaí seachtracha 18001 aon neamhghéilliúlacht mhór 18001 ag ESB.
- Tá ESB dírithe ar thuairisciú breithe maithe a neadú ar fud na heagraíochta. Is éard is breith mhaith ann ná nuair a dhéanann duine idirghabháil dhearfach tar éis dó rud éigin a fheiceáil nach bhfuil sábháilte. Eochair-eilimint is ea na breitheanna maithe chun cur ar chumas ESB feidhmíocht den scoth a bhaint amach. In 2017, sáraíodh an sprioc don Bhreith Mhaith. Is é seo an dara bliain as a chéile a sáraíodh an sprioc. Leanfar leis an gcur chuige seo in 2018 chun dlús a chur leis an laghdú ar na teagmhais agus feabhas a chur ar an bhfeasacht agus ar an ngafacht leis an tsábháilteacht.
- Shín ESB comhráite míosúla lucht bainistíochta sinsearaí faoin tsábháilteacht amach chuig an chéad leibhéal eile bainistíochta in 2017. Tá na comhráite seo, atá dírithe ar an riosca, ar bun ag an gceannasaíocht shinsearach chun a léiriú d'fhostaithe a dtiomantas don tsábháilteacht. In 2017, níor baineadh amach an sprioc, cuireadh feabhas ar fheidhmíocht 2016, áfach, ó 62% go dtí 74% in aghaidh sprice de 80%. Leanfar leis an gcur chuige seo in 2018 chun tiomantas na ceannasaíochta sinsearaí don tsábháilteacht a léiriú d'fhostaithe agus chun feabhas a chur ar an bhfeasacht agus ar an ngafacht leis an tsábháilteacht.
- Chuir ESB i gcrích píolóta de chlár nua arna dhearadh chun dlús a chur le tiomantas athnuaite do gach teagmhas agus gortú a dhíothú i ESB. Cuireadh an Clár chun Cultúr na Sábháilteachta a Bhunathrú i bhfeidhm ar dtús sna gnóthaí ardriosca Líonraí ESB agus sna Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM). De bharr a fheabhas a d'éirigh leis, cuirfear an clár seo i bhfeidhm thar an ESB ar fad. Tógfaidh an próiseas breis is 2 bhliain chun na réimsí ardriosca ar fad a chlúdach.
- Lean ESB air ag déanamh dul chun cinn in 2017 le feabhas a chur ar a fheidhmíocht sábháilteachta trí thionscadail mhóra feabhais a sholáthar i Líonraí ESB agus G&WM. In 2017, chuir Líonraí ESB clabhsúr leis na 18 tionscadal comhaontaithe ar fad agus chuir G&WM clabhsúr le 6 nó 7 tionscadal comhaontaithe.
- Rinne ESB simpliú agus comhchuibhiú ar an gcur chuige dá bheartais sábháilteachta grúpa chun fónamh agus tacú le géilliúlacht don reachtaíocht chuí.
- In aitheantas ar ilghnéitheacht na bhfostaithe agus ar a riachtanais folláine, tá ESB ag leanúint air ag soláthar raon de chláir sláinte agus folláine d'fhostaithe. Lainseáil ESB chomh maith uirlis nua sláinte agus folláine ar líne ar a dtugtar POWR (Positive Occupational Wellbeing Resource). Is é an leas is mó a bhaineann le POWR ná go sroicheann sé pobal meáin níos leithne. Faoi dheireadh 2017, bhí breis is 1,000 lucht foirne cláraithe ar POWR. Is mór an ghnóthachtáil é seo agus leanfar leis seo i gcaitheamh 2018 agus sprioc i gceist de 2,000 úsáideoir cláraithe a bheith ar POWR.
- Tá uirlis chomhdhlúite do chlárú agus comhlíonadh an dlí sláinte agus sábháilteachta curtha i bhfeidhm do ghnóthaí ESB go léir.
- Tá obair curtha i gcrích chun ocht lárionad inniúlachta a bhunú chun géilliúlacht do reachtaíocht chuí a choimeád agus an dea-chleachtas a thabhairt isteach, áit gur féidir, ar fud na réimsí tábhachtacha gnó. Orthu seo tá; Sábháilteacht Bóthair, Sábháilteacht Leictreach, Obair Shábháilte ag Leibhéal Ard, Sláinte agus Folláine, Sábháilteacht Áite Oibre, Sábháilteacht Conraitheora, Sábháilteacht Próisis agus Sábháilteacht Phoiblí.
- Díríodh leis na bearta don tsábháilteacht phoiblí i rith 2017 ar fheachtais teilifíse, raidió agus meán sóisialta chun feasacht an phobail a ardú ar na dainséir a bhaineann le sreanga tite agus cáblaí faoi thalamh don phobal i gcoitinne, agus d'earnálacha na feirmeoireachta agus na tógála, agus dóibh siúd atá gafa le gníomhaíochtaí fóillíochta a bhfuil an poitéinseal acu bheith ina gcúis le teagmháil theagmhasach le sreanga leictreacha. Athrinneadh na feachtais seo i gcaitheamh Stoirme Ophelia ar fad. Méadaíodh ar an socrú stocshealbhóra atá ann cheana leis an Irish Farmers Journal trí chomhpháirtíocht a chur ar bun leis an gCónaidhm Tionscail Foirgníochta (CIF).

## GORTUITHE AMA CAILLTE ESB


### LTInna Fostaithe




### LTIanna conraitheoirí




### LTInna iomlána



# DAOINE

## STRAITÉIS DAOINE ESB

Is iad cumas agus tiomantas fostaithe ESB a chabhraíonn leis seasamh amach. In 2017, ba é Straitéis Daoine ESB a chuir an fócas agus an treo ar fáil don iliomad tionscnamh agus gníomh acmhainní daonna. Tá an straitéis deartha chun tacú leis an gcuspóir i Straitéis fhoriomlán ESB go dtí 2030 (Straitéis 2030) cultúr ardfheidhmíochta a sholáthar a thacaíonn leis an nuáil agus leis an gcomhoibriú. D'fhonn an chuspóra seo a bhaint amach dírítear ar na ceithre réimse seo a leanas:

- Daoine a fhorbairt
- Sláinte agus folláine fostaithe
- Éagsúlacht agus cuimsiú
- Rannpháirtíocht fostaithe

## DAOINE A FHORBAIRT

Tá líon áirithe próiseas comhtháite acmhainní daonna neadaithe san eagraíocht, rud a chinnteoidh go soláthróidh ESB a Straitéis 2030:

### Pleanáil Acmhainní

Tá an phleanáil straitéiseach acmhainne i ESB ailínithe le Straitéis 2030 agus le buiséid airgeadais a bhfuil sé mar aidhm acu riachtanais acmhainne amach anseo a shainmhíniú. Sainaithnítear leis an bpróiseas na líonta, na scileanna agus an cumas acmhainne a bheidh ag teastáil chun Straitéis 2030 a sholáthar go rathúil. Le linn an phróisis, sainaithnítear bearnaí ar bith idir na líonta reatha agus an cumas reatha agus na riachtanais amach anseo, agus comhaontaítear agus feidhmítear straitéisí dírithe ar an todhchaí chun acmhainní a chur ar fáil.

### Forbairt Fostaithe agus Bainisteoirí

Tá ESB tiomanta d'fhorbairt leanúnach a fhostaithe agus a bhainisteoirí. Tá sé tábhachtach go straitéiseach cumas fostaithe agus bainisteoirí a fhorbairt de réir mar a leanann ESB air ag tapú na ndeiseanna agus na ndúshlán a bhaineann le hoibriú ina gcomhshaoil chasta éagsúla. Tá daoine ag croílár Straitéise 2030, agus tá ESB tiomanta do dheiseanna a sholáthar ar ghairmeacha sásúla a bheidh nasctha le soláthar Straitéise 2030.
Tá Próiseas Feidhmíochta agus Forbartha ESB dírithe ar chumas agus cultúr ardfheidhmíochta a thógáil, agus tugann sé ardán chun an fhoghlaim spriocdhírithe agus réitigh forbartha a shainaithint agus a sholáthar. Mar chuid dár Ráiteas Luacha Fostaí tá Mol Gairmréime forbartha againn lena úsáid ag gach fostaí de chuid ESB. Tacaíonn an Mol le fostaithe chun na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn do raon feidhmeanna a shainaithint agus cinntíonn sé go mbíonn a bhforbairt gairmréime ag ailíniú le riachtanais ghnó na heagraíochta faoi láthair agus amach anseo.

Áiríodh i measc na dtionscnamh móra in 2017:

- Éabhlóidiú agus feabhsú leanúnach ar an **gCreat Forbartha Bainistíochta.**
- Rollaíodh amach an clár **Ceannairí Amach Anseo**, a ullmhaíonn ceannairí le bheith ina gceannairí cumasacha spreagúla, ar fud ESB.
- Tá **Creat Gairmréime** nua, ESB uile, forbartha, a bhfuil Mol Gairmréime nua digiteach mar bhonn agus mar thaca aige.
- Tionscnamh an-rathúil forbartha bainisteoirí i gcónaí is ea **Clár Bainistíochta Acmhainne Daonna do Bhainisteoirí**, arna chreidiúnú go hiomlán ag an Chartered Institute of Personnel and Development (CIPD) le 15 bliain.
- Soláthraíodh cláir chun Bainisteoirí a chumasú chun fostaithe a spreagadh agus a ghríosú i Straitéis 2030 agus i Luachanna nualéirithe.

Leanann ESB de bheith ag tacú le fostaithe agus bainisteoirí le cóitseáil, le forbairt leanúnach ghairmiúil (CPD), creidiúnú seachtrach agus cláir sheachtracha i scoileanna gnó in Éirinn agus thar lear.

### Earcaíocht agus Forbairt Céimithe agus Printíseach

Thosaigh 70 earcach nua, as disciplíní éagsúla, ar chlár céimithe in 2017. Áirítear ar an gclár forbartha ócáid ionduchtaithe arna bainistiú go lárnach, sannacháin oibre, oiliúint lasmuigh den áit oibre atá sainiúil do ghnó, forbairt scileanna pearsanta agus oiliúint éigeantach, arna tacú le caidreamh meantóireachta. Ina theannta sin, d'earcaigh ESB 60 printíseach nua in 2017 mar chuid dá sprioc straitéiseach, 300 printíseach nua ar a laghad a fhostú sa Ghrúpa idir 2015 agus 2020.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE FOSTAITHE

Tá ESB tiomanta do thacú go réamhghníomhach lena fhostaithe chun an tsláinte agus an fholláine a choimeád. Cabhraíonn Foireann Sláinte agus Folláine ESB lena fhostaithe a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach san áit oibre trí sheirbhísí sláinte agus folláine a sholáthar atá réamhghníomhach, coisctheach agus luath-idirghabhálach. Cuireann sé eolas agus comhairle ar fáil d'fhostaithe chun cabhrú leo stíl bheatha shláintiúil a chruthú agus a choimeád. Soláthraíonn an clár tacaíocht éifeachtach, de réir mar a bhíonn drochshláinte agus dúshláin eile ina saol pearsanta ag bagairt ar fhostaithe, trí sheirbhís mhíochaine sláinte gairme, Clár Cúnta d'Fhostaithe (EAP), seirbhís neamhspleách chomhairleach agus trí raon beart tacaíochta eile.

Maidir le sláinte agus folláine fostaithe, bhíothas ag díriú ar na nithe seo a leanas i mbliana:

- Lainse POWR (Positive Occupational Wellbeing Resource) gnáth-uirlis sláinte agus folláine ar líne.
- Clár closmhéadrachta a thairgtear do lucht foirne a mbíonn fuaim sa timpeallacht acu, ar timthriall trí bliana, atá dírithe ar oibrithe a chosaint ón riosca féideartha dá n-éisteacht.
- Lainse tairsí sláinte gairme ar líne tarchurtha cliant.
- Síneadh a chur leis an tsraith clár réamhghníomhacha sláinte atá ar fáil agus a n-áirítear uirthi seimineáir agus ceardlanna maidir le patrúin shláintiúla codlata a choimeád, obair sealanna a bhainistiú agus an t-eolas cothaitheach ar lipéid bia a thuiscint.

### Clár Cúnta d'Fhostaithe (EAP)

I rith na bliana tá oifigigh EAP tar éis tacaíocht agus eolas a chur ar fáil trína seirbhís faoi rún do bhreis is 1,000 fostaí.

### Clár Sláinte Réamhghníomach

Tá cláir réamhghníomhacha ESB dírithe ar chosc breoiteachta agus ar fholláine na bhfostaithe a chothabháil, chomh maith le deiseanna a thabhairt dóibh saol níos sláintiúla agus níos aclaí a bheith acu. Aithnítear gur gnáthchuid den saol é an strus, ach tá fiúntas ar leith ag baint lena leithéid seo de chláir ghníomhacha san ionad oibre a chabhraíonn le fostaithe a thabhairt faoi deara cathain a mbíonn siad faoi strus agus conas déileáil leis na dúshláin sin, ionas gur lú a dtionchar ar a bhfolláine. I measc na gclár agus na dtionscnamh a bhí ar fáil d'fhostaithe ESB i gcaitheamh na bliana bhí:

- Seimineáir agus ceardlanna i dtaca le meabhairshláinte dhearfach d'fhoirne, ithe le haghaidh fuinnimh, cúram droma agus bainistíocht airgeadais.
- Scagthástáil chardashoithíoch a tairgeadh do gach fostaí.
- Clár Iontrála sa Ghairm i gcomhair soláthair tionscnamh áitiúla réamhghníomhacha ag Seaimpíní Sláinte ESB.

## ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Tá tiomantas ESB obair i dtreo ionad oibre ina ndéantar níos mó iarrachta maidir le cuimsiú, fós faoi lánseol. Tá tábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe san ionad oibre ag méadú i gcónaí ó thaobh chumas an ESB chun príomhscileanna agus buanna a mhealladh, a choimeád agus fhorbairt. Déantar athbhreithniú ar Bheartais Comhionannais agus Ilchineálachta ESB go rialta, ar aon dul leis an reachtaíocht agus le dea-chleachtas, agus féachtar iontu le cultúr cuimsithe, measa agus dínite a chothú don duine aonair san ionad oibre agus do na custaiméirí a mbíonn ESB ag freastal orthu.

I measc na dtionscnamh móra in 2017 bhí:

- Buaiteoirí bródúla de Dhámhachtain Sármhaitheasa in Éagsúlacht ó Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra le haghaidh Clár ESB um Bhua Mná atá spreagúil agus cumasaithe.
- Leanadh le leathadh amach agus fás an Chláir um Aistrithe Tuismitheoireachta Rathúla a Bhainistiú agus tá sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí a bhíonn ag obair agus dá mbainisteoirí líne.
- Leanadh le leathadh amach agus fás an BeMe@ESB, Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe leispiacha, aeracha, déghnéasach agus trasinscne (LGBT) ESB.
- Tá sprioc 3% an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais maidir le fostaithe faoi mhíchumais a fhostú fós á sárú - 4%.
- Tá roghanna gairme i dtaca le heolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíon agus matamaitic (STEAM) fós á gcur chun cinn do mhná óga i gcomhar le hInnealtóirí Éireann, agus tugtar tacaíocht trí fheachtais agus imeachtaí inmheánacha agus seachtracha a spreagann feasacht.
- An éagsúlacht cultúr a cheiliúradh san ionad oibre le fostaithe de bhreis is 35 tír dhifriúla.
- Tháinig an Chomh-Chomhairle Comhionannais ESB a ionadaíonn na hAonaid Ghnó agus Grúpa na gCeardchumann go léir le chéile arís agus leanann sí ar aghaidh le feasacht a spreagadh chun a chinntiú go bhfuil ár n-ionaid oibre uileghabhálach, áit a bhfuil comhionannas deiseanna ann do gach duine agus áit ina dtiomsaíonn éagsúlacht ár ndaoine nuálaíocht agus fadhbréiteach cruthaitheach chun freastal ar chustaiméirí ESB.

## RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTAITHE

Feiceann ESB ar rannpháirtíocht fostaí mar riachtanas straitéiseach chun fostaithe a ghríosú agus a spreagadh chun a gcuid oibre is fearr a dhéanamh. Díríonn Straitéis Rannpháirtíochta Fostaí ESB ar na príomhréimsí seo a leanas; léiriú straitéiseach, ionracas, guth an fhostaí, bainisteoirí tarraingteacha, agus seachadadh na príomhthionscnaimh seo in 2017:

- **Léiriú Straitéiseach** – thosaigh clár a leathadh amach chun fostaithe a mhealladh agus a nascadh le Straitéis 2030.
- **Ionracas** – Forbraíodh Luachanna lárnacha eagraíochtúla nua ESB - de bheith comhbhách, misniúil, iontaofa agus díocasach - i gcomhairle le fostaithe, agus tá dáimh láidir ag daoine leo.
- **Guth an Fhostaí** – Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i ESB, agus trí chainéil éagsúla, tá an deis ag fostaithe ESB a gcuid tuairimí a chur ar fáil agus dul i mbun comhrá. Cruthaigh ionad oibre digiteach nua ESB, an Hub, le chéile le líonra sóisialta inmheánach bríomhar, spás sábháilte d'fhostaithe chun scéalta a bhaineann le tionscadail, tionscnaimh, gníomhaíochtaí sóisialta agus tuairimí iontacha a roinnt go hoscailte. Tugann an Suirbhé Bliantúil d'Fhostaithe deis do gach fostaí guth aonair agus guth comhchoiteann a bheith acu, rud a chabhraíonn le haonad oibre dinimiciúil a chruthú atá spreagúil agus tarraingteach.
- **Bainisteoirí Tarraingteacha** – Tá ról lárnach ag bainisteoirí ESB maidir le fostaithe a mhealladh agus a spreagadh agus tá cláir straitéiseacha á gcruthú chun Bainisteoirí a ullmhú agus a chumasú chun é seo a dhéanamh go héifeachtach.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Meánlíon na bhFostaithe | **7,790** | 7,597 |
| Mná | **23%** | 22% |
| Mná ar Leibhéal Bainistíochta | **21%** | 19% |
| Lánaimseartha | **93%** | 94% |
| Fostaithe faoi Mhíchumas | **4%** | 5% |

Cuimsítear i nóta 8 de na ráitis airgeadais an meánlíon fostaithe de réir aonad gnó.

# INBHUANAITHEACHT

Le 2017, foilsíodh foilseachán de Straitéis nua ESB go 2030 (Straitéis 2030), dírithe ar chuspóir ESB maidir le todhchaí níos fearr a chruthú do na custaiméirí agus na pobail a dhéanaimid freastal orthu trí aistriú chuig fuinneamh ísealcharbóin atá iontaofa agus inacmhainne.

Ullmhaíonn ESB tuarascáil inbhuanaitheachta bliantúla, atá ar fáil ó shuíomh gréasáin ESB (www.esb.ie) i gcomhréir leis na treoirlínte tuairiscithe inbhuanaitheachta domhanda ón Tionscnamh um Thuairisciú Domhanda.

| FÓCAS STRAITÉISEACH<br>CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA | DUL CHUN CINN LE LINN 2017 |
|---|---|
| Tús áite a thabhairt inár ngníomhaíochtaí uile, do riachtanais na gcustaiméirí, anois agus sa todhchaí | ■ Tionscadal RealValue - 500 baile agus gnó ar fud na tíre a mhealladh chun cumas an chórais leictrigh atá i bhfeidhm faoi láthair a thuiscint maidir leis an gcumas atá aige chun freastail ar oll-leictriúchán gléasanna ar bhealach comhordaithe. Thug sé seo deis do ESB an ailtireacht agus an struchtúr a theastaíonn chun struchtúir mhargaidh amach anseo a thuiscint.<br>■ Tionscadal RESERVE: – Tá sé mar aidhm aige tuiscint a fháil ar an ról gníomhach a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí atá ag glacadh páirte in oibríochtaí eangaí agus i gcothromú. Bunaíodh roinnt suíomhanna trialacha ar fud na tíre ag baint úsáide as Griantéamh Leictrithe agus stóráil ceallraí. Tá léargas ag ESB ar sholúbthacht sa todhchaí a d'fhéadfadh a bheith ag éileamh sa chóras.<br>■ Mar chuid den Scéim Dreasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, seachadadh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh go 28,000 baile ar fud Phoblacht na hÉireann in 2017.<br>■ Bíonn Electric Ireland i dteagmháil go leanúnach lena gcustaiméirí a bhfuil deacrachtaí acu lena gcuid billí fuinnimh a íoc. Tá Electric Ireland tiomanta d'idirghabháil luath chun cuidiú lenár gcustaiméirí a riaráistí a bhainistiú go freagrach thar thréimhse ama réalaíoch.<br>■ Cuireann Electric Ireland réiteach réamhíocaíochta ar fáil agus d'aontaigh sé 125,000 socrú íocaíochta saincheaptha le custaiméirí i rith 2017. Ní dhéantar soláthar a dhíscor ach amháin sa chás nach bhfuil aon rogha eile ann agus is ionann rátaí díscoir agus níos lú ná 25 in aghaidh an 10,000 custaiméir. |
| Fuinneamh glan slán inacmhainne a tháirgeadh, a nascadh agus a sholáthar | ■ Tháinig 95 MW d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh isteach in oibríochtaí tráchtála le linn 2017, le 173 MW á thógáil.<br>■ Ghin ESB iomlán de 1.715 TWh d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh in 2017. |
| Seirbhísí fuinnimh a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais margaidh atá ag teacht chun cinn | ■ Seachadadh iomlán de 156 GWh de Phríomh-Fhuinneamh Coibhéiseach (PFC) i gcoigilteas fuinnimh san earnáil neamhchónaithe agus 40GWh san earnáil chónaithe.<br>■ Trí ghnó na Seirbhíse Cliste Fuinnimh (SCF), suiteáladh an chéad chóras stórála mórscála um mhéadar ceallra ag suíomh custaiméara in Albain, ag laghdú éileamh an chustaiméara i rith buaicthréimhsí táille agus ag cur ESB ar a chumas ioncam a fháil trí sheirbhísí eangaí a chur ar fáil do National Grid UK.<br>■ shuiteáil ecars 20 luchtaire EV tapa, mar chuid de chlár Transport for London chun flít tacsaithe na cathrach a leictriú, agus de bharr sin is é ESB an soláthraí is mó de Lucht Feithicle Leictrí Tapa i Londain. |
| An gnó a fhás agus san am céanna, láidreacht airgeadais ESB a chothú | ■ Leanann ESB ar aghaidh sa tóir ar mhúnlaí gnó agus deiseanna margaidh nua d'fhonn deiseanna ioncaim ísealcharbóin nua agus nuálach a sheachadadh.<br>■ Chuir SES tionscadail ar fáil do 200 custaiméir ar luach €55 milliún le linn a chéad bhliain iomlán i bhfeidhm. |
| Cultúr ardfheidhmíochta a chur ar fáil ina dtacaítear le nuáil agus comhoibriú | ■ Leanann ESB ar aghaidh ag cothú cultúir atá ardfheidhmíochta, nuálach agus dírithe ar chustaiméirí agus a spreagann comhoibriú agus cumhachtú chun an timpeallacht tionscail atá ag athrú a láimhseáil. |

## SPRIOCANNA UM FHORBAIRT INBHUANAITHE NA NÁISIÚN AONTAITHE (SFIanna)

Glacadh i Meán Fómhair 2015, is éard atá sna SFIanna ná 17 sprioc agus 169 gcomhartha a bhaineann leo a théann i ngleic leis na dúshláin shocheacnamaíocha agus chomhshaoil is práinní agus cuireann siad deis ar fáil chun an domhan a chur ar shlí inbhuanaithe. Tá ról tábhachtach ag gnó maidir leis na SFIanna a bhaint amach agus ar bhealach éigin cuireann gníomhaíochtaí ESB le gach ceann de na 17 sprioc. Bunaithe ar nádúr an ghnó atá ag ESB agus ar a fhócas straitéiseach, d'aithin ESB roinnt SFIanna a ailíníonn go dlúth le saincheisteanna tosaíochta ESB agus réimsí a bhfuil tiomantas seanbhunaithe ag baint leo




Tá ESB ar bhealach chun punann giniúna ísealcharbóin a sheachadadh, agus ag an am céanna tá sé ag iarraidh inacmhainneacht fuinnimh agus slándáil an tsoláthair do chustaiméirí a chothabháil.










Tá ESB tiomanta d'ionad oibre éagsúil agus cuimsitheach agus d'infheistiú i ndaoine atá ag obair inti agus meas a bheith ag ESB orthu. Déanann ESB iarracht rochtain ar oideachas, uimhearthacht agus litearthacht a thacú agus a chur chun cinn agus tacaíonn sé le hábhair bhunaithe a bhaineann le STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic) chun líon na ndaoine ardoilte a fhorbairt agus a leathnú. Díríonn straitéis daoine ESB ar fhorbairt cumais don fhoireann atá ann agus ar earcú agus coinneáil foirne lena n-áirítear cláir earcaíochta nua do chéimithe agus do phrintísigh.




Chomh maith le nascanna in-athnuaite a éascú, lorgaíonn gnólachtaí líonra ESB dearadh a dhéanamh ar bhearta acmhainneachta agus oiriúnaithe agus iad a chomhthathú i ndearadh agus forbairt sócmhainní. Leanann ESB ar aghaidh sa tóir ar fheabhsúcháin éifeachtachta maidir le fuinneamh oibríochtúil, breosla agus úsáid acmhainní nádúrtha. Forbairt agus Lainseáil den Tuarascáil - "Todhchaí Ísealcharbóin na hÉireann - Gnéithe d'Fhreagra".

# ÚSÁID FUINNIMH IN 2017

Faoi Rialacháin (Éifeachtúlacht Fuinnimh AE) (I.R. Uimh.426 de 2014) 2014 ceanglaítear ar ESB a ídiú bliantúil fuinnimh a nochtadh, agus na tionscnaimh atá ar bun acu a achoimriú chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Déanann ESB monatóireacht agus tuairisciú ar thomhaltas fuinnimh os cionn na bonnlíne (2005 i gcás giniúna, 2006-2008 meánach i gcás oibriúchán gnó) agus tá sé tiomanta don fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear feabhas ar éifeachtacht fuinnimh ó oibríochtaí de 33% ar a laghad faoi dheireadh 2020.

## Giniúint

Caitear os cionn 90% d'fhuinneamh an ESB ar ghiniúint leictreachais. In 2017, d'ídigh an ESB 36,625 GWh d'fhuinneamh breosla iontaise agus leictreachas á ghiniúint i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. B'ionann na hastaíochtaí carbóin ó ghiniúint in 2017 agus 9.8 milliún tonna (uimhir shealadach go dtí go mbeidh sé sínithe ag an bhfíoraitheoir seachtrach).

## Oibríochtaí Gnó

Maidir le húsáid an fhuinnimh atá fágtha, is é an méid fuinnimh a úsáideann ESB ina fhoirgnimh an chionroinnt is suntasaí, agus ina dhiaidh sin, an fuinneamh a úsáidtear sa fhlít agus i gcairr phríobháideacha chun gnó ESB a dhéanamh. Ídítear an chuid is mó den fhuinneamh ar spás a théamh. Ídíodh 121.5 GW den choibhéis príomhfhuinnimh go hinmheánach inár ngníomhachtaí neamhghiniúna (bonnlíne de 167 GWh).

Os cionn ídiú na bonnlíne, sheachaid ESB feabhas 25.4% ar a ídiú PEE. Tá sin ar aon dul le cuspóir an Rialtais feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 san earnáil phoiblí.

Le linn 2017, ghlac Seirbhísí Chliste Fuinnimh ESB an ról maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta fuinnimh a chomhordú thar phunann réadmhaoine ESB. Tá úsáid fomhéadraithe, croílár agus próiseas bainistíochta fuinnimh a bhunú chun creat aisfheistithe LED a bhunú agus chun clár aisfheistithe d'fhoirgnimh ard-ídithe a chur chun tosaigh lárnach d'fheabhas leanúnach maidir le feidhmíocht fuinnimh thar na punainne. Chun athfhorbairt an fhoirgnimh ar Shráid Mhic Liam Íochtarach a éascú, athlonnaíodh thart ar 1,700 fostaí ó dhá shuíomh go dtí foirgneamh atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de. Beidh baint shuntasach ar fheidhmíocht fuinnimh sa todhchaí ag an athlonnú sealadach seo agus an filleadh deiridh go dtí na hoifigí athfhorbartha ar Shráid Mhic Liam Íochtarach.

**ÚSÁID FUINNIMH GINIÚNA IN 2017**

| FOINSE FUINNIMH | 2017* (GWh) | 2016 (GWh) |
|---|---|---|
| Gual | **10,091** | 12,807 |
| Gás nádúrtha | **21,981** | 18,839 |
| Móin | **4,253** | 4,629 |
| Ola | **300** | 553 |
| Iomlán | **36,625** | 36,828 |

**ÚSÁID FUINNIMH AG OIBRÍOCHTAÍ GNÓ IN 2017**

| FOINSE FUINNIMH | 2006 - 2008 Meánmhéid* (GWh) | 2017 (GWh) | ATHRÚ (GWh) |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | 39 | 29.8 | (9.2) |
| An Leictreachas mar Choibhéis Príomhfhuinnimh | 96 | 64.6 | (30.4) |
| **Breoslaí Iontaise** | | | |
| - Gás Nádúrtha | 1 | 2.8 | 1.8 |
| - Ola Téimh | - | - | - |
| - Díosal | 70 | 54.1 | (15.9) |
| Breoslaí Iontaise san Iomlán | 71 | 56.9 | (14.1) |
| Fuinneamh In-athnuaite | - | - | - |
| Iomlán na Coibhéise Príomhfhuinnimh | 167 | 121.5 | (45.5) |
| Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh | 30,414 kWh/FTE | 22,692 kWh/FTE | (7,722) kWh/FTE |

*Léiríonn an bhonnlíne ríomhanna maidir le comhlíonadh Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Figiúirí 2017 le haghaidh PEE mar a tuairiscíodh iad sa tuarascáil bhliantúil 2017 maidir le Feidhmíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí.

# FREAGRACHT CHORPARÁIDEACH SHÓISIALTA (CSR)

Ónar bunaíodh é in 1927, bhí tuiscint mhaith i gcónaí ag ESB ar fhreagracht shóisialta chorparáideach. Tacaíonn sé i gcónaí le pobail agus le cláir a fheabhsaíonn an chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta, agus bíonn sé i gcónaí ag cabhrú le solas agus fuinneamh a chur ar fáil do na daoine ar a bhfreastalaíonn sé, sa chaoi gur féidir le daoine agus le pobail barr feabhais a bhaint amach i ngach réimse den saol.

## CISTE UM FHUINNEAMH LE hAGHAIDH NA NGLÚN

Tá ESB tiomanta páirt a ghlacadh maidir le dul i ngleic le cuid de na príomhfhadhbanna atá romhainn sa tír faoi láthair. Bhí baint at ESB i maoiniú foirmiúil ó bunaíodh a Chiste um Chúnamh Leictreach Éireann i mí Iúil 2005. In 2014, athbhrandáladh an Ciste um Chúnamh Leictreach Éireann go dtí an Ciste um Fhuinneamh la haghaidh na nGlúnta. Is í an aidhm ata ag ESB maidir leis an gCiste um Fhuinneamh le haghaidh na nGlúnta ná cur chuige níos straitéisí a chur i bhfeidhm chun tionchar na hinfheistíochta a mhéadú a oiread agus is féidir.

Sa bhliain 2017, íocadh amach os cionn €3 mhilliún le haghaidh réimse leathan tionscnamh pobal agus tionscnamh dírithe ar shaincheisteanna. Bhain beagnach €1 milliún den mhéid seo le maoiniú díreach trí chiste ráithiúil, arna bhainistiú ag Coiste tras-ESB, a tugadh do 135 charthanas atá gníomhach sna réimsí cosc féinmharaithe, easpa dídine, agus rochtain is tacaíocht maidir le hoideachas. Tá na tionscadail seo fréamhaithe i bpobail ar fud na hÉireann agus is é a n-aidhm ná caighdeán saoil na ndaoine a chónaíonn sna pobail sin a fheabhsú.

Tugann an tábla thíos suíomhanna na dtionscadal ar fud na hÉireann a fuair maoiniú.

### Ceisteanna Oideachais

Cosúil le go leor cuideachtaí eile, tá ESB ar thóir fostaithe a bhfuil scileanna láidre acu san eolaíocht, sa teicneolaíocht, sa mhatamaitic agus sa litearthacht, agus tá na scileanna seo go léir bunaithe ar thús chomh maith agus is féidir a thabhairt do pháistí ó thaobh an oideachais de. Cabhraíonn cláir amhail Time to Read, MAKESHOP agus TechSpace le ESB é seo a dhéanamh, agus ag an am céanna, is deis iontach é d'fhostaithe, obair dheonach fhiúntach a dhéanamh sa phobal.

Ta ESB sásta leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do Choláiste Pobail Fíorúil An Cosán, an chéad ardán oideachais fhíorúil do dhaoine fásta in Éirinn riamh, a bhfuil d'aidhm aige níos mó oideachais agus oideachas níos airde a chur ar fáil ar fud na tíre, agus dul i ngleic le neamhionannas sóisialta le cabhair ó theicneolaíocht ar líne agus ó theicneolaíocht mhóibíleach.

In 2017, gheall ESB a thacaíocht do chlár Rochtana agus Printíseachta ITBÁC a bhfuil d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na constaicí reatha atá roimh dhaoine óga ó cheantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch printíseacht a fháil. Ina chéim phíolótach, earcóidh an clár 48 duine óga idir 16-24 mbliana d'aois ó phobail i gcathair Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh tacaíocht ESB scileanna riachtanacha agus eolas ar fáil do dhaoine óga áitiúla a theastaíonn uathu chun gairm bheatha sásúil a thosú trí phrintíseacht.

### Cosc Féinmharaithe

Is é ceann de na príomhréimsí oibre le deich mbliana anuas ná cosc agus tacaíocht féinmharaithe. Chun é seo a léiriú, thug ESB breis is €6.5 milliún do sheirbhísí féinmharaithe le dhá bhliain dhéag anuas. Is ceist an-tromchúiseach é féinmharú atá bainteach le gach pobal sa tír, agus d'aithin ESB an gá atá ann maidir le tacú le seirbhísí láidre agus acmhainneach agus le hacmhainn a fhorbairt san earnáil seo. Trí iarrachtaí CSR (freagracht shóisialta chorparáideach) a ailíniú le polasaí náisiúnta, tá ESB tiomanta do ról lárnach a bheith aige maidir le cur le feabhas níos leithne ar shochaí na hÉireann.

Thosaigh ESB comhpháirtíocht 3 bliana le Aware chun tacú le cur i bhfeidhm ar fud na tíre de na cláir Scileanna Saoil do Scoileanna do mhic léinn san Idirbhliain. Tá sé mar aidhm ag an dianchlár 4 seachtaine seo daoine óga a mhúineadh conas a gcuid mothúchán, a bhfearg agus a gcantal a bhainistiú, agus conas déileáil le go leor dúshlán a d'fhéadfadh teacht le linn na hógántachta, chun a sláinte a fheabhsú.

## CISTE UM FHUINNEAMH LE HAGHAIDH NA NGLÚN



In 2017, gheall ESB a thacaíocht do Jigsaw's MyWorld Suirbhé 2, an staidéar taighde is mó dá chineál a rinneadh in Éirinn riamh, dírithe ar thírdhreach meabhairshláinte na hóige a mhapáil sa lá atá inniu ann. Déanfaidh an staidéar an t-eolas comhcoiteann i réimse meabhairshláinte na hóige a fheabhsú ionas gur féidir an domhan a fheiceáil trí shúile na ndaoine óga agus an bealach is fearr a aithint chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

## Dúshlán 90 le haghaidh 90

Cheiliúir ESB 90 bliain de ESB in 2017 agus rinneadh ESB an cinneadh úsáid a bhaint as a cheiliúradh 90 bliain chun difríocht dhearfach a dhéanamh ina phobail agus dár sláinte. Trí Chiste ESB um Fhuinneamh le haghaidh na nGlúnta, tugtar an deis d'fhostaithe ESB chun vóta a chaitheamh don charthanas is mó a theastaíonn uathu go dtabharfaidh ESB a thacaíocht dó. Tuilleadh vótaí trí 90 ciliméadar a dhéanamh trí bheith gníomhach. Thug imeachtaí ESB amhail Power Challenge agus an rothaíocht bhóthair 90 bliain cabhair d'fhostaithe an 90 ciliméadar a dhéanamh, chomh maith le himeachtaí nach riabh bainteach le ESB amhail mionmharatóin, maratóin agus Rití sa Pháirc áitiúil. Fuair sé charthanas – Aware, Clanna Síomóin na hÉireann, ElectricAid, Coláiste Pobail Fíorúil An Cosán, Aware Northern Ireland agus Cros Dhearga na hÉireann - - sciar de €90,000 ag deireadh an Dúshláin.

## Tacaíocht d'Obair Dheonach na bhFostaithe

Aithníonn ESB nach bhfuil maoiniú ach cuid den scéal agus is gá do ESB tionchar na scileanna agus eolais atá laistigh de ESB a threisiú chun torthaí níos dearfaí agus níos inmharthana a bhaint amach. Déanann an ESB iarracht a fhostaithe a spreagadh le hobair dheonach a dhéanamh, mar aon le tacaíocht a thabhairt don phobal áitiúil, agus reáchtálann an Ciste Fuinneamh le hAghaidh na nGlúnta clár deonach cuimsitheach agus soláthraíonn sé tacaíocht d'fhostaithe ESB a dhéanann obair dheonach ina bpobail féin. Fostaí ar bith a bhfuil os cionn fiche uair an chloig d'obair dheonach déanta aige le carthanas, is féidir leis iarraidh ar an ESB €250 a bhronnadh ar an eagraíocht sin. Bhí freagairt mhaith ar an tionscnamh seo, agus tugadh síntiúis do réimse leathan de charthanachtaí lena n-áirítear Alone, Fondúireacht COPE, Scouting Ireland, Oilimpicí Speisialta Éireann agus Naomh Uinseann de Pól. Taifeadadh níos mó ná 40,000 uair deonach ag fostaithe in 2017.

## CISTE POBAIL FEIRME GAOITHE

Tá ESB tiomanta do bheith mar chomharsa mhaith agus do thacaíocht a thabhairt do phobail ina n-oibríonn sé. Tá sé seo mar chuid de thiomantas ESB chun tairbhí buana agus soiléire a áirithiú sna pobail atá timpeall a fheirmeacha gaoithe. Trí breis is €1.1 milliún a chur ar fáil do ghrúpaí gar d'fheirmeacha gaoithe ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire, tá ESB ag cur le forbairt bonneagair agus seirbhísí riachtanacha, agus tá sé ag cur le todhchaí níos fearr a chruthú do chónaitheoirí ina phobail tuaithe atá in aice láimhe.

## URRAÍOCHT

Tá punann ghníomhach urraíochta á bainistiú ag an nGrúpa sna réimsí seo a leanas:

- Daoine óga i spórt a chur chun cinn trí Chraobhchomórtas Mionúir na hÉireann Electric Ireland agus rugbaí na hÉireann faoi 20
- Bródúil as a bheith inár dtacaí agus urraitheoir d'imeacht bliantúil Pieta House, Darkness into Light
- Ag tacú leis na healaíona agus leis an gceol trí urraíochtaí don Fheis Cheoil, don Phicnic Leictreach agus do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Ag tacú le forbairt scileanna san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, san ealaín agus sa mhatamaitic trí chomhpháirtíochtaí le Web Summit, Gailearaí na hEolaíochta Bhaile Átha Cliath, City Spectacular, agus Innealtóirí Éireann
- Ag tacú le Clár Náisiúnta Fhorbairt na hÓige Naomh Uinseann de Pól, a bhfuil d'aidhm aige dearcaidh dhiúltacha ar dhaoine óga a athrú agus bród a chothú maidir leis an tionchar dearfach a bhíonn ag daoine óga ar shochaí na hÉireann

## DÁMHACHTAIN AITHEANTAIS INBUSINESS – FIÚNTAS SPEISIALTA

Bhuaigh ESB an Gradam Fiúntais Speisialta ag Dámhachtainí Aitheantais InBusiness 2017. Fuair ESB an gradam is airde mar aitheantas ar ár ngníomhaíochtaí cuimsitheacha agus seasmhacha i CSR, agus de bharr ár dtiomantas leanúnach do rannpháirtíocht pobail agus do chleachtais gnó atá freagrach.

## CSR IDIRNÁISIÚNTA

Is é ElectricAid carthanas ceartas sóisialta agus forbartha fostaithe agus pinsinéirí ESB (agus EirGrid). Tá ElectricAid á rialú ag an 2,650 ball a thugann tabhartais dó agus faigheann sé tacaíocht láidir leanúnach ó ESB, i bhfoirm tabhartais chomhfhreagracha 2:3, suas chuig uasmhéad de €250,000. Is scéal rathúil 30 bliain é ElectricAid agus is é an carthanas ceirdbhunaithe is mó sa tír.


In 2017, thacaigh ElectricAid le 150 tionscadal forbartha agus fóirithinte agus chuir sé maoiniú breis is €1.2 milliún ar fáil chuige sin. Soláthraíodh maoiniú in Éirinn agus in 37 tír éagsúil i mbéal forbartha san Áise agus san Afraic fho-Shahárach. Léirítear tionchar maoinithe ElectricAid ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe sa tábla thíos.

Gheall ElectricAid €121,000 do phráinnfhreagairtí in 2017 - go príomha freagairtí ar an nGéarchéim Bia san Afraic Thoir agus ar thuilte san Áise Theas. D'éascaigh Achainí Speisialta rathúil ar ár mbaill agus ár lucht tacaíocht.

Ta cóip den tuarascáil bhliantúil ElectricAid le fáil ar shuíomh gréasáin ElectricAid – www.electricaid.ie.

Déanann Figiúr 1 cur síos ar mhaoiniú a chur Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ar fáil in 2017.

## FIGIÚR 1: CISTIÚ ELECTRIC AID 2017 DE RÉIR SDG



# ÁR MBRABÚS A ÚSÁID AR BHEALACH INBHUANAITHE

## INFHEISTÍOCHT

Beagnach €1 billiún a infheistiú in aghaidh na bliana chun timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe a chothú, agus soláthar leictreachais sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil do thithe agus do ghnóthais chun tacú le fás eacnamaíoch

**€867 MILLIÚN**

## CÁNACHA

Íocaíochtaí bliantúla de réir ceanntáisc éagsúla

**OS CIONN €500 MILLIÚN**




## FOSTAÍOCHT

Cur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le fostaithe, an t-am a chur ar fáil dóibh lena gcuid scileanna a fhorbairt agus an deis a thabhairt dóibh dul chun cinn a dhéanamh ar a ngairm réime. Tacú le poist trí chonarthaí seirbhíse conraitheora agus soláthraí

**EARCAÍODH 130 PRINTÍSEACH AGUS CÉIMÍ IN 2017**

## TORTHAÍ DON SCAIRSHEALBHÓIRÍ

Díríonn ESB ar dhíbhinn bhliantúil de 40% de bhrabúis choigeartaithe iarchánach

**€60 MILLIÚN DO 2017**

## AG TACÚ LEIS AN BPOBAL

Tá sé mar aidhm aige an clár freagrachta sóisialta corparáidí a úsáid chun daoine agus an pobal a chumhachtú agus cur lena saol

**€10 MILLIÚN LE DEICH MBLIANA ANUAS**




## INFHEISTEOIRÍ FIACHAIS

Ús bliantúil agus aisíocaíochtaí

**€650 MILLIÚN**

## SÁSAMH CUSTAIMÉIRÍ CÓNAITHE

Táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt do chustaiméirí, atá dírithe ar eispéireas an chustaiméara a fheabhsú agus an custaiméir a chumhachtú

**95%**

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Le 90 bliain anuas,** tá ESB tar éis a chion a dhéanamh chun sláine, cothromas agus inacmhainneacht fuinnimh a chinntiú laistigh den chóras fuinnimh, ó leictriú Éireann go seoladh leathanbhanda, chun feidhmiú ar mhaithe leis an tír agus chun tús áite a thabhairt do rath agus leas an phobail.

Is iad ár ndíograis chun freastal ar an tsochaí, ár gcumas chun cur lenár ngealltanais, agus na luachanna atá ina mbonn lenár gcuid oibre atá tar éis tacaíocht thréan an phobail linn a láidriú agus ár saincháil mar cheannasaí freagrach tiomanta iontaofa a spreagadh. Is de bharr na dtréithe sin atá ESB fós tábhachtach agus láidir ó thaobh an airgeadais de, i dtírdhreach fuinnimh atá ag éirí níos iomaíche i rith an ama.

Is é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá romhainn inniu, ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain. Is léir a thionchar sin cheana ón méadú atá tagtha ar phátrúin aimsire foircní, chomh maith le heasáitiú pobal agus leibhéil farraige atá ag dul in airde. Tá tionchar á imirt cheana ar an tsochaí in Éirinn mar thoradh ar stoirmeacha, tuilte, ganntanais uisce agus cur isteach ar phlandaí, ainmhithe agus iascach.

Tá ESB suite san áit cheart le tabhairt faoi bhearta agus a bheith ina cheannasaí maidir le hastaíochtaí carbóin Éireann a laghdú, agus ar an mbealach seo, beidh seans againn freastal níos fearr ar ár gcustaiméirí agus fás inbhuanaithe a bhaint amach.




01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# AN BORD IN 2017

Tá an Bord mar cheannasaí agus treoraí ar an ngnóthas, agus is é atá freagrach as rath fadtéarmach ESB. Ní dhéantar aon chinneadh sula gcuirtear an t-eolas ábhartha ar fad faoi bhráid chomhaltaí an Bhoird agus tar éis plé cuimsitheach a bheith déanta ar na rioscaí a aithnítear tríd an bpróiseas bainistithe riosca. Cabhraíonn an Bord le forbairt moltaí maidir le straitéis agus ceistíonn na moltaí seo go dearfach; ansin déanann an Bord na moltaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh.



## ELLVENA GRAHAM OBE

Cathaoirleach

**Ceapachán don Bhord:** Meán Fómhair 2010 agus ceapadh í ina Cathaoirleach ó Iúil 2015 i leith.
**Sealbhaíocht:** Seacht mbliana agus trí mhí (dhá bhliain agus cúig mhí mar Chathaoirleach).
**Taithí ghairme:** Tá breis is 30 bliain de thaithí ag Ellvena sa bhaincéireacht, agus bhí an post is déanaí dá cuid ar leibhéal Bainistíochta Feidhmiúcháin le Banc Uladh, mar a raibh sí ina Ceann Bhanc Uladh i dTuaisceart Éireann agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Bhaincéireacht do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SME) ar fud oileán na hÉireann. Tá taithí idirnáisiúnta ag Ellvena laistigh den Royal Bank of Scotland (RBS) Group ina iomláine, agus bhí sí ina ceannaire ar oibríochtaí ar mhórscála san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Aifric. Comhalta den Institiúid Bancéireachta.
**Ceapacháin sheachtracha:** Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh maidir leis an nGeilleagar (EAG) i dTuaisceart Éireann. Uachtarán Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail Thuaisceart Éireann agus Cathaoirleach na cuideachta Belfast Waterfront agus Ulster Hall Ltd.



## PAT O'DOHERTY

Príomhfheidhmeannach

**Ceapachán don Bhord:** Mar chomhalta Boird ó Eanáir 2013 agus ina Phríomhfheidhmeannach ó Nollaig 2011.
**Sealbhaíocht:** Cúig bliana mar chomhalta den Bhord.
**Taithí ghairme:** Bunchéim agus céim mháistreachta san innealtóireacht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Roimhe sin, bhí Pat i gceannas ar na gnóthais is mó de chuid ESB, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB International, Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ESB Power Generation. Chríochnaigh sé an tArdchúrsa Bainistíochta in Harvard Business School.
**Ceapacháin sheachtracha:** Tá sé ina Iontaobhaí ar Bhord Comhdhála na Stát Aontaithe, ina Stiúrthóir ar Energy UK agus ina Chathaoirleach ar Chomhairle Printíseachta Éireann.



## ANNE BUTLER

Comhalta Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Samhain 2012.
**Sealbhaíocht:** Cúig bliana agus dhá mhí.
**Taithí ghairme:** Innealtóir cairte. D'oibrigh sa réimse comhairleacht innealtóireachta le haghaidh údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath, agus bhí sí mar Stiúrthóir bunaidh (Feidhmiúcháin) ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Iar-Uachtarán Institiúid na nInnealtóirí agus ball d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.
**Ceapacháin sheachtracha:** Bhí sí ar roinnt mhaith Bord, lenar áiríodh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT), agus tá sí faoi láthair ar Bhord REPAK agus ar Bhord Forbartha an Ospidéil Phéidiatraigh Náisiúnta.



## DAVE BYRNE

Oibrí is Comhalta den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Seacht mbliana.
**Taithí ghairme:** Is ball foirne é i bhfoireann atá mar chuid d'eagraíocht Ionad Seirbhíse Gnó ESB faoi láthair, agus d'oibrigh sé in ESB Soláthar Custaiméara (ar a dtugtar Electric Ireland anois) roimhe seo.
**Ceapacháin sheachtracha:** Uachtarán Chumann Oifigeach ESB (ESBOA) go dtí Aibreán 2010 agus ceaptha ina dhiaidh sin mar ionadaí an Ghrúpa Ceardchumann sa Chomhpháirtíocht Lárnach.



## ANDREW HASTINGS

Comhalta Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Iúil 2015.
**Sealbhaíocht:** Dhá bhliain agus sé mhí.
**Taithí ghairme:** Comhairleoir Gnó agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách tar éis gairm 30 bliain a chur de sa réimse seirbhísí baincéireachta agus airgeadais. Is Stiúrthóir Cairte, Baincéir Cairte agus Stiúrthóir Deimhnithe Bainc é, a bhí ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Barclays Bank Ireland plc go dtí Márta 2015, agus é freagrach as Tuaisceart Éireann freisin. Roimhe sin, ba Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin é in BNP Paribas Ireland ó 2007 go 2011.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir Elavon Financial Services DAC, fochuideachta i mBaile Átha Cliath de chuid Bancorp na Stát Aontaithe, Pepper Finance Corporation (Éireann) agus Stiúrthóir Carrick Laurel Consulting Limited. Comhpháirtí le AP Partners agus comhairleoir do Valuation Consulting LLP, atá lonnaithe i Londain. Cathaoirleach den Fhóram Neamhspleách Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin i gCónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann.



## SEÁN KELLY

Oibrí is Comhalta den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2011 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Seacht mbliana.
**Taithí ghairme:** Gairm 20 bliain in ESB Networks, sa réimse Seirbhísí Sábháilteachta agus Teicniúla faoi láthair. Tá céim onóracha aige sa ghnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ard-dioplóma san eadráin agus sa réiteach coimhlinte ó Ollscoil Mhá Nuad. Tá deimhnithe sláinte agus sábháilteachta aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, chomh maith le deimhniú sa stiúrthóireacht cuideachta ó Institiúid Stiúrthóirí Éireann.
**Ceapacháin sheachtracha:** Iar-Chathaoirleach Choiste Aoisliúntais Sochair Sainithe ESB, Cathaoirleach den Choiste Náisiúnta um Shábháilteacht Líonraí agus Oifigeach Oiliúna don Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe. Is ball é d'Institiúid Eadránaithe na hÉireann.



**PAUL LYNAM**
Comhalta Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Deireadh Fómhair 2016
**Sealbhaíocht:** Aon bhliain agus trí mhí.
**Taithí ghairme:** Baitsiléir Eolaíochta san eolaíocht anailíseach ó DCU, dioplóma iarchéime sa staidéar gnó ó UCD agus Máistreacht sa Riarachán Gnó ó City University Seattle, a chríochnaigh sé le linn dó a bheith ag obair sa Ghearmáin. Tá 25 bliain taithí san iomlán aige sa réimse gnó agus is Príomhoifigeach Feidhmiúcháin é i gClinic Whitfield, ospidéal príobháideach neamhspleách. Roimhe seo, chaith sé 5 bhliain mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Siemens Limited in Éirinn agus ba Phríomhoifigeach Airgeadais é sa chuideachta chéanna sa tréimhse 2008 go 2010. Roimh an 10 mbliain a chaith sé le Siemens, bhí Paul i mbun róil bhainistíochta éagsúla in Smurfit Group agus Kappa Packaging sa Ghearmáin ar feadh 14 bhliain.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir ar Siemens Limited Éireann idir 2008 agus 2015, agus Stiúrthóir ar chuideachtaí a bhain le Clinic Whitfield.



**NOREEN O'KELLY**
Comhalta Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Aibreán 2013.
**Sealbhaíocht:** Ceithre bliana agus ocht mí.
**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a fuair oiliúint in KPMG. Bhí roinnt post sinsearach aici in Independent News and Media Group, mar Cheann Cistíochta agus Rúnaí an Ghrúpa, agus ba Rúnaí Cuideachta í freisin ar C&C Group. Is comhairleoir faoi láthair í sa réimse rialachais chorparáidigh.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir, Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta Rehab agus comhalta seachtrach de Choiste Iniúchóireachta Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.



**TONY MERRIMAN**
Oibrí is Comhalta den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2007 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Aon bhliain déag.
**Taithí ghairme:** Thosaigh sé ag obair le ESB mar theicneoir gréasáin in 1979. Bhí sé ina oifigeach ar Ghrúpa Ceardchumann ESB.
**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta Boird ESB ESOP Trustee Limited agus Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí is Oibrithe.



**PETER O'SULLIVAN**
Oibrí is Comhalta den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Eanáir 2015 faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.
**Sealbhaíocht:** Trí bliaina.
**Taithí ghairme:** Chuaigh sé isteach san ESB don chéad uair mar theicneoir líonra in 1980. Ba eisean an tIonadaí Sábháilteachta i gCiarraí / in Iarthar Chorcaí é roimhe sin.
**Ceapacháin sheachtracha:** Iar-Uachtarán an Chomhlachais Teicneoirí Líonra, ball idirbheartaíochta den Ghrúpa Ceardchumann. Ina Chomhalta Boird ar ESB ESOP Trustee Limited.



**ALF SMIDDY**
Comhalta Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Deireadh Fómhair 2016.
**Sealbhaíocht:** Aon bhliain agus trí mhí.
**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a fuair oiliúint in PwC. Cathaoirleach agus Stiúrthóir Bainistíochta Beamish & Crawford plc, a bhfuil a cheanncheathrú i gCorcaigh, le breis is 12 bhliain, agus comhalta ar Bhord a mháthairchuideachta Scottish & Newcastle (UK) Ltd. Comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Stiúrthóir Chomhlachas Chorcaí, Cathaoirleach Choiste Rialtais Áitiúil Chorcaí agus ball de Bhord Údarás Aerfort Chorcaí. Comhalta d'Institiúid Margaíochta na hÉireann.
**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir Sinsearach Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar Dalata Hotel Group Plc, Cathaoirleach Quintas (Cuntasaíocht, Cánachas agus Airgeadas Corparáideach) agus Stiúrthóir ar Chiste Nuála Sóisialta Éireann, a dtacaíonn an Rialtas leis.



**NOREEN WRIGHT**
Comhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord

**Ceapachán don Bhord:** Meitheamh 2011.
**Sealbhaíocht:** Sé bliana agus sé mhí.
**Taithí ghairme:** Glaodh chun Bharra Thuaisceart Éireann uirthi in 1976. D'oibrigh sí sa tionscadal leictreachais ar feadh 25 bliain agus bhí roinnt post ardbhainistíochta aici in Northern Ireland Electricity plc agus Viridian Group plc, Rúnaí na Cuideachta agus Ceann Seirbhísí Dlí san áireamh.
**Ceapacháin sheachtracha:** Gúistís Tuata, comhalta de Bhinse Tionsclaíoch agus de Bhinse Fostaíochta Thuaisceart Éireann, agus Comhalta de Bhinse Luachála Thuaisceart Éireann. Stiúrthóir Camerata Ireland.

## SONRAÍ FAOI BHALLRAÍOCHT COISTÍ


- AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA — LEATHANACH 89
- AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL — LEATHANACH 96
- AN COISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ — LEATHANACH 96
- AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA — LEATHANACH 97
- AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA — LEATHANACH 97


01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AR RIALACHAS CORPARÁIDEACH



Is bunchloch de chruthú luach fadtéarmach ESB é an dea-rialachas agus tá Bord ESB agus mé féin, mar Chathaoirleach, ag díriú go mór air sin. Óna thaobh sin de, agus ar aon dul le Cód na Ríochta Aontaithe um Rialachas Corparáideach 2016 (Cód na Ríochta Aontaithe), feictear dúinn go bhfuilimid freagrach as aidhmeanna fadtéarmacha an Ghrúpa a bhaint amach, ceannasaíocht agus treorú a chur ar fáil don ghnóthas ina iomláine, agus tacaíocht agus dúshláin a chur roimh na bainisteoirí chun na torthaí is fearr a fháil d'ESB agus dá bpáirtithe leasmhara.

Tá an saineolas is gá ag na bainisteoirí chun riachtanais oibriúcháin an ghnóthais a shásamh. Ní faoin mBord atá sé an obair sin a dhéanamh arís. Ach ceistímid rudaí agus tacaímid leis na bainisteoirí i gcomhréir le luachanna agus treoir straitéiseach ESB. Dar linn, na cinntí is fearr a dhéantar, is toradh iad ar an gcaidreamh gníomhach seo idir an Bord agus na bainisteoirí.

## RIALACHAS

Agus é ag tabhairt faoina spriocanna rialála a bhaint amach, déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stát 2016 (Cód an Stáit) a chomhlíonadh. Anuas air sin, ós rud é gur corparáid reachtúil é ESB, déanann sé Cód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn Rialachas Corparáideach na hÉireann a chomhlíonadh go deonach, a oiread agus is féidir. Ar an mbealach seo, cloíonn ESB chomh dlúth agus is féidir leis na caighdeáin liostaithe maidir le rialachas cuideachtaí.

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) Cód Stáit leasaithe i mí Lúnasa 2016. I mí na Samhna 2017, d'fhoilsigh an DPER Treoir ar na hImpleachtaí do na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus an Tuarascáil Bhliantúil chun soiléiriú a thabhairt ar nochtadh faisnéise breise áirithe agus ar cén áit í seo a aimsiú.
Tá baint ag an gCód Stáit 2016 le ESB don chéad uair le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017. Tá na bearta cuí curtha i bhfeidhm ag ESB chun an Cód Stáit a chomhlíonadh, ina leagtar amach an creat rialachais a d'aontaigh an Rialtas don bhainistíocht inmheánach agus do chaidrimh inmheánacha agus seachtracha na gComhlachtaí Stáit. Déanann ESB athbhreithniú agus nuashonrú ar a chuid beartas agus nósanna imeachta ar bhonn leanúnach chun comhlíonadh Chód an Stáit a chinntiú agus tuairiscítear an comhlíonadh sin gach bliain don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Bord sásta go bhfuil riachtanais an Chóid Stáit comhlíonta ag ESB. Cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar bhonn bliantúil ina ndearbhaítear go bhfuil an Cód Stáit á chomhlíonadh.

Tá an Bord sásta go bhfuil na bearta cuí curtha i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil fochuideachtaí Éireannacha ESB ag comhlíonadh cheanglais bhainteacha Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá a Chód Eitice féin glactha ag ESB, ina leagtar amach ár gcur chuige i leith iompar freagrach eiticiúil. Is é bunphrionsabal an Chóid Eitice gur trí chloí leis na caighdeáin is airde ionracais, dílseachta, cothromais agus rúndachta, agus trí na riachtanas uile dlíthiúla agus rialála a shásamh is fearr a mbeidh fostaithe ESB chun leasa na cuideachta. Déanann an Bord athbhreithniú ar an gCód Eitice ar bhonn bliantúil agus foilsítear é ar inlíon an ESB. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa imscrúdú ar aon sárú a ndearna tuairisciú air agus cuireann siad an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an eolas faoi.

Tá cur síos ar ár gcreat comhlíonta rialachais leagtha amach ar leathanaigh 81 go 88.

## ÉIFEACHTACHT AN BHOIRD

Bíonn an Bord ag féachaint i gcónaí lena éifeachtacht a fheabhsú. Cuirtear seo i bhfeidhm ar bhonn leanúnach neamhfhoirmeálta mar thoradh ar phlé i measc chomhaltaí an Bhoird agus aiseolas a thugtar don Chathaoirleach agus do Rúnaí na Cuideachta. Cuirtear measúnú foirmeálta i bhfeidhm gach bliain, ach gach tríú bliain, is meastóir seachtrach a dhéanann é seo go neamhspleách. Tharla ceann de na hiniúchtaí neamhspleácha sin go luath in 2017 agus ba é an tInstitiúid Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte (ICSA) a chuir i bhfeidhm é; níl ceangail d'aon saghas eile acu le ESB. Ba é aidhm an mheasúnaithe ná feidhmíocht an Bhoird ina iomláine a athbhreithniú agus réimsí a shainaithint ar gá iad a fheabhsú. Ba dhearbhú iad na torthaí go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtúil, agus tá míniú iomlán den phróiseas agus torthaí an phróisis leagtha amach ar leathanach 84.

## ATHRUITHE AR AN MBORD AGUS AR AN gCOISTE

Is beag athrú atá tagtha ar an mBord i mbliana, ós rud é go bhfuil an Grúpa fós ag baint leas as taithí agus éagsúlacht a gcomhaltaí reatha. Bunaíodh Coiste nua in 2017, dá nglaoitear an Coiste Margaíochta agus Custaiméirí. Is é aidhm an Choiste seo ná tacaíocht a sholáthar don Bhord ar son Ghrúpa ESB sna réimsí ríthábhachtacha maidir le hiomaíocht, caidrimh le custaiméirí, dea-cháil, margaíocht agus díolachán.

Bhí athruithe ar bhallraíocht Coistí le linn na bliana, agus tá cur síos ar na Coistí athchumtha agus a ngníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana leagtha amach ar leathanaigh 89 go 97.

## BAINISTIÚ RIOSCA

Is tosaíocht ríthábhachtach fós iad bainistiú riosca agus tuairisciú don Bhord agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca araon, agus is gnéithe lárnacha de chur chuige ESB i leith bainistiú riosca iad Beart Riosca ESB agus creat láidir rialaithe inmheánaigh sa chuideachta. Cé gurb é an Bord atá iomlán freagrach as cur chuige an Ghrúpa i leith riosca, is é an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca atá freagrach as tacú le hathbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh agus an bhainistithe riosca, agus bhí ról lárnach ag an gCoiste sin in 2017 maidir le cinntiú gur daingníodh an rialachas agus an ceistiú cuí i dtaca le riosca agus dearbhú ar fud an Ghrúpa. Leagtar amach an cur chuige seo i leith riosca sa Tuarascáil Riosca ar leathanaigh 24 go 37.

## ÉAGSÚLACHT AN BHOIRD


Tá an Bord lántiomanta d'éagsúlacht mar luach lárnach, ar mhaithe leis féin agus ar mhaithe leis an nGrúpa ina iomláine, agus meastar go bhfuil tábhacht ag baint leis seo maidir le cur i gcrích chuspóirí gnó ESB. Leanfaidh an Bord dá thiomantas go mbeadh cothromaíocht optamach scileanna, taithí agus éagsúlachta ag a chomhaltaí. Tá sonraí na gcomhaltaí Boird leagtha amach ar leathanaigh 78 go 79.

## CULTÚR

Is maith an rud don ghnó é dea-rialachas agus tá sé bunaithe ar inniúlacht, trédhearcacht agus freagracht. Agus muid ag dréim lenár spriocanna a bhaint amach, tá an Bord agus na bainisteoirí tiomanta a bheith inniúil trédhearcach agus freagrach i ngach gníomh dár gcuid. Sa ról atá agam mar Chathaoirleach, táim freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn an Bord go héifeachtúil, agus chuige sin, éascóidh mé rannpháirtíocht iomlán gach comhalta Boird agus cinnteoidh mé cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus geallsealbhóirí ESB.

## CRÍOCH

Sna leathanaigh thíos, cuirimid síos go mion ar an mbealach ar chomhlíon an Bord agus a gCoistí a bhfreagrachtaí le linn na bliana lena chinntiú go ndaingneofar cleachtais rialachais láidre ar fud an Ghrúpa.



Ellvena Graham, OBE
Cathaoirleach
1 Márta 2018

# TUARASCÁIL RIALACHAIS AN BHOIRD

## PRIONSABAIL AN RIALACHAIS

Agus é ag tabhairt faoina spriocanna rialachais a bhaint amach, déanann ESB an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stát 2016 (Cód an Stáit) a chomhlíonadh a oiread agus is féidir, mar aon le Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2016 (Cód na Ríochta Aontaithe) agus Iarscríbhinn Rialachas Chorparáideach na hÉireann (Iarscríbhinn na hÉireann). Is féidir cóip den Chód Stáit a fháil ó láithreán gréasáin an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, www.per.gov.ie agus is féidir cóip de Chód na Ríochta Aontaithe a fháil ó láithreán gréasáin na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais, www.frc.org.uk, agus tá cóip d'Iarscríbhinn na hÉireann ar fáil ag www.ise.ie.

Leagann Cód na Ríochta Aontaithe cúig phrionsabal rialachais amach : Ceannasaíocht, Éifeachtacht, Cuntasacht, Luach Saothair agus Caidreamh le Geallsealbhóirí. Tá Tuarascáil Rialachais an Bhoird leagtha amach dá réir.

## 1 CEANNAIREACHT

### AN BORD

Tugann an Bord ceannaireacht don Ghrúpa go díreach nó trí obair na gCoistí, agus déanann sé ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais a bhreithniú go neamhspleách. Le linn 2017, ba iad na comhaltaí Boird, iad siúd a shonraítear ar leathanaigh 78 go 79. Ba é an Rialtas a cheap an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus na comhaltaí Neamhspleácha Boird, agus ceapadh na ceathrar Comhalta is Oibrithe de bhun an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977. Is iad na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 - 2004 agus an tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) a rialaíonn an líon daoine ar an mBord agus struchtúr an Bhoird. Ní ag an té céanna a bhíonn ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh.

### COMHALTAS AR AN MBORD

Sa bhliain 2017, chuir Bord ESB taithí, neamhspleáchas agus dúshlán ar fáil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach. Tugtar cuntas ar an réimse leathan taithí atá ag comhaltaí an Bhoird san innealtóireacht / sa réimse teicniúil, san airgeadas, sa dlí, sa mhargaíocht agus in oibríochtaí ESB sna beathaisnéisí ar leathanaigh 78 go 79. Tá an Bord siúráilte go bhfuil an saineolas, an cumas agus an taithí ag comhaltaí an Bhoird chun na feidhmeanna a láimhseáil ar gá do chomhalta Boird iad a chur i gcrích.

Is é príomhról an Bhoird breithiúnas feasach neamhchlaonta a dhéanamh chun Straitéis ESB Group a cheistiú, a fhorbairt agus a fhaomhadh go tairbheach, lena chinntiú go bhfuil foireann bhainistíochta láidir ann chun an straitéis a chur i bhfeidhm, an fheidhmíocht ghnó a mhonatóiriú agus creat rialuithe stuama éifeachtacha a choimeád chun an riosca a mhaolú. Foráiltear sa Chód Stáit go bhféadfaidh an Cathaoirleach dul i dteagmháil leis an Rialtas i ndáil le comharbas Boird, agus is deis é seo chun a chinntiú go mbeidh meascán cuí oilteachtaí agus taithí ag na comhaltaí Boird.

Braitheann cumas an Bhoird chun na dualgais agus na hoibleagáidí sin a chur i gcrích ar dhá bhunfhachtóir:

- Réimse leathan domhain scileanna agus taithí ar an mBord
- Próisis lena gcinntítear go bhfuil tuiscint mhaith ag na comhaltaí Boird uile ar oibriúcháin an Ghrúpa agus ar an timpeallacht sheachtrach, agus go bhfuil sé de chumas acu cinntí feasacha a dhéanamh. Féach leathanach 84 le haghaidh tuilleadh eolais faoin bpróiseas ionduchtaithe.

### COMHALTA SINSEARACH NEAMHSPLEÁCH DEN BHORD

Ceapann an Bord comhalta Neamhspleách Boird amháin le ról an Chomhalta Boird Shinsearaigh Neamhspleách a thógáil air ná uirthi féin ionas go mbeidh sé ná sí ina b(h)onn braite don Chathaoirleach agus ina (h)eadránaí do chomhaltaí Boird eile nuair is gá.

### COMHAIRLE PHROIFISIÚNTA NEAMHSPLEÁCH

Féadfaidh na Comhaltaí Boird, agus iad i mbun a gcuid dualgas, comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil ar chostas an ESB. Bíonn teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais socraithe chun cosaint a thabhairt do Chomhaltaí Boird agus d'Oifigigh i gcoinne dliteanas a d'fhéadfadh a eascairt as caingne dlí ina n-aghaidh le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

## 2 ÉIFEACHTÚLACHT

### CRUINNITHE AN BHOIRD

Tionóltar an Bord go míosúil in 2017 (seachas mí Lúnasa) agus ag amanna eile freisin de réir mar is gá. Is é an Bord atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais an Ghrúpa agus as rialáil inmheánach éifeachtach agus bainistíocht riosca a chinntiú.

Tá sceideal foirmiúil ábhar ag an mBord a fhorchoimeádtar go sonrach dó i gcomhair cinnteoireachta. Cuirtear síos ar na hábhair a fhorchoimeádtar don Bhord ar leathanach 82.

Tá údarás tarmligthe ag an mBord chuig na bainisteoirí chun gnáthchinntí gnó a dhéanamh faoi réir ag teorainneacha agus tairseacha sonraithe. Tá creat láidir tuairiscithe i bhfeidhm chun go ndéanfar maoirseacht ar chinntí arna dtarmligean ag an mBord, agus is gné lárnach den chreat sin caidrimh éifeachtacha idir Coistí an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmeannach Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa, agus an Fhoireann Feidhmiúcháin.

Bíonn tuairisciú airgeadais agus oibriúcháin á dhéanamh don Bhord ar bhonn leanúnach, agus cuirtear páipéir go leictreonach chuig gach comhalta Boird roimh ré chun dóthain ama a thabhairt dóibh le gur féidir leo athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá le plé nó a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith. Áirítear le cáipéisíocht an Bhoird na miontuairiscí ó Chruinnithe Coiste an Bhoird.

Is é aidhm na gcruinnithe Boird an chothromaíocht cheart maoirseachta a bheith ann ó thaobh daoine, straitéis, oibriúcháin, airgeadas agus rialachas, agus cúrsaí bainistíochta riosca de. Déantar monatóireacht rialta air seo trí Mheasúnú an Bhoird agus aiseolas neamhfhoirmeálta lena chinntiú go bhfuil dóthain ama á chaitheamh ar gach ceist agus go gcloítear leis an gcothromaíocht chuí. Tá an Bord sásta gur ghlac an Cathaoirleach agus gach duine de chomhaltaí an Bhoird go leor ama i rith na bliana le go raibh siad in ann a ndualgais a chur i gcrích mar chomhaltaí de Bhord ESB.

Is ar chur i bhfeidhm na Straitéise nua go dtí 2030 a bheidh aird an Bhoird á díriú le linn 2018: an t-aistriú chuig fuinneamh iontaofa inacmhainne ísealcharbóin a stiúradh.
Ina theannta sin, leanfaidh an Bord de mhonatóireacht a dhéanamh ar:

- fhorbairtí sa Mhargadh Aonair Leictreachais Comhtháite (I-SEM)
- an próiseas Brexit, atá fós ag titim amach, sa chaoi gur féidir bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann mar thoradh ar infheistíocht i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

# STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA

**Tá an eagraíocht leagtha amach sa chaoi go n-éascaítear cinnteoireacht éifeachtach éifeachtúil, mar aon le cuntasacht shoiléir.**

## RÓL AN BHOIRD

Tugann an Bord ceannaireacht agus treoir don ghnóthas go ginearálta agus tá sé freagrach as rath fadtéarmach ESB a chinntiú. Ní dhéantar aon chinneadh sula gcuirtear an t-eolas ábhartha ar fad faoi bhráid chomhaltaí an Bhoird agus tar éis plé cuimsitheach a bheith déanta ar na rioscaí a aithnítear tríd an bpróiseas bainistithe riosca. Cabhraíonn an Bord le forbairt moltaí maidir le straitéis agus ceistíonn na moltaí seo go dearfach; ansin déanann an Bord na moltaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh. Cabhraíonn an Bord le forbairt moltaí maidir le straitéis agus ceistíonn na moltaí seo go dearfach; ansin déanann an Bord na moltaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh. Tá na príomhchinntí seo a leanas forchoimeádta ag an mBord dá bhreithniú féin:

- Faomhadh Straitéis ESB Group, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais bhliantúla is idirthréimhseacha
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais
- Faomhadh ollchaiteachais chaipitiúil, iasachtaíochtaí agus beartas státchiste
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht an Ghrúpa maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh
- Ceapacháin don Fhoireann Feidhmiúcháin arna moladh ag an bPríomhfheidhmeannach
- Ceapadh Rúnaí na Cuideachta
- Móréadálacha, diúscairtí nó scoir
- Measúnú agus faomhadh cúrsaí airgeadais rialachais, rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca an Ghrúpa
- Taraifí Cónaithe
- Príomhchúrsaí rialála, dlí, caidreamh tionsclaíoch, cuntasaíochta agus beartais

**Cathaoirleach** - Ellvena Graham OBE



- An Bord a stiúradh
- Clár an Bhoird a chinneadh
- Éifeachtacht an Bhoird a chinntiú agus lánpháirtíocht gach Comhalta den Bhord a éascú
- Cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí an Ghrúpa a chinntiú



**AN BORD**

An Cathaoirleach, cúig chomhalta neamhspleácha Boird, ceithre chomhalta Boird ar oibrithe iad, agus an Príomhfheidhmeannach

- Freagrach as rath fadtéarmach ESB agus as a bhreithiúnas foriomlán maidir le ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus rialachais

**Príomhfheidhmeannach** - Pat O'Doherty



- Ceannaireacht feidhmiúcháin ar ghnó an Ghrúpa
- Straitéisí agus beartais an Ghrúpa a chur i bhfeidhm
- Dlúthchaidreamh oibre a chothú leis an gCathaoirleach
- An Fhoireann Feidhmiúcháin a stiúradh

**Comhalta Sinsearach Neamhspleách den Bhord** - Noreen Wright



- A bheith mar bhonn braite don Chathaoirleach
- A bheith mar idirghabhálaí ar son na gcomhaltaí eile den Bhord

**Rúnaí na Cuideachta** - John Redmond



- Cabhraíonn sé leis an gCathaoirleach a chinntiú go gcuirtear an t-eolas ábhartha iomlán ar fáil do na comhaltaí Boird uile, agus go n-éascaítear ionduchtú / forbairt phroifisiúnta comhaltaí Boird
- Freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar nósanna imeachta an Bhoird i gceart agus as comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí rialachais chorparáidigh
- Idirchaidreamh a dhéanamh idir an Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin

**Coiste Iniúchóireachta & Riosca**
Cathaoirleach - Noreen O'Kelly



- Cuidiú leis an mBord lena gcúraimí i dtaca le:
  - Tuairisciú airgeadais
  - Rialú inmheánach agus bainistiú riosca
  - Comhlíonadh, sceithireacht agus calaois
  - Iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha

**An Coiste Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil**
Cathaoirleach - Anne Butler



- Comhairle a chur ar an mBord maidir le ceisteanna sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil
- Dul chun cinn a mhonatóiriú le hais táscairí feidhmíochta comhaontaithe maidir le sláinte agus sábháilteacht, an comhshaol agus bainistiú riosca sna réimsí seo

**An Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta**
Cathaoirleach - Ellvena Graham



- Luach saothair (i) an Phríomhfheidhmeannaigh agus (ii) na Foirne Feidhmiúcháin tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ceannairí reatha agus todhchaí ESB

**An Coiste Airgeadais & Infheistíochta**
Cathaoirleach - Andrew Hastings



- Athbhreithniú ar thograí maidir le tiomsú caipitil agus caiteachas caipitiúil
- Athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta maidir leis an státchiste agus trádáil fuinnimh
- Athbhreithniú ar thograí infheistíochta agus difheistithe atá dírithe ar a chinntiú go bhfuil ESB á láithriú sa chaoi go n-éireoidh leis sa todhchaí, de réir na straitéise atá aontaithe ag an mBord

**An Coiste Margaíochta & Custaiméirí**
Cathaoirleach - Alf Smiddy



- Ailíniú tionscnamh agus clár margaíochta agus custaiméara le spriocanna straitéiseacha na cuideachta
- Táirgí agus seirbhísí nua agus na réamh-mheastacháin ioncaim bhainteacha
- Caidrimh a fhorbairt le custaiméirí móra
- Cláir fógraíochta agus urraíochta, agus measúnú a dtionchair siúd

**AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN**

Ceannaireacht agus Rialú an Ghrúpa

➔ Tá sonraí beathaisnéise i ndáil leis an gCathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách le fáil ar leathanaigh 78 agus 79.
➔ Tá sonraí beathaisnéise faoi na Comhaltaí Boird le fáil ar leathanaigh 78 go 79.
➔ Tá sonraí beathaisnéise faoi Rúnaí na Cuideachta le fáil ar leathanach 43.
➔ Tá sonraí beathaisnéise faoin bhFoireann Feidhmiúcháin le fáil ar leathanach 42 go 43.

## COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD

Faigheann an Bord cabhair ó chúig Choiste Boird lena chuid freagrachtaí a chur i ngníomh, agus tarmligeann an Bord freagrachtaí ar leith do Choistí Boird áirithe de réir mar atá leagtha amach ina dTéarmaí Tagartha. Cabhraíonn na Coistí leis an mBord trí bhreithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna rialachais, oibriúcháin, airgeadais agus gnó agus cuireann siad tuairisc chuig an mBord maidir le moltaí riachtanacha. Tá dóthain acmhainní ag na Coistí lena bhfreagrachtaí a chur i bhfeidhm. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi na Coistí agus a gcomhaltaí ar leathanaigh 89, 96 agus 97 den tuarascáil seo.

## CEAPACHÁIN AR AN MBORD

Ní dhéanann ESB measúnú ar chomhaltaí aonair den Bhord, ós rud é gurb é an Rialtas atá freagrach as daoine a cheapadh ar an mBord, é sin nó bíonn toghchán ann d'fhostaithe chuige sin. Téann an Cathaoirleach chun cainte leis an Rialtas roimh an bpróiseas ceapacháin ar an mBord, áfach, maidir leis na scileanna sonracha a theastaíonn ar an mBord. Bíonn ceapacháin ar an mBord ag teacht leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2014. Ceaptar na Comhaltaí den Bhord ar feadh téarmaí suas le cúig bliana nó ceithre bliana i gcás comhaltaí Boird is Oibrithe, agus is amhlaidh, mar sin, nach dtagann siad faoi réir atoghadh ar an mBord roimhe sin. D'fhéadfadh go ndéanfadh an Rialtas an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí Boird Neamhspleácha a athcheapadh ar an mBord, agus má dhéantar aon Chomhalta is Oibrí a athcheapadh, tá seo faoi réir an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977.

## SAMPLAÍ DE CHEISTEANNA A BHREITHNIGH AGUS/NÓ A D'FHAOMH AN BORD IN 2017

| DAOINE | OIBRIÚCHÁIN |
|---|---|
| ■ Torthaí an tsuirbhé ar rannphháirtíocht fostaithe | ■ Tuairiscí oibriúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh |
| ■ Tuarascáil ar Shláinte, Sábháilteacht agus Folláine an Ghrúpa | ■ Tuairiscí sláinte agus sábháilteachta |
| ■ Comhdhéanamh an Bhoird agus a Choistí | ■ An t-eolas is déanaí ar thrádáil fuinnimh |
| ■ Straitéis Daoine an Ghrúpa | ■ Clár infheistíochta in ollchóiriú gléasra |
| | ■ Meastacháin ar infheistíocht chaipitiúil |
| | ■ Feidhmíocht an Chiste Novusmodus |
| | ■ Tuairiscí ar chomhfhiontair |
| | ■ An t-eolas is déanaí maidir le gnó rialaithe |
| | ■ An t-eolas is déanaí ar athfhorbairt cheannoifig ESB |
| | ■ Rialuithe ESB maidir le comhairleacht idirnáisiúnta |
| | ■ Ecards ESB |
| **STRAITÉIS** | **RIALACHAS AGUS BAINISTIÚ RIOSCA** |
| ■ Athbhreithniú agus nuashonrú na straitéise | ■ Ráiteas maidir le Fonn Riosca an Ghrúpa agus Plean Riosca an Ghrúpa |
| ■ An t-eolas is déanaí ar bheartas fuinnimh agus margaidh | ■ Éifeachtacht an bhainistithe riosca agus an rialaithe inmheánaigh |
| ■ Gníomhaíochtaí na n-iomaitheoirí agus treochtaí in earnáil na bhfóntas | ■ Plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain |
| ■ Clár um chumasú tráchtála I-SEM agus toilleadh-cheannt I-SEM | ■ Measúnú agus plean cur i bhfeidhm neamhspleách an Bhoird |
| ■ Réamh-mheastacháin ESB Networks maidir le naisc | ■ Téarmaí Tagartha an Choiste |
| ■ NIE Networks | ■ Cód Eitice Bhord ESB |
| ■ Straitéis na Ríochta Aontaithe | ■ Tuairisc cur i bhfeidhm maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) |
| ■ Méadrú Cliste | ■ Éifeachtacht an bhainistithe riosca agus an rialaithe inmheánaigh |
| ■ Leathanbhanda Náisiúnta | ■ Ráiteas faoi Acht um Sclábhaíocht na Linne seo na Ríochta Aontaithe le foilsiú ar láithreán gréasáin ESB |
| ■ Foinsí inathnuaite fuinnimh, lena n-áirítear gaoth ón talamh | ■ Beartais Státchiste an Ghrúpa |
| | ■ Beartas maidir le rannpháirtíocht iniúchóirí seachtracha ESB i seirbhísí neamh-iniúchta |
| | ■ Leibhéil údaráis an Ghrúpa agus leibhéil údaráis Trádála an Ghrúpa |
| | ■ Beartas Riosca agus Creat Rialachais ESB Group |
| | ■ Cibearshlándáil |
| **MAOINIÚ** | |
| ■ Torthaí foilsithe bliantúla agus leathbhliantúla | ■ Cistiú margaí caipitiúla |
| ■ Feidhmíocht agus réamhaisnéisí airgeadais ráithiúla | ■ Costas rátaí caipitiúla agus íosrátaí toraidh i gcás infheistíochtaí nua |
| ■ Príomhtháscairí Feidhmíochta Míosúla (KPInna) | ■ Beartas cánach ESB Group |
| ■ Buiséad bliantúil agus plean gnó cúig bliana | ■ Cuntais rialála ESB |
| ■ Díbhinn idirthréimhseach agus deiridh | |

## FREASTAL AR CHRUINNITHE IN2017

Reáchtáladh 11 chruinniú Boird ginearálta le linn 2017. Féach thíos sonraí faoin méid cruinnithe ar fhreastail gach comhalta Boird ar leith orthu le linn na bliana.

| COMHALTAÍ BOIRD 2017 | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|
| Ellvena Graham OBE | 10 |
| Anne Butler* | 11 |
| Dave Byrne^ | 11 |
| Andrew Hastings* | 11 |
| Sean Kelly^ | 10 |
| Paul Lynam* | 11 |
| Tony Merriman^ | 11 |
| Noreen O'Kelly* | 11 |
| Peter O'Sullivan^ | 10 |
| Alf Smiddy* | 11 |
| Noreen Wright* | 11 |
| Pat O'Doherty | 11 |

* Comhalta neamhspleách den Bhord
^ Oibrí is Comhalta Boird

Chomh maith leis na comhaltaí Boird agus an Rúnaí Cuideachta, tá go leor bainisteoirí sinsearacha a fhreastalaíonn ar chuideanna bainteacha de chruinnithe Boird, ach cuireadh a bheith faighte acu.

## ÉIFEACHTACHT AN BHOIRD

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a gCoistí. Déantar an measúnú seo chun Cód an Stáit agus Cód na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh, a oiread agus is féidir. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird ina iomláine agus ní le feidhmíocht comhaltaí aonair den Bhord. Is é cuspóir an mheasúnaithe athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán an Bhoird féin agus bealaí a aithint chun a éifeachtacht a fheabhsú. Cabhraíonn sé freisin oilteachtaí sonracha a theastaíonn nó atá inmhianaithe i measc chomhaltaí an Bhoird a aithint, agus is féidir leis an gCathaoirleach moltaí a dhéanamh don Rialtas i gcomhair chun críche breithniú nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh.

Is deimhniú é an measúnú seo go bhfuil an Bord tiomanta do na leibhéil rialachais is airde. Is é an Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar an measúnú, le tacaíocht ó Rúnaí na Cuideachta. Ceistneoir atá sa mheasúnú bliantúil, agus i bhfianaise fhreagraí na gcomhaltaí Boird, seoltar tuairisc ar na torthaí chuig an mBord, agus moltar gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a luadh. Déantar athbhreithniú i lár na bliana ar fhorfheidhmiú na mbeart. Gach trí bhliain, déantar measúnú neamhspleách atá bunaithe ar agallamh idir an t-éascaitheoir seachtrach agus gach comhalta aonair den Bhord as ná aisti féin, agus rinne an tInstitiúid Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte (ICSA) measúnú neamhspleách den saghas sin go luath in 2017 (níl ceangail d'aon saghas ag ICSA le ESB). Tá forléargas ar an bpróiseas measúnaithe agus sonraí faoi na torthaí leagtha amach thuas.

Ina theannta sin, casann an Cathaoirleach leis na comhaltaí Boird, an Comhalta Sinsearach Neamhspleách san áireamh, i seisiún malartaithe tuairimí oscailte i measc comhaltaí Boird maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an Bhoird.

### MOLTAÍ AR BHONN MHEASÚNÚ SEACHTRACH AN BHOIRD IN 2017

| MOLTAÍ 2017 | GNÍOMHARTHA A CUIREADH I BHFEIDHM IN 2017 |
|---|---|
| **Riar Cruinnithe** A oiread agus is féidir, ba chóir athsceidealú chruinnithe Phríomhchoistí an Bhoird a chur san áireamh, ionas go mbeidh dóthain ama le gur féidir leis an mBord machnamh a dhéanamh ar phlé / mholtaí na gCoistí. | Laghdófar an méid cruinnithe Boird ó aon chruinniú dhéag in 2017 go dtí naoi gcinn in 2018. Déantar cruinnithe coiste a sceidealú áit ar féidir chun cloí leis an moladh seo. |
| **Rannpháirtíocht Boird** Ba chóir go gcuirfí tuilleadh ama i leataobh i gcláir ghnó chun plé ginearálta a bheith ann faoi rioscaí a bhaineann leis an ngnóthas. | Bíonn tuairisciú riosca foirmeálta gach ráithe don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus dáiltear rioscaí aonair ar Choistí Boird faoi leith, mar is cuí. Chomh maith leis an tuairisciú foirmeálta seo don Bhord, cuimsítear an t-eolas is déanaí go rialta i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh. |
| **Forbairt Boird** Forbairt Boird, lena n-áireofar seisiúin eolais faoi cheisteanna geallsealbhóirí agus tionscail, chun cur ar chumas comhaltaí Boird a gcur amach ar ghnó ESB a fheabhsú. | Le linn 2017, seo a leanas cuid de na réimsí tionscail a cuireadh faoi bhráid an Bhoird: léargas seachtrach ar an tírdhreach fóntas, atá i mbun fáis i gcónaí; leathanbhanda náisiúnta; feithiclí leictreacha; achoimre gnó ar ESB International; dúshláin ESB Networks i dtaca le naisc; fuinneamh gréine; méadrú CLISTE; an t-eolas is déanaí faoi mhargadh leictreachais na Breataine Móire; cibearshlándáil; agus gaoth ón talamh. |

## EOLAS AGUS CRUINNITHE FAISNÉISE

Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofaí comhaltaí Boird ar an eolas faoi mhórathruithe gnó, ionas gur féidir éifeachtacht an Bhoird a choimeád agus a fheabhsú. Tá sonraí de ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2017 ar fáil ar leathanach 83. Faigheann an Bord an t-eolas is déanaí ar bhonn rialta faoin timpeallacht rialála, faoin margadh agus faoi oibríochtaí, lena n-áirítear Tuairiscí ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta.

Reáchtáiltear cuairteanna ar shuímh éagsúla de chuid ESB do chomhaltaí Boird aonair agus do ghrúpaí comhaltaí Boird chun a dtuiscint ar ghnó ESB a fheabhsú. Le linn 2017, bhí cuairt ar ESB Networks, Seirbhísí Méadar agus Sonraí, Bóthar na Lotaí Theas, Baile Átha Cliath.

Rinneadh cruinnithe Boird a sceidealú freisin lasmuigh de láthair na ceannoifige in 2017, a chuimsigh cruinniú chuig Tilbury Green Power, monarcha fuíolladhmad go fuinneamh ag Tilbury Port sa Ríocht Aontaithe.

## NEAMHSPLEÁCHAS

Tá an Bord tar éis a dheimhniú go raibh na Comhaltaí Boird sin (sonraí ar leathanaigh 78 go 79) neamhspleách i rith 2017. Tugadh aird sa deimhniú seo ar na forálacha iomchuí i gCód na Ríochta Aontaithe maidir le neamhspleáchas Comhaltaí Boird ó thaobh carachtar agus breithiúnas de, agus easpa caidreamh nó cúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhspleáchas Comhaltaí Boird. I bhfianaise na n-imthosca sin, is amhlaidh atá an Bord sásta maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird arna sainaithint thuas.

## COINBHLEACHTAÍ LEASA

Nochtann na Comhaltaí Boird ar bhonn bliantúil aon choinbhleachtaí leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Boird, an Rúnaí Cuideachta a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach más eol dóibh aon athrú atá tagtha ar a gcúinsí i dtaca le coinbhleachtaí leasa de.

Tá sonraí beathaisnéise faoi na comhaltaí Boird uile le fáil ar leathanaigh 78 go 79, lena n-áirítear aon cheapacháin sheachtracha atá acu.

## IONDUCHTÚ

Tá an clár ionduchtúcháin ann ionas gur féidir le comhaltaí nua Boird eolas a chur ar oibriúcháin an Ghrúpa. Cuirtear an clár in oiriúint do thaithí, chúlra agus riachtanais an duine ábhartha. Is gnéithe lárnacha do rannpháirtithe sa chlár, bualadh leis na Feidhmeannaigh, cuairteanna a thabhairt ar shuímh, agus seisiúin eolais a fháil ar Straitéis ESB Group agus ar na gnóthais ar leith.

## OILIÚINT AGUS FORBAIRT LEANÚNACH

Tá clár forbartha leanúnach ann do na comhaltaí Boird ar fad. Bíonn an Cathaoirleach agus Rúnaí na Cuideachta ag obair i gcomhar leis na comhaltaí Boird chun go bhfreastalófar ar a riachtanais ar leith féin.

Soláthraítear seisiúin teagaisc, an t-eolas is déanaí agus cruinnithe faisnéise freisin chun aon réimse a bhaineann leis an nGrúpa a chlúdach. Áirítear leo seo cuir i láthair faoi fhorbairtí maicreacnamaíochta, polaitíochta agus rialála, chomh maith le hoiliúint i gcúrsaí corparáideacha.

# 3 CUNTASACHT

## NA CÓID UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH A CHOMHLÍONADH

Déanann ESB an Cód Stáit a chomhlíonadh, ina leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach, agus iarrtar ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Ina theannta sin, déanann ESB na dualgais a chomhlíonadh maidir le rialachas corparáideach agus eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Cloíonn ESB a oiread agus is féidir, agus ar bhonn deonach, le cód na Ríochta Aontaithe agus le hIarbhír na hÉireann.

Is éard atá i gCód na Ríochta Aontaithe ná prionsabail (phríomhúla agus tacúla) agus forálacha. Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na Rialacha Liostaithe, tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear prionsabail Chód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn bhainteach na hÉireann i bhfeidhm, agus a dheimhniú gur sásaíodh gach foráil iomchuí lena mbaineann, nó go dtugtar míniúchán ar aon neamhchomhlíonadh.

Is corparáid reachtúil é ESB arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú) agus dá bharr sin, níl dualgas air Cód na Ríochta Aontaithe ná Iarscríbhinn na hÉireann a chomhlíonadh. Mar a luadh thuas, tacaíonn ESB le prionsabail agus le forálacha Chód na Ríochta Aontaithe agus le hIarscríbhinn na hÉireann agus comhlíontar iad go deonach cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

- Is gnó de chuid an Rialtais é ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus, dá réir sin, níl coiste ainmniúcháin ag ESB.
- Ceaptar na Comhaltaí Boird ar feadh téarmaí suas le cúig bliana nó ceithre bliana i gcás comhaltaí Boird is Oibrithe, agus is amhlaidh dá réir nach dtagann siad faoi réir atoghadh ar an mBord roimhe sin.
- Tá beartais agus nochtadh faisnéise ESB maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte infheidhmithe an Rialtais. Ní áirítear i sonraí luach saothair na gcomhaltaí Boird ar leathanach 88 suimeanna a íocadh leis an gceathrar Comhaltaí is Oibrithe Boird, mar fhostaithe ESB (mar ní dhéantar ardú ná laghdú ar an bpá sin mar gheall ar a gcomhaltas ar an mBord), ach áirítear suimeanna a íocadh leo i bhfoirm táillí Boird.
- Ní dhearnadh measúnú go dtí seo ar fheidhmíocht na gComhaltaí aonair Boird mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird, mar níl aon ról foirmiúil ag an mBord i ndáil lena chomhdhéanamh féin a chinneadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an gceist seo.
- Tá Cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta freisin, ós rud tábhachtach é go gcomhlíonfadh ESB beartas an Rialtais sa réimse seo agus mar gheall ar an ról atá ag an gCathaoirleach mar phríomh-idirghabhálaí leis an Rialtas.
- Ní thagann na comhaltaí Boird neamhspleácha le chéile gan an Cathaoirleach a bheith i láthair, chun feidhmíocht an Chathaoirligh a bhreithniú, mar gur cuid de ghnó an Rialtais é ceapadh an Chathaoirligh.

## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS AGUS GNÓ

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú, agus measúnú cothrom intuisceana ar sheasamh an Ghrúpa agus ar a bhfuil i ndán dó sa todhchaí a chur i láthair. Tá freagrachtaí an Bhoird i leith ráitis airgeadais agus gnóthas leantach leagtha amach ar leathanach 103.

## SOLÁTHAR

Tá na rialacha agus treoirlínte soláthair bainteacha ar fad á gcomhlíonadh ag ESB, mar atá leagtha amach sa Treoir Fóntais agus i Nósanna Imeachta Soláthair ESB.


## RIALÚ INMHEÁNACH

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sé ag feidhmiú. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a sholáthar go bhfuil na spriocanna seo a leanas curtha i bhfeidhm:


- Éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí agus cosaint shócmhainní na heagraíochta ar chaillteanas
- Iontaofacht tuairiscithe le haghaidh úsáid inmheánach agus sheachtrach
- Comhlíonadh dlíthe agus rialachán bainteach

D'fhonn a fhreagrachtaí a chur i gcrích ar bhealach a chinntíonn comhlíonadh leis an reachtaíocht agus na rialacháin, is amhlaidh a bhunaigh an Bord struchtúr eagrúcháin a bhfuil nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údarás tarmligthe ag baint leis.


### TRÉIMHSE I SEILBH OIFIGE





### COMHDHÉANAMH AN BHOIRD (INSCNE)




### TAITHÍ AN BHOIRD





### NEAMHSPLEÁCHAS AN BHOIRD




01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

## CREAT COSO




## CREAT RIALAITHE INMHEÁNAIGH ESB

**An Timpeallacht Rialaithe**
1. Tiomantas don rialú agus do phrionsabail eiticiúla a léiriú
2. Freagracht a ghlacadh as maoirseacht
3. Struchtúr, údarás agus freagracht a bhunú
4. Tiomantas don inniúlacht a léiriú
5. Cuntasacht a fhorfheidhmiú

**Measúnú Riosca**
6. Cuspóirí oiriúnacha a shainiú
7. Riosca a aithint agus a anailísiú
8. Riosca calaoise a mheas
9. Athruithe suntasacha a aithint agus a anailísiú

**Gníomhaíochtaí Rialaithe**
10. Gníomhaíochtaí rialaithe a roghnú agus a fhorbairt
11. Rialuithe ginearálta ar ghníomhaíochtaí a roghnú agus a fhorbairt
12. Na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm le húsáid beartas agus nósanna imeachta

**Eolas agus Cumarsáid**
13. Eolas bainteach a úsáid
14. Cumarsáid a dhéanamh go hinmheánach
15. Cumarsáid a dhéanamh go seachtrach

**Gníomhaíochtaí Monatóireachta**
16. Measúnú leanúnach agus / nó ar leithligh a dhéanamh
17. Measúnú agus cumarsáid maidir le heasnaimh

Baineann an Grúpa leas as creat comhtháite um rialú inmheánach de réir mar a d'fhorbair Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway (COSO) é mar threoir chun rialú inmheánach a dhearadh agus a chur i gcrích agus a éifeachtúlacht a mheas. Eisíodh an Creat COSO den chéad uair in 1992 agus rinneadh é a nuashonrú in 2013.

Tá creat daingean rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag ESB ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

- Cód eitice a éilíonn ar gach Comhalta den Bhord na caighdeáin eitice is airde a chothú agus iad i mbun gnó
- Struchtúr eagrúcháin arna shainiú go soiléir, ina sonraítear teorainneacha údaráis ar leith agus modhanna tuairiscithe chuig leibhéil bhainistíochta níos airde agus chuig an mBord, a chuidíonn le timpeallacht thréan rialaithe a choinneáil
- Creat rialachais chorparáidigh lena n-áirítear anailísiú riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis fhoirmiúla bhliantúla um chomhlíonadh trí línte gnó agus comhfhiontair (JV) a bhainistiú
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais
- Ní mór faomhadh an Bhoird a fháil le haghaidh mórthionscadail chaipitiúla agus déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta monatóireacht leanúnach ghéar orthu sin, agus d'fhéadfadh go ndéanfaí iniúchadh orthu freisin tar éis dóibh a bheith curtha i gcrích
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe lena ngabhann buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord
- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais
- Tuairiscítear torthaí iarbhír agus eochairtháscairí feidhmíochta carnacha os coinne an bhuiséid agus breithníonn an Bord ar bhonn rialta iad
- Seirbhís líne cabhrach faoi rún chun gur féidir le fostaithe calaois nó cúiseanna imní eiticiúla a thuairisciú más gá agus go rúnda

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na rialuithe sin. Cuirtear béim san athbhreithniú rialta seo ar na réimsí is mó a mbaineann riosca leo arna sainaithint ag anailísí riosca. Áit a bhfuil laigí sa chóras rialaithe inmheánach sainaitheanta ag an gcreat monatóireachta thuas, cuirtear pleananna i bhfeidhm le dul i ngleic leis na laigí seo agus déantar monatóireacht rialta ar na pleananna sin go dtí go bhfuil siad curtha i gcrích.

## BAINISTIÚ RIOSCA

Tá an bainistiú riosca éifeachtach ríthábhachtach do ghnóthú chuspóirí straitéiseacha ESB agus d'fhás fadtéarmach inbhuanaithe a ghnó. Is ríthábhachtaí i bhfad i bhfianaise na n-athruithe meara atá ag tarlú in ESB go ndéanfaí athmheasúnú leanúnach ar rioscaí agus go mbeadh straitéisí soiléire ann chun iad a bhainistiú. Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le cur chuige an Ghrúpa i leith riosca.

Is amhlaidh go sonrach atá an Bord freagrach as:

- A chinntiú go gcuirtear próiseas leordhóthanach ar bun atá ceaptha na príomhrioscaí agus na príomh-éiginnteachtaí a aithint
- Cultúr riosca iomchuí a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa
- Maoirseacht ar na próisis um bhainistíocht riosca agus bainistíocht géarchéime
- Measúnacht ar éifeachtacht dhóchúil na mbeart maolaithe agus rialuithe ón lucht bainistíochta

Rinne an Bord measúnú láidir ar na príomhrioscaí roimh an nGrúpa, lena n-áirítear na rioscaí a chuirfeadh a mhúnla gnó, a fheidhmíocht amach anseo, a shócmhainneacht agus a leachtacht i mbaol. Tá próiseas athbhreithnithe timthriallach chun na rioscaí móra a aithint, a mheas agus a bhainistiú, ar bun don bhliain atá á meas agus suas go dtí dáta formheasa na tuarascála bliantúla. Leagtar amach na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí roimh an nGrúpa, mar aon leis na straitéisí maolaithe, ar leathanaigh 28 go 37.

Is eol don Bhord nach mór dó a bheith ina eiseamláir chun luachanna uasdátaithe an Ghrúpa a mhúnlú agus tacú leo, agus is iad na luachanna seo a bheidh mar bhonn taca ag an gcur chuige i leith riosca. Teastaíonn ón mBord freisin a chinntiú go bhfuil dóthain oilteachtaí agus inniúlachtaí bainistithe riosca ar fáil sa ghnó agus go mbaintear úsáid as saineolas agus taithí na bhfostaithe uile in ESB a bhfuil tuiscint acu ar na rioscaí a bhaineann lenár gcuid oibriúchán. Cabhraíonn tuairisciú rialta le heolas reatha a thabhairt don Bhord faoi rioscaí agus éiginnteachtaí atá ag teacht chun cinn.

D'fhéadfadh an fonn riosca athrú le himeacht ama freisin, agus tá breithniú follasach déanta ag an mBord ar leibhéal an fhoinn riosca sin agus ar aon athrú óna fhonn riosca faoi leith, a mbeadh ESB sásta glacadh leis i ndáil le rioscaí sonracha. Bíonn ár gclaonadh i dtreo riosca cothromaithe i gcónaí ag ár bhfócas ar rialú a chur i bhfeidhm.

## ATHBHREITHNIÚ2017 AR ÉIFEACHTACHT RIALAITHE INMHEÁNAIGH AGUS BAINISTITHE RIOSCA

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as bainistiú riosca ESB agus as an gcóras rialála inmheánaí. Le linn 2017, rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an Ghrúpa, go díreach agus trí údarás tairmligthe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, maidir le rialú inmheánach, lena gcuimsítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca do 2017, agus cinnteoidh an Bord go ndéanfar athbhreithniú dá mhacasamhail in 2018.

Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an bpróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

## AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNE AN BORD AGUS AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA LE LINN 2017 I NDÁIL LENA FHREAGRACHTAÍ UM RIOSCA, ÁIRÍODH NA CINN SEO A LEANAS:

| GNÍOMHAÍOCHT | MIONSONRAÍ |
|---|---|
| **Ráiteas maidir le Fonn Riosca agus Plean Riosca an Ghrúpa** | Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus ceistiú maidir le Plean Riosca an Ghrúpa 2017 agus an Ráiteas nuashonraithe maidir le Fonn Riosca, agus mhol an dá cheann don Bhord lena bhfaomhadh. |
| **Athbhreithniú ar Phleanáil Leanúnachais Gnó (BCP) agus Bainistiú Géarchéime** | Athbhreithniú ar an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le héifeachtúlacht na bpleananna BCP agus socruithe maidir le tástáil athléimneachta ar fud an Ghrúpa, lena n-áirítear athbhreithniú 'ceachtanna foghlamtha' ar bhunús gach ar tharla le linn 2017. |
| **Athbhreithniú Beartais Riosca agus Creata Rialachais ESB Group** | Athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar Bheartas Riosca agus Creat Rialachais ESB Group. |
| **Athbhreithniú Riosca Lár Bliana** | Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar aon athruithe ar phríomhrioscaí an Ghrúpa agus ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn, de réir mar a faomhadh na rioscaí sin ag tús na bliana, lenar áiríodh athbhreithniú ar athruithe ábhartha ar an bpróifíl rioscaí, agus rinne an Coiste na hathruithe sin a thuairisciú don Bhord. |
| **Tuarascálacha Riosca Ráithiúla** | Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar athruithe ar stádas na bpríomhrioscaí go ráithiúil, lenar áiríodh éifeachtacht oibriú na rialuithe agus stádas na mbeart maolaithe. |
| **Cibear-riosca** | Cuireadh athbhreithniú ar chibear-riosca agus na cosaintí oibrithe laistigh de ESB faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus chuimsigh an t-athbhreithniú na réimsí is mó a bhí neamhchosanta ar riosca. Cuireadh athbhreithniú seachtrach i bhfeidhm ar aibíocht shocruithe Slándála TF an Ghrúpa, agus cuireadh clár beart faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a raibh d'aidhm aige, aistriú chuig cleachtas tosaíochta a éascú. Cuireadh an t-eolas is déanaí i láthair maidir leis na riachtanais faoin Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS), agus maidir le forbairtí sa réimse cibearshlándála. |
| **Riosca i dtaca le Tallann/Scileanna** | Cuireadh an t-eolas is déanaí ar fáil maidir leis na próisis atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil acmhainní agus scileanna leordhóthanacha ann le Straitéis ESB Group a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear measúnú ar stádas an riosca. |
| **An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)** | Cuireadh an t-eolas is déanaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le hullmhúcháin an Ghrúpa do na riachtanais GDPR, a thabharfar isteach go gairid. |
| **Cuairt chuig Láithreacha** | Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cuairt ar áiseanna Méadrachta ESB Networks i gcaitheamh na bliana, agus fuair siad léargas ar na rioscaí agus dúshláin ar leith a gcaithfidh an fheidhm méadrachta dul i ngleic leo, chomh maith le dearbhú maidir leis na próisis bainistiú riosca sa ghnóthas. |
| **An Treoir maidir le Riosca ón gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC)** | Tuairiscíodh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go raibh comhlíonadh suntasach ann i dtaca le treoir maidir le riosca an FRC. |

- Feidhm shainithe um bhainistiú riosca in ESB
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an bpróiseas leathbhliantúil athbhreithnithe riosca agus tuairiscí rialta a thabhairt maidir le bainistiú riosca
- Comhairle neamhspleách a fháil maidir le leordhóthanacht an phróisis bainistithe riosca atá i bhfeidhm in ESB i láthair na huaire (cuireadh an t-athbhreithniú deireanach i bhfeidhm in 2015)
- Athbhreithniú agus breithniú ar dheimhniú ón lucht bainistíochta maidir le hoibriú sásúil éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus oibriúcháin
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus breithniú ar a gcuid torthaí agus tuairiscí .Soláthraíonn Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa tuairiscí rialta freisin maidir le stádas cur chun feidhme moltaí a d'eascair óna gcuid tuairiscí féin roimhe seo agus ó thuairiscí na n-iniúchóirí seachtracha
- Measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na feidhme iniúchóireachta inmheánaí (déantar é seo gach cúig bliana; rinneadh an ceann deireanach in 2016)
- Athbhreithniú ar thuairiscí na n-iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí le fáil ar an obair a rinneadh maidir leis na príomhrioscaí iniúchta

Ar bhonn an athbhreithnithe sin, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas don bhliain 2017:

- Tá próiseas leanúnach ar bun chun príomhrioscaí an Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- Tá córais rialaithe inmheánaigh ar bun don bhliain atá á hathbhreithniú agus suas go dtí an dáta ar a bhfaomhfar an Tuarascáil Bhliantúil seo
- Tá na córais ag teacht le Treoir an FRC maidir le Bainistiú Riosca, Rialú Inmheánach agus an Tuairisciú Airgeadais agus Gnó Gaolmhar
- Níor aithníodh aon teip ná laige san athbhreithniú, agus i gcás aon réimsí ar féidir feabhas a dhéanamh iontu, tá próisis ann lena chinntiú go nglacfar an gníomh is gá agus go ndéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn go dtí go bhfuil cúrsaí ina gceart

Mar thoradh ar a rannpháirtíocht leanúnach agus a fhorbhreathnú ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca, tá an Bord sásta go bhfuil éifeachtacht ag baint i gcónaí leis an rialú inmheánach agus an bainistiú riosca.

## GNÓTHAS LEANTACH

Tá feidhmíocht, múnla gnó, straitéis agus príomhrioscaí, agus éiginnteachtaí an Ghrúpa, chomh maith leis an gcaoi ina ndéantar na nithe sin a bhainistiú, leagtha amach sa tuarascáil maidir le straitéis agus feidhmíocht ar leathanaigh 1 go 75.

Tá cur síos ar staid airgeadais an Ghrúpa, a shreabhanna airgid, a staid leachtachta agus a chuid saoráidí iasachtaíochta ar fáil san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 48 go 53.

Áirítear le Nóta 26 leis na ráitis airgeadais forbhreathnú ar bhainistiú riosca airgeadais, sonraí maidir le hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe an Ghrúpa, mar aon lena neamhchosaint ar rioscaí creidmheasa agus leachtachta.

Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa ullamh lena chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tar éis fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh, tá an Bord sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag ESB le leanúint ar aghaidh i mbun na hoibre don am atá le teacht. Dá réir sin, tá an Bord fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú ráiteas airgeadais an Ghrúpa.

## RÁITEAS INMHARTHANACHTA

De réir Chód na Ríochta Aontaithe, nuair a ghlac na comhaltaí Boird an bonn gnóthais leantaigh don chuntasaíocht, rinne siad a bhfuil i ndán don Ghrúpa a mheasúnú thar thréimhse níos faide ná ba ghá.

Rinneadh measúnú an Ghrúpa thar thréimhse cúig bliana, agus tá seo ag teacht leis an tréimhse ama atá i gceist i dtaca le próiseas pleanála gnó an Ghrúpa. Tá an measúnú bunaithe ar stádas ESB agus a bhfuil i ndán dó a bhreithniú, chomh maith le caomhnú a láidreachta airgeadais (leathanach 48 go 53), dul chun cinn de réir Straitéis ESB 2030 (leathanach 21), fonn riosca (leathanach 25), príomhrioscaí (leathanach 28 go 37) agus conas a bhainistítear iad seo uile.
Tá an Bord den tuairim gurb é an measúnú cúig bliana is oiriúnaí, mar tá sin ag teacht leis an

bpróiseas pleanála gnó a dhéantar gach bliain, a dtacaíonn seisiúin eolais don Bhord ó na haonaid ghnó leis, mar aon le Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna) chun dul chun cinn a thomhas. Sna réamh-mheastacháin sa phlean gnó, cuirtear sreafaí airgid, cistiú tiomanta agus staid leachtachta an Ghrúpa san áireamh, agus déantar iniúchadh iontu ar na riachtanais chistithe agus na cúnaint bhaincéireachta a bheidh ann amach anseo, chomh maith le cóimheasa airgeadais tábhachtacha eile, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le rátálacha creidmheasa de ghrád infheistíochta a choinneáil. Cuirtear an mhéadracht sa phlean gnó faoi anailís íogaireachta, is é sin, na príomhbhoinn tuisceana taobh thiar den phlean a choigeartú chun sainmhéadracht airgeadais a mheas, mar shampla, Glanfhiachas agus EBITDA. Nuair is cuí, déantar an anailís sin chun tionchar phríomhrioscaí an Ghrúpa a mheas, dá mba rud é go dtarlóidís. Bíonn anailís íogaireachta ag díriú ar an timpeallacht eacnamaíochta, ar chomhlíonadh rialála agus ar phraghsanna tráchtearraí, i measc rudaí eile.

Aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann le clár comhardaithe láidir ESB. Tá tábhacht straitéiseach le hoibriúcháin chistiúcháin an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitiúil, le hathmhaoiniú fiachais atá ag dul in aibíocht agus le leachtacht dhóthanach a choimeád. Le straitéis bainistithe fiachais an Ghrúpa, dírítear ar phróifíl phunainne fiachais le meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíochtaí. Cuireann áis creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa de €1.44 billiún leibhéal suntasach leachtachta fuireachais ar fáil don ESB go ceann cúig bliana. Léiríonn staid cistiúcháin ESB a neart bunúsach airgeadais, agus rátálacha creidmheasa de BBB+ (nó a gcoibhéis) ar a laghad faighte ó gach ceann den trí mhórghníomhaireacht. Tá tuilleadh eolais faoi aibíocht fiachais leagtha amach ar leathanach 53.

Tá measúnú daingean déanta ag an mBord ar na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa. Lena hais sin, déantar tástáil maidir le leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaistí gach bliain chun measúnú a dhéanamh ar chásanna a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar an eagraíocht, agus ar cén leibhéal maolaithe is féidir a chur i bhfeidhm i gcás na rioscaí sin. Tá tuilleadh eolais ar na rioscaí seo agus ar an mbealach a bhfuil siad á mbainistiú agus á maolú le fáil ar leathanaigh 28 go 37.

Ar bhonn thorthaí na hanailíse thuas, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Bhoird go bhféadfadh an Grúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus a dhliteanais a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite thar an tréimhse cúig bliana dá measúnú.

# 4 LUACH SAOTHAIR

## LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de réimse arna shocrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ceapadh an tUasal O'Doherty ina Phríomhfheidhmeannach ón 1 Nollaig 2011, agus ceapadh ina Chomhalta den Bhord é in Eanáir 2013. Cuimsítear ina luach saothair tuarastal bliantúil de €295,000, carr cuideachta agus ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. Is ball de Scéim Pinsin ESB é. Ní bhfuair sé aon íocaíochtaí i dtaca le feidhmíocht in 2017, i gcomhréir le beartas an Rialtais nach ceart do Phríomhfheidhmeannaigh cuideachtaí stáit a leithéid a fháil.

## LUACH SAOTHAIR NA gCOMHALTAÍ BOIRD IS OIBRITHE

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 mar fhostaithe de chuid ESB. Is baill de Scéim Pinsin ESB iad.

## LUACH SAOTHAIR DO CHOMHALTAÍ NEAMHSPLEÁCHA AR BHORD ESB

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí neamhspleácha den Bhord (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ní fhaigheann siadsan pinsin ná aon chineál eile luach saothair. Tá na téarmaí agus coinníollacha leagtha amach sa litir cheapacháin, atá ar fáil ar iarratas ó Rúnaí na Cuideachta.

## CAITEACHAIS NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Chun go gcomhlíonfaí an Cód Stáit, ní mór go mbeadh nochtadh ann maidir le speansais a íoctar le comhaltaí Boird. Le linn 2017, aisíocadh €67,512 le comhaltaí Boird nó thar a gceann as speansais taistil, lóistín agus rudaí bainteacha. Ní áirítear leo sin speansais an Phríomhfheidhmeannaigh ná Oibrithe is Comhaltaí Boird i ndáil lena ndualgais mar fheidhmeannach nó mar fhostaithe, faoi seach.

## LUACH SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

| CATHAOIRLEACH | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Ellvena Graham OBE | 31,500 | 31,500 |

| PRÍOMHFHEIDHMEANNACH | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 295,000 | 295,000 |
| Sochair inchánach | 15,570 | 15,570 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 48,380 | 48,380 |
| | 358,950 | 358,950 |

| COMHALTAÍ NEAMHSPLEÁCHA DEN BHORD | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Anne Butler | 15,750 | 15,750 |
| Dave Byrne | 15,750 | 15,750 |
| Andrew Hastings | 15,750 | 15,750 |
| Seán Kelly | 15,750 | 15,750 |
| Paul Lynam | 15,750 | 3,810 |
| Séamus Mallon | - | 5,335 |
| Tony Merriman | 15,750 | 15,750 |
| Noreen O'Kelly[1] | - | - |
| Peter O'Sullivan | 15,750 | 15,750 |
| Alf Smiddy | 15,750 | 3,810 |
| Noreen Wright | 15,750 | 15,750 |
| | 141,750 | 123,205 |

[1] Tharscaoil an tUasal O'Kelly a táillí Boird sna blianta 2017 agus 2016

# 5 CAIDRIMH LE GEALLSEALBHÓIRÍ

## COMHPHLÉ LE GEALLSEALBHÓIRÍ

Tá 95.2% de ESB faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann agus 4.8% faoi úinéireacht Iontaobhaí an Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP). Téann ESB i gcomhairle leis an Rialtas ar bhonn leanúnach gníomhach maidir le beartais thábhachtacha agus saincheisteanna straitéiseacha de réir mar a éilíonn an reachtaíocht agus Cód an Stáit. Soláthraíonn sé sonraí freisin faoin mbuiséad bliantúil agus faoin bplean cúig bliana, chomh maith leis an eolas is déanaí faoina fheidhmíocht airgeadais gach ráithe. Anuas air sin, bíonn ESB i dteagmháil go rialta le hIontaobhaí an Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP).

## CRUINNIÚ CINN BHLIANA

Reáchtálann ESB cruinniú cinn bliana gach bliain, cúig mhí dhéag tar éis an chruinnithe dheireanaigh ar a dhéanaí. Tugtar fógra roimh ré do gach scairshealbhóir, de réir mar is gá. Tugtar cuireadh do chomhaltaí an Bhoird, Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina measc, freastal ar an gcruinniú. Tugann an Cathaoirleach léargas ar fhorbairt le linn na bliana agus iarrtar ar scairshealbhóirí aon bharúlacha atá acu a chur in iúl. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar an gCruinniú Cinn Bhliana.

# TUARASCÁIL AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA



## RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, is mór agam tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 a chur faoi bhur mbráid. Is é cuspóir na tuarascála ná léargas a thabhairt ar oibriúcháin an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcaitheamh an sé mhí dhéag atá curtha dínn. Dearbhaím gur chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhfreagrachtaí mar a sonraíodh iad sna Téarmaí Tagartha agus faoi Chód Rialachais na Ríochta Aontaithe 2016 (Cód na Ríochta Aontaithe).

Faoi Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe, tá freagracht ar an mBord a dhearbhú gur cóir cothrom intuigthe iad an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais ar an iomlán, agus go soláthraíonn siad an t-eolas riachtanach go léir do scairshealbhóirí / geallsealbhóirí chun gur féidir leo feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas.

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, agus tá sé sásta go gcomhlíontar na critéir sin iontu agus gur féidir iad a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh. Bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca saincheisteanna móra freisin i ndáil leis na ráitis airgeadais agus leis an gcaoi ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna úd. Tá achoimre le fáil ar an obair seo ar leathanaigh 91 go 92.

Coinneoidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chuid gníomhaíochtaí faoi athbhreithniú lena chinntiú go ndéantar machnamh iomlán ar fhorbairtí na todhchaí i ndáil le saothar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá achoimre ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le fáil ar leathanach 90 agus leagtar amach iad ina n-iomláine ina Théarmaí Tagartha. Faoi láthair, tá ceathrar comhaltaí Boird Neamhspleácha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a bhfuil a sonraí beathaisnéise le fáil ar leathanaigh 78 agus 79. Tá réimse leathan taithí agus cumais ó réimse leathan tionscal ar a dtoil ag na comhaltaí, agus is gné ríthábhachtach é seo den rialachas éifeachtach. Tá an Bord tar éis a dhearbhú gur comhalta neamhspleách é gach comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus go sásaíonn na comhaltaí riachtanais Chód na Ríochta Aontaithe i dtaca le taithí ábhartha airgeadais le blianta beaga anuas agus inniúlacht maidir leis an earnáil ina bhfuil an Grúpa ag feidhmiú.

Ar na príomhréimsí a mbeidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag díriú orthu in 2018, tá na cinn seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chuntasaíochta nua a ullmhóidh an Grúpa le linn na mblianta atá romhainn agus an tionchar a bheidh acu siúd – IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais (i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018), IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí (i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018) agus IFRS 16 Léasanna (i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019)
- Maoirseacht ar an aistriú seachtrach iniúchóireachta chuig PwC
- Aon fhorbairtí reachtacha / rialála nó neamhchosaint dlí eile atá ag teacht chun cinn a mhonatóiriú
- Fócas leanúnach ar chibear-rioscaí agus rioscaí eile atá romhainn, agus ar a bheith réidh le haghaidh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)
- Fócas leanúnach ar chumarsáid a fheabhsú idir bainisteoirí, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Bord

### BHÍ OCHT GCRUINNIÚ AG AN GCOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA I RITH 2017. AG SEO THÍOS COMHALTAÍ AN CHOISTE, FAD A DTRÉIMHSÍ SEIRBHÍSE, AGUS LÍON NA GCRUINNITHE AR AR FHREASTAIL SIAD:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Noreen O'Kelly, Cathaoirleach[1] | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 4 bhliain agus 6 mhí | 8 |
| Andrew Hastings | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 2 bhliain agus 3 mhí | 8 |
| Alf Smiddy[1] | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain | 8 |
| Noreen Wright[2] | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 2 bhliain agus 3 mhí | 8 |

[1] Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann
[2] Taithí san earnáil fuinnimh mar thoradh ar róil roimhe seo in Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks).

## PRÍOMHCHUSPÓIRÍ

Leagtar amach ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina Théarmaí Tagartha, ar féidir teacht ar chóip díobh ar láithreán gréasáin ESB. Leagtar amach dualgais an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sna Téarmaí Tagartha faoi na cinnlínte seo a leanas:

- Tuairisciú Airgeadais
- Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca
- Comhlíonadh, Sceithireacht agus Calaois
- Iniúchóireacht Inmheánach
- Iniúchóireacht Seachtrach

| DUALGAS | GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CUIREADH I BHFEIDHM IN 2017 |
|---|---|
| **Tuairisciú Airgeadais**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais lena chinntiú go bhfuil siad cóir, cothrom agus intuigthe ar an iomlán agus gur cuireadh na caighdeáin, na meastacháin agus na breithiúnais chuntasaíochta chuí i bhfeidhm | ■ Athbhreithniú ar shoiléire agus iomláine an mhéid a nochtadh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, agus san eolas ábhartha a cuireadh i láthair iontu<br>■ Athbhreithniú ar cé acu ar chuir nó nár chuir an Grúpa caighdeáin chuntasaíochta agus meastacháin agus breithiúnais iomchuí i bhfeidhm, i bhfianaise thuairimí na n-iniúchóirí seachtracha<br>■ Athbhreithniú ar na torthaí idirthréimhseacha, lena mbaineann ráitis airgeadais agus nótaí míniúcháin<br>■ Athbhreithniú agus plé ar na teachtaireachtaí tábhachtacha le cuimsiú sna foilseacháin faoi na torthaí airgeadais<br>■ Athbhreithniú agus formheas ar ráitis airgeadais rialála ESB<br>■ Breithniú agus ceistiú na modhanna ar baineadh leas astu chun idirbhearta suntasacha nó neamhghnácha a thabhairt san áireamh, agus ar an gcaoi ar cuireadh i láthair agus ar nochtadh iad sna ráitis airgeadais<br>■ Athbhreithniú déanta ar an díbhinn deiridh agus an díbhinn idirthréimhseach, agus iad sin molta don Bhord |
| **Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca**<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca | ■ Athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht chóras rialála inmheánaí an Ghrúpa<br>■ Athbhreithniú ar na socruithe le haghaidh pleanáil leanúnachais gnó agus bainistiú géarchéime<br>■ Athbhreithniú ar Bheartas Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais ESB, ar an bPlean Riosca agus an Fonn Riosca, agus ar Thuarascálacha Riosca rialta, agus iad sin molta don Bhord lena bhfaomhadh<br>■ Plé maidir le seisiúin 'tumtha domhain' a dhéanamh ar chibearshlándáil agus athbhreithniú déanta ar an gcumas digiteach in Electric Ireland<br>■ Plé déanta ar athbhreithniú seachtrach Shlándáil TF ESB<br>■ Athbhreithniú ar an dul chun cinn is déanaí maidir le cur i bhfeidhm Chód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód Stáit) |
| **Comhlíonadh, Sceithireacht agus Calaois**<br>Athbhreithniú ar dhóthanacht agus slándáil na socruithe d'fhostaithe agus conraitheoirí chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le héagóir fhéideartha i dtuairisciú airgeadais nó aon ábhair eile | ■ Athbhreithniú ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá ann chun dearbhú a sholáthar go bhfuiltear ag comhlíonadh oibleagáidí reachtúla<br>■ Athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus na beartais chun calaois a chosc agus a aithint, agus curtha ar an eolas i leith aon chásanna calaoise<br>■ Athbhreithniú ar dhóthanacht agus shlándáil na socruithe chun cúiseanna imní a ardú, faoi rún, i dtaca le haon éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tuairisciú airgeadais nó eile<br>■ Cód Eitice ESB a chur san áireamh<br>■ Faomhadh an ráitis maidir leis an Acht um Sclábhaíocht na Linne Seo sa Ríocht Aontaithe<br>■ An t-eolas is déanaí faighte faoi GDPR roimh é a chur i bhfeidhm in 2018 |
| **Iniúchóireacht Inmheánach**<br>Monatóireacht agus measúnú ar ról agus éifeachtacht fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí | ■ Athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta inmheánaí agus monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne an phlean sin chun éifeachtacht na feidhme a mheas<br>■ Athbhreithniú ar thuairiscí inar tugadh mionsonraí ar thorthaí eochair-iniúchtaí, ar fhreagairt bainisteoirí agus ar thráthúlacht réiteach na mbeart (76% de na moltaí curtha i bhfeidhm laistigh den achar ama a moladh)<br>■ Cruinniú leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair<br>■ Athbhreithniú ar phríomhtháscairí feidhmíochta maidir leis an iniúchóireacht inmheánach<br>■ Faomhadh na cairte i dtaca le hiniúchtaí inmheánacha |
| **Iniúchóireacht Seachtrach**<br>Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus inniúlacht na n-iniúchóirí seachtracha agus athbhreithniú ar thorthaí an iniúchta i gcomhar leis na hiniúchóirí seachtracha | ■ Rinneadh an t-aistriú chuig PwC mar iniúchóirí seachtracha a mhaoirsiú, mar aon leis an bpróiseas a cuireadh i gcrích lena chinntiú go raibh siad neamhspleách<br>■ Na sonraí is déanaí faighte ó PwC maidir le haistriú na hiniúchóireachta, rannpháirtíocht sna hiniúchtaí agus an plean athbhreithnithe idirthréimhseach<br>■ Athbhreithniú agus ceistiú an phlean a bhí molta don iniúchóireacht seachtrach lena chinntiú go raibh gach eochair-riosca aitheanta ag PwC agus go raibh nósanna imeachta iniúchta láidre forbartha acu<br>■ Athbhreithniú ar an tuairisc ó PwC faoina iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus a chuid freagraí ar na saincheisteanna cuntasóireachta agus rialála airgeadais, chomh maith le haon cheisteanna iniúchta eile, de réir mar a tháinig siad chun cinn<br>■ Beart leasaithe maidir le ceapadh iniúchóirí seachtracha le haghaidh seirbhísí neamh-iniúchta a athbhreithniú agus a fhaomhadh de réir Rialachán agus Threoir Iniúchóireachta an AE, agus faisnéis faighte maidir le seirbhísí neamh-iniúchta chun comhlíonadh an bhirt a chinntiú<br>■ Cruinniú leis na hiniúchóirí seachtracha gan an lucht bainistíochta sinsearach a bheith i láthair, a thug an deis do PwC aon chás a thabhairt le fios go rúnda |

## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS

Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na ráitis airgeadais idirbhliana agus deireadh na bliana ó na bainisteoirí lena mbreithniú, chomh maith le tuarasacálacha ón bhfoireann iniúchóireachta inmheánaí, agus pléann an Coiste straitéis agus fócas iniúchta na n-iniúchóirí seachtracha.

Agus faisnéis ó na gníomhaíochtaí sin á cur san áireamh, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na príomhréimsí breithiúnais i ráitis airgeadais an Ghrúpa a shainaithint i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Luach tugtha anonn sócmhainní fadsaolacha agus cáilmheas
- Oibleagáidí pinsin
- Díorthacha agus socruithe fálaithe
- Dliteanais theagmhasacha dhlíthiúla agus nochtadh
- Cur as Feidhm Sócmhainní

Pléadh na saincheisteanna sin leis na bainisteoirí i rith na bliana, agus leis na hiniúchóirí tráth a ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus comhaontú ar phlean iniúchta na n-iniúchóirí don Ghrúpa, agus an plé sin mar chuid d'athbhreithniú na n-iniúchóirí ar na ráitis airgeadais idirthréimhseacha leathbhliantúla agus nuair a bhí an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais deireadh bliana curtha i gcrích.

| CEISTEANNA SUNTASACHA A BREITHNÍODH | CONAS A RINNE AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA SAINCHEISTEANNA A PHLÉ |
|---|---|
| **LUACH DE RÉIR NA LEABHAR SÓCMHAINNÍ FADSAOLACHA AGUS CÁILMHEASA**<br>**Punann Giniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe**<br>Tugadh faoi athbhreithnithe bearnúcháin ar phunanna giniúna na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe lena chinntiú go dtiocfadh na luachanna tugtha anonn le réamhaisnéisí ar shreabhadh airgid lascainithe na todhchaí. B'éigean muirear bearnúcháin €276 milliún a ghearradh i ndáil le sócmhainní giniúna i ndiaidh an athbhreithnithe sin. Tá tuilleadh sonraí (lena n-áirítear sonraí faoi na boinn tuisceana a úsáideadh) le fáil i Nóta 4 agus Nóta 10 de na ráitis airgeadais.<br><br>**Sócmhainní Fadsaolacha Líonraí Tarchuir agus Dáileacháin**<br>Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ní raibh aon táscairí maidir le bearnúchán i luach tugtha anonn bhonn sócmhainní ESB Networks (€7.7 billiún), a chinneann an t-ioncam rialaithe atá le tuilleamh amach anseo.<br><br>**Sócmhainní Fadsaolacha agus Cáilmheas Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks)**<br>Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ní raibh aon táscairí maidir le bearnúchán i luach tugtha anonn bhonn sócmhainní NIE Networks (£1.5 billiún), a chinneann an t-ioncam rialaithe atá le tuilleamh amach anseo.<br><br>Amhail ar an 31 Nollaig 2017, aithníodh go raibh cáilmheas €171 milliún sa ghnóthas NIE Networks. Ar an ábhar sin, tugadh faoi thástáil bhliantúil bearnúcháin ar luach tugtha anonn NIE Networks i gcomhréir le IAS 36 agus níor ghá laghdú a dhéanamh ar luach an cháilmheasa. I nóta 12 leis na ráitis airgeadais, tugtar míniú níos iomláine ar na breithiúnais shuntasacha a úsáidtear chun an tástáil seo a chur i gcrích. | Aithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go bhfuil réimse cinntí breithiúnais taobh thiar de na hathbhreithnithe bearnúcháin maidir le luach anonn sócmhainní, agus braitheann na cinntí sin go mór ar na boinn tuisceana a úsáidtear chun luach úsáide na sócmhainní faoi thástáil a mheas.<br>Chun cabhrú leo an cinneadh a dhéanamh ó thaobh an mhuirir bearnaithe de, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an méid seo a leanas:<br>■ Rinne siad plé ar pháipéir mhionsonraithe arna n-ullmhú agus arna gcur i láthair ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa, lenar áiríodh sonraí faoi na modheolaíochtaí agus na boinn tuisceana a cuireadh i bhfeidhm chun na luachanna in-aisghabhála a fháil amach, a chuimsigh na rátaí lascaine agus na boinn tuisceana margaidh agus taraife a úsáideadh<br>■ Cheistigh an Coiste na boinn tuisceana agus na réamh-mheastacháin a cuireadh i láthair sna doiciméid<br>■ Phléigh siad an anailís íogaireachta a cuireadh ar fáil, lenar áiríodh cásanna le rátaí lascaine difriúla agus cásanna le boinn tuisceana margaidh agus taraife dhifriúla<br>■ Breithniú déanta ar thuairisciú agus ar thorthaí mionsonraithe na n-iniúchóirí seachtracha<br><br>Tar éis an athbhreithnithe thuas, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta gur cur chuige iomchuí atá ann maidir leis an athbhreithniú bearnúcháin agus na príomhbhoinn tuisceana atá in úsáid, agus tá siad sásta freisin gur figiúr cuí é an muirear bearnúcháin eisceachtúil €276 milliún le haghaidh sócmhainní giniúna. |
| **OIBLEAGÁIDÍ PINSIN - SCÉIM PINSIN LE SOCHAR SAINITHE ESB (AN SCÉIM)**<br>I gcomhréir le Sochair Fostaithe IAS 19, léiríonn ESB a chuid oibleagáidí tiomnaithe reatha ar an gclár comhardaithe, mar atá leagtha amach i Nóta 21 leis na ráitis airgeadais. Tá an nós sin bunaithe ar na príomhfhachtóirí seo a leanas, nár tháinig aon athrú orthu sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017.<br>■ Tá an Scéim cláraithe leis an Údarás Pinsean mar Scéim Sochair Sainithe. Leagtar síos i rialacháin na Scéime na sochair atá le cur ar fáil, agus sonraítear na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill atá ag íoc isteach sa scéim freisin.<br>■ Ní gnáthscéim Sochair Sainithe den chineál "iarmhéid na gcostas" í an Scéim (áit a mbíonn an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun na sochair a mhaoiniú). Níl sé ar intinn ag ESB go ndéanfaí aon ranníocaíochtaí breise seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha, chomh maith le hiarmhéid ranníocaíochta breise ESB, ar fiú €591 milliún í (geallta faoin gComhaontú Pinsean 2010 agus innéacsaithe ag 6.25%).<br>■ Dá dtiocfadh easnamh aníos amach anseo, bheadh sé ina cheangal ar ESB faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis na páirtithe sa Scéim. Ní bheadh aon dualgas ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a chinntiú dá mbeadh easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB agus gan faomhadh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. | Ní mór breithiúnas a chleachtadh i gcuntasaíocht na n-oibleagáidí atá le léiriú sna ráitis airgeadais. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca fós sásta gurb í an cur chuige cuí cuntasaíochta, arna cinneadh de réir IAS 19 Sochair Fostaithe, ná a chuid oibleagáidí reatha geallta a léiriú, mar atá leagtha amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais. |

<table>
<tr><th>CEISTEANNA SUNTASACHA A BREITHNÍODH</th><th>CONAS A CHUAIGH AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA I nGLEIC LE FADHBANNA</th></tr>
<tr><td>DÍORTHACHA AGUS SOCRUITHE FÁLAITHE<br>Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh agus ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh chun fálú a dhéanamh ar an neamhchosaint atá ann dó ó rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis agus praghas tráchtearraí de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta. Áirítear ar na príomhdhíorthaigh a úsáideadh, babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh, conarthaí babhtála agus babhtálacha tráchtearraí Praghasinnéacs Tomhaltóirí (RPI), agus conarthaí tráchtála sa todhchaí a bhaineann le ceannach breosla agus díol leictreachais. Maidir le conarthaí díorthacha nach sanntar mar chonarthaí “úsáide féin” iad, déantar cuntasaíocht orthu go príomha mar fháluithe sreabhadh airgid, i gcás go bhfuil siad ag teacht le critéir chuntasaíochta fálaithe sreabhadh airgid faoi IAS 39, agus aon ghluaiseacht chóirluacha a tharlaíonn ina dhiaidh sin, bíonn tionchar aici go príomha ar chothromas seachas ar thuilleamh tuairiscithe an Ghrúpa.<br><br>Áirítear leis an méid thuas na babhtálacha ráta úis atá nasctha le hInnéacs Praghsanna Miondíola (RPI) Thuaisceart Éireann. Fuair ESB na babhtálacha RPI mar chuid d'éadáil NIE Networks in 2010. Is é cuspóir na mbabhtálacha seo ná riosca NIE Networks a bhainistiú agus a neamhchosaint a laghdú i dtaca le gluaiseachtaí ó thaobh boilscithe agus rátaí úis. Níl na babhtálacha RPI i dteideal cuntasaíocht fálaithe (mar níor chomhlíon siad na critéir riachtanacha chuige seo faoi IAS 39 nuair a fuair ESB iad) agus mar sin, déantar na gluaiseachtaí uile maidir le cóirluach sna babhtálacha RPI a thaifeadadh sa ráiteas ioncaim.</td><td>Aithníonn An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca castacht na cuntasaíochta díorthach agus socruithe fálaithe, agus go bhfuil breithiúnas nach beag ag teastáil chun an cur chuige cuí cuntasaíochta a chinneadh. Chun cabhrú leis an gcinneadh maidir lena ciallmhaire is atá an cur chuige cuntasaíochta (go háirithe na boinn tuisceana a úsáideadh sna múnlaí luachála), rinne siad an obair seo a leanas:<br>- Na múnlaí luachála a phlé leis na bainisteoirí<br>- a dhéanamh ar bheartais fálaithe, rioscaí á bhfálú agus cuntasaíocht i gcás a leithéid sin d'fháluithe<br>- Leas a bhaint as próisis tríú páirtí maidir le luacháil díorthach áirithe<br>- Breithniú a dhéanamh ar thorthaí obair na n-iniúchóirí seachtracha i dtaca le díorthaigh<br><br>Is ar bhunús an tsaothair sin atá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta gur glacadh cur chuige cuntasaíochta cuí agus luacháil chuí i leith na ndíorthach.</td></tr>
<tr><td>NOCHTADH AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA DHLÍTHIÚLA<br>De dheasca na tuile i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thionscain Aviva, a bhí ina árachóir ar UCC, caingean dlí i gcoinne ESB san Ard-Chúirt inar lorg sé €19 milliún as damáiste a rinneadh do mhaoin. Ar an 5 Deireadh Fómhair 2015 thug an Ard-Chúirt a bhreithiúnas uaidh sa chás agus chinn sé go raibh an ESB faoi dhliteanas 60% as an damáiste a rinneadh, agus go raibh faillí rannpháirteach 40% déanta ag UCC ina leith.<br><br>Ar bhunús comhairle dlí a fuarthas, chuir ESB achomharc ar aghaidh chuig an gCúirt Achomhairc agus éisteadh leis an achomharc i Samhain 2017. Táthar ag siúl le cinneadh i Ráithe 1 2018. Ar feitheamh cinneadh, ní bheidh aon éisteacht ann maidir le candam (is é sin, méid iarbhír na ndamáistí atá iníoctha i ndáil le caillteanais UCC) agus tá an Ard-Chúirt tar éis bac a chur ar a hordú i dtaca le costais.<br><br>Sa bhreis ar an éileamh a rinne UCC, ó tugadh an breithiúnas sa chás UCC, tá 387 sraith d'imeachtaí dlí seirbheáilte ar ESB a bhaineann leis an tuile i gCorcaigh i Samhain 2009. Níl sonraí faighte fós faoi na méideanna atá á n-éileamh i ndáil leis na himeachtaí seo, agus dá bhrí sin ní féidir meastúchán iontaofa a dhéanamh maidir lena gcostas (dá gcinnfeadh an Chúirt Achomhairc in aghaidh an ESB) faoi láthair. Ach níl ESB den tuairim go sáródh méid iomlán na ndamáistí a bhronnfaí, más ann dóibh, agus na costais ghaolmhara do gach caingean, an cás Aviva / UCC san áireamh, an cumhdach árachais infheidhme atá aige.<br><br>Creideann an ESB, ar bhonn na comhairle inmheánaí agus seachtraí atá faighte, gur mó an dóchúlacht go n-éireoidh leis an achomharc agus dá réir sin, ní dhearnadh soláthar ar bith dá leithéid d'éilimh sna ráitis airgeadais. Féach nóta 27 le haghaidh tuilleadh sonraí.</td><td>Maidir le héilimh dlí, aithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nach mór breithiúnas a fháil maidir leis an leibhéal cuí nochtadh agus soláthar.<br><br>Mar bhunús leis an gcinneadh maidir leis an éileamh a rangú mar dhliteanas teagmhasach, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an obair seo a leanas:<br><br>- An chomhairle dlí inmheánach agus sheachtrach i dtaca leis an gcás a bhreithniú<br>- Tuairimí an lucht bainistíochta a cheistiú nuair is gá<br><br>Ar bhonn na hoibre sin, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta gur dliteanas teagmhasach é an t-éileamh agus gurb iomchuí é gan soláthar a dhéanamh i dtaca le cás UCC agus cásanna bainteacha eile atá le réiteach.</td></tr>
<tr><td>CUR AS FEIDHM SÓCMHAINNÍ<br>Tá roinnt éiginnteachtaí ann a imríonn tionchar ar ríomh an tsoláthair do chur as feidhm agus díchóimeáil stáisiún, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna suímh, éilliú nach rabhthas ag súil leis, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus athruithe sna rátaí lascaine. Agus an soláthar á ríomh aige, tá an meastachán is fearr déanta ag an nGrúpa maidir leis an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na héiginnteachtaí sin, ach d'fhéadfadh athruithe ábhartha amach anseo ar aon cheann de na boinn tuisceana, tionchar ábhartha a imirt ar ríomh an tsoláthair. Déantar leodhóthanacht an tsoláthair seo a mheas ar bhonn bliantúil.</td><td>Aithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go bhfuil raon cinntí breithiúnacha ag baint le measúnú an leibhéil soláthair le haghaidh cur as feidhm sócmhainní. Chun cabhrú leo an cinneadh a dhéanamh ó thaobh leibhéal soláthair de, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an méid seo a leanas:<br><br>- Breithniú ar pháipéir mhionsonraithe arna n-ullmhú agus arna gcur i láthair ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa, lenar áiríodh sonraí faoi na boinn tuisceana a cuireadh i bhfeidhm chun an leibhéal soláthair, an léirmhíniú oibleagáidí dlí agus na teagmhais a tharla le linn na bliana a fháil amach<br>- Breithniú déanta ar thuairisciú agus ar thorthaí mionsonraithe na n-iniúchóirí seachtracha<br><br>Tar éis an athbhreithnithe thuas, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta gur leor an soláthar €261 milliún chun na hoibleagáidí seo a shásamh.</td></tr>
</table>

An cur síos thuas ar na ceisteanna suntasacha a cuireadh san áireamh, ba chóir é a léamh i gcomhar le Tuairisc na n-Iniúchóirí Seachtracha ar leathanaigh 104 go 110 agus leis an ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta a nochtar i nóta 1 de na ráitis airgeadais ar leathanach 119.

## CÓIR, COTHROM AGUS INTUISCEANA

Ar iarratas an Bhoird, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar cé acu, ina thuairimsean, an bhfuil nó nach bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais cóir, cothrom agus intuisceana, ar an iomlán, agus an dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / gheallsealbhóirí ionas gur féidir leo feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas. Déantar breithniú ar cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear an fhaisnéis i láthair sna ráitis airgeadais ar bhealach soiléir achomair, a sheachnaíonn béarlagair, agus atá intuisceana don léitheoir.

Chun cabhrú leis an bpróiseas chun tacú le ráiteas measúnaithe cóir cothrom agus intuisceana, d'ullmhaigh na bainisteoirí tuarascáil le haghaidh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca inar leagadh amach na príomhghnéithe a cuireadh san áireamh agus an ráiteas á dhéanamh, agus chun cabhrú maidir leis an dúshlán agus an tástáil a bhaineann le measúnú cóir cothrom intuisceana a sholáthar.

Agus iad ag iarraidh teacht ar thátal, bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na nithe seo a leanas:

- Go luath sa phróiseas, fuair gach comhalta Boird cóip den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh orthu lena chinntiú go raibh príomhphointí na Tuarascála Bliantúla ag teacht le seasamh, feidhmíocht agus straitéis an Ghrúpa agus go raibh na codanna insinte sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais
- Go raibh próiseas daingean curtha ar bun ag na bainisteoirí chun an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, lenar áiríodh luathphleanáil, i bhfianaise athruithe rialála agus dea-chleachtas
- Sa tuarascáil tríd síos, tá céimeanna curtha ar fáil chun na spriocanna straitéiseacha a ghnóthú
- Go raibh na príomhtháscairí feidhmíochta a úsáideadh agus ar tuairiscíodh orthu sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na cinn a thug na bainisteoirí don Bhord i gcaitheamh na bliana
- Athbhreithniú ar na sonraí agus an fhaisnéis a chuimsigh Iniúchóireacht Inmheánach sa Tuarascáil Bhliantúil
- Athbhreithniú ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha
- Go ndearnadh tagairt leordhóthanach sa Tuarascáil Bhliantúil do gach teagmhas agus saincheist thábhachtach, idir dhearfach agus dhiúltach, a tuairiscíodh chuig an mBord le linn na bliana

Tar éis dó a athbhreithniú a dhéanamh, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca den tuairim go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais cóir, cothrom agus intuisceana, ar an iomlán, agus go dtugtar an t-eolas riachtanach go léir iontu do scairshealbhóirí / gheallsealbhóirí chun feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas.

## ÉIFEACHTACHT AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Déantar feidhmíocht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a mheas mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird. Ba é an eagraíocht neamhspleách, an tInstitiúid Rúnaithe agus Riarthóir Cairte (ICSA), a d'éascaigh an próiseas in 2017, agus níl aon cheangail acu leis an nGrúpa. Tá forléargas ar an bpróiseas measúnaithe agus sonraí faoi na torthaí le fáil ar leathanach 84. Ba é an tátal a baineadh as an bpróiseas ná go bhfuil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag feidhmiú go héifeachtach agus go bhfuil a chuid téarmaí tagartha comhlíonta aige. Táthar tar éis dul i ngleic leis na moltaí a rinne an ICSA ina dtuarascáil um Mheasúnú Boird.

Le linn 2017, thug Cathaoirleach an Choiste, an Rúnaí Cuideachta agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil, faoi athbhreithniú pháipéar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus rinne siad sraith tionscnamh a chomhaontú chun soiléire agus achomaireacht an Choiste a fheabhsú.

## INIÚCHÓIREACHT SHEACHTRACH

**Ceapadh agus Aistriú na nIniúchóirí Seachtracha**

Ceapadh PwC mar iniúchóirí seachtracha tar éis próiseas foirmeálta tairisceana a rinneadh in 2016 don bhliain airgeadais dar tosach 1 Eanáir 2017 i gcomhair suas le trí bliana (is é sin, na blianta airgeadais 2017, 2018 agus 2019), agus rogha ann méadú dhá bhliain a chur i bhfeidhm. Is é an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhreithníonn athcheapachán na n-iniúchóirí seachtracha gach cúig bliana, agus tá an próiseas seo faoi réir tairiscint phoiblí. Is é an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann an caidreamh leis na hiniúchóirí seachtracha a mhaoirsiú, agus áirítear leis sin an próiseas roghnaithe a bhaineann leis an tairiscint iniúchóireachta.

Bhí aistriú furasta ann ó KPMG, na hiniúchóirí seachtracha a bhí ann cheana, a bhuí leis an aga tionscanta tar éis an cheapacháin, agus thug seo deis do PwC, KPMG a leanúint trí réimsí de phróiseas dheireadh bliana 2016, ionas go bhfaighidís tuiscint mhaith ar an ngnó. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an próiseas aistrithe a mhonatóiriú agus tá siad sásta go ndearnadh iniúchadh láidir neamhspleách.

Thug PwC faoi phróiseas ionduchtaithe cuimsitheach chun a dtuiscint ar an nGrúpa a fheabhsú, agus áiríodh leis seo na gníomhartha seo a leanas:

- Cruinnithe leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus bainisteoirí sinsearacha ar fud an Ghrúpa, chun tuiscint a fháil ar na próisis agus na rialuithe atá i bhfeidhm do na haonaid ghnó uile
- Athbhreithniú ar chomhaid uile KPMG, na hiniúchóirí seachtracha a bhí ann roimhe
- Iniúchadh céim ar chéim ar na príomhphróisis
- Rochtain gan srian ar bhainisteoirí agus ar dhoiciméid thábhachtacha
- Freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ó Nollaig 2016

Chuir PwC an t-eolas is déanaí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca faoin aistriú leanúnach in Iúil 2017

## Caighdeán na hIniúchóireachta

Chun cloí le hardchaighdeáin i leith na hiniúchóireachta agus chun sólás a sholáthar maidir le hiontaofacht an tuairiscithe airgeadais, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus ceistiú ar an bplean iniúchóireachta seachtraí atá molta, lena n-áirítear a raon agus a ábharthacht, roimh é a fhaomhadh, lena chinntiú go

bhfuil na hiniúchóirí seachtracha tar éis na príomhrioscaí iniúchta a aithint agus tar éis cur chuige daingean a fhorbairt. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagairt na n-iniúchóirí seachtracha ar cheisteanna cuntasaíochta, rialaithe airgeadais agus iniúchta de réir mar a thagann siad aníos, agus buaileann an Coiste leo ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair, rud a thugann deis do na hiniúchóirí seachtracha aon cheisteanna a ardú faoi rún. Bhí cruinniú príobháideach ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le PwC i bhFeabhra 2018.

## Plé leis na hIniúchóirí Seachtracha

Tá tuarascáil faighte ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ó na hiniúchóirí seachtracha, agus í sin pléite, maidir le torthaí na hiniúchóireachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na réimsí breithiúnacha atá sonraithe ar leathanaigh 91 go 92.

Tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar na cuir i láthair agus na tuarascálacha ón lucht bainistíochta agus ó iniúchóireacht inmheánach, agus tuairimí na n-iniúchóirí seachtracha a chur san áireamh, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil aghaidh tugtha go cuí sna ráitis airgeadais ar na breithiúnais chriticiúla agus ar na príomh-mheastacháin. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta freisin gur scrúdaíodh go hiomchuí na boinn tuisceana shuntasacha a úsáideadh chun luach sócmhainní agus dliteanas a chinneadh, agus go bhfuil siad sách daingean.

Le linn na bliana, tharla cumarsáid oscailte leanúnach idir ESB agus PwC maidir le ceisteanna reatha de réir mar a tháinig siad sin aníos.

## Neamhspleáchas

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca measúnú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí ar bhonn leanúnach. Is é an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhreithníonn athcheapachán na n-iniúchóirí seachtracha gach cúig bliana, agus bíonn an próiseas sin faoi réir tairiscint phoiblí. Cuireadh an próiseas tairisceana deireanach i gcrích in 2016.

Déantar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí a chosaint trí réimse beart rialaithe, ar a n-áirítear:

- Srian a chur le cineál agus luach na seirbhísí neamh-iniúchta a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha, mar atá cuimsithe faoin mbeart le haghaidh seirbhísí neamh-iniúchta
- Na hathruithe reachtaíochta a bhaineann le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht iniúchóirí a mhonatóiriú
- Dearbhú ó PwC go bhfuil cosaintí inmheánacha cuí acu atá ag teacht leis na caighdeáin ábhartha
- An comhpháirtí iniúchóireachta a athrú gach cúig bliana
- Deiseanna a chur ar fáil chun bualadh go príobháideach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Éifeachtacht na n-iniúchóirí seachtracha a athbhreithniú go bliantúil
- Dearbhú neamhspleáchais a fháil ó na hiniúchóirí seachtracha gach bliain

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil PwC neamhspleách neamhchlaonta.

## Éifeachtacht an Iniúchóra

Déantar éifeachtacht na n-iniúchóirí seachtracha a athbhreithniú gach bliain, agus aiseolas ó cheistiúchán de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le measúnú na n-iniúchóirí seachtracha á chur san áireamh. Tá an mheastóireacht dírithe ar réimsí amhail stóinseacht an phróisis iniúchta, an fhoireann iniúchta, cumarsáid agus rialachas.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta san iomlán le héifeachtacht na hiniúchóireachta seachtraí ar bhunús chaighdeán na gcur i láthair a rinneadh, mheasúnú na mbainisteoirí ar an bpróiseas iniúchta, inniúlacht theicniúil PwC agus láidreacht a dtuisceana ar ghnó ESB.

Ós rud é nach bhfuil ach bliain curtha díobh ag PwC tar éis dóibh a bheith ceaptha mar iniúchóirí seachtracha in 2016, áfach, déanfar an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an phróisis sheachtraigh a chur i bhfeidhm go foirmeálta go luath in 2018. Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar phríomhréimsí uile an phróisis iniúchta lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm aon cheachtanna a foghlaimíodh le linn an chéad bhliain agus go leantar d'éifeachtúlacht agus d'éifeachtacht an phróisis iniúchta reachtúil a fhorbairt in 2018. Aon réimsí a shainaithnítear mar réimsí a chaithfear a fhorbairt, cuirfear seo in iúl do PwC le gur féidir leo plé a dhéanamh air ina gcuid pleananna iniúchta sa todhchaí.

## Seirbhísí Neamh-Iniúchta

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beart leasaithe a bhreithniú agus a fhaomhadh maidir le hiniúchóirí seachtracha ESB a cheapadh le haghaidh seirbhísí neamh-iniúchta a chuimseoidh cur i bhfeidhm Rialachán agus Treoir Iniúchta an AE maidir le seirbhísí neamh-iniúchta i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil Uimh. 312/2016 - Aontas Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/EC, arna leasú ag Treoir 2014/56/EU, agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014), Rialacháin 2016 in Éirinn agus leis an gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí arna eisiúint in Aibreán 2017 ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta Éireann (IAASA).

Leagtar amach sa bheartas na socruithe rialachais a bhaineann le soláthar seirbhísí neamh-iniúchta. Na príomhathruithe a rinneadh ná an liosta seirbhísí coiscthe a uasdátú, míniú a thabhairt ar na socruithe rialachais a bhaineann le soláthar a leithéid de sheirbhísí, agus na socruithe idirlinne a shonrú i gcomhair seirbhísí neamh-iniúchta ceadaithe ar cuireadh tús leo roimh cheapachán PwC. Áirítear sa bheart leasaithe, próiseas formheasa sonraithe, agus comhlíonann sé nósanna imeachta soláthair ESB agus leibhéil údaráis an Ghrúpa.

Aon táillí a thuilleann iniúchóirí seachtracha ESB i dtaca le seirbhísí neamh-iniúchta in aon bhliain airgeadais amháin, gan seirbhísí neamh-iniúchta de réir na socruithe idirlinne san áireamh, ní cóir go sáródh na táillí sin an táille iniúchóireachta bhliantúil don bhliain sin. Cuirtear an t-eolas is déanaí faoi na cineálacha seirbhísí neamh-iniúchta a sholáthair PwC agus luach na seirbhísí sin faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go leathbhliantúil chun a léiriú go gcomhlíonann na seirbhísí an beart agus nach sáraíonn luach na seirbhísí an chaidhp.

Cuireadh PwC faoi réir an bhirt um sheirbhísí neamh-iniúchta i dtaca le soláthar seirbhísí neamh-iniúchta ó Nollaig 2016 i leith, cé is moite de mhaolú faoi na socruithe idirthréimhseacha i dtaca le conradh reatha a bhí ann le PwC maidir le seirbhísí tacaíochta le haghaidh bainistiú athruithe.


Leagtar amach i nóta 9 leis na ráitis airgeadais achoimre ar na táillí iniúchta agus neamh-iniúchta a íocadh leis na hiniúchóirí seachtracha. Na príomhsheirbhísí neamh-iniúchta a sholáthair na hiniúchóirí seachtracha le linn na bliana, bhain siad sin leis an gclár Margaidh Aonair Leictreachais Chomhtháite (I-SEM) agus le comhairle cheadaithe maidir le cáin. Ina theannta sin, chuir PwC cabhair riaracháin ar fáil go díreach don ESOP maidir leis an bpróiseas ESOP.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta nár chuir na táillí a íocadh in 2017 neamhspleáchas ná iontaofacht na n-iniúchóirí seachtracha i mbaol. Leanfaidh an Coiste de chineál agus leibhéal na seirbhísí atá á soláthar a mhonatóiriú chun cosc a chur le haon tionchar féideartha ná iarbhír ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí.

## CRUINNITHE

Bíonn rochtain iomlán neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca toradh a gcruinnithe don Bhord. Is gnách leis na páirtithe seo a leanas freastal ar chruinnithe nó ar chuid de chruinnithe: Cathaoirleach an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus/ nó an Leas-phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Tráchtála an Ghrúpa, Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa, Bainisteoir Riosca an Ghrúpa agus ionadaithe de chuid na n-iniúchóirí seachtracha. Eagraítear seisiúin i gcomhair comhaltaí Coiste amháin ag tús / deireadh na gcruinnithe, arna gcinneadh ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Ar son an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca



Noreen O’Kelly,
Cathaoirleach,
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
1 Márta 2018

# COISTÍ AN BHOIRD IN 2017



**Anne Butler,**
Cathaoirleach

Ról
Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ina Théarmaí Tagartha. Nuair is gá, bíonn cruinniú ag Cathaoirleach an Choiste le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chun sainfhreagrachtaí riosca an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil a nuashonrú agus a chomhaontú.

Féach leathanaigh 66 go 67 chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus an Comhshaol in 2017 mar atá leagtha amach sa Tuairisc um Ghnó Freagrach.

## AN COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL

### Cruinnithe Coiste

Bhí 5 chruinniú ag an gCoiste i rith 2017. Ag seo thíos comhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Anne Butler, (Cathaoirleach ó Eanáir 2017) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 2 bhliain agus 3 mhí | 5 |
| Paul Lynam (ó Eanáir 2017) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain | 5 |
| Pat O'Doherty | Príomhfheidhmeannach | 6 bhliain agus 1 mhí | 5 |
| Peter O'Sullivan | Oibrí is Comhalta Boird | 2 bhliain agus 3 mhí | 5 |

### PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL IN 2017

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| An straitéis um shláinte, sábháilteacht agus an comhshaol a fhorbairt agus í a aistriú ina beartais agus ina cláir | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>■ KPInna maidir le sábháilteacht an Ghrúpa<br>■ Clár Sábháilteachta ESB Networks<br>■ Clár Sábháilteachta G&WM<br>■ An Clár Iniúchta Éifeachtúlachta Fuinnimh<br>■ Tuarascáil Inbhuanaitheachta Bhliantúil 2016 |
| Eolas a aimsiú agus a bhreithniú ar na príomhthreochtaí a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol in Éirinn, san Eoraip agus in áiteanna eile, áit ar cuí | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>■ Eolas nuashonraithe faoi eochair-rioscaí i dtaca le sábháilteacht, lena n-áirítear am oibre a chailltear mar thoradh ar ghortuithe, eachtraí a bhféadfadh damáiste a bheith mar thoradh orthu i gcúinsí difriúla, neasteagmhais agus breitheanna maithe |
| Athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar thuairiscí maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha i dtaca le sláinte, sábháilteacht agus an comhshaol | Rinneadh athbhreithniú agus plé ar bhearta molta i dtaca le:<br>■ Tuairiscí ar theagmhais / neamhchomhlíonadh<br>■ Ionchúiseamh arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)<br>■ Tuarascálacha comhshaoil bliantúla ó stáisiúin chuig an GCC<br>■ Forbairtí agus dúshláin maidir leis an dlí comhshaoil<br>■ Tuarascáil Bhliantúil Iascaigh |
| Tacú leis an mBord, a fhreagrachtaí a chur i bhfeidhm maidir le cinntiú go ndéantar rioscaí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a shainaithint, a mheas, a thuairisciú agus a rialú i gceart | Na rioscaí a bhreithniú sna réimsí seo a leanas:<br>■ Sábháilteacht ar Bhóithre<br>■ Sábháilteacht maidir le Leictreachas<br>■ Sláinte agus Folláine<br>■ Sábháilteacht Conraitheoirí |



**Alf Smiddy,**
Cathaoirleach

Ról
Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Margaíochta agus Custaiméirí ina Théarmaí Tagartha.

## AN COISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ

### Cruinnithe Coiste

Cuireadh an Coiste Margaíochta agus Custaiméirí ar bun in Eanáir 2017. Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste i rith 2017. Ag seo thíos comhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Alf Smiddy, (Cathaoirleach ó Eanáir 2017) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain | 3 |
| Anne Butler (ó Eanáir 2017) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain | 3 |
| Tony Merriman (ó Eanáir 2017) | Oibrí is Comhalta den Bhord | Aon bhliain amháin | 2 |
| Pat O'Doherty (ó Eanáir | Príomhfheidhmeannach | 1 bhliain | 2 |

### PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE MARGAÍOCHTA AGUS CUSTAIMÉIRÍ IN 2017

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| Breithniú agus plé a dhéanamh ar thionscnaimh agus chláir mhargaíochta agus chustaiméirí, agus cinntiú go bhfuil siad ailínithe le spriocanna straitéiseacha ESB | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar na gnéithe seo a leanas:<br>■ An t-eolas is déanaí faoi chustaiméirí ESB Networks<br>■ An t-eolas is déanaí faoi chustaiméirí Electric Ireland<br>■ Seoladh Phlean Feabhsaithe Seirbhísí Custaiméara ESB Networks |
| Breithniú agus plé a dhéanamh ar tháirgí agus seirbhísí nua agus na réamh-mheastacháin ioncaim bhainteacha | An t-eolas is déanaí faighte faoi na pointí seo a leanas:<br>■ Rochtain a fháil ar mhargadh na Breataine Móire<br>■ Seoladh Baile Chliste |
| Breithniú agus plé ar chláir mholta fógraíochta agus urraíochta agus measúnú a dtionchair siúd | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>■ Feachtas sábháilteachta poiblí ESB Networks |



**Ellvena Graham OBE,** Cathaoirleach

**Ról**

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta ina Théarmaí Tagartha.

## AN COISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA

### Cruinnithe Coiste

Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste i rith 2017. Ag seo thíos comhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Ellvena Graham OBE | Cathaoirleach | 6 bliana | 4 |
| Andrew Hastings | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 2 bhliain agus 3 mhí | 4 |
| Noreen Wright | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 6 bliana | 4 |

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE UM LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BAINISTÍOCHTA IN 2017**

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar chomharbas agus forbairt na bainistíochta sinsearaí | ■ Athbhreithniú ar phleanáil comharbais agus inniúlachtaí ceannaireachta |
| Comhaontú leis an bPríomhfheidhmeannach maidir leis na spriocanna sonracha atá aige i leith feidhmíocht bhliantúil | ■ Feidhmíocht athbhreithnithe os coinne spriocanna 2016<br>■ Spriocanna 2017 a shocrú |
| Na pacáistí luach saothair d'Fhoireann Feidhmiúcháin ESB a chinneadh | ■ Na pacáistí luach saothair don Fhoireann Feidhmiúcháin a athbhreithniú agus a fhaomhadh |



**Andrew Hastings,** Cathaoirleach

**Ról**

Tá freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta leagtha amach ina Théarmaí Tagartha.

## AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA

### Cruinnithe Coiste

Bhí 10 gcruinniú ag an gCoiste i rith 2017. Ag seo thíos comhaltaí an Choiste, fad a dtréimhsí seirbhíse, agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastail siad:

| COMHALTAÍ | AINMNIÚ | FAD NA TRÉIMHSE SEIRBHÍSE | TINREAMH AG CRUINNITHE |
|---|---|---|---|
| Andrew Hastings, (Cathaoirleach ó Eanáir 2017) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 2 bhliain agus 3 mhí | 10 |
| Dave Byrne | Oibrí is Comhalta den Bhord | 4 bhliain agus 9 mí | 10 |
| Ellvena Graham OBE (go dtí Eanáir 2017) | Cathaoirleach | 3 bhliain agus 9 mí | 1[1] |
| Seán Kelly | Oibrí is Comhalta den Bhord | 2 bhliain agus 3 mhí | 8 |
| Paul Lynam (ó Eanáir 2017) | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 1 bhliain | 10 |
| Pat O'Doherty | Príomhfheidhmeannach | 4 bhliain agus 9 mí | 10 |
| Noreen O'Kelly | Comhalta Neamhspleách den Bhord | 2 bhliain agus 3 mhí | 10 |

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHTA IN 2017**

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| Buiséid chaipitil bhliantúla a athbhreithniú roimh iad a chur faoi bhráid an Bhoird | Arna bhreithniú agus arna mholadh don Bhord (áit arb infheidhme):<br>■ Buiséad bliantúil 2018 agus an plean gnó cúig bliana<br>■ Tuairiscí ráithiúla ar chaiteachas airgeadais agus caipitiúil<br>■ Tuairisc ráithiúil ar iasachtaí, babhtálacha agus bannaí |
| Iniúchadh maidir le hinfheistíocht agus caiteachas caipitiúil a dhéanamh ar thograí móra gnó | Arna bhreithniú agus arna mholadh don Bhord (áit arb infheidhme):<br>■ Infheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh<br>■ Caiteachas i dtaca leis an gclár Margaidh Aonair Leictreachais Chomhtháite (I-SEM)<br>■ Rannpháirtíocht sa cheant acmhainne I-SEM<br>■ Tionscadal Ceannoifige ESB – cás gnó agus caiteachas caipitiúil<br>■ Clár ollchóirithe agus infheistíochta sócmhainní giniúna 2018-2020<br>■ Tuarascáil ráithiúil ar sheirbhísí Comhairleachta<br>■ An t-eolas feidhmíochta is déanaí faoin gclár ecars<br>■ Feidhmíocht an Chiste Novusmodus |
| Iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna beartais i dtaca le riachtanais airgeadais ESB, lena n-áirítear rátálacha creidmheasa, iasachtaíochtaí, ionstraimí airgeadais agus bainistiú fiacha | Arna bhreithniú agus arna mholadh don Bhord (áit arb infheidhme):<br>■ Cistiú margaí caipitiúla<br>■ Méadú ar an gclár (Nóta Meántéarmach Euro) go dtí €5 billiún<br>■ Íosrátaí toraidh maidir leis an gcinneadh infheistíochta<br>■ Beartas Bainistíochta Riosca Ráta Úis<br>■ An t-eolas is déanaí faoin margaidh státchiste<br>■ An t-eolas is déanaí faoi rátálacha creidmheasa |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta trádála fuinnimh an Ghrúpa | Athbhreithniú agus measúnú déanta ar:<br>■ Stádas Riosca Trádála ESB (margadh, creidmheasa agus oibriúcháin)<br>■ Tionchair féideartha I-SEM |

I gcás gach Coiste Boird, athbhreithníonn agus faomhann an Bord a Théarmaí Tagartha ar bhonn bliantúil. Is féidir iad seo a fháil ó Rúnaí na Cuideachta ach iad a iarraidh.

1. Tá Cathaoirleach an Bhoird ina chomhalta d'aon choiste amháin - an Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta - ach freastalaíonn go rialta ar chruinnithe de chuid an Choiste Airgeadais agus Infheistíochtaí agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

# TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Cuireann na comhaltaí Boird a dtuarascáil i láthair, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta ESB agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa, giniúint, tarchur, dáileachán agus soláthar leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Oibríonn an Grúpa go hidirnáisiúnta freisin i ngníomhaíochtaí giniúna agus soláthair sa Bhreatain Mhór, agus tá baint aige le roinnt tionscadal comhairleach san Áise agus san Afraic.

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tugtar tráchtaireacht maidir le feidhmíocht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, ina gcuimsítear eolas ar na cúrsaí is déanaí agus ar fhorbairtí ionchasacha amach anseo. Tá feidhmíocht an ghnóthais agus a sheasamh airgeadais, i dteannta leis na príomhrioscaí atá ann don Ghrúpa, léirithe sna hathbhreithnithe ar gach príomhaonad gnó ar leathanaigh 54 go 63, san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 48 go 53 agus sa Tuairisc Riosca ar leathanaigh 24 go 37.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ DON BHLIAIN

Léiríonn torthaí airgeadais an Ghrúpa brabús iarchánach €209 milliún roimh mhíreanna eisceachtúla don bhliain 2017 i gcomparáid le brabús €186 milliún don bhliain 2016. Caillteanas €32 milliún tar éis cánach agus míreanna eisceachtúla (2016: brabús €186 milliún). Comhaontaíodh beartas díbhinne leis an Rialtas in 2013 a dhéanann soláthar do dhíbhinní spriocdhírithe brabúis choigeartaithe iarchánach de 40% in 2017 agus ina dhiaidh (38% in 2016. Fógraíodh agus íocadh díbhinn idirthréimhseach dar luach €55.4 milliún (2.80 cent in aghaidh an aonaid stoic) i Samhain i ndáil le 2017. Faoi láthair, tá an Bord ag moladh díbhinn deiridh 0.23 per cent in aghaidh an cent i gcomhair gach aonad stoic don bhliain 2017, arb ionann é agus €4.6 milliún, agus chiallódh seo go mbeadh díbhinní €60 milliún san iomlán ann don bhliain 2017. Mar thoradh air seo, b'ionann na díbhinní ar fad le deich mbliana anuas agus beagnach €1.4 billiún.

## SCAIRCHAIPITEAL

Rinneadh togra um leachtacht margaidh Phlean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe (ESOP) a fhormheas ag cruinniú an Bhoird i mBealtaine 2015. Is é is cuspóir an togra ná leachtacht a fheabhsú sa mhargadh ESOP, áit a bhfuil ESOP Trustee tiomanta, €25 milliún a chaitheamh chun stoc caipitil a fháil sa mhargadh inmheánach ESOP. Shocraigh ESB go gcuirfeadh sé cómhaoiniú ar fáil arbh ionann é agus an caiteachas atá tiomanta ag an Iontaobhaí ESOP don tréimhse 2014-2018. Thosaigh ESB ag éadáil an stoic chaipitiúil i mí Mheán Fómhair 2017; caitheadh €5.6 milliún agus cuireadh ar ceal an stoc a bhí faighte. Tá mionsonraí leagtha amach i nótaí 17 agus 30. Tá eolas mionsonraithe faoi scairchaipiteal an Ghrúpa le fáil i nóta 17 leis na ráitis airgeadais.

## FORBAIRTÍ SA TODHCHAÍ

Is fóntas láidir éagsúlaithe é ESB, agus é comhtháite go hingearach, atá gníomhach i ngach réimse den mhargadh leictreachais: ó ghiniúint, tarchur agus dáileadh go soláthar custaiméirí, le láithreacht i margadh giniúna na Breataine Móire, atá ag dul i méid. Tríd an Straitéis go dtí 2030, cinnteofar go leanfaidh ESB den fhás mar ghnóthas rathúil, agus san am céanna, beidh de láidreacht airgeadais aige i gcónaí le go mbeidh sé in ann infheistíochtaí a dhéanamh i dtodhchaí ísealcharbóin, agus an méid sin a dhéanamh faoin luas agus faoin scála cuí. Féach leathanaigh 17 go 21 le haghaidh tuilleadh eolais.

## PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

Tá cur síos ar na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí roimh an nGrúpa leagtha amach sa Tuairisc Riosca ar leathanaigh 28 go 37.

## IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

I nóta 26 leis na ráitis airgeadais, sonraítear spriocanna agus beartais an Ghrúpa i dtaca le bainistiú riosca airgeadais, chomh maith le cur síos ar úsáid ionstraimí airgeadais.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Measann Comhaltaí an Bhoird gur fhostaigh siad pearsanra cuntasaíochta a bhfuil an saineolas iomchuí acu agus gur chuir siad acmhainní leordhóthanacha ar fáil don fheidhmeannas airgeadais d'fhonn a chinntiú go bhfuil dualgas an ESB á chomhlíonadh maidir le leabhair chuntais chearta a choimeád. Tá leabhair chuntais ESB coimeádta ag Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3.

## TUARASCÁIL FAOI ALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

In Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éilítear ar ESB Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú i dtaca le nochtadh faoi chosaint a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. De réir an éilimh seo, dearbhaíonn ESB nach ndearnadh aon nochtadh faoi chosaint le linn na bliana iomláine dar críoch 31 Nollaig 2017.

## AN TACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL 2015

I gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha síos san Acht um Brústocaireacht a Rialú, tá ESB cláraithe leis an gClár Brústocaireachta ar www.lobbying.ie agus tá an tuairisceán cuí déanta aige don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017.

## AN tACHT UM SCLÁBHAÍOCHT NA LINNE SEO

Tá sclábhaíocht na linne seo ina cion coiriúil faoi Acht um Sclábhaíocht na Linne Seo na Ríochta Aontaithe 2015. Déanann an tAcht oibleagáidí a fhorchur ar eagraíochtaí de mhéid áirithe atá i mbun gnó sa Ríocht Aontaithe. Tá cineálacha éagsúla sclábhaíocht na linne seo ann, lena n-áirítear daoirse, saothar éignithe agus gáinneáil ar dhaoine, agus tá na cineálacha sin cosúil lena chéile sa mhéid go dtarlaíonn siad nuair a bhaineann daoine a shaoirse de dhuine ionas gur féidir leo dúshaothrú a dhéanamh ar an duine sin ar mhaithe leo féin go pearsanta nó ar mhaithe lena ngníomhaíochtaí tráchtála. Is Máthairchuideachta í ESB ar roinnt mhaith fochuideachtaí a bhfuil oibríochtaí suntasacha ar siúl acu sa Ríocht Aontaithe, agus ar an ábhar sin, tá ESB tar éis Beartas a chur i bhfeidhm i dtaca le Sclábhaíocht na Linne Seo, a bhfuil d'aidhm aige a chinntiú nach dtiocfaidh fadhbanna i leith sclábhaíocht na linne seo chun cinn ina ghnóthais nó ina shlabhraí soláthair. De réir an Achta, foilsíonn ESB Ráiteas Bliantúil ina leagtar amach na céimeanna atá curtha i bhfeidhm aige le linn na bliana airgeadais roimhe sin lena chinntiú nach mbeidh sclábhaíocht ná gáinneáil ar dhaoine ag tarlú ina ghnóthais nó ina shlabhraí soláthair. D'fhoilsigh ESB an chéad ráiteas den chineál seo ar an 27 Aibreán 2017.

## INBHUANAITHEACHT

Tá coincheapa maidir le hinbhuanaitheacht agus freagracht shóisialta chorparáideach (CSR) daingnithe in oibriúcháin agus gníomhaíochtaí uile ESB. Tá eolas ar fáil faoi chur chuige an Ghrúpa maidir le hInbhuanaitheacht agus CSR ar leathanaigh 66 go 75 agus is féidir teacht ar chur síos níos doimhne orthu sin sa tuarascáil bhliantúil ar inbhuanaitheacht, a ndearnadh deimhniú neamhspleách uirthi agus atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Ghrúpa.

## AN tACHT TOGHCHÁIN, 1997

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitiúil i rith na bliana.

## PRÍOMHGHNÓTHAIS FOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAIR AGUS GNÓTHAS COMHLACHAITHE

Tá sonraí maidir leis na príomhghnóthais fochuideachta, comhfhiontair agus na gnóthas comhlachaithe ar fáil i nóta 33 leis na ráitis airgeadais.

## RIALÚ ÍOCAÍOCHTAÍ PRAS

Déanann an Bord a fhreagracht a shainaithint maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach cás ábhartha, le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012), arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú) Rialúcháin 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016) 2002. Tá an Bord sásta go bhfuil riachtanais na Rialachán seo comhlíonta ag ESB.

## IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Tá idirbhearta páirtithe gaolmhara leagtha amach i nóta 28 leis na ráitis airgeadais.

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Tá baint ag gnóthais an ESB le tionscadail agus cláir nuálacha i dtaca le hearnáil an fhuinnimh a fhorbairt. Tá tagairtí do mhórchuid na dtionscadal agus clár seo sa chuid faoi Straitéis agus Feidhmíocht ar leathanaigh 1 go 63.

## RÁITEAS FAOI ALT 330 D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

Cuireann rialacháin ESB ceangal ar ESB cloí leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le haonán d'Acht na gCuideachtaí maidir le hiniúchadh agus / nó iniúchóirí. Éilíonn seo go ndéanfadh na stiúrthóirí ráiteas sa chaoi a dteastaíonn sin de réir Alt 330 den Acht 2014. Agus an riachtanas seo á chomhlíonadh, dearbhaíonn an Bord go bhfuil na caighdeáin in Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014 á gcur i bhfeidhm aige, agus maidir leis seo, dearbhaíonn gach comhalta Boird:

- chomh fada agus is eol don chomhalta Boird, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha ann maidir le hiniúchtaí nach bhfuil iniúchóirí reachtúla ESB ar an eolas fúthu
- go bhfuil gach a bhfuil riachtanach déanta ag gach comhalta Boird chun é nó í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha maidir le hiniúchtaí agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóirí ESB ar an eolas faoin bhfaisnéis sin (de réir chiall Alt 330).

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá Coiste Iniúchóireachta ag ESB, a bhfuil a chomhaltaí sonraithe ar leathanach 89.

## INIÚCHÓIRÍ

Meastar go ndeimhneofar ceapachán PwC mar iniúchóirí ESB don bhliain airgeadais 2018, de réir Alt 7 (2) den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú), ag Cruinniú Cinn Bhliana na cuideachta.

Ag an gCruinniú Cinn Bhliana, iarrfar ar na scairshealbhóirí (i) údarás a thabhairt do na stiúrthóirí luach saothair na n-iniúchóirí a shocrú i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus (ii) PwC a cheapadh mar iniúchóirí don bhliain airgeadais 2018 (de réir na bhforálacha bainteacha in alt 7(2) den Acht, a éilíonn go gceapfaí iniúchóirí ar bhonn bliantúil).

## FORMHEAS NA TUARASCÁLA BLIANTÚLA AGUS NA RÁITEAS AIRGEADAIS 2017

Tar éis don Bhord moladh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a thabhairt san áireamh, tá sé sásta go bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais cóir, cothrom agus intuisceana san iomlán.

Ellvena Graham OBE,
Cathaoirleach

Pat O'Doherty,
Príomhfheidhmeannach

1 Márta 2018

# RÁITIS AIRGEADAIS

Tá **Straitéis 2030** daingnithe mar chuid dár n-uaillmhian le todhchaí níos fearr a chruthú trí cheannas a ghlacadh ar an aistriú go fuinnimh ísealcharbóin atá iontaofa agus inacmhainne. Leagann sé slí amach chun ár n-uaillmhian a bhaint amach ar bhealach a chinnteoidh go leanfaidh ESB ag fás mar ghnó rathúil agus go gcoinneoidh sé an neart fisiciúil le hinfheistiú i dtodhchaí le carbón íseal ag an siúl agus an scála a bhfuil gá leis. **Aithníonn sé an poitéinseal freisin d'fhás gnó nua a thiocfaidh ón athrú.**

**Cuireann an Straitéis béim ar** an tábhacht atá le bheith inoiriúnaithe, freagrach agus a bheith in ann an deis a thapú i ré neamhchinnteachta gan fasach, agus láithreacht scála a bheith ann thar an slabhra luacha áirgiúlachta, le meascán de ghnóthaí rialáilte agus neamhrialáilte, agus ag coinneáil rátáil chreidmheasa infheistíochta láidir ag an am céanna.

Táimid ag infheistiú i réitigh fhuinnimh spreagúla a bhaineann leas as cumhacht na gréine, na gaoithe, na dtonn agus as stóráil chun todhchaí níos glaine a sholáthar. Tugann sé seo, ansin, deis do chustaiméirí srian a bheith acu ar a gcuid fuinnimh ar bhealach nach raibh ann cheana riamh, agus cuireann sé ar a gcumas a bheith mar tháirgeoir in áit a bheith mar úsáideoir.



# CLÁR

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird 103
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) 104

## Ráitis Airgeadais

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa 111
Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh an Ghrúpa 112
Clár Comhardaithe an Ghrúpa 113
Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta 114
Ráiteas an Ghrúpa maidir le hAthruithe ar Chothromas 115
Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas 116
Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid 117
Ráiteas na Máthairchuideachta maidir le Sreabhadh Airgid 118

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1 Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta 120
2 Tuairisciú ar Dheighleoga 126
3 Faisnéis Gheografach 128
4 Míreanna Eisceachtúla 128
5 Ioncam Oibriúcháin Eile / (Costais) 129
6 Costais Oibriúcháin 129
7 Glanchostas Airgeadais agus Muirir Mhaoinithe Eile 130
8 Fostaithe 131
9 (Caillteanas) /Brabús don Bhliain Airgeadais 132
10 Maoin, Gléasra agus Trealamh 133
11 Sócmhainní Doláimhsithe 135
12 Cáilmheas 137
13 Infheistíochtaí Sócmhainní Airgeadais 138
14 Fardail 141
15 Infháltais Trádála agus Infháltais Eile 141
16 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim 143
17 Athruithe ar Chothroma 144
18 Cánachas 145
19 Iasachtaí agus Fiachas Eile 149
20 Ionstraimí Airgeadais Díorthacha 154
21 Dliteanais Pinsin 157
22 Dliteanas – Scéim Pinsean an ESB agus Dliteanais a Bhaineann le Fostaithe 161
23 Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile 162
24 Ioncam Iarchurtha agus Deontais Rialtais 163
25 Soláthairtí 164
26 Bainistiú Riosca Airgeadais agus Luach Cóir 166
27 Ceangaltais agus Teagmhais 180
28 Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara 181
29 Meastacháin agus Breithiúnais 182
30 ESB ESOP Trustee Limited 182
31 Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe 182
32 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais 182
33 Gnóthais Fochuideachta, Comhfhiontar agus Cuideachtaí Comhlachaithe 183

# RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, ina gcorpraítear ráitis airgeadais don ESB (Máthairchuideachta) agus don Ghrúpa ESB, a chuimsíonn ESB agus a fhochuideachtaí ("An Grúpa").

Faoi rialacháin rialaithe ESB, arna nglacadh de bhun na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, ("Rialacháin an ESB"), ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú de réir mar a cheanglaítear ar chuideachtaí arna mbunú faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

Ceanglaítear ar an ESB freisin a thuarascáil bhliantúil, ina gcorpraítear na ráitis airgeadais, a chur ar fáil don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir treoirlínte rialachais chorparáidigh agus chun a chuid oibleagáidí faoi Alt 32 den Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú), a chomhlíonadh maidir le tuarascáil ar imeachtaí na bliana roimhe sin a chur chuig an Aire.

Tá an cinneadh déanta ag an mBord, ráitis airgeadais ESB a ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí 2014 agus de réir Rialacháin ESB.

Ní cóir do chomhaltaí an Bhoird an ráiteas airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léiriú cóir cothrom ann ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB, agus ar bhrabús nó chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin.

Agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais iarrtar ar chomhaltaí an Bhoird:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Dearbhú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na caighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ndáil le ESB, arna gcur i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go mbeidh an Grúpa agus ESB fós i mbun gnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil ina nochtar, am ar bith agus go réasúnta cruinn, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas ESB, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS is infheidhme arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Achtanna na gCuideachtaí 2014 agus de réir Rialacháin ESB.

Tá freagracht ar chomhaltaí an Bhoird freisin as sócmhainní an ESB agus an Ghrúpa a chosaint, agus dá bhrí sin, as gach céim réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise airgeadais agus corparáide atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa agus an ESB www.esb.ie. D'fhéadfadh difir a bheith idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Dearbhaíonn gach aon chomhalta Boird, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, an méid seo a leanas:

- Tugtar i ráitis airgeadais an Ghrúpa, arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus i ráitis airgeadais ESB arna n-ullmhú de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm de réir Rialacháin ESB, léargas fíorcheart maidir le sócmhainní, dliteanais, agus staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB amhail 31 Nollaig 2017, agus maidir le brabús an Ghrúpa don bhliain sin dar chríoch 31 Nollaig 2017;
- Tugtar i dtuairisc na gcomhaltaí Boird atá sa tuarascáil bhliantúil athbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus ar staid an Ghrúpa agus an ESB, i dteannta le cur síos ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhfuil aghaidh á thabhairt orthu; agus
- Tugtar sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais ina n-iomláine, an fhaisnéis atá riachtanach le feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis an Ghrúpa a mheas, agus is cóir, cothrom intuigthe í an tuarascáil a chuireann an fhaisnéis riachtanach do scairshealbhóirí ar fáil chun staid, feidhmíocht, múnla gnó agus straitéis ESB a mheas.

Thar ceann an Bhoird

**Ellvena Graham OBE,** Cathaoirleach

**Pat O'Doherty,** Príomhfheidhmeannach

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB)

## TUAIRISC AR INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

### TUAIRIM

Inár dtuairim tugann ráitis airgeadais Ghrúpa ESB agus ráitis airgeadais na Máthairchuideachta (na “ráitis airgeadais”):

- léargas fíorcheart ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa, amhail 31 Nollaig 2017, agus ar chaillteanas an Ghrúpa agus ar shreabhadh airgid na Máthairchuideachta ag deireadh na bliana céanna;
- bhí siad ullmhuithe i gceart de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach agus i ndáil ráitis airgeadais na Máthairchuideachta mar a cuireadh i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- ullmhaithe mar is cuí de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus arna gcur i bhfeidhm leis na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927-2004.

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais, an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais (an “Tuarascáil Bhliantúil”) san áireamh a chuimsíonn:

- Cláir comhardaithe an Ghrúpa agus an Mhháthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2017;
- Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch;
- Ráitis Shreabhadh Airgid na Máthairchuideachta don bhliain dar críoch;
- Ráitis an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ar Athruithe i gCothromas don bhliain dar críoch; agus
- Nótaí na ráitis airgeadais, ina bhfuil cur síos ar pholasaithe cuntasaíochta suntasacha.

### BUNÚS TUAIRIME

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (“ISAanna (Éire)”). Cuirtear síos tuilleadh ar ár bhfreagrachtaí faoi ISAnna (Éire) i bhfreagrachtaí an Iniúchóra d'iniúchadh rannáin ráitis airgeadais ár dtuarascáil. Measaimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte againn le go mbeidh sí ina bonn lenár dtuairim.

*Neamhspleáchas*

D'fhanamar neamhspleách ar an nGrúpa de réir riachtanais eiticiúla atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, a chuimsíonn Caighdeán Eiticiúil IAASAnna agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile de réir na riachtanais sin.

### ÁR GCUR CHUIGE INIÚCHTA

*Ábharthacht*

- €13 milliún - ráitis airgeadais an Ghrúpa

Bunaithe ar c. 5% de bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla. Measann muid gur tagarmharc cuí é seo mar go bhfuil an Grúpa claonta i dtreo brabúis agus is míreanna neamh-athfhillteacha iad na míreanna suntasacha nach léiríonn gníomhaíocht thrádála an Ghrúpa.

- €13 milliún - Ráitis airgeadais na Máthairchuideachta

Ar bhunús na hábharthachta a cuireadh i bhfeidhm i dtaca le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus ar bhunús an leibhéil trádála sa Mháthairchuideachta, cheapamar go raibh sé cuí go gcuirfí ábharthacht €13 milliún i bhfeidhm i dtaca le hiniúchadh ráiteas airgeadais na Máthairchuideachta.

*Scóip iniúchta*

D'oibríomar thar ceithre dheighleog thuairiscithe agus thar fheidhm na príomhoifige. Chlúdaigh ár n-obair iniúchta breis is 95% d'ioncam an Ghrúpa, an brabús roimh chánachas agus míreanna eisceachtúla, iomlán na sócmhainní agus iomlán na ndliteanas.

*Príomhcheisteanna iniúchóireachta*

- Luach Sócmhainní Fadsaolacha de réir na Leabhar
- Luacháil ionstraimí airgeadais agus ainmniú fáluithe
- Iomláine na n-oibleagáidí pinsin
- Iomláine agus luacháil na n-oibleagáidí maidir le cur as feidhm sócmhainní
- Aitheantas ioncaim - ioncam neamhbhilleáilte Electric Ireland

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

*Scóip ár n-iniúchóireachta*

Mar chuid do dhearadh ár n-iniúchóireachta, chinneamar ábharthacht agus mheasamar na rioscaí ar mhíshonrú ábhartha inár ráitis airgeadais. Bhreathnaíomar go háirithe ar an áit a ndearna comhaltaí an Bhoird breithiúnais suibiachtúla, mar shampla i ndáil le meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a chiallaigh boinn tuisceana a dhéanamh agus imeachtaí sa todhchaí a mheas atá neamhchinnte go bunúsach. Mar a rinneamar inár n-iniúchadh uile dhéileáil muid le riosca sáraitheach bainistíochta ar rialúcháin inmheánacha, ar a bhfuil a mheas an raibh fianaise ar chlaonadh ó chomhaltaí an Bhoird a thabharfadh riosca ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois.

*Príomhcheisteanna iniúchóireachta*

Príomhábhair iniúchta sin iad na hábhair ba mhó suntais in iniúchadh ráitis airgeadais na tréimhse reatha, de réir bhreith ghairmiúil an iniúchóra agus cuimsíonn siad na rioscaí measúnaithe ba suntasaí ar mhíshonrú ábhartha (más de bharr calaoise é nó nach ea) a aithníonn na hiniúchóirí, ar a n-áirítear iad sin a raibh an éifeacht ba mhó acu ar: an straitéis fhoriomlán iniúchóireachta; leithdháileadh na n-acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a threorú. Déileáladh leis na hábhair sin, agus le haon tuairim a thugaimid ar thorthaí na nósanna imeachta ina thaobh, i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus trína dtuairim a fhorbairt ina leith, agus ní thugann muid tuairim ar leith ar na hábhair sin. Ní liosta iomlán é seo de na rioscaí ar fad a aithníodh inár n-iniúchadh.

| Príomhcheist iniúchta | Conas ar dhéileáil ár n-iniúchadh leis an bpríomhcheist iniúchta |
|---|---|
| **Luach Sócmhainní Fadsaolacha de réir na Leabhar**<br><br>***Tagair do leathanach 91 (Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta & Riosca), nóta 1(v), (vii) agus (viii) (Ráiteas Pholasaithe Cuntasaíochta) agus nótaí 4, 10, 11 agus 12 do na ráitis airgeadais***<br><br>Is é luach anonn réadmhaoin, ghléasra agus threalaimh, sócmhainní doláimhsithe, agus cáilmheas ESB ná €10.4 billiún, agus is sócmhainní fadsaolacha iad a bhformhór atá deartha le toradh os cionn 20+ bliain a sholáthar. Tá sé mar riachtanas ar an nGrúpa a mheas ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe an bhfuil aon chomharthú ann go mbeadh bearnúchán déanta do shócmhainn. Má tá aon chomharthú mar sin ann, caithfidh an grúpa tástáil bhearnaithe a dhéanamh.<br><br>Mar chuid de luach anonn réadmhaoin, ghléasra agus threalaimh, sócmhainní dolaimhsithe, agus cáilmheas an Ghrúpa tá €2 bhilliún maidir le NIE Networks agus is cáilmheas é €171 milliún de sin. Ós rud é go bhfuil cáilmheas mar chuid den Aonad Giniúna Airgid Thirim (GCU) seo, déanann an Grúpa tástáil ar shócmhainní fadsaolacha agus cáilmheasa NIE Networks i gcomhair bhearnúcháin go bliantúil.<br><br>Tá gá le breith shuntasach i measúnú an Ghrúpa ar luach anonn réadmhaoine, ghléasra agus threalaimh, sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheasa le hionchuir chuig samhlacha shreabhadh airgid lascainithe a mheas a mbaintear úsáid astu chun an méid aisghabhála sócmhainní a mheas.<br><br>Maidir le punann giniúna cumhachta an Ghrúpa, tá bonn tuisceana anseo maidir le costais leictreachais agus breosla, méideanna, rátaí lascaine agus ioncaim cumais agus coimhdeacha eile faoin Margadh Leictreachais Singil (I-SEM).<br><br>Maidir le NIE Networks ar na príomhbhoinn tuisceana tá críoch-luach an Bhoinn Sócmhainne Rialaithe, ráta boilscithe fadtéarmach, buiséid chaiteachais caipitle agus an sochar fadtéarmach ar an mBonn Sócmhainne Rialaithe.<br><br>Dhírigh muid ar an réimse seo agus go háirithe, ar na sócmhainní fadsaolacha sin laistigh de phunann ghiniúna an Ghrúpa, ag glacadh le scála na n-acmhainní agus an riosca méadaithe ar bhearnúchán amhail an 31 Nollaig 2017. Léiríonn na rioscaí méadaithe na hathruithe atá ag teacht ar an margadh a bhaineann leis an I-SEM a mbeidh tionchar aige ar an margadh ag dul ar aghaidh agus brúnna eile ar lamhálacha fuinnimh.<br><br>Dhírigh muid freisin ar Shócmhainní NIE Networks, mar gheall ar Chinneadh Praghsála Rialacháin i margadh Thuaisceart Éireann a tugadh i gcrích in 2017 do thréimhse sé bliana go leith go dtí Márta 2024. | Mheas muid measúnú an Ghrúpa ar an raibh aon chomharthú go mbeadh sócmhainn bearnaithe, agus mar sin go gcaithfí tástáil bhearnúcháin a dhéanamh.<br><br>Dhírigh muid ar ár n-iarracht iniúchta ar na Sócmhainní Giniúna Cumhachta sin a raibh riosca bearnúcháin, bunaithe ar ár mbreithniú ar ghlanluach de réir na leabhar shócmhainní aonaracha agus na réamhfhaisnéisí shreabhadh airgid lascainithe, breithniú ar na boinn thuisceana laistigh de na réamhfhaisnéisí san áireamh, agus ar na Sócmhainní Giniúna Cumhachta inar aithnigh agus ar thaifead an bhainistíocht bearnúchán bunaithe ar an tástáil bhearnúcháin a rinneadh.<br><br>Mheas muid measúnú na bainistíochta ar na Sócmhainní Giniúna Cumhachta sin a d'fhéadfadh a bheith bearnaithe trí na boinn tuisceana criticiúla sna réamhaisnéisí i sreabhadh airgid thodhchaí a mheas agus tríd an leibhéal iomláine spás cloiginn agus an luach iompair na n-aonaid giniúna airgid tirim aonaracha a bhreith.<br><br>Ar na príomhbhoinn tuisceana a úsáidtear le buiséid agus réamhaisnéisí a ullmhú do Shócmhainní Giniúna Cumhachta tá teorainn fuinnimh, praghsanna breosla sa todhchaí, feidhmiú dóchúil na gcumhachtstáisiúin (Lódfhachtóirí), rátaí lascaine, boilsciú agus dátaí dhúnta chumhachtstáisiúin.<br><br>Fuair muid tuiscint ar chur chuige na bainistíochta leis na príomhbhoinn tuisceana a dheimhniú sna samhla bearnúcháin do Shócmhainní Giniúna Cumhachta, ar a bhfuil iad a chur i gcomparáid leis na buiséid is deireanaí a bhí faofa ag an mBord. Áit a raibh sonraí foinse neamhspleách chuir muid i gcomparáid é leis na hionchuir sna samhla agus thuigeamar bonna bainistíochta faoi na breitheanna a tugadh sna samhlacha. Maidir le hionchuir nach raibh sonraí inbhraite acu bhreith muid iad sin agus thugamar dúshlán bhoinn tuisceana na bainistíochta i gcomhthéacs shonraí inmheánacha a bhí ar fáil, ar a raibh sonraí stairiúil agus eolas buiséid.<br><br>Maidir le Sócmhainní NIE Networks, fuair muid tuiscint ar na príomhbhoinn tuisceana a rinneadh sa tsamhail bearnúcháin agus chuir muid na sreabhaidh airgid bunúsacha i gcomparáid leis na buiséid is deireanaí a bhí faofa ag an mBord. Maidir leis na boinn tuisceana sreabhaidh airgid don tréimhse go Márta 2024, an tréimhse a chlúdaigh an t-athbhreithniú praghas rialacháin is deireanaí, chuir muid iad sin i gcomparáid leis an gCinneadh Praghais a chuir an Rialtóir Fóntas ar fáil. Maidir leis an tréimhse a lean, thuigeamar boinn tuisceana na bainistíochta faoi rátaí boilscithe, buiséid chaiteachais chaipitle agus sochar ceadaithe an Bhoinn Sócmhainne Rialaithe (RAB) agus thugamar dúshlán dóibh trí thagairt do shonraí sheachtracha atá ar fáil agus an t-athbhreithniú praghais rialaithe is deireanaí. Thuigeamar cinneadh na bainistíochta ar an gcríochluach agus, go háirithe, an biseach dóchúil ar an gcríochRAB i gcomhthéacs na sonraí sheachtracha atá ar fáil agus thugamar a ndúshlán.<br><br>Bhreith muid oiriúnacht na rátaí lascaine a úsáideadh sna samhlacha bearnúcháin trí na boinn tuisceana a úsáideadh i meánchostas ualaithe chaipitil a mheas in aghaidh tagarmharcanna sheachtracha. Rinneamar anailís íogaireachta ar athruithe ar phríomhbhoinn tuisceana agus rinneamar breith ar an dealraitheacht go dtiocfadh na hathruithe sin.<br><br>Rinneamar breith ar na nochtuithe sna ráitis airgeadais maidir leis na hábhair sin.<br><br>Bunaithe ar na nósanna imeachta a bhí againn bhíomar sásta go raibh an muirear bearnúcháin a léiríodh sna ráitis airgeadais cuí. |

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

| Príomhcheist iniúchta | Conas ar dhéileáil ár n-iniúchadh leis an bpríomhcheist iniúchta |
| --- | --- |
| **Luacháil ionstraimí airgeadais agus ainmniú fáluithe**<br><br>***Féach leathanach 92 (Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), nóta 1 (Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta) agus nótaí 20 agus 26 leis na ráitis airgeadais***<br><br>Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí airgeadais neamhdhíorthacha chun a neamhchosaint ar phraghas tráchtearraí, malairt eachtrach agus ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibriúcháin, maoinithe agus infheistithe a fhálú.<br><br>Tá formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin ainmnithe mar fháluithe ar an sreabhadh airgid agus aithnítear an chuid éifeachtach d'aon bhrabús nó caillteanas díreach in ioncam cuimsitheach. Tá na rialacha fálaithe faoi IAS 39 casta agus tá na riachtanais tástála dochraideach.<br><br>Teastaíonn breithiúnas suntasach ó luacháil na n-ionstraimí airgeadais díorthacha. Go háirithe, i gcomhair luachálacha ionstraime airgeadais Leibhéal 3 níl ionchur sonraí suntasach amháin nó níos mó inbhraite, agus mar sin, ní féidir iad a dhearbhú le tagairt d'fhoinsí tríú páirtí neamhspleách. Déanann an ESB meastachán ar na hionchuir sin, ag tabhairt suibiachtúlacht don phróiseas luachála.<br><br>Dhírigh muid ar an réimse seo mar gheall ar an leibhéal breithiúnais i gcuntasaíocht agus luacháil na n-ionstraimí airgeadais díorthacha agus go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag athrú in ainmniúchán fál nó sna hionchuir ar an luacháil ar ráiteas ioncaim an Ghrúpa. | Rinneamar measúnú ar an gcáipéisíocht atá ann d'fháluithe ar an sreabhadh airgid agus tástáil an Ghrúpa ar éifeachtacht fhálú le IAS 39 a chomhlíonadh.<br><br>Rinneamar tástáil ar luacháil ionstraimí airgeadais díorthacha ag deireadh na bliana. Chuimsigh ar nósanna imeachta iniúchóireacht réasúntacht na n-ionchur do na samhlacha luachála a mheas.<br><br>Cuimsíonn luach cóir roinnt réamhchonarthaí áirithe breosla agus leictreachais ionchuir maidir le réamhphraghsanna leictreachais nach bhfuil inbhraite. Maidir leis na luachálacha ionstraime airgeadais Leibhéal 3 sin, rinneamar tástáil ar ionchuir inbhraite a úsáideadh sna samhlacha luachála, ar nós praghsanna ar ghás, gual agus carbón, trína gcur i gcomparáid le sonraí margaidh tríú páirtí. Cheistigh muid na príomhbhoinn tuisceana a rinneadh trí thagairt do mhalairt mheastacháin a rinneadh foinsí atá neamhspleách ar ESB maidir le boinn tuisceana eile sna samhlacha luachála nach bhfuil aon sonraí inbhraite ann dóibh. Rinne an ESB athchruthú ar an tsamhail luachála ag baint úsáid as malairt boinn tuisceana ó fhoinsí sheachtracha chun a chur ar ár gcumas réasúntacht na mboinn tuisceana neamh-inbhraite a mheas.<br><br>Rinneamar freisin réasúntacht luacháil conarthaí sonracha áirithe a mheas trí thagairt do phríomhthiománaithe luachála (i.e. fuinneamh dheireadh bliana in aghaidh leathadh spréach gáis) agus athruithe luachála ón mbliain roimhe sin.<br><br>Maidir le luachálacha ionstraime airgeadais Leibhéal 2, rinneamar tástáil ar réasúntacht na n-ionchur don luacháil trí thagairt d'fhoinsí neamhspleácha.<br><br>Rinneamar freisin na nochtuithe maidir le hionstraimí airgeadais díorthacha a mheas.<br><br>Bhaineamar de thátal go raibh na boinn tuisceana agus na modheolaíochtaí a d'úsáid an bhainistíocht chun luach cóir ionstraimí airgeadais a ríomh réasúnach. |
| **Iomláine na n-oibleagáidí pinsin**<br><br>***Féach leathanach 91 (Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), nóta 1 (xxii) (Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta) agus nótaí 21 agus leis na ráitis airgeadais***<br><br>Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag an ESB agus na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin lena rialaítear "Scéim Sochair Sainithe an ESB" mar atá leagtha amach i Nóta 21 de na ráitis airgeadais.<br><br>Tá ESB tar éis a dheimhniú go bhfuil a chuid oibleagáidí dlíthiúla agus/nó inchiallaithe maidir le ranníocaíochtaí iníoctha aige le Scéim Sochair Sainithe an ESB teoranta do na méideanna a chuirtear ar fáil dó i Rialacha na Scéime, is é sin, nagnáthranníocaíochtaí leanúnacha agus iarmhéid na ranníocaíochta de €591 milliún a bhí geallta ag an ESB faoi chomhaontú Pinsean 2010.<br><br>Dhírigh muid ar an réimse seo mar go raibh leibhéal ard casachta agus breithiúnais ann i ndáil le léirmhíniúchán rialacha na Scéime agus cinneadh na cuntasaíochta a bhain leis agus dóthanacht nochtuithe sna ráitis airgeadais. | Ós rud é gurbh í seo an chéad bhliain againn mar iniúchóirí an ESB, fuaireamar tuiscint iomlán ar mheasúnú ESB ar a gcuid oibleagáidí i ndáil le Scéim Sochair Sainithe an ESB. Léigh muid agus phléigh muid an cháipéisíocht chuí a chuir ESB ar fáil dúinn maidir le nádúr na scéime pinsin agus oibleagáidí ESB ar a bhfuil comhairle dlí, comhaontú Pinsean 2010 agus eolas cuí eile. Ina theannta sin, phléigh muid oiriúnacht na cuntasaíochta i gcomhthéacs na 'Sochar Fostaithe' IAS 19.<br><br>Rinneamar fiosrúcháin faoi ardbhainistíocht agus comhairle dlí inmheánach agus léigh muid miontuairiscí an bhoird don bhliain chun a dhearbhú nach raibh aon athruithe suntasacha déanta ar shocruithe pinsin ón 31 Nollaig 2016. Fuaireamar uiríll ón mBord nach bhfuil i gceist ag ESB aon suimeanna eile a íoc sa Scéim ach amháin iarmhéid na ranníocaíochta €591 milliún a gheall an ESB faoin gcomhaontú Pinsean 2010, agus ranníocaíochtaí sheasta leanúnach de thuarastail bhaill na scéime.<br><br>Chuir an ESB in iúl dúinn nach gnáth-scéim "comhardú costas" an scéim ina bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc.<br><br>Léiríonn an cur chuige cuntasaíochta sna ráitis airgeadais an staid seo. |

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

| Príomhcheist iniúchta | Conas ar dhéileáil ár n-iniúchadh leis an bpríomhcheist iniúchta |
|---|---|
| **Iomláine agus luacháil na n-oibleagáidí maidir le cur as feidhm sócmhainní**<br><br>***Féach leathanach 92 (Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca), nóta 1 (xv) (Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta) agus nótaí 25 leis na ráitis airgeadais R***<br><br>Tá oibleagáidí ar ESB maidir le sócmhainní áirithe a scor agus a dhíchoimisiúnú. Ní mór a bheith stuama maidir leis na hoibleagáidí scor sócmhainne a mheas, candam costas agus ama ar shócmhainní a scor agus a dhíchoimisiúnú san áireamh. I gcásanna áirithe beidh léirmhíniúchán ar reachtaíocht i gceist agus na hoibleagáidí a thagann as faoi Dhlí an AE agus na hÉireann.<br><br>Dhírigh muid ar an réimse seo ós rud é gurbh í seo an chéad bhliain againn mar iniúchóirí ag an ESB agus de bharr nádúr agus scála shócmhainní an Ghrúpa tá oibleagáidí scor sócmhainní mar thoradh a thógann isteach breithiúnas agus meastacháin leis an leibhéal soláthair a bhfuil gá leis chun freastal ar oibleagáidí an Ghrúpa a dheimhniú.<br><br>Dhírigh muid freisin ar na boinn tuisceana maidir le dátaí dúnta na stáisiún agus na saolréanna atá fágtha ag sócmhainní líonra agus a bhfuil tionchar acu ar an tréimhse ar a bhfuil oibleagáidí scor sócmhainne muirearaithe leis na ráitis airgeadais. | Rinneamar measúnú an Ghrúpa ar shláine na bhforálacha ar oibleagáidí scor sócmhainne a mheas trí thagairt dá bhonn sócmhainne bunúsach. Bhí plé leis an mbainistíocht agus comhairle dlí inmheánach chun oibleagáidí dlí an ESB a thuiscint maidir le sócmhainní a scor agus a dhíchoimisiúnú.<br><br>Rinneamar oiriúnacht na bhforálacha a bhí ann ar 31 Nollaig 2017, maidir le costais dhúnta stáisiún a mheas, trí thagairt do na tuarascálacha saineolaithe sheachtracha agus inmheánacha a ndearna an bainistíocht iad a choimisiúnú maidir le dúnadh stáisiúin chumhachta. Rinneamar inniúlacht, cumas agus oibiachtúlacht na saineolaithe eachtracha a mheas. Rinneamar saineolas agus taithí na saineolaithe inmheánacha a mheas freisin. Cheistigh muid na boinn tuisceana a rinneadh maidir le tráthúlacht dhúnta stáisiún trí thagairt do shaolréanna shócmhainní bunúsacha, buiséid agus réamhaisnéisí.<br><br>Rinneamar na meastacháin ar chostais scor sócmhainní maidir le sócmhainní líonra a mheas ag tabhairt san áireamh candam agus nádúr a bhreithniú trí mheasúnú criticiúil a dhéanamh ar mheastacháin costais na bainistíochta maidir leis seo, gníomhaíocht soláthair reatha ináirithe. Rinneamar cinneadh na bainistíochta agus thráthúlacht ar eis-sreabhadh airgid ionchais do shócmhainní líonra a mheas trí thagairt dá saolréanna úsáideacha agus aosú na sócmhainní cuí.<br><br>Cheistigh muid rátaí boilscithe agus rátaí lascaine a úsáideadh trí réimse inghlactha a athríomh ag baint úsáid as ionchuir inbhraite ó fhoinsí eachtracha neamhspleách.<br><br>Rinneamar breith ar na nochtuithe sna ráitis airgeadais freisin maidir leis na hábhair sin. Cuireann an Grúpa síos go mionsonrach ar na hoibleagáidí scor sócmhainne i Nóta 25.<br><br>Bhaineamar de thátal go raibh na boinn tuisceana agus na modheolaíochtaí a d'úsáid an bhainistíocht chun luach cóir ionstraimí airgeadais a ríomh réasúnach. |
| **Aitheantas ioncaim - ioncam neamhbhilleáilte Electric Ireland**<br><br>***Nóta 1 (xvii) (Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta) agus nóta 15 do na ráitis airgeadais***<br><br>Tagraíonn ioncam neamhbhilleáilte don ioncam ó fhuinneamh a ndéantar soláthar air don chustaiméir idir dáta a mbille deiridh agus dáta dheireadh na bliana, rud a mbíonn gá le meastachán ina leith ceall léamh méadar.<br><br>Tá cruinneas ioncam neamhbhilleáilte faoi réir neamhchinnteacht mheastacháin, a chlúdaíonn méideanna, atá ag brath ar mhodheolaíochtaí casta le méideanna measta a ídíonn custaiméirí go dáta dheireadh na bliana a dheimhniú. Mar gheall ar mhéid an bhunús custaiméir in Electric Ireland, baintear úsáid as meastacháin freisin lena luachanna a bhaineann leis na méideanna sin a dheimhniú.<br><br>Dhírigh muid ar an réimse seo ós rud é gurbh í seo an chéad bhliain againn mar iniúchóirí don ESB agus tá castacht agus meastacháin i gceist maidir leis na hioncaim neamhbhilleáilte a dheimhniú ag deireadh na bliana. | Rinneamar rialuithe ginearálta TF, cumraíocht feidhme córais agus rialuithe próisis gnó a mheas maidir le meastachán ioncaim agus córais billeála.<br><br>Rinneamar ionracas sláine an tsamhla a d'úsáid an Grúpa le hioncam neamhbhilleáilte a ríomh. Cheistigh muid oiriúnacht na meastachán a úsáideadh sa tsamhail trí thagairt do shonraí stairiúla agus praghsáil reatha. Mar chuid dár n-obair bhí réiteach a fháil idir ionchuir chui áirithe sa tsamhail agus na sonraí foinse bunúsacha. Bhreithnigh muid freisin an táirgeacht ó athbhreithnithe shiarghabhálacha ar mheastacháin roimhe seo a rinneadh i gcomparáid le sonraí billeála iarbhír mar chuid d'ár bplé ar theicnící meastacháin an Ghrúpa.<br><br>Bhaineamar de thátal go raibh na boinn tuisceana agus na modheolaíochtaí a d'úsáid an bhainistíocht chun luach cóir ionstraimí airgeadais a ríomh réasúnach. |

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

*Mar a chuireamar an scóip iniúchta in oiriúint*
Chuireamar an scóip iniúchta in oiriúint d'ár n-iniúchadh chun a chinntiú go ndearnamar dóthain oibre chun a bheith in ann tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais ar fad, ag tógáil struchtúr an Ghrúpa, na próisis agus rialála cuntasaíochta agus an tionscal ina n-oibríonn an Grúpa san áireamh.

Ós rud é gurbh í seo an chéad bhliain againn mar iniúchóirí, bhí athbhreithniú ar pháipéir oibre an iniúchóra a bhí romhainn mar chuid d'ár modheolaíochtaí chun tuiscint a fháil ar an obair a rinneadh ar na chéad iarmhéideanna. Chabhraigh na modheolaíochtaí sin linn leis an gcineál oibre a raibh gá a dhéanamh ar mhíreanna líne ráitis airgeadais aonair, ag tógáil ár measúnú riosca agus ábharthachta san áireamh.

Tá an Grúpa struchtúraithe thar ceithre phríomhdheighleog thuairiscithe agus thar fheidhm na príomhoifige. Rinne foireann iniúchóireachta an Ghrúpa iniúchadh scóip iomlán ar na trí phríomhdheighleog thuairiscithe agus thar fheidhm na príomhoifige.

Rinne ár ngnóthas líonra i dTuaisceart Éireann iniúchadh ar dheighleog NIE Networks faoi threoir ón a bhfoireann Ghrúpa. Dheimhnigh muid an leibhéal gafachta nár mhór dúinn a bheith againn ina n-obair iniúchóireachta chun a dhéanamh amach an raibh dóthain fianaise iniúchóireachta cuí faighte mar bhunús d'ár dtuairim ar ráitis airgeadais an Ghrúpa trí chéile. Bhí cumarsáid agus plé rialta againn lenár bhfoireann i dTuaisceart Éireann i rith an phróisis iniúchóireachta. Fuaireamar meamram mionsonraithe de scrúdú ar obair a rinneadh agus torthaí ábhartha chomh maith le tuarascáil iniúchóra a chuir lenár dtuiscint ar an deighleog.

Chlúdaigh ár n-obair iniúchta breis is 95% d'ioncam an Ghrúpa, an brabús roimh chánachas agus míreanna eisceachtúla, iomlán na sócmhainní agus iomlán na ndliteanas.

*Ábharthacht*
Bhí tionchar ag ár gcur i bhfeidhm ábharthachta ar scóip an iniúchta. Shocraigh muid tairseacha cainníochtúla áirithe d'ábharthacht. Chabhraigh siad sin, i dteannta breithnithe caillíochta scóip ár n-iniúchadh, agus an nádúr, tráthúlacht agus méid ár nósanna imeachta ar na míreanna líne ráitis airgeadais ar leith agus ar na nochtuithe a dheimhniú agus éifeacht na míshonruithe, astu féin agus le chéile, ar na ráitis airgeadais a mheas.

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, dheimhnigh muid ábharthacht na ráitis airgeadais ina n-iomláine mar a leanas:

| | Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta |
|---|---|---|
| **Ábharthacht fhoriomlán** | €13 milliún. | €13 milliún. |
| **Mar a dheimhnigh muid é** | c. 5% de bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla. | c. 5% de bhrabús Grúpa roimh cháin agus míreanna eisceachtúla. |
| **Réasúnaíocht do thagarmharc i bhfeidhm** | Measann muid gur tagarmharc cuí é brabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla mar go bhfuil an Grúpa claonta i dtreo brabúis agus is míreanna neamh-athfhillteacha iad na míreanna suntasacha nach léiríonn gníomhaíocht thrádála an Ghrúpa. | Ar bhunús na hábharthachta a cuireadh i bhfeidhm i dtaca le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus ar bhunús an leibhéil trádála sa Mháthairchuideachta, cheapamar go raibh sé cuí go gcuirfí ábharthacht €13 milliún i bhfeidhm i dtaca le hiniúchadh ráiteas airgeadais na Máthairchuideachta. |

D'aontaigh muid leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtabharfadh muid tuairisc dóibh ar mhíshonruithe os cionn €500,000 a aithníodh le linn ár n-iniúchadh maidir le hiniúchadh Ghrúpa agus Máthairchuideachta chomh maith le míshonruithe faoi shuimeanna níos lú ná sin a cheapamar go raibh gá lena dtuairisciú ar chúiseanna cáilíochta.

*Gnóthas leantach*
De réir ISAnna (Éireann) tuairiscíonn muid mar a leanas:

| Oibleagáid tuairiscithe | Toradh |
|---|---|
| Iarrtar orainn tuairisc a thabhairt má tá aon rud ábhartha le cur leis againn nó le haird a tharraingt air maidir le ráiteas chomhaltaí an Bhoird sna ráitis airgeadais, ar cheap comhaltaí an Bhoird go raibh sé cuí glacadh le bunús an ghnóthais leantaigh ar chuntasaíocht leis na ráitis airgeadais a ullmhú agus aon neamhchinnteacht ábhartha a d'aithin comhaltaí an Bhoird ar chumas an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach thar tréimhse bliana ar a laghad ón dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais. | Níl aon rud ábhartha againn le dearbhú nó ar mhaith linn aird a dhíriú air i dtaca le. Mar sin féin, mar gheall nach féidir gach imeacht nó staid sa todhchaí a thuar, ní barántas é an ráiteas seo ar chumas an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta le leanúint mar ghnóthas leantach. |

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

## TUAIRISCIÚ AR EOLAS EILE

Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas ar fad sa tuarascáil bliantúil ach amháin na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchóra faoi. Tá freagracht ar chomhaltaí an Bhoird faoi eolas eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, dá réir sin, ní chuireann muid aon tuairim iniúchta, ná aon chineál urrúis ina thaobh ach amháin chomh fada is atá sé sin ráite go sonrach sa tuarascáil seo.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá againn ná an t-eolas eile a léamh, agus trí sin a dhéanamh, a mheas an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár n-eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó go bhfuil cuma air go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid aon neamhréireach ábhartha follasach nó míshonrú ábhartha, iarrtar orainn nósanna imeachta a dhéanamh lena dheimhniú an bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó go bhfuil míshonrú ábhartha san eolas eile. Má cheapaimid, ar bhunús na hoibre atá déanta againn, go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an eolas eile seo, tá de cheanglas orainn an méid sin a thuairisciú. Níl rud ar bith le tuairisciú againn de réir na bhfreagrachtaí seo.

Maidir le Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, bhreith muid freisin ar tugadh isteach na nochtuithe a theastaigh ó rialacháin an ESB.

Bunaithe ar na freagrachtaí a bhfuil curtha síos orthu thuas agus an obair a rinneamar ar an iniúchadh, éilíonn ISanna (Éireann) agus Acht na gCuideachtaí 2014 (CA14), atá infheidhmithe ag Rialacháin an ESB arna ghlacadh de bhun na nAchtanna Soláthar Leictreachais 1927 go 2004 d'iniúchadh ráitis airgeadais an ESB orainn tuairisc a thabhairt ar thuairimí agus ábhair áirithe mar a cuireadh síos orthu thíos (éilithe ag ISAnna (Éireann) mura bhfuil a mhalairt ráite.

### Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

- Inár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneamar le linn na hiniúchta, tá an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 ag teacht leis na ráitis airgeadais agus tá sé ullmhaithe de réir na gceanglais dhlíthiúla infheidhmithe. (CA14)
- Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta a fuarthas le linn na hiniúchta, níor aithníomar aon mhíshonruithe i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird. (CA14)

### Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an "Cód")

De réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód') ní mór dúinn a thuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas i dtaca leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ar gá leis faoin gCód arna chuimsiú sa Tuairisc Rialachais Bhoird ar leathanaigh 81 go 88, comhlíonadh mír 1.9(iv) den Chód, nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht leis an eolas atá againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais, agus más amhlaidh atá, déanaimid tuairisciú air seo. Níl rud ar bith le tuairisciú againn i ndáil leis an bhfreagracht seo.

### Measúnú chomhaltaí an Bhoird ar ionchais an Ghrúpa agus na príomhrioscaí a dheanfadh bagairt ar shócmhainneacht nó leachtacht an Ghrúpa

Mar thoradh ar thuairisciú dheonach chomhaltaí an Bhoird faoin gcaoi ar chuireadar Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe ("Cód na RA") i bhfeidhm faoi ISAnna (Éireann) iarrtar orainn tuairisciú duit má tá aon rud ábhartha le cur leis nó le haird a tharraingt air maidir le:

- Deimhniú chomhaltaí an Bhoird ar Leathanach 86 den Tuarascáil Bhliantúil go bhfuil measúnú láidir déanta acu ar na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa, iad siúd a dhéanfadh bagairt ar a samhail gnó, feidhmíocht sa todhchaí, acmhainneacht nó leachtacht san áireamh.
- Nochtadh sa Tuarascáil Bliantúil a chuireann síos ar na rioscaí sin agus a mhíníonn anchaoi a bhfuiltear a mbainistiú nó á maolú.
- Míniú chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 87 ar an gcaoi a ndearna siad measúnú ar ionchais an Ghrúpa, i leith cén tréimhse a ndearnadar é agus cén fáth go gceapann siad go bhfuil an tréimhse sin cuí, agus a ráiteas cé acu an bhfuil coinne réasúnach acu go mbeidh an Grúpa in ann leanúint ag obair agus freastal ar a chuid dliteanas mar a thagann siad thar tréimhse na measúnachta, ar a mbeidh aon nochtadh a tharraingíonn aird aon cháilíochtaí nó boinn tuisceana riachtanach, nó nach bhfuil.

### Forálacha eile Chóid na RA

Mar thoradh ar thuairisciú deonach chomhaltaí an Bhoird iarrtar orainn tuairisc a thabhairt duit má tharlaíonn sé, inár dtuairim:

- Go bhfuil an ráiteas a thugann comhaltaí an Bhoird ar leathanach 85 go measann siad nach bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil ina iomláine cóir, comhardaithe agus intuigthe agus nach dtugann sé an t-eolas a bhfuil gá leis do na comhaltaí chun staid agus feidhmíocht, samhail agus straitéis a mheas comhsheasmhach lenár n-eolas a fuarthas le linn na hiniúchta ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta.
- Nach dtugann an rannán ar leathanach 90 sa Tuarascáil Bhliantúil ag cur síos ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca aghaidh i gceart ar ábhair ar chuir muid in iúl fúthu don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn i ndáil leis an bhfreagracht seo.

## FREAGRACHTAÍ I LEITH NA RÁITIS AIRGEADAIS AGUS NA HINIÚCHTA

*Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird i leith na ráitis airgeadais*

Faoi mar a míniodh go hiomlán sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird arna leagan amach ar leathanach 103, tá na Comhaltaí Boird freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an chreat infheidhmithe agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu.

Tá na comhaltaí Boird freagrach freisin faoi aon rialú inmheánach a cheapann siad go bhfuil gá leis chun ullmhúchán ráitis airgeadais atá saor ó aon mhíshonrú ábhartha, más de bharr calaoise nó earráide é a chumasú.

Agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais, tá na comhaltaí Boird freagrach as cumas an Ghrúpa agus an Mháthairchuideachta leanúint orthu mar ghnóthas leantach, ag nochtadh go bhfuil ábhair a bhaineann le gnóthas leantach infheidhmithe agus ag baint úsáid as bunús cuntasaíochta ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé ar intinn ag na comhaltaí Boird an Grúpa nó an Mháthairchuideachta a leachtú nó éirí as oibríochtaí, nó nach bhfuil aon mhalairt réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO STOCSHEALBHÓIRÍ BHORD SOLÁTHAIR AN LEICTREACHAIS (ESB) (ar lean)

*Freagrachtaí iniúchóirí i leith iniúchadh na ráitis airgeadais*

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil faoi cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonruithe ábhartha, más de bharr calaoise nó earráide é, nó nach bhfuil agus tuairisc iniúchta a eisiúint a thugann ár dtuairim san áireamh. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA (Éireann), míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é go gceaptar go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a thógtar ar bhunús na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin IAASA:
https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8fa98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf
Is cuid de thuairisc na n-iniúchóirí é an cur síos seo.

*Úsáid na tuairisce seo*

Tá an tuairisc seo, na tuairimí san áireamh, ullmhaithe do stocshealbhóirí an ESB mar chuideachta agus dóibh sin amháin de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014, arna nglacadh aige mar a rialacháin rialaithe faoi na h Achtanna Soláthair Leictreachais 1927 go 2004, agus ní d'aon chuspóir eile. Agus muid ag tabhairt na dtuairimí sin, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar an tuairisc seo dó/di ná a bheidh ina lámha seachas é a bheith aontaithe go sainiúil trínár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## TUAIRISCIÚ RIACHTANACH EILE

**Tuairimí Acht na gCuideachtaí 2014 ar ábhair eile**

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uainn chun críocha ár n-iniúchta.
- Dar linn, ba leordhóthanach taifid chuntasaíochta na Máthairchuideachta le go rabhthas in ann na ráiteas airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart.
- Tagann Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú eisceachtúil Acht na gCuideachtaí 2014**

*Luach Saothair agus Idirghníomhaíochtaí Chomhaltaí an Bhoird*

Éilítear orainn faoi Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisc a thabhairt duit, an rud é go bhfuil, dar linn, nochtuithe luach saothair agus idirbhearta chomhaltaí an bhoird atá sainithe in ailt 305 go 312 den Acht sin déanta. Níl aon eisceachtaí le tuairisc againn ag teacht ón bhfreagracht sin.

Mary Cleary
I gcomhair agus thar ceann PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Reachtúil Iniúchóireachta
Baile Átha Cliath

1 Márta 2018

# RÁITEAS IONCAIM AN GHRÚPA

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 Taobh amuigh de mhíreanna eisceachtúla € '000 | 2017 Eisceachtúla eisceachtúla nóta 4 € '000 | 2017 Iomlán € '000 | 2016 Taobh amuigh de mhíreanna eisceachtúla € '000 | 2016 Eisceachtúla eisceachtúla nóta 4 € '000 | 2016 Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 2 | **3,229,022** | **-** | **3,229,022** | 3,211,751 | - | 3,211,751 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 5 | **32,560** | **-** | **32,560** | 35,524 | - | 35,524 |
| Costais oibriúcháin | 4/6 | **(2,772,019)** | **(275,579)** | **(3,047,598)** | (2,649,949) | - | (2,649,949) |
| Brabús oibriúcháin | | **489,563** | **(275,579)** | **213,984** | 597,326 | - | 597,326 |
| Glan-ús ar iasachtaí | 7 | **(188,102)** | **-** | **(188,102)** | (170,487) | - | (170,487) |
| Muirir mhaoinithe | 7 | **(29,206)** | **-** | **(29,206)** | (36,823) | - | (36,823) |
| Gluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais | 7 | **(4,910)** | **-** | **(4,910)** | (190,162) | - | (190,162) |
| Ioncam airgeadais | 7 | **6,595** | **-** | **6,595** | 9,048 | - | 9,048 |
| Glanchostas airgeadais | | **(215,623)** | **-** | **(215,623)** | (388,424) | - | (388,424) |
| Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin, glan ó cháin | 13 | **(8,293)** | **-** | **(8,293)** | (15,257) | - | (15,257) |
| Brabús / (caillteanas) roimh chánachas | | **265,647** | **(275,579)** | **(9,932)** | 193,645 | - | 193,645 |
| Creidmheas / (speansas) cáin ioncaim | 18 | **(56,673)** | **34,695** | **(21,978)** | (7,454) | - | (7,454) |
| Brabach / (caillteanas) i ndiaidh cánachais | | **208,974** | **(240,884)** | **(31,910)** | 186,191 | - | 186,191 |
| **Inchurtha le:** | | | | | | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | | **209,011** | **(240,884)** | **(31,873)** | 187,848 | - | 187,848 |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(37)** | - | **(37)** | (1,657) | - | (1,657) |
| **Brabús / (caillteanas) don bhliain airgeadais** | | **208,974** | **(240,884)** | **(31,910)** | 186,191 | - | 186,191 |

Tá na nótaí 1 go 33 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

# RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHIGH AN GHRÚPA

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **(Caillteanas) / brabús don bhliain airgeadais** | **(31,910)** | 186,191 |
| **Míreanna nach n-athrangófar ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas:** | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | **9,347** | (66,520) |
| Cáin ar mhíreanna nach n-athrangófar go brabús nó caillteanas | **(1,589)** | 9,839 |
| | **7,758** | (56,681) |
| **Míreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas:** | | |
| Fálú éifeachtach glaninfheistíochta i bhfochuideachta eachtrach | **413** | 3,004 |
| Difríochtaí aistrithe ar chomhdhlúthú fochuideachtaí eachtracha | **(3,735)** | (48,318) |
| (Caillteanais) / gnóthachain chóirluacha ar fháluithe sreabhadh airgid | **(39,262)** | 91,530 |
| Caillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhadh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **(22)** | (3,845) |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhadh airgid | **(35,158)** | (3,052) |
| Cáin ar mhíreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas | **4,978** | (10,831) |
| Cáin ar mhíreanna atá athrangaithe nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh sin do bhrabús nó caillteanas i ndáil le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu | **35** | 587 |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | **3,930** | (69) |
| | **(68,821)** | 29,006 |
| **Caiteachas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin** | **(61,063)** | (27,675) |
| **(Caiteachas) / ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **(92,973)** | 158,516 |
| **Inchurtha le:** | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | **(92,936)** | 160,173 |
| Leasanna neamh-urlámhais(NCI) | **(37)** | (1,657) |
| **(Caiteachas) / ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **(92,973)** | 158,516 |

# CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA

Amhail ar 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **10,004,980** | 10,438,562 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **275,652** | 273,221 |
| Cáilmheas | 12 | **171,039** | 177,242 |
| Infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **68,334** | 80,990 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | 13 | **22,165** | 56,502 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **74,936** | 69,995 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **85,077** | 183,999 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 18 | **178,660** | 200,741 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **10,880,843** | 11,481,252 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 14 | **121,985** | 73,172 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **117,367** | 203,192 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **9,185** | 15,338 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **783,981** | 770,081 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **380,405** | 363,624 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **1,412,923** | 1,425,407 |
| | | | |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **12,293,766** | 12,906,659 |
| | | | |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,975,182** | 1,979,882 |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **4,700** | - |
| Cúlchiste aistrithe | | **2,740** | 6,062 |
| Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid | | **58,620** | 124,119 |
| Cúlchistí eile | | **(242,604)** | (220,322) |
| Tuilleamh coinnithe | | **1,917,619** | 2,037,459 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,716,257** | 3,927,200 |
| | | | |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(3,738)** | (3,531) |
| **Cothromas iomlán** | | **3,712,519** | 3,923,669 |
| | | | |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **4,369,705** | 4,398,113 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **100,190** | 370,308 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 21 | **143,056** | 170,543 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **46,107** | 78,396 |
| Ioncam iarchurtha | 24 | **460,975** | 486,531 |
| Soláthairtí | 25 | **305,525** | 237,153 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 18 | **677,853** | 709,442 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **637,825** | 753,968 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **6,741,236** | 7,204,454 |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **388,073** | 489,330 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **294,130** | 154,504 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **65,881** | 64,305 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 23 | **797,822** | 835,018 |
| Ioncam iarchurtha | 24 | **49,142** | 50,021 |
| Soláthairtí | 25 | **108,435** | 84,822 |
| Dliteanais chánach reatha | | **-** | 750 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **136,528** | 99,786 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **1,840,011** | 1,778,536 |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **8,581,247** | 8,982,990 |
| | | | |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **12,293,766** | 12,906,659 |

**Ellvena Graham OBE**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Pat Fenlon**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa

# CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA

Amhail ar 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **6,826,015** | 7,084,170 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **219,559** | 206,832 |
| Infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **100,000** | 100,000 |
| Infheistíochtaí i ngnóthais fochuideachta | 13 | **61,782** | 61,782 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **29,604** | 82,174 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 18 | **74,574** | 67,960 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **7,311,534** | 7,602,918 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 14 | **76,964** | 43,176 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **58,594** | 138,642 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **9,362** | 5,897 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **2,666,001** | 3,091,981 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 16 | **208,499** | 235,991 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **3,019,420** | 3,515,687 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **10,330,954** | 11,118,605 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Stoc caipitil | 17 | **1,975,182** | 1,979,882 |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **4,700** | - |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **(11,954)** | 28,959 |
| Tuilleamh coinnithe | | **1,397,519** | 1,774,267 |
| **Cothromas atá inchurtha le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **3,365,447** | 3,783,108 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **1,160,208** | 1,409,367 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **100,190** | 370,308 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **45,936** | 78,197 |
| Ioncam iarchurtha | 24 | **433,892** | 468,556 |
| Soláthairtí | 25 | **267,787** | 222,234 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 18 | **444,160** | 468,373 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **40,757** | 21,033 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **2,492,930** | 3,038,068 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 19 | **170,370** | 132,858 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 22 | **294,130** | 154,504 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **54,759** | 56,095 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 23 | **3,799,315** | 3,789,195 |
| Ioncam iarchurtha | 24 | **35,719** | 33,108 |
| Soláthairtí | 25 | **79,394** | 66,540 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20 | **38,890** | 65,129 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **4,472,577** | 4,297,429 |
| **Dliteanais iomlána** | | **6,965,507** | 7,335,497 |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **10,330,954** | 11,118,605 |

Bhí brabús Máthairchuideachta i ndiaidh cáin de €302.5 milliún ann don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2017 gan míreanna eisceachtúla a chur san áireamh (2016: brabús de €235.6 milliún). Bhí caillteanas Máthairchuideachta i ndiaidh cáin de €261.1 milliún ann don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2017 gan míreanna eisceachtúla a chur san áireamh (2016: brabús de €235.6 milliún).

**Ellvena Graham OBE**, Cathaoirleach

**Pat O'Doherty**, Príomhfheidhmeannach

**Pat Fenlon**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa

# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ar 31 Nollaig 2017

| **Réiteach na n-athruithe ar chothromas** | Stoc caipitil € '000 | Cúlchiste aistrithe € '000 | Cúlchiste fuascailte caipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid € '000 | Cúlchistí eile[1] € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Iomlán € '000 | Leasanna neamh-urlámhais € '000 | **Cothromas iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016 | 1,979,882 | 51,376 | - | 49,799 | (151,098) | 1,930,558 | 3,860,517 | (1,874) | 3,858,643 |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | 187,848 | 187,848 | (1,657) | 186,191 |
| Caillteanais achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | | - | - | - | (66,520) | - | (66,520) | - | (66,520) |
| Cúlchiste ar éadáil Synergen Power Ltd. | - | - | - | - | (5,543) | 5,543 | - | - | - |
| Difríochtaí aistrithe glan ó fhálú | - | (45,314) | - | - | - | - | (45,314) | - | (45,314) |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | | | | | |
| - Glanghnóthachain chóirluacha | - | - | - | 91,530 | - | - | 91,530 | - | 91,530 |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | 6,274 | - | - | 6,274 | - | 6,274 |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | - | (10,414) | - | - | (10,414) | - | (10,414) |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | 1,088 | - | - | 1,088 | - | 1,088 |
| - Caillteanas cóirluacha ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (3,845) | - | - | (3,845) | - | (3,845) |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | - | (10,831) | 9,839 | - | (992) | - | (992) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | (69) | - | - | (69) | - | (69) |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 587 | - | - | 587 | - | 587 |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | (45,314) | - | 74,320 | (62,224) | 193,391 | 160,173 | (1,657) | 158,516 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | (86,490) | (86,490) | - | (86,490) |
| Soláthar athcheannaigh ESOP | - | - | - | - | (7,000) | - | (7,000) | - | (7,000) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 1,979,882 | 6,062 | - | 124,119 | (220,322) | 2,037,459 | 3,927,200 | (3,531) | 3,923,669 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | **1,979,882** | **6,062** | **-** | **124,119** | **(220,322)** | **2,037,459** | **3,927,200** | **(3,531)** | **3,923,669** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | |
| Caillteanas don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | (31,873) | (31,873) | (37) | **(31,910)** |
| Brabús achtúireacha scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | - | 9,347 | - | 9,347 | - | **9,347** |
| Cúlchiste ar éadáil Synergen Power Ltd. | - | - | - | - | (33,258) | 33,258 | - | - | **-** |
| Difríochtaí aistrithe glan ó fhálú | - | (3,322) | - | - | - | - | (3,322) | - | **(3,322)** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid | | | | | | | | | |
| - Glanchaillteanais chóirluacha | - | - | - | (39,262) | - | - | (39,262) | - | **(39,262)** |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | 7,844 | - | - | 7,844 | - | **7,844** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | - | 68,854 | - | - | 68,854 | - | **68,854** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | (111,856) | - | - | (111,856) | - | **(111,856)** |
| - Caillteanas cóirluacha ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (22) | - | - | (22) | - | **(22)** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | - | 4,978 | (1,589) | - | 3,389 | - | **3,389** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | 3,930 | - | - | 3,930 | - | **3,930** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig ICE d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 35 | - | - | 35 | - | **35** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | (3,322) | - | **(65,499)** | **(25,500)** | **1,385** | **(92,936)** | **(37)** | **(92,973)** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | (115,624) | (115,624) | (170) | **(115,794)** |
| Athcheannach a scaireanna féin[2] | (4,700) | - | 4,700 | - | - | (5,601) | (5,601) | - | **(5,601)** |
| Foráil athcheannach ESOP[3] | - | - | - | - | 3,218 | - | 3,218 | - | **3,218** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **1,975,182** | **2,740** | **4,700** | **58,620** | **(242,604)** | **1,917,619** | **3,716,257** | **(3,738)** | **3,712,519** |

[1] Tá cúlchistí eile déanta as (i) cúlchiste €nialasach (2016: €33.2 milliún) a tháinig aníos tar éis éadáil 30% de Synergen Power Limited in 2009 agus a aistríodh go tuilleamh coinnithe i rith na bliana; (ii) cúlchistí eile a bhaineann le scéim pinsin (€220.9) milliún de Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks) (2016: (€228.6) milliún); (iii) cúlchistí neamh-indáilte de (€5.0) milliún a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001; agus (iv) soláthar maidir le hathcheannach ESOP a bhaineann leis an méid atá tiomanta ag ESB go dtí seo a cheannach ó mhargadh inmheánach ESOP (€15.9) milliún (Nollaig 2016 : (€19.1) milliún). Féach nóta 17 i gcomhair tuilleadh sonraí agus nóta 30 i gcomhair eolas ar athcheannach ESOP.

[2] Tháinig cúlchiste fuascailte caipitil de €4.7 milliún (2016: €nialas) ó cheannach agus cealú scairchaipitil 4.7 milliún ESOP ar chomaoin €5.6 milliún agus taispeánann sé an mhéid ainmniúil den scairchaipiteal a chealú.

[3] Ardaíodh foráil ESOP le linn 2017 de €2.4 milliún agus tugadh aitheantas ar seo i gcúlchistí eile. Chuir an ESB tús le athcheannach scaireanna ESOP freisin ar chomaoin de €5.6 milliún rud a thug glanghluaiseacht de €3.2 milliún i gcúlchistí eile.

# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ar 31 Nollaig 2017

| **Réiteach na n-athruithe ar chothromas** | Stoc caipitil € '000 | Cúlchiste fuascailte caipitil[2] € '000 | Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 1,979,882 | - | (35,883) | 1,625,100 | 3,569,099 |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | 235,657 | 235,657 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | |
| - Glanghnóthachain chóirluacha | - | - | 68,575 | - | 68,575 |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | (4,364) | - | (4,364) |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | (10,414) | - | (10,414) |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | 28,304 | - | 28,304 |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | (8,568) | - | (8,568) |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | (1,691) | - | (1,691) |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | 71,842 | 235,657 | 307,499 |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | (86,490) | (86,490) |
| Foráil athcheannach ESOP[1] | - | - | (7,000) | - | (7,000) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 1,979,882 | - | 28,959 | 1,774,267 | 3,783,108 |
| | | | | | |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | **1,979,882** | **-** | **28,959** | **1,774,267** | **3,783,108** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | |
| Caillteanas don bhliain airgeadais | - | - | - | (261,124) | **(261,124)** |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid: | | | | | |
| - Glanchaillteanais chóirluacha | - | - | (56,180) | - | **(56,180)** |
| - Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | (1,881) | - | **(1,881)** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistrithe eachtraigh) | - | - | 68,854 | - | **68,854** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | (61,228) | - | **(61,228)** |
| Cáin ar mhíreanna a tugadh díreach ar aghaidh chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (ICE) | - | - | 7,022 | - | **7,022** |
| Cáin ar mhíreanna a aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - | - | (718) | - | **(718)** |
| **Ioncam / (costas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | **(44,131)** | **(261,124)** | **(305,255)** |
| **Idirbhearta le húinéirí atá aitheanta go díreach sa chothromas** | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | (115,624) | **(115,624)** |
| Athcheannach a scaireanna féin | (4,700) | 4,700 | - | - | **-** |
| Foráil athcheannach ESOP[1] | - | - | 3,218 | - | **3,218** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **1,975,182** | **4,700** | **(11,954)** | **1,397,519** | **3,365,447** |

[1] I rith na bliana dar críoch 2015 Nollaig, rinne ESB comhaontú, tacú le héadáil stoic chaipitil i margaí inmheánacha ESOP amach anseo. Aithníodh soláthar athcheannaigh ESOP de €2.4 milliún in 2017 (2016: (€7.0) milliún) a bhain leis an méid a bhí tiomanta ag ESB chun athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP. Chuir ESB tús le hathcheannach 4.7 milliún scair den stoc caipitil seo le linn 2017 ar chomaoin €5.6 milliún (2016: €nialas) a bhí aitheanta i gcúlchistí eile.

[2] Tháinig cúlchiste fuascailte caipitil de €4.7 milliún (2016: €nialas)ó cheannach agus cealú na 4.7 milliún scairchaipiteal agus taispeánann sé an mhéid ainmniúil den scairchaipiteal a chealú.

# RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Caillteanas) / brabús tar éis cánachas | | **(31,910)** | 186,191 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **815,690** | 760,409 |
| Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 24 | **(70,462)** | (58,548) |
| Glanchostais astaíochtaí | | **37,101** | (27,348) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | 5 | **(1,381)** | (926) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 5 | **(21,998)** | (9,383) |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | 5 | **(2,122)** | - |
| Díscríobh sócmhainní doláimhsithe | 11 | **2,946** | - |
| Glanchostas airgeadais | 7 | **215,623** | 388,424 |
| Tionchar coigeartuithe cóirluacha i gcostais oibriúcháin | | **38,947** | 10,395 |
| Caillteanais ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 13 | **8,293** | 15,257 |
| Speansas cáin ioncaim | 18 | **21,978** | 7,454 |
| Díbhinn a fuarthas | 5 | **(3,026)** | (1,139) |
| Muirear bearnúcháin | 4/6 | **279,356** | 4,970 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **1,289,035** | 1,275,756 |
| Muirear / (creidmheas) maidir le soláthairtí | | **9,192** | (1,170) |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **38,159** | 51,446 |
| Úsáid soláthairtí | | **(9,739)** | (19,484) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **(238,788)** | (227,821) |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | | **42,182** | 38,994 |
| Laghdú / (méadú) ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **42,050** | (35,735) |
| (Méadú) / laghdú ar fhardail | | **(19,234)** | 22,301 |
| (Méadú) / laghdú ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **(14,634)** | 146,385 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí** | | **1,138,223** | 1,250,672 |
| Cáin reatha íoctha | | **(17,786)** | (27,974) |
| Costais mhaoinithe íoctha | | **(203,813)** | (211,480) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **916,624** | 1,011,218 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach maoine, gléasra agus trealaimh | | **(734,494)** | (721,437) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(54,020)** | (39,188) |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní neamhreatha | | **3,056** | 3,132 |
| Fáltais ó dhíolachán infheistíochtaí | | **4,390** | - |
| Fáltais ó dhíolachán fochuideachtaí | | **23,189** | 6,831 |
| Méideanna a tugadh mar iasachtaí scairshealbhóra do ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **(52,250)** | - |
| Díbhinní a fuarthas ó ghnólachtaí comhlachaithe | | **3,776** | 1,139 |
| Ceannach sócmhainní airgeadais | | **(2,565)** | (10,066) |
| Ús faighte | | **682** | 662 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(808,236)** | (758,927) |
| Díbhinní íoctha | 17 | **(115,794)** | (86,490) |
| Aisíocaíochtaí de shaoráidí fiachais téarma | | **(461,496)** | (84,424) |
| Fáltais ó eisiúint fiachais úir | | **509,511** | 401,121 |
| Athcheannach scaireanna ESOP | | **(5,601)** | - |
| Laghdú ar iasachtaíochtaí eile | | **-** | (228,847) |
| Íocaíochtaí ar bhabhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | | **(16,783)** | (15,926) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(90,163)** | (14,566) |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | **18,225** | 237,725 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 1 Eanáir** | 16 | **363,624** | 133,863 |
| **Éifeacht luaineacht rátaí malairte ar airgead tirim atá á choinneáil** | | **(1,444)** | (7,964) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 31 Nollaig** | 16 | **380,405** | 363,624 |

# RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Caillteanas) / brabús tar éis cánachas | | **(261,124)** | 235,657 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | | **556,311** | 512,999 |
| Amúchadh ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 24 | **(35,002)** | (33,118) |
| Glanchostas astaíochtaí | | **27,051** | (31,288) |
| (Brabús) / caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | | **(562)** | 729 |
| Glanchostas airgeadais | | **97,091** | 93,232 |
| Éifeacht de ghluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais i gcostais oibriúcháin | | **6,763** | 559 |
| Díbhinn a fuarthas ó ghnóthais fochuideachta | | **(9,380)** | (8,680) |
| Speansas cáin ioncaim | | **3,811** | 44,726 |
| Soláthairtí ar mhéideanna a bhí dlite ag gnóthais ghaolmhara | | **330,871** | - |
| Muirear bearnúcháin | 10 | **236,572** | - |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus ar sholáthairtí** | | **952,402** | 814,816 |
| Muirear maidir le soláthar | | **8,678** | 2,379 |
| Muirear maidir le dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **16,292** | 35,318 |
| Úsáid soláthairtí | | **(9,148)** | (6,395) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | 22 | **(203,407)** | (192,123) |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | | **69** | 1,239 |
| Laghdú / (méadú) ar infháltais trádála agus infháltais eile | | **89,690** | (96,484) |
| (Méadú) / laghdú ar fhardail | | **(13,045)** | 22,470 |
| Laghdú ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | **33,934** | 517,970 |
| **Airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí** | | **875,465** | 1,099,190 |
| Cáin reatha íoctha | | **(22,276)** | (19,287) |
| Ús íoctha | | **(127,873)** | (134,785) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **725,316** | 945,118 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | | |
| Ceannach maoine, gléasra agus trealaimh | | **(458,402)** | (399,600) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(48,866)** | (33,122) |
| Fáltais ó dhíolachán na sócmhainní neamhreatha | | **918** | 1,863 |
| Méideanna a tugadh mar iasachtaí scairshealbhóra do ghnóthais ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **(48,000)** | - |
| Ús faighte | | **41,271** | 46,290 |
| Díbhinní a fuarthas ó ghnóthais fochuideachta | | **9,380** | 8,680 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe** | | **(503,699)** | (375,889) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | | **(115,624)** | (86,490) |
| Aisíocaíochtaí de shaoráidí fiachais téarma | | **(133,485)** | (12,739) |
| Laghdú ar iasachtaíochtaí eile | | **-** | (251,211) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(249,109)** | (350,440) |
| **Glan(laghdú) / glanmhéadú / ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | **(27,492)** | 218,789 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 1 Eanáir** | 16 | **235,991** | 17,202 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail ar 31 Nollaig** | 16 | **208,499** | 235,991 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS MAIDIR LEIS NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### (I) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Corparáid reachtúil is ea Bord Soláthair an Leictreachais (an ESB) arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, agus tá sé lonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus ar an dáta sin, an Mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí (a dtugtar ESB nó an Grúpa orthu le chéile) agus leasanna an Ghrúpa i ngnólachtaí comhlachaithe agus in aonáin chomhrialaithe.

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite na Máthairchuideachta faoin IFRS (na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta), arna nglacadh ag an AE (IFRS AE) agus, i gcás na Máthairchuideachta, mar atá curtha i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014. Cuirtear díolúine ar fáil in Acht na gCuideachtaí 2014 do Mháthairchuideachta a chuireann a ráitis airgeadais aonair isteach in éineacht lena ráitis airgeadais chomhdhlúite ó ráiteas ioncaim na Máthairchuideachta agus ráiteas um ioncam chuimsitheach atá ina gcuid de ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a ullmhaítear agus a fhaomhtar de réir an Achta a fhoilsiú. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán IFRS agus léirmhínithe IFRIC (Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais) sin a eisíodh agus atá i bhfeidhm le haghaidh na dtréimhsí cuntasaíochta dar críoch nó roimh an 31 Nollaig 2017. Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite na Máthairchuideachta ar bhonn an choinbhinsiúin stairiúil ach amháin d'ionstraimí airgeadais díorthacha agus d'infheistíochtaí sócmhainní airgeadais áirithe a thomhaistear ag an gcóirluach.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais sin in euro, agus mura shonraítear a mhalairt, tá an fhaisnéis airgeadais ar fad slánaithe go dtí an míle is gaire. Agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú i gcomhréir le IFRS AE éilítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus méideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus speansas. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara sin bunaithe ar stair ó thaithí agus ar fhachtóirí éagsúla eile a gceaptar iad a bheith réasúnta faoi na cúinsí.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Pléitear i nóta 29 leis na ráitis airgeadais aon bhreithiúnais a dhéanann an lucht bainistíochta i dtaca le cur i bhfeidhm IFRS an AE, a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar na ráitis airgeadais agus na réamh-mheastacháin, agus a bhféadfadh riosca mór coigeartaithe ábhartha le linn an chéad bhliain eile a bheith mar thoradh orthu.

Cuireadh na beartais atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta go léir atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir gach aonán an Ghrúpa i bhfeidhm go comhsheasmhach iad - seachas glacadh na gcaighdeán úr mar atá leagtha amach thíos. Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus creideann an Bord go bhfuil an Grúpa ar fónamh chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tá an Bord sásta tar éis fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh go bhfuil dóthain acmhainní ag an ESB chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre go ceann bliana ar a laghad ón dáta a ceadaíodh ráitis airgeadais rialála Ghrúpa ESB. Ullmhaítear na ráitis airgeadais rialála dá réir an bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta. Tá tuilleadh sonraí maidir le staid leachtachta an Ghrúpa ar fáil i nóta 19 de na ráitis airgeadais.

### (II) BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus ráitis airgeadais na gnóthais fochuideachta go léir, mar aon le sciar an Ghrúpa de thorthaí agus de ghlanshócmhainní na ngnóthas comhlachaithe agus na gcomhfhiontar a rinneadh suas go dtí an 31 Nollaig 2017. Cuimsítear torthaí na bhfochuideachtaí a fuarthas nó a diúscraíodh i rith na bliana i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta na héadála nó suas go dtí dáta na diúscartha. Bhain Máthairchuideachta ESB leas as an díolúine in alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gan a ráiteas ioncaim aonair agus nótaí a bhain leis a dhéanann suas cuid de na ráitis airgeadais na Máthairchuideachta a chur ar fáil.

**Cuntasaíocht do chomhcheangail ghnó**

Déantar cuntasaíocht i gcás comhcheangail ghnó trí leas a bhaint as an modh éadála amhail ar an dáta éadála ar a n-aistrítear an rialú chuig an nGrúpa.

**Éadálacha an 1 Eanáir 2010 nó ina dhiaidh sin**

Tá freagracht ar an nGrúpa do chomhcheangail gnó faoi Chomhcheangail Gnó IFRS 3, tomhaiseann an Grúpa cáilmheas ag an dáta ceannaithe mar:

- Luach cóir na comaoine a aistríodh; móide
- An tsuim aitheanta a bhaineann le haon leasanna neamhrialaithe san fhaighteán; agus má fhaightear an comhcheangal gnó i gcéimeanna, cóirluach an leasa cothromais atá cheana sa bhfaighteán; lúide
- glansuim aitheanta (luach cóir) na sócmhainní inaitheanta a fuarthas agus na dliteanais a glacadh.

Nuair a bhíonn an barrachas diúltach, aithnítear gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Cláraítear costais a bhaineann le héadáil, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

**Éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus 1 Eanáir 2010**

Le haghaidh éadálacha idir an 1 Eanáir 2004 agus an 1 Eanáir 2010, is ionann an cáilmheas agus barrachas chostas na héadála thar leas an Ghrúpa i suim aitheanta (cóirluach) shócmhainní inaitheanta, dhliteanais agus dhliteanais theagmhasacha an fhaighteáin. Nuair a bhí an barrachas cáilmheasa diúltach, aithníodh gnóthachan ceannach sladmhargaidh láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas. Rinneadh costais idirbheart, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaigh an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó a chaipitliú mar chuid de chostas na héadála.

**Éadálacha roimh an 1 Eanáir 2004 (dáta an aistrithe chuig na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS))**

Mar chuid dá aistriú chuig IFRSeanna, chinn an Grúpa nach n-athshonródh sé ach na comhcheangail ghnó sin a tharla ar an 1 Eanáir 2003 nó ina dhiaidh, de réir cinntí beartas a rinne an Grúpa ag an am. Maidir le héadálacha roimh an 1 Eanáir 2003, léiríonn cáilmheas an tsuim atá aitheanta faoi chreat cuntasaíochta an Ghrúpa roimhe seo, GAAP na hÉireann/RA.

**IFRS 10 — Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**

Díríonn samhail rialála IFRS 10 ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cumhacht ag an nGrúpa ar institiúid infheistiúcháin, cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchosaint nó cearta aige ar thorthaí athraitheacha mar thoradh ar a nasc leis an institiúid infheistiúcháin, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé in ann a chumhacht a úsáid chun tionchar a imirt ar na torthaí sin. Go sonrach, ceanglaítear faoi IFRS 10 ar an nGrúpa na hinstitiúidí infheistiúcháin a rialaíonn sé a chomhdhlúthú ar bhonn rialú de facto.

De réir IFRS 10, déanann an Grúpa measúnú ar rialú ar bhonn leanúnach agus déanann an Grúpa athmheasúnú maidir lena rialú ar institiúid infheistiúcháin má léiríonn fianaise nó cúinsí gur athraigh eilimint amháin nó níos mó á sin den tsamhail rialaithe.

**Fochuideachtaí**

Is aonáin iad fochuideachtaí arna rialú ag an ESB (tá rialú i gceist nuair atá an ESB nochta d'fháltais athraitheacha, nó nuair atá ceart na bhfáltas athraitheach aige óna bhainteacht leis an aonán agus go bhfuil an cumas aige dul i gcion ar na fáltais sin trína chumhacht ar an aonáin). Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a thosaíonn an rialú go dtí an dáta a gcuirtear deireadh leis. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

**IFRS 11 - Comhshocruithe**

Faoi IFRS 11, rangaíonn an Grúpa a leasanna i gcomhshocruithe mar chomhoibríochtaí nó mar chomhfhiontair ag brath ar chearta an Ghrúpa ar na sócmhainní agus na hoibleagáidí maidir le dliteanais na socruithe. Agus an measúnú sin á dhéanamh ag an nGrúpa, breathnaíonn sé ar struchtúr agus ar fhoirm dhlíthiúil na socruithe, ar théarmaí conarthacha an tsocraithe mar a comhaontaíodh idir na páirtithe, agus nuair is cuí, ar fhachtóirí agus cúinsí eile.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

**Comhoibríochtaí**
Is éard is comhoibríochtaí ann ná na gnóthais sin ina bhfuil sé measta go bhfuil comhsmacht ag an ESB ar an socrú agus tá cearta chun na sócmhainní agus oibleagáidí maidir le dliteanais an tsocraithe aici. Dá réir sin, aithnítear sciar shócmhainní, dhliteanais, ioncam, chostais agus ioncam cuimsitheach eile na Cuideachta sna catagóirí faoi seach na gcuntas chomhdhlúite.

**Comhfhiontair**
Is éard is gnóthais comhfhiontair (comhfhiontair) ann na gnóthais sin a bhfuil smacht conarthacha ag an ESB i gcomhar le páirtí eile tharstu, trína bhfuil na cearta ag an nGrúpa chun glansócmhainní an tsocraithe seachas cearta chun na sócmhainní agus oibleagáidí dá dhliteanais.

Tugtar cuntas maidir le comhfhiontair ag baint leas as modh cuntasaíochta an chothromais. Faoi mhodh an chothromais, an sciar atá ag an nGrúpa de bhrabúis nó caillteanais tar éis do cháin a bheith gearrtha ar chomhfhiontair, cuimsítear é sa ráiteas comhdhlúite ioncaim i ndiaidh muirir úis agus maoinithe. Taispeántar sciar an Ghrúpa de mhíreanna ioncaim chuimsithigh eile sa ráiteas um ioncam cuimsitheach.

Cuimsítear leasanna an Ghrúpa sna glansócmhainní mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar thosach an chláir comhardaithe chomhdhlúite ag suim a léiríonn sciar an Ghrúpa de chóirluachanna na nglansócmhainní ag tráth na héadála, móide cáilmheas, costais éadála, sciar an Ghrúpa d'ioncam agus costais iar-éadála coinnithe, lúide aon soláthar bearnúcháin. Ní aithnítear glansócmhainní ach amháin sa mhéid go bhfuil oibleagáidí dlí nó inchiallaithe tabhaithe ag ESB nó ar son comhfhiontar.

Fuarthas na suimeanna atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le torthaí iar-éadála comhfhiontar ó na ráitis airgeadais is déanaí dá gcuid a rinneadh suas go dtí dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i gcomhfhiontair a iompar ag an gcostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

Déanann an Grúpa measúnú cibé an bhfuil gá le hathmheasúnú a dhéanamh mar gheall ar athrú sna fíricí agus na cúinsí, nó an bhfuil comhsmacht fós ann. Rinneadh an Grúpa a rannpháirtíocht i gcomhshocruithe a mheas agus dhearbhaigh sé go gcomhlíonann na hinfheistíochtaí sin critéir na gcomhfhiontar, a gcoimeádtar cuntas orthu fós le húsáid mhodh an chothromais.

**Gnólachtaí Comhlachaithe**
Tugtar cuntas ar aonáin seachas comhshocruithe agus fochuideachtaí ina bhfuil leas rannpháirtíochta ag an nGrúpa, agus a bhfuil an Grúpa ábalta tionchar suntasach a imirt ar a mbeartais oibriúcháin agus airgeadais ach nach rialaíonn nó nach gcomhrialaíonn iad, mar ghnólachtaí comhlachaithe ag baint úsáid as modh an chothromais agus cuimsítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a meastar go n-eascraíonn tionchar suntasach go dtí an dáta nach bhfuil an tionchar ann níos mó.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar ar chostas lúide muirir bhearnúcháin ar bith.

**Idirbhearta a dhíbrítear ar chomhdhlúthú**
Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta idirghrúpa, agus ioncam agus speansais neamhréadaithe ar bith a eascraíonn as idirbhearta idirghrúpa, a dhíbirt agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Fágtar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu as an áireamh i gcoinne na hinfheistíochta go dtí méid leas an Ghrúpa san institiúid infheistiúcháin. Fágtar caillteanais neamhréadaithe as an áireamh ar an dóigh chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ach go dtí an méid nach bhfuil fianaise ar bhearnúchán ann amháin.

### (III) CAIGHDEÁIN AGUS LÉIRMHÍNITHE ÚRA

Tá roinnt caighdeán úr, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Is iad na Caighdeáin agus na Léirmhínithe seo a leanas na cinn a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don Ghrúpa:

| Caighdeáin Idirnáisiúnta Úra / Leasaithe um Thuairisciú Airgeadais | Dáta éifeachtach[1] |
|---|---|
| IFRS 15: Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí | 1 Eanáir 2018 |
| IFRS 9: Ionstraimí Airgeadais | 1 Eanáir 2018 |
| Soiléiriú ar IFRS 15: Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí | 1 Eanáir 2018 |
| IFRS 16: Léasanna | 1 Eanáir 2019 |

[1]Is iad na dátaí atá i bhfeidhm ná iad siúd a bhaineann le IFRS arna gceadú ag an AE má tá na dátaí sin níos déanaí ná na dátaí atá i bhfeidhm ag an IASB, agus má bhaineann siad le tréimhse dar tosach na dátaí a liostaítear thuas nó ina ndiaidh.

**Caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe i dtaca le caighdeáin fhoilsithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill**
Níl caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa i dtaca le caighdeáin atá ann faoi láthair agus atá eisithe ach nach bhfuil i bhfeidhm fós. Is iad seo a leanas na cinn is suntasaí ina measc sin:

**IFRS 9: Ionstraimí Airgeadais (dáta éifeachtach: Bliain airgeadais ESB dar tosach 1 Eanáir 2018)**
Ceapadh an caighdeán seo chun go gcuirfí in áit IAS 39 Ionstraimí Airgeadais é: Tá Aithint agus Tomhas curtha i gcrích i gcuid mhór céimeanna, agus d'eisigh an IASB an leagan deiridh in Iúil 2014. Áirítear sa Chaighdeán na riachtanais i dtaca le haithint, tomhas, bearnú agus dí-aithint sna réimsí ionstraimí airgeadais agus cuntasaíocht fálaithe i gcoitinne. Cuirfidh an Grúpa IFRS 9 i bhfeidhm óna dháta éifeachtach.

Ailíneoidh na rialacha cuntasaíochta fálaithe an chuntasaíocht d'ionstraimí fálaithe nios fearr le cleachtais bhainistíocht riosca. De ghnáth 'fhéadfadh níos mó caidrimh fhálaithe a bheith incháilithe le haghaidh cuntasaíocht fhálaithe,mar go dtugann an Caighdeán isteach cur chuige ata bunaithe nios mó ar phrionsabail. Rinne an grúpa measúnú i dtosach ar thionchar IFRS 9, agus ba chosúil go gcáileodh caidreamh fálaithe reatha an Ghrúpa mar fháluithhe leanúnach arna ghlacadh IFRS 9. Dá réir sin níl an Grúpa ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag an gcuntasaíocht ar a chaidreamh fálaithe.

D'fhéadfadh tionchar a bheidh ar chostais oibriúcháin de bharr bhreithnithe bearnúcháin sa Chaighdeán nua. Táthar ag measúnú garbhthionchar airgeadais an Chaighdeáin ach ní cheaptar go mbeidh sé ábhartha.

Is é an chéad mheasúnú atá againn ar thionchar IFRS 9 ná go mbeidh tionchar ábhartha ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa mar gheall ar ghlacadh an Chaighdeáin nua de bharr na n-athruithe ar shocraíocht idirbhearta bainistíochta dliteanais:

Tá súil ag an nGrúpa glacadh le IFRS 9 trí chur i bhfeidhm chúlghabhálach atá imlínithe ag an gcaighdeán d'aon idirbheart bainistíochta dliteanais roimhe seo. Rinne an Grúpa athmhaoiniú ar bhannaí de luach €500.0 milliún agus €600.0 milliún in 2015 agus 2016 faoi seach agus beidh na hidirbhearta sin faoi réir choigeartuithe cúlghabhalacha. Tá laghdú ar na cúlchistí tosaigh agus ardú ar iasachtaíochtaí eachtracha ríomhtá ag an nGrúpa ón 1 Eanáir 2018 de €72.0 milliún.

Tugann an Caighdeán nua riachtanais nochta leathnaithe agus athruithe ar chur i láthair isteach freisin. Táthar ag súil go n-athróidh siad sin nádúr agus réim nochta an Ghrúpa ar na ionstraimí airgeadais go háirithe sa chéad bhliain arna ghlacadh leis an gCaighdeán nua.

**IFRS 15: Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí (dáta éifeachtach: Bliain airgeadais ESB dar tosach 1 Eanáir 2018)**
Tiocfaidh an Caighdeán in áit IAS 18 Ioncam, IAS 11 Conarthaí Tógála agus léirmhínithe a bhaineann leo. Baineann an caighdeán seo le haithint ioncaim agus bunaíonn sé prionsabal chun faisnéis áisiúil a thuairisciú d'úsáideoirí ráiteas airgeadais faoi chineál, mhéid, thráthúlacht agus neamhchinnteacht an ioncaim agus an tsreafa airgid a eascraíonn ó na conarthaí atá ag aonán le custaiméirí. Tá sé socruithe ag an nGrúpa glacadh le IFRS 15 ag úsáid modh idirlinne cúlghabhalach mionathraithe.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Aithnítear ioncam a bheith i gceist chomh luath is a fhaigheann custaiméir rialú ar earra nó ar sheirbhís, agus go bhfuil sé in ann mar sin úsáid an earra nó na seirbhíse a threorú agus leas a bhaint as an earra nó an tseirbhís. Sainaithníonn IFRS 15 próiseas cúig chéim chun ioncam a aithint, mar a leanas: An/na conradh/conarthaí a shamhlú leis an gcustaiméir, na hoibleagáidí feidhmíochta sa chonradh a aithint, an praghas idirbhearta a dheimhniú, an praghas idirbhearta a leithdháileadh agus ioncam a aithint nuair atá oibleagáid feidhmíochta curtha i gcrích.

Cuirfidh an Grúpa IFRS 15 i bhfeidhm óna dháta éifeachtach. Tá sé déanta amach ag an obair a rinne an Grúpa go dtí seo nach mbeidh aon tionchar ábhartha ag feidhmiú IFRS 15 ar an aitheantas ioncam reatha don chuid is mó d'ioncam an Ghrúpa faoina caighdeáin agus na léirmhínithe ioncaim reatha. Ina theannta sin, de réir mar a bheidh an gnó ag forbairt tairiscintí táirgí nua, caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar impleachtaí IFRS 15 orthu sin.

**IFRS 16: Léasanna (dáta éifeachtach): Bliain airgeadais ESB dar tosach 1 Eanáir 2019).**
Cuirfear an caighdeán seo in áit léasanna IAS 17. Is suntasach iad na hathruithe atá ann mar thoradh ar IFRS 16 agus beidh tionchar acu don chuid is mó ar léasaithe, a bhfuil an chuntasaíocht ina leith leasaithe go mór. Ar an bhformhór, ní bheidh aon athrú i gceist maidir le riachtanais chuntasaíochta an léasaí arna sonrú in IAS 17, a tháinig roimh IAS 16 an IFRS. An príomhthionchar a bheidh ann do léasaithe ná go n-aithneofar beagnach gach léas ar an gclár comhardaithe, mar go bhfuiltear tar éis fáil réidh leis an idirdhealú idir léasanna oibriúcháin agus léasanna airgeadais i gcás léasaithe. Ina áit sin, de réir IFRS 16, aithnítear sócmhainn (an ceart úsáid a bhaint as an mhír léasaithe) agus aithnítear an dliteanas airgeadais, íoc as rudaí ar léas. Tá seo amhlaidh ach amháin i gcás léasanna gearrthéarmacha agus léasanna ar luach íseal. Tugtar isteach leis an gcaighdeán seo meastacháin agus tairsigh breithiúnais nua a mbeidh tionchar acu ar aithint, aicmiú agus tomhas idirbheart léasa. Tá gá le nochtadh níos leithne freisin, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil. Cuirfidh an Grúpa IFRS 16 i bhfeidhm óna dháta éifeachtach. Tá tionchar IFRS 16 ar ráitis airgeadais an Ghrúpa á mheasúnú faoi láthair.

Tá athruithe eile IFRS eisithe ach níl siad i bhfeidhm go fóill don Ghrúpa. Ach i gcás na n-athruithe sin, ní mheastar go mbeidh tionchar ábhartha acu ar na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe, é sin nó ní bhaineann siad leis an nGrúpa faoi láthair.

### (IV) AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Tá na ráitis airgeadais sin tuairiscithe in euro, airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta.

**(a) Airgeadra feidhmiúil agus tíolactha**
Na míreanna atá cuimsithe i ráitis airgeadais gach ceann d'aonáin an Ghrúpa, úsáidtear airgeadra na príomhtimpeallachta eacnamaíochta ina bhfuil an t-aonán ag feidhmiú ('an t-airgeadra feidhmiúil') chun na míreanna sin a thomhas.Tuairiscítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite in euro, airgeadra feidhmiúil tuairiscithe na Máthairchuideachta.

**(b) Idirbhearta agus comhéideanna**
Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhunús na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. De ghnáth, aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas na gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh atá eascartha ó shocraíocht a leithéid sin d'idirbhearta agus ó aistriú sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ag rátaí malairte dheireadh na bliana. Déantar iad a iarchur i ngnáthscaireanna má bhaineann siad le fáluithe sreabhadh airgid cáilithe agus fáluithe cáilithe de ghlan-infheistíocht, nó más cuid den ghlan-infheistíocht in oibríocht eachtrach iad.

Aistrítear míreanna neamhairgeadíochta a dtomhaistear ag an gcóirluach in airgeadra eachtrach iad, ar bhunús na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta a cinneadh an cóirluach. I gcás difríochtaí aistrithe ar shócmhainní agus dliteanais a iompraítear ar chóirluach, tuairiscítear iad mar chuid de ghnóthachan nó caillteanas an chóirluacha. Mar shampla, i gcás difríochtaí aistrithe ar shócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta amhail gnáthscaireanna atá sealbhaithe trí bhrabús ná caillteanas, aithnítear iad i mbrabús ná i gcaillteanas mar chuid de bhrabús ná caillteanas an chóirluacha.

**(c) Cuideachtaí Grúpa**
Na torthaí agus an stádas airgeadais atá ag oibríochtaí eachtracha (nach bhfuil airgeadra geilleagair hipearbhoilscitheach ag aon cheann acu) a bhfuil airgeadra feidhmiúil acu nach ionann é agus an t-airgeadra tuairiscithe, aistrítear iad chuig an airgeadra tuairiscithe mar seo a leanas:

- aistrítear sócmhainní agus dliteanais do gach clár comhardaithe a chuirtear ar fáil ag an ráta dúnta ar dháta an chláir comhardaithe sin
- aistrítear ioncam agus costais do gach ráiteas brabúis nó caillteanais agus ráiteas ioncaim chuimsitheach ag gnáth rátaí malartaithe (murar neasúchán réasúnach d'éifeacht charnach na rátaí atá ann ag dátaí na n-idirbhearta, agus más amhlaidh, aistrítear ioncam agus costais ar dhátaí na n-idirbheart), agus
- aithnítear gach difríocht malartaithe atá mar thoradh air in ioncam cuimsitheach eile.

Agus comhdhlúthú á dhéanamh, difríochtaí malairte a eascraíonn ó aistriú aon ghlan-infheistíocht in aonáin eachtracha, agus ó aistriú iasachtaíochtaí agus ionstraimí airgeadais eile arna n-ainmniú mar fháluithe a leithéid seo d'infheistíochtaí, aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a dhíoltar oibríocht eachtrach nó nuair a aisíoctar aon iasachtaíochtaí ar cuid iad den ghlan-infheistíocht, déantar na difríochtaí malairte bainteacha a athrangú mar bhrabús nó caillteanas, mar chuid den ghnóthachan ná caillteanas tráth a ndíoltar í.

Cáilmheas a eascraíonn ó éadáil oibríochta eachtraí, caitear leis mar shócmhainní agus dliteanais den oibríocht eachtrach agus aistrítear é ag an ráta reatha.

### (V) MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH, AGUS DÍMHEAS

**Aitheantas agus tomhas**
Sonraítear maoin, gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha agus forálacha maidir le bearnúchán ar luach, ach amháin do thalamh a thaispeántar ag an gcostas lúide bearnúchán. Cuimsíonn an mhaoin, gléasra agus trealamh costais chaipitlithe fostaithe, ús agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne agus i leith cuid chuí de na forchostais bhainteacha.

Faoi IFRIC 18, déantar ranníocaíochtaí soláthair a chaipitliú i réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir na gcostas caipitlithe bainteach.

**Dímheas**
Ríomhtar an muirear don dímheas chun an costas maidir leis an maoin, an ngléasra agus an trealamh a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach measta thar a shaolré úsáideach mheasta ag baint úsáid as modhanna atá oiriúnach do chineál gnó an Ghrúpa agus do shaintréith agus do mhéid a mhaoine, a ghléasra agus a threalaimh. Ní sholáthraítear dímheas ar bith ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní le linn tógála. Ríomhtar dímheas ar mhíreanna eile maoine, gléasra agus trealaimh ag úsáid modh an mhéid chothroim chun a méideanna in-dímheasa a leidhdháileadh thar a saoil úsáideacha meásta mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Gléasra giniúna agus struchtúir na stáisiún teirmeach | 20 bliain |
| Sócmhainní um ghiniúint feirmeacha gaoithe | 20 / 25 bliain |
| Gléasra dáileacháin agus struchtúir | 25 / 30 bliain |
| Gléasra tarchuir agus struchtúir | 30 bliain |
| Foirgnimh ghinearálta agus stáisiúin hidrileictreacha | 50 bliain |

**Caiteachas ina dhiaidh sin**
Aon chaiteachas a dhéanfar ina dhiaidh sin ar mhaoin, gléasra agus trealamh, cuimseofar é i suim ghlanluacha na sócmhainne nó aithneofar é mar shócmhainn ar leith, mar is cuí, ach ní tharlaíonn seo ach amháin i gcás gurb amhlaidh a bheidh tairbhí eacnamaíochta na míre amach anseo chun leasa an Ghrúpa, agus go mbeifear in ann costas na míre a thomhas go cruinn.

Gearrtar aon deisiúcháin agus chothabháil eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

Áirítear le maoin, gléasra agus trealamh páirteanna spártha straitéiseacha i ndáil leis an ngnó giniúna leictreachais. Déantar stoc caipitil sa ghnóthas Networks a iompar laistigh de shócmhainní atá á dtógáil agus a bhfuil a gcoimisiúnú ar feitheamh.

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### (VI) SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

Is é atá i gceist le léasanna airgeadais ná léasanna lena nglacann an Grúpa, atá ina léasaí, formhór na rioscaí agus luaíochtaí úinéireachta air féin, agus is é atá i gceist le léasanna oibriúcháin ná léasanna lena gcoimeádann an léasaí na rioscaí agus luaíochtaí úinéireachta sin.

Tá sócmhainní neamhreatha a fuarthas faoi léasanna airgeadais cuimsithe sa chlár comhardaithe ag a luach caipitil coibhéiseach agus tá siad dí-mheasta thar an saol úsáideach is giorra den tsócmhainn agus an téarma léasa mura bhfuil aon chinnteacht réasúnach go bhfaighidh an Grúpa úinéireacht ag deireadh an téarma léasa. Déantar na dliteanais chomhfhreagracha a thaifeadadh mar léas airgeadais iníoctha agus gearrtar an chuid úis de na híocaíochtaí léasa airgeadais ar an ráiteas ioncaim, agus í faoi réir ráta úis tréimhsiúil seasta. Gearrtar táillí cíosa i dtaca le léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ioncaim de réir mhodh an mhéid chothroim thar tréimhse an léasa.

### (VII) SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AGUS CÁILMHEASA

**(a) Cáilmheas**

Cáilmheas atá ann mar thoradh ar éadáil fochuideachtaí, léirítear ina aonair é ar an gclár comhardaithe.

**Tomhas ina dhiaidh sin**

Déantar cáilmheas a thomhas ag an gcostas lúide caillteanais charntha i dtaca le bearnúchán. Déantar tástáil bhliantúil ar an gcáilmheas le haghaidh bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin má sháraíonn suim ghlanluachála na sócmhainne nó aonaid ghiniúna airgid (CGU) an méid in-aisghabhála a ghabhann leis.

Is é an méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU a luach agus é in úsáid, agus a cóirluach lúide costais a d(h)íola, cibé acu sin is airde. Nuair a bhítear ag measúnú luach na sócmhainne/CGU agus í nó é in úsáid, déantar sreafaí airgid réamh-mheasta na todhchaí a lascainiú go dtí a luach reatha trí bhíthin ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn na measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn nó CGU.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin i ndáil le cáilmheas sa bhrabús agus sa chaillteanas, agus ní fhorchoimeádtar iad.

**(b) Lamháltais astaíochtaí**

Lamháltais astaíochtaí a cheannaíonn ESB, déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní doláimhsithe ag an gcostas.

De réir mar a thagann astaíochtaí aníos, gearrtar muirear ar an ráiteas ioncaim a léiríonn an méid a theastaíonn chun an dliteanas a shocrú don Údarás ábhartha. Áirítear leis an soláthar seo luach glanluacha na lamháltas astaíochtaí atá sealbhaithe, mar aon le luach margaidh reatha aon lamháltas breise a theastaíonn chun an oibleagáid a chomhlíonadh. Cuirtear na lamháltais sin ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, chun an dliteanais le haghaidh astaíochtaí iarbhír $CO_2$ le linn na bliana sin a chumhdach. Dá bhrí sin ní dhéantar lamháltais a shealbhaítear ag an gcostas mar shócmhainní doláimhsithe a amúchadh toisc go gcoinnítear iad chun an dliteanas astaíochtaí a ghlanadh an bhliain dár gcionn.

**(c) Costais bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile**

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire agus sócmhainní doláimhsithe faighte eile lena n-áirítear naisc eangaí agus cearta faighte eile a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun an tsócmhainn shainiúil a fháil agus a chur in úsáid. Tomhaistear na sócmhainní sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, atá measta thar a saolréanna úsáideacha ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Is iad seo a leanas mór-aicmiúcháin sócmhainní agus a saolréanna cionroinnte:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | 3 / 5 bliain |
| Míreanna doláimhsithe eile | 20 bliain |

Déantar costais forbartha a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí bogearraí inaitheanta agus uathúla arna rialú ag an nGrúpa, agus ar dócha go nginfidh siad sochair eacnamaíocha a sháróidh costais thar bhliain amháin, a aithint mar shócmhainní doláimhsithe nuair a comhlíontar na critéir seo a leanas:
- a bheith indéanta go teicniúil an bogearra a chomhlánú chun go mbeidh sé ar fáil i gcomhair úsáide;
- a bheith faoin mbainistíocht an bogearra a chomhlánú agus é a úsáid nó é a dhíol;
- a bheith in ann an bogearra a úsáid nó é a dhíol
- a thaispeáint cén chaoi ar dócha go nginfidh an bogearra sochair eacnamaíochta amach anseo
- dóthain acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile chun an fhorbairt a chomhlánú agus chun é a úsáid nó a dhíol
- an bogearra a bheith ar fáil
- go mbeadh sé éasca an caiteachas a bhaineann leis an mbogearra le linn a fhorbartha a thomhas go hiontaofa.

Áirítear costais forbartha bogearraí, fostaithe agus rann cuí forchostas ábhartha ar na costais dhíreacha. Tomhaistear na sócmhainní sin ag an gcostas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré úsáideach measta (trí go cúig bliana) ar bhonn méid chothroim agus caillteanais bhearnúcháin charntha.

**(d) Taighde agus forbairt**

Aon chaiteachas taighde agus caiteachas forbartha nach gcomhlíonann na critéir thuas, aithnítear iad mar chostas a tabhaíodh. Aon chostais forbartha a aithníodh mar chostas roimhe sin, ní aithnítear iad mar shócmhainn sa tréimhse dár gcionn.

### (VIII) BEARNÚCHÁN SHÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA SEACHAS CÁILMHEAS

Níl sócmhainní ag a bhfuil saolré úsáideach éiginnte faoi réir amúchta agus déantar iad a thástáil le haghaidh bearnúcháin gach bliain. Déantar sócmhainní atá faoi réir dímheasa agus amúchta a thástáil le haghaidh bearnúcháin sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach bhfuil an méid tugtha anonn in-aisghabhála. Déantar tástáil ar sócmhainní nach bhfuiltear á n-úsáid fós le haghaidh bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn méid tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cóirluach sócmhainne lúide costais le díol nó a luach in úsáid, cibé is airde. Chun measúnú a dhéanamh ar bhearnúchán, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith acu (CGU). Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach in úsáid bunaithe ar na sreafaí airgid measta a bhfuiltear ag súil lena nginiúint as an tsócmhainn, agus tá an luach sin bunaithe ar mheastacháin maidir le giniúint cumhachta réamhaisnéise agus praghsanna réamhaisnéise cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne (más infheidhme), agus tráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitiúil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnú an mhargaidh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn.

### (IX) COSTAIS IASACHTA

Cuirtear costais iasachtaí atá curtha i leith tógáil mórshócmhainní, dá bhfuil sé riachtanach tréimhse shuntasach a chaitheamh lena ndéanamh réidh le húsáid, le costais na sócmhainní sin ag meánchostas ualaithe na n-iasachtaí, go dtí cibé am a bheidh na sócmhainní réidh go hiomlán don úsáid atá beartaithe dóibh. Tá an ráta um chaipitliú a cuireadh i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiachas amuigh an ESB agus, nuair is infheidhme, cuirtear ráta atá sainiúil don tionscadal i bhfeidhm. Aithnítear gach costas iasachtaí eile ar an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

### (X) FARDAIL

Déantar fardail a iompar ag an meánchostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsíonn an costas gach praghas ceannaigh agus costais dhíreacha a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt go dtí a suíomh agus a riocht reatha. Tá an glanluach réadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díola lúide costais eile a bhfuiltear ag súil lena dtabhú roimh dhiúscairt.

Déantar soláthar ar leith le haghaidh míreanna damáistithe, meathlaithe, as feidhm agus ó úsáid nuair is cuí.

Dearbhaítear obair tógála ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

### (XI) SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AIRGEADAIS

**(a) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha**

**Infháltais trádála agus infháltais eile**

Aithnítear infháltais trádála agus infháltais eile i dtosach ag a gcóirluach, arb é sin an bhunsuim arna sonrascadh de ghnáth, agus tugtar anonn iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain, lúide an soláthar a rinneadh do bhearnúchán.

Déantar soláthairtí sainiúla sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán ann, mar shampla, sa chás nach bhfuiltear ábalta íoc as. Déantar soláthar breise ar bhonn punainne chun caillteanais bhreise a thabhaíodh a íoc, bunaithe ar anailís ar chaillteanas a tharla roimhe sin a tugadh chun dáta de réir dhálaí reatha an mhargaidh.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Áirítear ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim, airgead ar láimh, éarlaisí is iníoctha ar éileamh, agus infheistíochtaí ardleachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil aibíochtaí bunúsacha trí mhí nó níos lú ag baint leo, lúide rótharraingtí bainc atá iníoctha ar éileamh. Ar an gclár comhardaithe, taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaíochtaí sna dliteanais reatha.

**Trádáil agus méideanna iníoctha eile**
Déantar suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile a thaifeadadh i dtosach ag an gcóirluach, arb é sin an bhunsuim arna sonrascadh de ghnáth, agus tugtar iad anonn ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as modh an úis ghlain.

**Iasachtaí agus iarmhéideanna le Cuideachtaí Grúpa**
Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaí le Cuideachtaí an Ghrúpa agus infháltais uathu nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iad ar na sócmhainní reatha nó na dliteanais reatha ar an gclár comhardaithe, ach amháin na cinn lena bhfuil aibíochtaí níos faide ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a áirítear ar shócmhainní neamhreatha. Cuimsítear iasachtaí agus iarmhéideanna laistigh d'infháltais trádála agus infháltais eile nó in iníocaíochta trádála agus iníocaíochtaí eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta agus déantar iad a thaifeadadh i dtosach ag an gcóirluach agus ag an gcostas amúchta as sin amach.

**Sócmhainní nó dliteanais airgeadais ag an gcóirluach trí bhrabús nó caillteanas**
Is ionann ionstraimí airgeadais a rangaítear mar shócmhainní nó mar dhliteanais ag an gcóirluach tríd an ráiteas ioncaim agus ionstraimí airgeadais atá sealbhaithe lena dtrádáil nó atá ainmnithe ag an gcóirluach trí bhrabús nó caillteanas ag an dáta tionscanta.

Nuair a aithnítear na sócmhainní sin ar dtús, aithnítear iad ag an gcóirluach, agus aithnítear costais idirbheart sa bhrabús nó sa chaillteanas, agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag an gcóirluach. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar na sócmhainní nó dliteanais airgeadais sin sa bhrabús nó sa chaillteanas de réir mar a thagann siad aníos.

Is iad na hionstraimí a choinnítear i gcomhair trádála ná cinn a fhaightear go príomha chun críche díola sa ghearrthéarma, atá mar chuid de phunann infheistíochta a bhainistítear ina n-iomláine, agus áit a mbíonn gabháil brabúis ghearrthéarmach ann.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí fálaithe eile**
Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí airgeadais neamhdhíorthacha chun a neamhchosaint ar phraghas tráchtearraí, malairt eachtrach agus ráta úis a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibriúcháin, maoinithe agus infheistithe a fhálú. Áirítear ar na príomhdhíorthaigh a úsáideadh babhtálacha ráta úis, babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha, babhtálacha airgeadra, réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh agus conarthaí babhtála innéacsaithe a bhaineann le ceannach breosla.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, téann an Grúpa isteach go rialta i gconarthaí díorthacha díola agus ceannaigh le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. Sa chás go ndeachthas isteach sa chonradh agus go leantar lena shealbhú chun na tráchtearraí a fháil nó a sheachadadh de réir riachtanais díola, cheannaigh nó úsáide ionchais an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí le comhlíonadh. Dá bhrí sin ní thagann na conarthaí sin faoi scóip IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas.

Tugtar cuntas ar chonarthaí tráchtearraí nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí féinúsáide, mar dhíorthaigh thrádála agus aithnítear iad ar an gclár comhardaithe ag an gcóirluach. Sa chás go bhfuil caidreamh cuntasaíochta fálaithe ainmnithe agus gur cruthaíodh go bhfuil sé éifeachtach, aithneofar na hathruithe ar an gcóirluach de réir IAS 39 mar fháluithe sreabhadh airgid nó fáluithe cóirluacha.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun ráta úis agus neamhchosaintí airgeadra a fhálú. Áirítear díorthaigh den sórt sin ag an gcóirluach agus déantar iad a atomhas chuig an gcóirluach ar dháta an chláir comhardaithe. Tá formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin ainmnithe mar a bheith coinnithe chun críocha fálaithe. Bunaítear ainmniú an chaidrimh um fhálú ar dháta tionscanta an chonartha agus cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an díorthach an-éifeachtach maidir lena chuspóir a bhaint amach agus gur féidir éifeachtacht an fhálú a thomhas go hiontaofa. Braitheann ionramháil na ngnóthachan agus na gcaillteanas nuair a dhéantar iad a atomhas ina dhiaidh sin ar rangú an fhálaithe agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil an caidreamh fálaithe ainmnithe mar fhálú cóirluacha nó mar fhálú sreabhadh airgid.

Déileáiltear le díorthaigh nach cuid iad de chaidrimh fálaithe éifeachtacha amhail is dá mba rud é go raibh siad sealbhaithe le haghaidh trádála, agus taifeadtar gach gluaiseacht cóirluacha tríd an ráiteas ioncaim.

**(i) Fáluithe ar an sreabhadh airgid**
Sa chás go bhfuil ionstraim airgeadais dhíorthach ainmnithe mar fhálú ar inathraitheacht i sreafaí airgid de dhliteanas aitheanta, ceangaltas daingean nó idirbheart réamhaisnéise an-dóchúil, aithnítear an chuid éifeachtach de ghnóthachan nó de chaillteanas ar bith ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a bhíonn aitheantas sócmhainne nó dliteanais neamhairgeadais ann mar thoradh ar an gceangaltas daingean nó ar an idirbheart réamhaisnéise, baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus áirítear é ar thomhas tosaigh na sócmhainne nó an dliteanais sin. Seachas sin baintear an gnóthachan nó an caillteanas carntha d'ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach de ghnóthachan nó caillteanas ar bith sa ráiteas ioncaim láithreach.

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim fálaithe nó caidreamh fálaithe ach táthar ag súil fós go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, fágtar an gnóthachan nó an caillteanas ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é de réir an bheartais thuas nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Mura bhfuil an t-idirbheart fálaithe dóchúil níos mó, aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas carntha neamhréadaithe in ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim láithreach.

**(ii) Fálú glaninfheistíochta in aonán eachtrach**
Sa chás go bhfálaíonn dliteanas airgeadra eachtraí glaninfheistíocht in oibríocht eachtrach, aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ar aistriú an dliteanais go díreach in ioncam cuimsitheach eile, agus cuirtear sa chúlchiste aistrithe é, agus aithnítear cion neamhéifeachtach ar bith láithreach sa ráiteas ioncaim.

**(c) Iasachtaí lena mbaineann ús**
Aithnítear iasachtaíochtaí lena mbaineann ús i dtús báire ag an gcóirluach, lúide costais idirbheart inchurtha. I ndiaidh a n-aitheantais tosaigh sonraítear na hiasachtaí sin ag an gcostas amúchta le húsáid mhodh an ghlanráta úis.

**(d) Conarthaí árachais**
Le linn an ghnáthchúrsa gnó, soláthraítear ráthaíochtaí agus bannaí na Máthairchuideachta chuig fochuideachtaí na Máthairchuideachta. Rangaítear na ráthaíochtaí agus na bannaí sin faoi IFRS 4 mar chonarthaí árachais. Nuair atáthar ag súil nach ndéanfar aon éileamh ar na conarthaí sin, ní dhéantar aon fhoráil i ráitis airgeadais na Máthairchuideachta. Sa chás go bhfuil éilimh dóchúil, cuirtear an beartas um sholáthairtí (15) i bhfeidhm.

### (XII) RANNÍOCAÍOCHTAÍ SOLÁTHAIR AGUS DEONTAIS CHAIPITIL NEAMHINAISÍOCTHA
Taifeadadh ranníocaíochtaí soláthair agus deontais chaipitil neamh-inaisíoctha a fuarthas suas go dtí 1 Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoileadh ar an ráiteas ioncaim iad ar bhonn comhsheasmhach le beartas dímheasa na sócmhainní ábhartha.

I ndiaidh chur i bhfeidhm IFRIC 18 Aistriú Sócmhainní ó Chustaiméirí, déantar ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha a fuarthas i ndiaidh 1 Iúil 2009 (dáta éifeachtach an léirmhínithe) a chaipitliú go hiomlán go réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir na gcostas caipitlithe bainteach.

### (XIII) STOC CAIPITIL
Tomhaistear aonaid an stoic chaipitil ag an bpraghas ar a n-eisíodh iad i dtosach chuig an Roinn Airgeadais, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna, agus chuig ESB ESOP Trustee Limited.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### (XIV) CÁIN IONCAIM

Cuimsíonn cáin ioncaim ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas don bhliain cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin go dtí an méid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach in ioncam cuimsitheach eile nó i gcothromas.

**(a) Cáin reatha**

Soláthraítear an cháin reatha ag na rátaí reatha agus ríomhtar í ar bhonn thorthaí na bliana. Ní áiríonn an costas cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabúis na ngnóthas comhfhiontair, toisc go bhfuil sé sin san áireamh laistigh de línte ar leith ar thosach an ráitis ioncaim le haghaidh brabús ó chomhfhiontair.

**(b) Cáin iarchurtha**

Soláthraítear cáin iarchurtha ag baint úsáid as an modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe, lena ndéantar soláthar i leith difríochtaí sealadacha idir méideanna tugtha anonn na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáideadh chun críche cánachais.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach go dtí an méid a mheasann an Bord go bhfuil sé níos dóchúla go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú todhchaí na ndifríochtaí bunúsacha sealadacha a asbhaint.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil lena gcur i bhfeidhm sna tréimhsí ina n-aisiompaítear na difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ar dháta an chláir chomhardaithe.

### (XV) FORÁLACHA

Aithnítear soláthar, má tá oibleagáid dlí nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa, i ngeall ar imeacht san am a chuaigh thart, ar féidir é a mheas go hiontaofa, agus má tá sé dóchúil go dteastóidh eis-sreabhadh de shochar eacnamaíoch chun an oibleagáid a ghlanadh. Cinntear soláthairtí trí na sreafaí airgid todhchaí ionchais a lascainiú ag ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.

**Forálacha ar oibleagáidí scor sócmhainne**

Is ionann an soláthar le haghaidh dúnadh stáisiún ghiniúna, feirmeacha gaoithe agus cuaillí adhmaid a chóireáiltear le créasóid agus luach reatha mheastachán reatha na gcostas a bhaineann le dúnadh na stáisiún ag deireadh a saolré úsáideach.

Aithnítear na costais mheasta a bhaineann le dúnadh stáisiún, mar aon le hoibleagáidí eile i dtaca le sócmhainní a chur as feidhm, ina n-iomláine ag tosach shaolré na sócmhainne, ach déantar iad a lascainiú ar luachanna reatha ag baint úsáid as ráta saor ó riosca. Déantar na costais a chaipitliú i réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus déantar iad a dhímheas thar shaolré eacnamaíochta úsáideach na stáisiún nó na sócmhainní eile lena mbaineann siad, seachas i gcás go bhfuil an tsócmhainn bhainteach tar éis deireadh a saolré úsáideach a shroicheadh. Maidir le hathruithe ar an dliteanas ina dhiaidh sin i ndáil le sócmhainní atá tagtha chuig deireadh a saolré úsáideach, aithnítear sa ráiteas ioncaim iad de réir mar a tharlaíonn siad. Déantar athbhreithniú ar na costais gach bliain agus leasaítear iad de réir mar is cuí. Déantar na leasuithe ar na costais mheasta lascainithe a chaipitliú sna sócmhainní ábhartha agus déantar iad a dhímheas thar an gcuid atá fanta de shaolré na sócmhainní sin, sa mhéid go bhfuil siad fós in úsáid. De réir mar a dhéantar na costais a chaipitliú agus a sholáthar i dtosach ar bhonn lascainithe, méadaítear an soláthar le muirear airgeadais i ngach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar iarmhéid an tsoláthair agus an ráta lascaine a bhí i bhfeidhm ar an dáta tomhais deireanach (a thugtar cothrom le dáta gach bliain) agus áirítear é ar an ráiteas ioncaim mar mhuirear airgeadais. Ar an dóigh sin, beidh an soláthar cothrom leis na costais mheasta reatha ag deireadh shaolré úsáideach eacnamaíochta na stáisiún nó na sócmhainní eile. Socraítear an caiteachas iarbhír i gcoinne an tsoláthair de réir mar a dhúntar na stáisiúin nó de réir mar a chomhlíontar oibleagáidí eile.

Áirítear an soláthar maidir le costais dhúnta stáisiún giniúna agus oibleagáidí eile maidir le cur as feidhm sócmhainní mar chuid de na soláthairtí reatha nó neamhreatha mar is cuí ar an gclár comhardaithe.

### (XVI) DEIGHLEOGA OIBRIÚCHÁIN - IFRS 8

Tá riachtanais nochta Dheighleoga Oibriúcháin IFRS 8 curtha i bhfeidhm don Ghrúpa ag an ESB. Sainítear in IFRS 8 an dóigh ar cheart d'aonán faisnéis a nochtadh maidir lena dheighleoga ag baint úsáid as an gcur chuige bainistíochta faoina gcuirtear faisnéis faoi dheighleoga i láthair ar an mbonn céanna a úsáidtear do thuairisciú inmheánach. Rinneadh an fhaisnéis airgeadais maidir le deighleoga ar a ndéanann an Fhoireann Feidhmiúcháin agus an Bord, an Príomhchinnteoir Oibriúcháin (COMD) le chéile, athbhreithniú rialta, d'fhonn cinntí a dhéanamh maidir le hacmhainní a leithroinnt agus measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht a chur i láthair i nóta 2 leis na ráitis airgeadais.

### (XVII) IONCAM

**(a) Ioncam leictreachais agus gáis**

Is ionann díolachán agus cóirluach na comaoine atá faighte nó atá le fáil ar earraí a dhíol agus seirbhísí a thabhairt le linn gnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa. Tuairiscítear ar dhíolachán tar éis do cháin bhreisluacha, lacáistí agus lascainí a bheith bainte, agus tar éis díolachán laistigh den Ghrúpa a bheith tógtha as an áireamh. Is ar ídiú leictreachais atá ioncam leictreachais bunaithe. Áirítear le hioncam leictreachais luach na n-aonad arna soláthar do chustaiméirí idir dáta an léimh méadair is déanaí agus deireadh na bliana, agus áirítear an meastachán seo i bhféichiúnaithe sa chlár comhardaithe mar 'ídiú neamh-bhilleáilte'.

**Is ionann ioncam agus an luach díolacháin a díorthaíodh as na gnéithe seo a leanas:**

- Cuimsíonn ioncaim Electric Ireland ioncam ó leictreachas agus gás a dhíol le custaiméirí.
- Tá ioncam an ghnó Margaí Giniúna agus Mórdhíola ó ghiniúint leictreachais den chuid is mó.
- Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáid Córais i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann faoi seach.

**(b) Ioncam ó chonarthaí**

Aithnítear ioncam ó chonarthaí ar bhonn cionroinnt ama trí thagairt do chéim chríochnaithe an chonartha ar dháta an chláir chomhardaithe.

### (XVIII) IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

Cuimsíonn ioncam oibriúcháin eile ioncam a thabhaítear don Ghrúpa lasmuigh de ghnáthghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

### (XIX) COSTAIS

**(a) Costais fostaí**

Fabhraítear tuarastail, ragobair, costais, bónais, ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh (PRSI), Árachas Náisiúnta, saoire bhliantúil íoctha agus saoire bhreoiteachta sa tréimhse ina gcuireann fostaithe an Ghrúpa seirbhísí breise ar fáil.

**(b) Costais fuinnimh**

Áirítear ar chostais fuinnimh costais dhíreacha breosla (gual agus gás go príomha), leictreachas ceannaithe, muirir um Úsáid an Chórais (costais leictreachais eile) agus glanchostais astaíochtaí. Aithnítear costais bhreosla agus leictreachas ceannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Chuaigh an Grúpa isteach i gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta fadtéarmacha áirithe le haghaidh méideanna seasta. Is féidir leis an nGrúpa méideanna atá iníoctha faoi na conarthaí atá sa bhreis nó faoi na rátaí margaidh a aisghabháil nó is féidir iad a aisíoc leis an margadh faoin tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

**(c) Costais oibriúcháin agus chothabhála eile**

Baineann costais oibriúcháin agus chothabhála eile go príomha le costais ollchóirithe agus tionscadal, costais conraitheoirí agus costais forais. Aithnítear na costais sin sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**(d) Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**

Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar éarlaisí bainc, ar a ngearrtar ús ag na rátaí úis éarlaise atá i bhfeidhm, chomh maith le hioncam úis ar iasachtaí.

Cuimsíonn na costais airgeadais costas úis ar iasachtaíochtaí, leachtú na lascaine ar sholáthairtí, muirir mhaoinithe pinsin, gnóthachain agus caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, caillteanais ar ionstraimí fálaithe nach bhfuil aitheanta sna costais oibriúcháin, agus athrangú ar na méideanna a aithníodh roimhe seo in ioncam cuimsitheach eile.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### (XX) MÍREANNA EISCEACHTÚLA

D'úsáid an Grúpa an téarma eisceachtúil chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe ar gá, i dtuairim an lucht bainistíochta, iad a nochtadh ar leithligh de bhua a méide nó a dteagmhais, nó i ngeall go ndearbhaítear go bhfuil gnóthachain agus caillteanais áirithe de chineál neamhfhillteach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar mhíreanna eisceachtúla athstruchtúrú, bearnúcháin shuntasacha, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní, athruithe ábhartha ar mheastacháin agus costais aonuaire sa chás go bhfuil aitheantas ar leithligh tábhachtach chun tuiscint a fháil ar na ráitis airgeadais. Tá tuilleadh sonraí maidir le míreanna eisceachtúla an Ghrúpa ar fáil i nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

### (XXI) DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

**(a) Dliteanais athstruchtúraithe**

Tá sochair i dtaca le foirceannadh deonach iníoctha faoi chomhaontuithe comhchoiteanna éagsúla idir Bord an ESB agus Foireann Ceardchumainn nuair a ghlacann fostaí iomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair sin. Aithníonn an Grúpa sochair foirceanta nuair atá sé tiomanta go follasach, in éagmais féidearthacht réadúil go dtarraingeofaí as, do phlean mionsonraithe foirmiúil chun an fhostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthaois scoir, nó chun sochair foirceanta a chur ar fáil mar thoradh ar thairiscint a rinneadh d'fhostaithe chun iomarcaíocht dheonach a spreagadh. Déantar gnáth-shochair foirceanta nach bhfuil cumhdaithe faoin gcomhaontú réamhluaite a aithint nuair nach féidir leis an nGrúpa tairiscint na sochar sin a aistarraingt a thuilleadh nó nuair a thugann an Grúpa faoi chur i bhfeidhm an phlean athstruchtúraithe, cibé acu a tharlaíonn níos luaithe. Déantar sochair a bhfuiltear ag súil lena socrú níos mó ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe a lascainiú go dtí an luach reatha. Ní dhéantar soláthar i leith caillteanais oibriúcháin todhchaí.

**(b) Dliteanais ghearrthéarmacha eile a bhaineann le fostaithe**

Aithnítear na costais a bhaineann le saoire agus bónais nuair a sholáthraíonn fostaithe an tseirbhís nó an fheidhmíocht lena méadaítear a dteidlíocht i leith neamhláithreachtaí cúitithe amach anseo.

### (XXII) OIBLEAGÁIDÍ PINSIN

Feidhmíonn cuideachtaí an Ghrúpa scéimeannapinsean éagsúla i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, a maoinítear trí íocaíochta le cistí arna riar ag iontaobhaithe.

**Scéimeanna pinsean i bPoblacht na hÉireann**

Tá dhá scéim pinsin i bhfeidhm ag an nGrúpa, dá ngairtear Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB agus Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB.

Maoinítear pinsin do thromlach na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim pinsean ranníocach a dtugtar Scéim Sochair Shainithe d'Fhostaithe Ginearálta ESB uirthi. Dílsítear an ciste in Iontaobhaithe a ainmníonn an ESB agus a chomhaltaí chun sochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe amháin. Tá an Scéim cláraithe mar Scéim Sochair Shainithe leis an Údarás Pinsean.

Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag an ESB agus na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin lena rialaítear an Scéim. Déantar sochair iníoctha a dhearbhú faoi threoir na samhla pinsean, Meántuilleamh Athluacháilte Gairme (CARE) maidir le sochair a tuilleadh i ndiaidh an 1 Eanáir 2012 (bunaithe ar an tuarastal deiridh roimhe seo). Níl oibleagáid dhlíthiúil ar bith ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choinneáil i gcás go bhfuil easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB agus faomhadh an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Má eascraíonn easnamh amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar an gCuideachta faoi rialacháin na Scéime dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe, agus Achtúire na Scéime chun breathnú ar an ngá le Scéim leasaithe a chur isteach chuig an Aire lena faomhadh.

De réir an Chomhaontuithe Pinsean 2010 (arna fhaomhadh ag na fostaithe i mí Iúil 2010 agus arna dhaingniú ag Bord an ESB an 20 Deireadh Fómhair 2010), d'aontaigh an ESB go ndéanfaidís instealladh airgid aonuaire sa Scéim, a bheadh iníoctha thar roinnt blianta, agus a raibh luach aontaithe €591.0 milliún aige chun críche achtúireacha amhail ar 1 Eanáir 2010. Níor athraíodh na rátaí seasta ranníocaíochta don fhostóir ná do na fostaithe. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir le duine úr ar bith dul isteach sa Scéim.

Dearbhaíodh na hoibleagáidí don Scéim atá léirithe i ráitis airgeadais an ESB de réir IAS 19 Sochair Fostaí. Ós rud é nach gnáth-Scéim DB "comhardú costas" an scéim (ina bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc), ní mór a bheith stuama maidir leis na hoibleagáidí atá le léiriú sna ráitis airgeadais. Má eascraíonn easnamh amach anseo, tá dualgas ar an gCuideachta, mar a luadh thuas, dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl oibleagáid ar bith ar an ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choimeád i gcás easnaimh agus níl sé beartaithe ag an gCuideachta go ndéanfaí ranníocaíocht ar bith eile, seachas na gnáthranníocaíochtaí leanúnacha agus iarmhéid ranníocaíochta breise €591.0 milliún na Cuideachta (a ndearnadh tiomantas ina leith mar chuid de Chomhaontú Pinsean 2010). Dá bhrí sin, chinn an ESB gur cheart do na ráitis airgeadais a oibleagáidí don Scéim a léiriú, ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

(a) méid ar bith atá fágtha le híoc i ndáil leis an ranníocaíocht aonuaire a aontaíodh de bhun Chomhaontú 2010 (€591.0 milliún in airgead de chuid 2010 le híoc thar roinnt blianta)
(b) gealltanais a bhí déanta cheana maidir le seirbhís san am a chuaigh thart (luach reatha na ranníocaíochtaí comhaontaithe a bhaineann le seirbhís roimh Dheireadh Fómhair 2010), agus
(c) Iarchláir Théarfa Dheonacha (VS) - d'aithin an Chuideachta in 2010 go bhfuil tiomantas sa todhchaí ann maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi iarchláir Théarfa Dheonacha. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na baill foirne sin agus aithnítear iad seo ag an gcóirluach.

Aithnítear ranníocaíochtaí leanúnacha (suas le 16.4%) sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéid nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.

Is ciste pinsin le ranníocaíochtaí sainithe é Scéim Pinsin ESB; coimeádtar cuntas ar ranníocaíochtaí sa scéim ar bhonn ranníocaíochtaí sainithe, agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra ar an ioncam atá ann sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéim pinsean i dTuaisceart Éireann**

Tá scéim le sochar sainithe i bhfeidhm ag Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks), ar fochuideachta í atá faoi lán-úinéireacht an Ghrúpa, maidir le gach fostaí incháilithe. Ríomhann achtúirí neamhspleácha oibleagáid sochair shainithe NIE Networks ar bhonn bliantúil trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus déantar í a lascainiú ag ráta a roghnaítear trí thagairt a dhéanamh don ráta toraidh reatha atá ag bannaí corparáideacha ardchaighdeáin atá cothrom leis na dliteanais de réir airgeadra agus téarma. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsean ag an gcóirluach. Faightear luachálacha iomlána achtúireacha ar a laghad gach trí bliana agus tugtar cothrom le dáta iad go bliantúil ina dhiaidh sin. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha go hiomlán sa tréimhse ina dtarlaíonn siad agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Gearrtar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar faoin scéim sochair shainithe ar an ráiteas ioncaim thar na tréimhsí a bhain leas as seirbhís na bhfostaithe. Aithnítear costais seirbhíse san am a chuaigh thart lena n-áirítear caillteanais ghiorrúcháin sa ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad. Áirítear an t-ioncam úis ó shócmhainní scéim pinsean agus caiteachas úis ar dhliteanais scéim pinsean laistigh den ghlanchostas airgeadais.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 2. TUAIRISCIÚ AR DHEIGHLEOGA

Tá Deighleoga Oibriúcháin IFRS 8 curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa, agus tá nochtadh cuí déanta aige sna ráitis airgeadais sin.

Chun críocha bainistíochta, tá an Grúpa eagraithe ina cheithre phríomhdheighleog intuairiscithe, ar rannáin straitéiseacha an Ghrúpa iad atá á mbainistiú ar leithligh, agus cuirtear faisnéis bhainistíochta inmheánach maidir leo ar fáil don Fhoireann Feidhmiúcháin agus don Bhord, dá dtagraítear le chéile mar Phríomhchinnteoir Oibriúcháin an Ghrúpa. Tugann trí rannán chorparáideacha eile tacaíocht agus seirbhísí eile do phríomhrannáin oibriúcháin an Ghrúpa agus luaitear le chéile mar Dheighleoga Eile san fhaisnéis thíos iad.

Tá cur síos déanta ar phríomhdheighleoga intuairiscithe an Ghrúpa mar a leanas:

**(a) Tá Electric Ireland** ar cheann de na príomhsholáthróirí leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile i bPoblacht na hÉireann agus chuaigh sé isteach sa mhargadh baile i dTuaisceart Éireann in 2017. Tá scair shuntasach ag Electric Ireland den mhargadh neamhbhaile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Faightear ioncaim go príomha ó leictreachas a dhíol le custaiméirí.

**(b) Baineann ESB Networks** go príomha le húinéireacht agus feidhmiú an líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Gnólacht rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) trí tháillí Úsáidte Córais atá iníoctha ag gineadóirí agus soláthraithe leictreachais. Tá sé imfhálaithe mar thoradh ar rialú arna chur i bhfeidhm ag gnó giniúna agus soláthair an Ghrúpa.

**(c) Cuimsíonn ESB Generation and Wholesale Markets** na gnólachtaí giniúna agus infheistíochta idirnáisiúnta ar fud an Ghrúpa. Oibríonn an Grúpa stáisiúin chumhachta agus feirmeacha gaoithe laistigh den deighleog ghnó seo i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe.

**(d) Baineann NIE Networks** go príomha le húinéireacht agus feidhmiú an líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i dTuaisceart Éireann. Faigheann NIE Networks a ioncam den chuid is mó ó tháillí a ghearrtar ar sholáthraithe leictreachais maidir le húsáid na gcóras dáileacháin agus ó tháillí a ghearrtar ar sheirbhísí tarchurtha a bhailítear ó Oibritheoir an Chórais i dTuaisceart Éireann (SONI).

**(e) Áirítear ar Dheighleoga Eile** torthaí soláthraithe seirbhíse inmheánacha, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do phríomhaonaid ghnó an Ghrúpa. Bíonn na deighleoga seo á rialú le rialachán, agus tá comhaontuithe leibhéal seirbhíse deartha lena chinntiú go bhfuil idirbhearta idir deighleoga oibriúcháin ar neamhthuilleamaí, cosúil le hidirbhearta le tríú páirtithe. Áirítear ar an deighleog seo freisin formhór chostais mhaoinithe an Ghrúpa, toisc go ndéantar tromlach ghníomhaíocht an Chisteáin go lárnach. Ní dhéantar costais airgeadais a thabhaítear go lárnach a ghearradh ar dheighleoga oibriúcháin eile arís.

Rinneadh aonad gnó, Innovation, a bhunú chun deiseanna infheistíochtaí úra a chomhordú agus díriú orthu ionas go bhféadfaí gnó úr a fhorbairt agus a fhás i gcomhthéacs timpeallacht atá ag síorathrú. Oibríonn an deighleog seo taobh le croí-dheighleoga oibriúcháin an Ghrúpa. De réir mar a aithneofar deiseanna gnó agus de réir mar a éireoidh siad inmharthana, aistreofar iad chuig an gcroí-dheighleog oibriúcháin ábhartha. Tuairiscítear Nuáil chuig CODM mar chomhchuid ar leith laistigh de Dheighleoga Eile. Cuimsíonn an t-aonad gnó Innovation ESB International, ar soláthraí seirbhísí comhairleoireachta agus innealtóireachta é agus ESB Telecoms.

Déanann CODM monatóireacht ar thorthaí oibriúcháin na ndeighleog ar leithligh d'fhonn acmhainní a leithdháileadh idir deighleoga agus chun feidhmíocht a mheas. Déantar feidhmíocht na ndeighleog a luacháil bunaithe ar bhrabús oibriúcháin den chuid is mó. Ní thuairiscítear sócmhainní agus dliteanais de réir na ndeighleog chuig CODM.

### Ioncam de réir an táirge

Déantar deighleoga intuairiscithe a roinnt de réir an chineáil ioncaim táirge a thuilltear. Cuimsíonn ioncaim Electric Ireland ioncam ó leictreachas agus gás a dhíol le custaiméirí. Tá ioncam an ghnó Margaí Giniúna agus Mórdhíola ó ghiniúint leictreachais den chuid is mó. Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáide Córais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Baineann ioncam atá áirithe laistigh de Dheighleoga Eile le seirbhísí innealtóireachta go príomha.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)

### (a) Ráiteas Ioncaim

**(i) Ioncam deighleoige - 2017**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 1,729,523 | 493,052 | 689,747 | 252,158 | 64,542 | - | **3,229,022** |
| Ioncam idir-dheighleog | 4,674 | 564,485 | 716,687 | 19,644 | 232,194 | (1,537,684) | - |
| **Ioncam** | 1,734,197 | 1,057,537 | 1,406,434 | 271,802 | 296,736 | (1,537,684) | **3,229,022** |

Cuirtear ioncaim idir-dheighleoga as an áireamh nuair a dhéantar an comhdhlúthú agus tá siad léirithe sa cholún díchur thuas.

**(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2017**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | (5,718) | (386,167) | (257,035) | (137,682) | (29,088) | - | **(815,690)** |
| Costais oibriúcháin eile | (1,660,450) | (392,475) | (1,032,838) | (99,527) | (304,946) | 1,537,684 | **(1,952,552)** |
| Muirear bearnaithe (Míreanna eisceachtúla san áireamh) | - | - | (275,579) | - | (3,777) | - | **(279,356)** |

**(iii) Toradh oibriúcháin - 2017**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús / caillteanas oibriúcháin - míreanna eisceachtúla san áireamh | 68,029 | 317,379 | (155,177) | 34,593 | (50,840) | - | **213,984** |
| Glanchostas airgeadais | (87) | (360) | (19,459) | (47,135) | (148,582) | - | **(215,623)** |
| Sciar brabúis / (caillteanais) na ngnóthas ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 4,108 | - | (12,401) | - | **(8,293)** |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | 67,942 | 317,019 | (170,528) | (12,542) | (211,823) | - | **(9,932)** |

**(i) Ioncam deighleoige - 2016**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 1,890,601 | 474,103 | 521,055 | 256,935 | 69,057 | - | 3,211,751 |
| Ioncam idir-dheighleog | 4,392 | 544,818 | 806,290 | 15,345 | 209,266 | (1,580,111) | - |
| **Ioncam** | 1,894,993 | 1,018,921 | 1,327,345 | 272,280 | 278,323 | (1,580,111) | 3,211,751 |

Cuirtear ioncaim idir-dheighleoga as an áireamh nuair a dhéantar an comhdhlúthú agus tá siad léirithe sa cholún díchur thuas.

**(ii) Costais oibriúcháin deighleoige - 2016**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | (9,009) | (379,747) | (202,218) | (141,409) | (28,026) | - | (760,409) |
| Costais oibriúcháin eile | (1,813,606) | (357,544) | (896,882) | (95,573) | (306,046) | 1,580,111 | (1,889,540) |

**(iii) Toradh oibriúcháin - 2016**

| | Electric Ireland € '000 | ESB Networks € '000 | Margaí Giniúna agus Mórdhíola € '000 | NIE Networks[1] € '000 | Deighleoga Eile € '000 | Comhdhlúthú agus díchur € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús / (caillteanas) oibriúcháin | 72,378 | 314,216 | 230,836 | 35,298 | (55,402) | - | 597,326 |
| Glanchostas airgeadais | (136) | (289) | (9,726) | (50,255) | (328,018) | - | (388,424) |
| Sciar brabúis / (caillteanais) na ngnóthas ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 91 | - | (15,348) | - | (15,257) |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | 72,242 | 313,927 | 221,201 | (14,957) | (398,768) | - | 193,645 |

[1] Áirítear le deighleog NIE Networks dímheas ar ardú cóirluacha arna aithint le héadáil NIE Networks.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 2. TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE (ar lean)

### (b) Nochtadh eile

| | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní neamh-reatha breise (cé is moite d'éadálacha)** | | |
| Electric Ireland | **9,325** | 7,569 |
| ESB Networks | **501,043** | 373,260 |
| Margaí Giniúna agus Mórdhíola | **128,179** | 262,403 |
| NIE Networks | **142,791** | 141,230 |
| Deighleoga Eile | **86,101** | 113,153 |
| **Iomlán** | **867,439** | 897,615 |

Áirítear le sócmhainní neamh-reatha breise (gan éadálacha) infheistíochtaí i maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (cé is moite de liúntais d'astuithe), sócmhainní airgeadais agus institiúidí infheistiúcháin a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

## 3. FAISNÉIS GHEOGRAFACH

### (a) Sócmhainní neamh-reatha de réir suímh gheografaigh

| | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Éire | **7,550,000** | 7,812,557 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **3,062,906** | 3,273,549 |
| An chuid eile den domhan | **4,200** | 10,406 |
| **Iomlán** | **10,617,106** | 11,096,512 |

Ciallaíonn sócmhainní neamh-reatha, chun na críche seo, maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, cáilmheas, infheistíocht in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, infheistíochtaí sócmhainní airgeadais agus infháltais trádála agus infháltais eile. Eisítear ionstraimí airgeadais dhíorthaigh agus sócmhainní cánach iarchurtha.

### (b) Ioncam seachtrach de réir an mhargaidh gheografaigh

| | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Éire | **2,396,156** | 2,744,816 |
| RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann | **806,817** | 449,251 |
| An chuid eile den domhan | **26,049** | 17,684 |
| **Iomlán** | **3,229,022** | 3,211,751 |

## 4. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

Cuireann an Grúpa míreanna áirithe i láthair ar leithligh ar mhíreanna neamhghnácha de bhua a méide agus a minicíochta iad, i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí lárnacha leanúnacha. Tá an cur i láthair seo déanta sa ráiteas ioncaim chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht ghnó bhunúsaigh an Ghrúpa. Úsáideann an Grúpa a bhreithiúnas agus measúnú á dhéanamh aige ar na míreanna áirithe ar chóir iad a nochtadh mar mhíreanna eisceachtúla.

| | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Muirir bhearnúcháin | **275,579** | - |

**Muirir bhearnúcháin**

Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 36 - ordaítear le Bearnú Sócmhainní gurb ionann caillteanas bearnúcháin agus an mhéid a sháraíonn luach tugtha anonn na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cóirluach sócmhainne lúide na costais lena dhiúscairt, nó a luach in úsáid, cibé acu is airde. Ríomhtar an luach in úsáid trí Ghlanluach Reatha (NPV) na sreafaí airgid thirim sa todhchaí a thógáil ón tsócmhainn, arna lascainiú ag ráta lascainithe cuí. Ceanglaítear ar aonáin tástálacha bearnúcháin a dhéanamh má léirítear go bhfuil bearnú sócmhainne ann. Spreag na táscairí seo a leanas athbhreithnithe bearnaithe ar shócmhainní giniúna an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2017.

- An tionchar a bheadh ag tabhairt isteach Margadh Leictreachais Singil Comhtháite (I-SEM) faoi Bhealtaine 2018 ar ioncaim thuartha, go háirithe ioncaim cumais do stáisiúin ghiniúna i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.
- Arduithe i bpraghsanna guail i gcomparáid le gás rud a d'fhágfadh go dtuillfeadh stáisiún ginte Moneypoint corrlaigh níos lú.
- Corrlaigh leictreachais mórdhíola i bPoblacht na hÉireann (tionchar ag leataí réamh-mheasta agus ag praghas corrlaigh córais (SMP) ar na stáisiúin gásadhainte uile atá ag obair sa SEM).

Is stáisiún cumhachta gualadhainte 885 MW é Moneypoint atá suite gar do Chill Rois i gCo. an Chláir. Rinneadh é a choimisiúnú idir 1985 agus 1987 agus tugadh uasghrádú mór threalamh thimpeallachta chun críche ag an stáisiún in 2008 chun a chinntiú go mbeadh sé ag cloí le riachtanais timpeallachta géara ó thaobh díshulfarú gáis mhúcháin agus laghduithe catalaíocha roghnaitheacha.

Taifeadadh muirear bhearnaithe de €141.7 milliún i gcostais oibriúcháin in 2017 (nóta 6) maidir le Moneypoint sna deighleoga Margaí Giniúna agus Mórdhíola (G&WM), ag léiriú laghdú réamh-mheasta ar chumas ioncam bunaithe ar an bpraghas imréitigh i réamhaisnéisí cumais ceantála agus margaidh I-SEM na Nollag 2017 do réamhaisnéisí bunaithe ar cheantáil agus ar mhargaidh amach anseo do leataí guail in I-SEM.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 4. MÍREANNA EISCEACHTÚLA (ar lean)

**Muirir bhearnúcháin (ar lean)**

Is Gástuirbíní Comh-thimthrialla (CCGTanna) iad Áth Fhada Aonad a Dó (435 MW), Synergen (410 MW) agus Poolbeg (463 MW) atá suite i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath faoi seach. Tosaíodh ar an tógáil in Áth Fhada i nDeireadh Fómhair 2007 agus bhí feidhmíocht tráchtála ar bun ann faoi Bhealtaine 2010, tá Synergen ag feidhmiú ar bhonn tráchtála ó Lúnasa 2002 agus Poolbeg ó 1971, ar dtús mar stáisiún ola-adhainte agus a aistríodh go CCGT in 2000. Aithníodh muirear bhearnaithe de €69.1 milliún i leith Áth Fhada, €30.0 milliún i leith Synergen agus €20.9m i leith Poolbeg in 2017. Tharla na bearnúcháin de bharr laghdú réamh-mheasta san ioncam cumais a thuill na stáisiúin giniúna tar éis an mhargadh nua I-SEM a thabhairt isteach faoi Bhealtaine 2018 agus an tionchar a bhí ag corrlaigh leictreachais mórdhíola tuartha níos lú i bPoblacht na hÉireann. Ba ráta réamhchánach 6.82% é an ráta lascaine iarbhír chun na sreafa airgid leis an nglanluach reatha (NPV) a aimsiú.

Tá stáisiún cumhachta Marina suite i gCeantar Dugaí Chorcaí ar an Laoi. Bhí roinnt réimeas difriúla ag rith an stáisiúin ó d'oscail sé agus aistríodh é in 2009 go hoibríocht timthrialla oscailte le haschur 85 MW. Tá muirear bhearnaithe de €1.1 milliún aitheanta de bharr nach raibh aon rath ar an stáisiún i gceant cumais I-SEM 2017. Ba ráta réamhchánach 6.82% é an ráta lascaine iarbhír chun na sreafa airgid leis an nglanluach reatha (NPV) a aimsiú.

Tá punann fheirm gaoithe oibriúcháin le cumas iomlán 522 MW curtha isteach ag ESB, atá cuimsithe as fiche feirm ghaoithe sa Mhargadh Leictreachais Singil (SEM) (ceithre cinn déag i bPoblacht na hÉireann agus sé cinn i dTuaisceart Éireann) agus trí fheirm ghaoithe eile sa Ríocht Aontaithe (RA). Rinneadh athbhreithniú bearnúcháin a raibh mar thoradh air gur aithníodh muirear bearnúcháin de €12.8 milliún sa bhliain reatha i ndeighleog G&WM. Ba ráta réamhchánach é an ráta lascaine iarbhír chun na sreafa airgid leis an nglanluach reatha (NPV) a aimsiú 4.4% (Poblacht na hÉireann) agus 3.8% (Tuaisceart Éireann). Tháinig an muirear bearnúcháin de bharr ar laghdú réamh-mheasta sna hioncaim bunaithe ar mhargadh.

Tá na hinsreafaí airgid do gach stáisiún ginte agus feirm ghaoithe bunaithe ar phróifílí reáchtála réamh-mheasta don ghléasra, réamhphraghsanna leictreachais, gáis agus carbóin. Tá na heissreafaí airgid i ndáil le caiteachas oibriúcháin agus caipitiúil bunaithe ar na pleananna gnó cúig bliana, arna faomhadh ag an mBord, agus ina dhiaidh sin, ar réamhaisnéisí a dhéantar ar tháirgeadh fadtéarmach agus ar an sreabhadh airgid.

## 5. IONCAM / (SPEANSAIS) OIBRIÚCHÁIN EILE

| | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh, agus sócmhainní doláimhsithe | **1,381** | 926 |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí (nóta 13) | **2,122** | - |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí[1] | **21,998** | 9,383 |
| Amúchadh ar ranníocaíochtaí soláthair | **32,772** | 33,138 |
| Díbhinní a fuarthas | **3,026** | 1,139 |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar shócmhainní arna sealbhú ag an gcóirluach trí bhrabús agus caillteanas[2] | **(33,884)** | (9,062) |
| Ioncam oibriúcháin eile | **5,145** | - |
| **Iomlán** | **32,560** | 35,524 |

[1] Baineann an brabús ar dhiúscairt fhochuideachtaí le díol fochuideachtaí fheirmeacha gaoithe in 2017 agus 2016.
[2] Baineann na gluaiseachtaí luacha chóir sin le coigeartuithe ar luach infheistíochtaí i bhfiontair in-athnuaite i seilbh an fochuideachta Novusmodus, arna sonrú i nóta 13.

## 6. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

| | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Costais fostaí (nóta 8) | **466,368** | 463,750 |
| Costais bhreosla | **717,290** | 596,367 |
| Costais eile a bhaineann le leictreachas | **239,042** | 303,818 |
| Oibriúcháin agus cothabháil[2] | **529,852** | 520,635 |
| Muirir bhearnúcháin[3] | **279,356** | 4,970 |
| Dímheas agus amúchadh (nótaí 10 / 11) | **815,690** | 760,409 |
| **Iomlán** | **3,047,598** | 2,649,949 |

[1] Áirítear sna costais bhreosla muirear €15.3 milliún (2016: €1.5 milliún) a bhaineann leis an ngluaiseacht cóirluacha i dtaca le babhtálacha tráchtearraí breosla nach bhfuil ainmnithe mar fhálú cuntasaíochta.

Déantar an riosca creidmheasa ar chuntais leictreachais a bhainistiú tríd an monatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, cúlbhannaí cuí a bheith ann agus beartas bailiúcháin atá bunaithe ar acmhainneacht creidmheasa, méid agus fad an fhiachais. Baineann an riosca is mó in Electric Ireland le cuntais mhiondíola leictreachais a dúnadh agus atá i riaráiste. Anuas air sin, féadfaidh custaiméirí áirithe, i bhfianaise méadú na hiomaíochta, soláthraithe a athrú sula nglanann siad a n-iarmhéideanna gan íoc. Déantar na cuntais sin a bhainistiú mar chuid de bheartas bailiúcháin fiachais an Ghrúpa, agus chuige seo, úsáidtear meascán de leanúint inmheánach fiachais, úsáid gníomhaireachtaí bailiúcháin fiachais agus caingean dlí nuair is gá,lena n-áirítear breithiúnais a fhoilsiú.

Tá an beartas soláthair do bhearnú maidir le hinfháltais leictreachais mhiondíola bunaithe ar thaithí stairiúil ar fhiachais a dhíscríobhadh. Is féidir soláthar a dhéanamh i dtaobh iarmhéideanna faoi leith sa chás go bhfuil fianaise díospóide ann nó easpa cumais an fiachas a shocrú. Déantar soláthar breise ar bhunús punainne chun caillteanais ionchais a chlúdach bunaithe ar anailís ar chaillteanais roimhe seo agus ar mheasúnú ar thionchar coinníollacha eacnamaíocha agus saincheisteanna faoi leith an tionscail. Ní dhéantar soláthar nuair atá socruithe oiriúnacha aisíocaíochta i bhfeidhm agus nuair atá fianaise ann gur féidir iarmhéideanna a aisghabháil ar deireadh, d'ainneoin go bhféadfadh na hiarmhéideanna sin a bheith i riaráiste go trom. Bíonn cúlbhannaí arna sealbhú i bhfoirm éarlaisí slándála ar chuntais chustaiméirí nua, ní ar shocruithe dochair dhírigh. Ba é €112,000 an t-iarmhéid miondíola billeáilte aonair ba mhó gan íoc amhail ar an 31 Nollaig 2017 (2016: €135,000).

Tá rialuithe maidir le hinfháltais leictreachais dírithe ar aisghabháil iomlán na méideanna a sonrascadh. In 2017, rinneadh soláthar d'infháltais leictreachais arb ionann luach iad agus €38.8 milliún (2016: €45.1 milliún) ag deireadh na bliana. B'fhiú €36,000 an cuntas custaiméara aonair is mó a díchuireadh le linn na bliana €36,000 (2016: €48,000) agus bhain seo le custaiméir a chuaigh faoi leachtú. Tagann infháltais leictreachais aníos go príomha i bPoblacht na hÉireann, agus baineann 5% díobh (2016: 4%) le hioncam Thuaisceart Éireann.

Is ionann infháltais leictreachais neamhbhilleáilte agus meastacháin ar thomhaltas nach bhfuil sonrasctha go fóill.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 15. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Infháltais mhalartan cumhachta an mhargadh aonair leictreachais (SEM)**
Déantar riosca creidmheasa maidir le hinfháltais a bhaineann le malartán cumhachta SEM a bhainistiú ag na feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh (ET&R) laistigh de na haonaid ghnó sin atá i mbun trádála leictreachais trí mhalartán cumhachta SEM. Tá na feidhmeanna sin go léir imfhálaithe óna chéile agus tá na freagrachtaí roinnte idir feidhmeanna na cúloifige, na hoifige láir agus na hoifige tosaigh. Tá an fheidhm Cúloifige Trádála freagrach as custaiméirí a shonrascadh agus as gach cuntas infhála a chothabháil. Is í féilire glanta cuntas SEM a rialaíonn na téarmaí íocaíochta le haghaidh gach iarmhéid trádála a bhaineann le gach sruth ioncaim SEM.

**Infháltais Úsáid Córais**
Is é atá i gceist le hioncam ó Úsáid Córais i bPoblacht na hÉireann ná ioncam ó Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS), ioncam ó Úsáid Tarchurtha Córais (TUoS) agus táillí Oibriúcháin agus Cothabhála (O&M) i leith gineadóirí atá nasctha leis an gCóras Dáileacháin. Is é 10 lá gnó na téarmaí creidmheasa i leith DUoS agus tá 35 soláthraí ann faoi láthair. Bailíonn EirGrid an TUoS agus déantar ioncam ceadaithe an Úinéara Sócmhainne Tarchurtha (TAO) a shonrascadh do EirGrid thar 12 ghála mhíosúla, agus bíonn gach sonrasc dlite 36 lá gnó tar éis dheireadh na míosa. Eisíodh sonraisc maidir le 172 gineadóir le linn 2017 i leith táillí oibriúcháin agus cothabhála. Ach amháin i gcás comhlachtaí poiblí, íoctar as naisc nua nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích. Is é 30 lá gnó na téarmaí creidmheasa maidir leis na sonraisc sin. Ináirithe ar mhéideanna atá dlite ó fhiontair fochuideachtaí sa Mháthairchuideachta tá méideanna atá billeáilte agus bailithe trí Networks DAC, fochuideachta den Mháthairchuideachta maidir le húsáid infháltais Úsáid Chórais de €65.2 milliún (2016: €70.4 milliún).

Déantar an riosca creidmheasa maidir le DUoS a bhainistiú trí chuid 7 den Chreat-Chomhaontú DUoS a d'fhaomh an CRU an 1 Lúnasa 2002 a agairt. Foráiltear leis an gcuid seo go gcaithfidh gach soláthraí urrús a chur ar fáil. Sular féidir le soláthraí clárú mar chustaiméir ní mór dóibh clárú leis an gcomhaontú DUoS. Ní mór do na soláthraithe uile urrús a sholáthar de réir chuid 7.2. Úsáidtear na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm chun an riosca creidmheasa DUoS a bhainistiú, agus tá na nósanna sin leagtha síos i gcuid 6 den Chreat-chomhaontú DuOS, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir. I gcás mainneachtana soláthraí, de réir chuid 7 den Chreat-chomhaontú DUoS, tá cumhdach urrúis i bhfeidhm do gach soláthraí.

Úsáidtear na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm chun an riosca creidmheasa DUoS a bhainistiú, agus déantar monatóireacht ar laethanta féichiúnaithe chun iad seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Rialaítear nósanna imeachta maidir le EirGrid a bheith ag íoc ioncam TUoS atá dlite do ESB Networks mar TAO tríd an gComhaontú Bonneagair idir EirGrid agus an ESB. Ní gnáthchonradh déthaobhach é sin a rinne na páirtithe as a stuaim féin, ach socrú atá éilithe faoi reachtaíocht agus tá go leor dá théarmaí sonraithe sa reachtaíocht sin. Meastar dá réir sin go bhfuil an riosca creidmheasa íseal maidir le hinfháltais TUoS. An tsuim a bhí dlite maidir le hioncam TUoS amhail ar 31 Nollaig 2017 ná €40.5 milliún (2016: €40.4 milliún), arb é sin an t-iarmhéid infhála Úsáide Córais is mó i bPoblacht na hÉireann.

I ndáil leis an ngnóthas Networks i dTuaisceart na hÉireann, díorthaítear ioncam go príomha ó mhuirir a ghearrtar as úsáid an chórais dháileacháin, ó mhuirir oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO) a ghearrtar ar sholáthróirí leictreachais, agus ó mhuirir i gcomhair seirbhísí tarchuir a ghearrtar ar an System Operator for Northern Ireland (SONI). Maolaítear an riosca creidmheasa maidir le hinfháltais Úsáide Córais ó sholáthraithe leictreachais trí urrús a fháil i bhfoirm taiscí airgid thirim, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí ón Máthairchuideachta. Ach amháin i gcás comhlachtaí poiblí, íoctar as naisc nua nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích. Tá tréimhse 30 lá nó níos lú i gceist leis na gnáth-théarmaí creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe i dtaca le hinfháltais trádála. Is ionann an úsáid is mó leictreachais atá infhála i dTuaisceart Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2017 agus €9.6 milliún (2016: €10.4 milliún).

**Infháltais leictreachais eile**
Áirítear le hinfháltais leictreachais eile méideanna i ndáil leis an tobhach PSO chomh maith le méideanna a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha agus trádáil leictreachais i margadh na Ríochta Aontaithe nach bhfuil san áireamh le SEM.

**Infháltais trádála agus infháltais eile - neamh-leictreachais**
Baineann infháltais trádála (neamh-leictreachais) le hiarmhéideanna dlite i leith trádáil neamh-leictreachas an Ghrúpa agus oibríochtaí eile. Áirítear leis seo méideanna atá dlite i dtaobh teileachumarsáide, comhairleoireachta, bainistíocht saoráidí agus oibriúcháin choimhdeacha eile an Ghrúpa. Ní mheastar go bhfuil an riosca creidmheasa atá ag baint leis na hiarmhéideanna sin suntasach. An t-iarmhéid aonair is mó a áirítear sa chatagóir seo amhail ar 31 Nollaig 2017 ná suim €3.4 milliún (2016: €6.0 milliún) atá dlite ó chuideachta sheachtrach.

## 16. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **380,405** | 363,624 | **208,499** | 235,991 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

### (i) Stoc caipitil

Tá eisiúint 1,975,181,852 aonad stoc caipitil i gceist ar pharluach €1.00 an aonaid. (2016: 1,979,881,855 aonad).

| | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Arna gcuimsiú mar:** | | |
| Stoc eisithe ó chúlchistí comhshóite | **1,880,888** | 1,880,888 |
| Stoc arna eisiúint lena suibscríobh ag ESOT | **94,294** | 98,994 |
| **Iomlán** | **1,975,182** | 1,979,882 |

De réir an Achta leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, comhshódh cothromas an ESB go stoc caipitil an 30 Nollaig 2001 agus eisíodh don Roinn Airgeadais é. Ag an am céanna, rinne ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun gníomhú mar Iontaobhas do scéim scairsheilbhe fostaithe an ESB, suibscríbhinn do 5% den stoc. I measc na bpríomhcheart a ghabhann le gach aonad stoic chaipitil áirítear an ceart vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí ar dhíbhinní ó bhrabúis aon uair a dhearbhaítear a leithéid agus cearta ar rannpháirtíocht chomhréireach i mbarrachas ag am foirceanta.

Rinne an tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 leasú ar Alt 2 d'Acht 2001 chun foráil a dhéanann go bhfuil 10% de stoc caipitil eisithe an ESB dílsithe san Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil anois, agus go gcoinníonn an tAire Airgeadais 85% de stoc caipitil an ESB agus an ESOP 5% den stoc.

Bunaítear leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, a tháinig i bhfeidhm an 6 Iúil 2011, oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé d'éifeacht ag Acht 2011 úinéireacht an stoic in ESB a bhí i seilbh an Aire Airgeadais roimhe sin a aistriú go dtí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amhail ar 6 Iúil 2011 agus ón dáta sin ar aghaidh.

### (ii) Cúlchiste fuascailte caipitil

I mí Bhealtaine 2015, d'fhaomh Bord ESB togra ESOP maidir le leachtacht mhargaidh. Ba é cuspóir an togra leachtacht sa Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP) a fheabhsú, trína dtugann Iontaobhas ESOP tiomantas chun ciste €25.0 milliún a chaitheamh le stoc caipitil a fháil sa mhargadh inmheánach ESOP. Cuirfidh an ESB an méid céanna caiteachas ar fáil is atá geallta ag ESOP Trustee don tréimhse 2014–2018.

Chuir ESB tús le hathcheannach stoc caipitil ESOP le linn 2017, agus bhí cúlchiste fuascailte caipitil ann mar thoradh ar cheannach agus ar chealú a sciar caipitil féin (€4.7 milliún) ar chomaoin de €5.6 milliún arbh ionann é agus an mhéid ainmniúil den sciar caipitil a cealaíodh (nóta 30).

### (iii) Fálú sreabhaidh airgid, athluacháil agus cúlchistí eile - an Grúpa agus an Mháthairchuideachta

Is ionann an cúlchiste fálaithe go príomha agus cóirluach na ndíorthach atá ina gcuid de chaidrimh fálaithe éifeachtacha sreabhaidh airgid amhail dheireadh na bliana. Ós chun críche fálaithe, de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin in IAS 39, atá na díorthaigh arna sealbhú, is in OCI a choinnítear a ngluaiseachtaí cóirluacha seachas iad a mhuirearú don ráiteas ioncaim le linn na bliana, agus déanfar iad a mhuirearú d'ioncam sa tréimhse chéanna a bhí i gceist i gcás an idirbhirt chomhfhreagraigh.

### (iv) Cúlchistí eile

**Áirítear seo a leanas le cúlchistí eile Grúpa:**

- Cúlchiste de €nialachas (2016: €33.2 milliún) a tháinig aníos tar éis éadáil 30% de Synergen Power Limited in 2009 agus a aistríodh go hiomlán go tuilleamh coinnithe i rith na bliana;
- Cúlchistí neamh-indáilte de (€5.0) milliún a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001;
- Gluaiseachtaí achtúireacha ar scéim le sochar sainithe NIE Networks, glan ó na coigeartuithe gaolmhara cánach iarchurtha, arb ionann iad agus (€220.9) milliún (2016: (€228.6) milliún); agus
- Soláthar athcheannaigh ESOP de (€15.9) milliún (2016: (€19.1) milliún) a bhaineann leis an méid atá tiomanta ag ESB ar 31 Nollaig 2017 chun athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.

**Áirítear seo a leanas le cúlchistí Máthairchuideachta eile:**
Soláthar athcheannaigh ESOP de (€15.9) milliún (2016: (€19.1) milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB amhail an 31 Nollaig 2017, a athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.

### (v) Leasanna neamh-urlámhais - an Grúpa

Na leasanna neamh-úrlámhais a bhí ann amhail ar an 31 Nollaig 2017, baineann siad leis na scairshealbha mionlaigh i bhFeirm Ghaoithe DAC Crockahenny, in DAC Cumhachta Mountain Lodge, in Airvolution Energy Limited, agus i bhfeirmeacha gaoithe a bhfuil baint acu le Coriolis Energy.

### (vi) Díbhinní

| GRÚPA | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| Díbhinn iomlán a íocadh 5.85 (2016: 4.37) cent in aghaidh gach aonad stoc caipitil | **115,624** | 86,490 |
| Díbhinn chuig leas neamh-urlámhais | **170** | - |
| **Iomlán** | **115,794** | 86,490 |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| Díbhinn iomlán a íocadh 5.85 (2016: 4.37) cent in aghaidh gach aonad stoc caipitil | **115,624** | 86,490 |
| **Iomlán** | **115,624** | 86,490 |

B'ionann iomlán na ndíbhinní a íocadh le linn 2017 is €115.6 milliún, agus áiríodh leis seo díbhinn deiridh de €60.2 milliún (3.05 cent in aghaidh an aonaid stoic) i ndáil le 2016, mar aon le díbhinn eatramhach, a dearbhaíodh agus a íocadh, de €55.4 2.80 milliún (2.80 cent in aghaidh an aonaid stoic).

Tá an Bord ag moladh anois go n-íocfaí díbhinn deiridh de 0.23 cent in aghaidh an aonaid stoic, nó comhiomlán €4.6 milliún de réir a bheartais díbhinne de 40% de bhrabús coigeartuithe i ndiaidh cánacha bhí comhaontaithe leis an rialtas.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 18. CÁNACHAS

| (a) **Speansas cáin ioncaim** | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| **Speansas reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | **25,777** | 25,544 |
| Rósholáthar na bliana roimhe seo | **(2,571)** | (7,472) |
| Luach caillteanais cánach a géilleadh do na hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **2,568** | 168 |
| | **25,774** | 18,240 |
| **Speansas cánach iarchurtha** | | |
| Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí sealadacha | **(9,634)** | (8,467) |
| Laghdú ar an ráta cánach[3] | **-** | (9,268) |
| Gannsoláthar na bliana a d'imigh | **5,838** | 6,949 |
| | **(3,796)** | (10,786) |
| **Iomlán** | **21,978** | 7,454 |

| **Réiteach an ráta cánach éifeachtaigh** | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| **(Caillteanas) / Brabús roimh cháin** | **(9,932)** | 193,645 |
| Móide: Sciar chaillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i ndiaidh cánach | **8,293** | 15,257 |
| **(Caillteanas) / brabús roimh cháin (gan caillteanas na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a áireamh)** | **(1,639)** | 208,902 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% | **(205)** | 26,113 |
| Costais neamh-inasbhainte | **18,702** | 6,031 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha maidir le hús le linn tógála (IDC) nár aithníodh roimhe[1] | **-** | (6,005) |
| Ioncam neamhinchánach[2] | **(3,212)** | (1,656) |
| Gnóthachain chaipitiúla ar thalamh forbraíochta | **271** | - |
| Ioncam a ngearrtar cáin air ar ráta cháin corparáide níos airde | **129** | 603 |
| Rátaí cánach níos airde ar bhrabúis / (chaillteanais) eachtracha | **3,026** | (11,655) |
| Tionchar ráta cánach laghdaithe na Ríochta Aontaithe ar cháin iarchurtha[3] | **-** | (5,240) |
| Leasuithe ar mheastacháin na bliana roimhe | **3,267** | (523) |
| Míreanna eile | **-** | (214) |
| **Speansas cáin ioncaim** | **21,978** | 7,454 |

[1] Baineann seo le hasbhaint ar ús le linn tógála (IDC) i ndáil le maoin, gléasra agus trealamh nár aithníodh roimhe seo.

[2] Baineann seo le diúscairtí scaireanna i gcuideachtaí feirme gaoithe sa Ríocht Aontaithe a bhí i dteideal faoiseamh scairsheilbhe suntasach.

[3] Bhí foráil i gCáinaisnéis 2016 na Ríochta Aontaithe go laghdófaí ráta cánach corparáidí na Ríochta Aontaithe go 17% thar thréimhse suas go dtí 2020. Glacadh laghdu ráta cánach corparáidí na Ríochta Aontaithe go 17% (i bhfeidhm ar 1 Aibreán 2020) sa tsubstaint ar 15 Meán Fómhair 2016. Laghdóidh sé sin muirear cánach reatha an Ghrúpa sa todhchaí dá réir. Rinneadh an dliteanas cánach iarchurtha amhail ar 31 Nollaig 2017 a ríomh ar bhunús ráta 17% (2016: 17%), arna ghlacadh sa tsubstaint ar dháta an chláir chomhardaithe.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 18. CÁNACHAS (ar lean)

### (b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| GRÚPA | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **2,176** | 1,703 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | **24,330** | 28,904 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | **49,290** | 65,601 |
| Soláthairtí | **1,985** | 3,136 |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | **6,191** | 9,415 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **94,688** | 91,982 |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | **178,660** | 200,741 |
| | | |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **645,987** | 680,132 |
| Soláthairtí | **6,703** | 796 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **23,983** | 27,334 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1,180** | 1,180 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | **677,853** | 709,442 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(499,193)** | (508,701) |

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

| **2017** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta san ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Difríochtaí aistrithe € '000 | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 1,703 | 473 | - | - | **2,176** |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 28,904 | (2,985) | (1,589) | - | **24,330** |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 65,601 | (16,311) | - | - | **49,290** |
| Soláthairtí | 3,136 | (1,151) | - | - | **1,985** |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | 9,415 | (3,224) | - | - | **6,191** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 91,982 | (212) | 5,553 | (2,635) | **94,688** |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 200,741 | (23,410) | 3,964 | (2,635) | **178,660** |
| | | | | | |
| **DLITEANAIS** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 680,132 | (36,698) | - | 2,553 | **645,987** |
| Soláthairtí | 796 | 5,907 | - | - | **6,703** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 27,334 | 3,586 | (3,355) | (3,582) | **23,983** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | - | **1,180** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 709,442 | (27,205) | (3,355) | (1,029) | **677,853** |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | **(508,701)** | **3,795** | **7,319** | **(1,606)** | **(499,193)** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**18. CÁNACHAS (ar lean)**

**(b) Sócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha (ar lean)**

**GRÚPA (ar lean)**

| **2016** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta san ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Difríochtaí aistrithe € '000 | Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 1,753 | (50) | - | - | 1,703 |
| Dliteanas - scéim pinsean NIE Networks | 25,556 | (6,491) | 9,839 | - | 28,904 |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 87,266 | (21,665) | - | - | 65,601 |
| Soláthairtí | 3,663 | (527) | - | - | 3,136 |
| Caillteanais cánach ar aghaidh | 6,151 | 3,264 | - | - | 9,415 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 82,857 | 22,658 | (1,866) | (11,667) | 91,982 |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 207,246 | (2,811) | 7,973 | (11,667) | 200,741 |
| **DLITEANAIS** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 731,414 | (30,846) | - | (20,436) | 680,132 |
| Soláthairtí | 166 | 630 | - | - | 796 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 18,322 | 16,619 | 9,034 | (16,641) | 27,334 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | - | 1,180 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 751,082 | (13,597) | 9,034 | (37,077) | 709,442 |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | (543,836) | 10,786 | (1,061) | 25,410 | (508,701) |

Ní bhaineann aon dáta éaga leis an uair a d'fhéadfaí caillteanais cánach sa Ghrúpa a úsáid.

Níl soláthar déanta do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe fhochuideachtaí an Ghrúpa thar lear ar dhá chúis; níl aon tiomantas ann go ndáilfear na cúlchistí sin go ceann i bhfad, sin nó tá sé deimhnithe nach mbeadh aon cháin i gceist mar thoradh ar an íocaíocht. Níl soláthar déanta do cháin iarchurtha i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe comhfhiontair an Ghrúpa thar lear mar go bhfuil sé de chumas ag an nGrúpa aisdúichiú na gcúlchistí sin go hÉirinn a rialú. B'ionann cúlchistí neamhaistrithe carnacha fochuideachtaí agus comhfhiontar thar lear is €538.0 milliún (2016: €546.0 milliún) amhail ar an 31 Nollaig 2017.

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | **49,291** | 65,602 |
| Soláthairtí | **17,870** | 2,358 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **7,413** | - |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | **74,574** | 67,960 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **439,247** | 464,569 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **3,733** | 2,624 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | **1,180** | 1,180 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | **444,160** | 468,373 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(369,586)** | (400,413) |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**18. CÁNACHAS (ar lean)**

**(b) Sócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha (ar lean)**

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA (ar lean)**

Is iad seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

| **2017** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta san ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | **Iarmhéid 31 Nollaig € '000** |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 65,602 | (16,311) | - | **49,291** |
| Soláthairtí | 2,358 | 15,512 | - | **17,870** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | 7,413 | **7,413** |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 67,960 | (799) | 7,413 | **74,574** |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 464,569 | (25,322) | - | **439,247** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 2,624 | - | 1,109 | **3,733** |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | **1,180** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 468,373 | (25,322) | 1,109 | **444,160** |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | **(400,413)** | **24,523** | **6,304** | **(369,586)** |

| **2016** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Aitheanta in ioncam € '000 | Aitheanta in OCI € '000 | Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | | |
| Dliteanas - scéim pinsean an ESB | 87,267 | (21,665) | - | 65,602 |
| Soláthairtí | 2,684 | (326) | - | 2,358 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 7,635 | - | (7,635) | - |
| **Sócmhainní cánacha iarchurtha iomlán** | 97,586 | (21,991) | (7,635) | 67,960 |
| **DLITEANAIS** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 457,649 | 6,920 | - | 464,569 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | 2,624 | 2,624 |
| Cáin ghnóthachain chaipitiúil | 1,180 | - | - | 1,180 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlán** | 458,829 | 6,920 | 2,624 | 468,373 |
| **Glansócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha** | (361,243) | (28,911) | (10,259) | (400,413) |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE

| GRÚPA | Iasachtaí iontaofa iasachtaíochtaí € '000 | Iasachtaí neamhiontaofa iasachtaíochtaí € '000 | 2017 Iomlán € '000 | 2016 Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iasachtaí reatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | 78,665 | 18,094 | **96,759** | 117,003 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | 91,705 | 199,609 | **291,314** | 372,327 |
| **Iasachtaí reatha iomlána** | 170,370 | 217,703 | **388,073** | 489,330 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 76,019 | 43,617 | **119,636** | 100,147 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 204,588 | 237,668 | **442,256** | 349,964 |
| Tar éis cúig bliana | 355,687 | 145,297 | **500,984** | 738,559 |
| | 636,294 | 426,582 | **1,062,876** | 1,188,670 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 432,485 | - | **432,485** | 303,430 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 349,259 | - | **349,259** | 825,237 |
| Tar éis cúig bliana | 2,076,243 | 448,842 | **2,525,085** | 2,080,776 |
| | 2,857,987 | 448,842 | **3,306,829** | 3,209,443 |
| **Iasachtaí neamhreatha iomlána** | 3,494,281 | 875,424 | **4,369,705** | 4,398,113 |
| **Iasachtaí iomlána amuigh** | 3,664,651 | 1,093,127 | **4,757,778** | 4,887,443 |

Féach ar chuid (b) le haghaidh sonraí faoi rátaí úis infheidhmithe.

| **Iasachtaí reatha de réir saoráide** | **Tag** | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|---|
| Eorabhannaí an ESB | 1 | **-** | 299,854 |
| Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa | 2 | **18,094** | 28,721 |
| Eorabhannaí neamhiontaofa NIE Networks | 3 | **199,609** | - |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 4 | **78,665** | 86,182 |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 5 | **91,705** | 40,860 |
| Fiachas airgeadais tionscadail ghearrthéarmaigh neamhiontaofa (Airvolution) | 6 | **-** | 33,713 |
| | | **388,073** | 489,330 |

| **Iasachtaí neamhreatha de réir saoráide** | **Tag** | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|---|
| Eorabhannaí an ESB | 1 | **2,334,037** | 1,844,868 |
| Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa | 2 | **426,582** | 459,845 |
| Eorabhannaí neamhiontaofa NIE Networks | 3 | **448,842** | 677,718 |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 4 | **636,294** | 728,825 |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 5 | **523,950** | 686,857 |
| | | **4,369,705** | 4,398,113 |

Ach amháin i gcás iasachtaí a bhaineann le fiachas airgeadais tionscadail neamhiontaofa, atá urraithe i gcoinne sócmhainní sonracha, níl aon cheann de na hiasachtaí urraithe i gcoinne sócmhainní an Ghrúpa.

Tugadh rátáil A- do ESB ag Standard & Poor (ionchas cobhsaí), BBB+ ag Fitch (ionchas cobhsaí) agus A3 (arb ionann é agus BBB+) ag Moody (ionchas cobhsaí).

### 1. Eorabhannaí an ESB

Taispeántar sonraí sa tábla thíos ar na Eorabhannaí ESB a tugadh san áireamh in iasachtaíochtaí amhail ar an 31 Nollaig 2017:

| Eisitheoir | Luach | Dáta Eisiúna | Aibíocht | Cúpón |
|---|---|---|---|---|
| DAC Airgeadais ESB | Stg£275.0 milliún | Márta 2010 | 10 bliana | 6.500% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €215.2 milliún | Samhain 2012 | 7 bliana | 4.375% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €300.0 milliún | Samhain 2013 | 10 bliana | 3.494% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €500.0 milliún | Meitheamh 2015 | 12 bliana | 2.125% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €600.0 milliún | Meitheamh 2016 | 15 bliana | 1.875% |
| DAC Airgeadais ESB | Euro €500.0 milliún | Eanáir 2017 | 12 bliana | 1.750% |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

**2. Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa**
I Meán Fómhair 2012, chuir Carrington Power Limited (CPL), ar fochuideachta í atá 100% in úinéireacht ESB, clabhsúr airgeadais ar stáisiún cumhachta gástuirbín comhthimthrialla 885 MW i Carrington, in aice le Manchain. Rinneadh an maoiniú a struchtúrú ar bhonn fiachais / cothromais 70:30, agus chuir sindeacáit banc an fiachas Stg£523.0 milliún ar fáil trí airgeadais tionscadail neamhiontaofa, lenar cuimsíodh tacaíocht creidmheasa onnmhairiúcháin ó Ghníomhaireacht Creidmheasa Onnmhairiúcháin na hEilvéise, SERV. Stg£396.0 milliún (2016: Stg£420.1 milliún) ag deireadh na bliana. Thosaigh an stáisiún cumhachta ag feidhmiú ar bhonn tráchtála i Meán Fómhair 2016, chomh luath is a bhí an tógáil curtha i gcrích. Baineann an chuid atá fágtha den fhiachas seo le feirm ghaoithe sa Bhreatain Mhór.

**3. Eorabhannaí neamhiontaofa NIE Networks**
Mar chuid d'éadáil NIE Networks, rinneadh Eorabhanna a éadáil arb ionann é agus Stg£175.0 milliún ag luach cóir ar dháta na héadála. Bhí ráta cúpóin seasta 6.875% ag an tsaoráid seo agus tá sé iníoctha i 2018.

I mí an Mheithimh 2011, d'eisigh NIE Networks Limited banna steirling 15 bliana de Stg£400.0 milliún le cúpón seasta de 6.375%.

**4. Iasachtaí bainc fadtéarmacha**
€35.2 billiún (2016: €113.2 milliún fiachais ar ráta comhlúthach ar tógadh amach ar iasacht iad ar bhonn déthaobhach, agus is fiachas ar ráta seasta an chuid eile.

Tá saoráid creidmheasa imrothlaigh de €1.44 billiún, a bhfuil sindeacáit 14 banc ann, ar fáil don Ghrúpa go dtí Feabhra 2022 chun gur féidir leis maoiniú a tharraingt anuas nuair is gá. Amhail ar 31 Nollag 2017, níl aon mhaoiniú tarraingthe anuas.

I mí Dheireadh Fómhair 2014, cuireadh €100.0 milliún sa bhreis leis an tsaoráid a síníodh i mí na Nollaig 2013 le Banc Infheistíochta na hEorpa (EIB) chun tacú le naisc inathnuaite leis an líonra leictreachais in iardheisceart na hÉireann, rud a d'fhág gur luach iomlán €200.0 milliún a bhí ar an tsaoráid, ag brath ar chríochnú caiteachais chaipitiúil shonraithe áirithe. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, tá €100.0 milliún den tsaoráid EIB tarraingthe anuas.

**5. Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh**
Eisíodh an chéad socrúchán príobháideach de nótaí neamhurraithe sinsearacha le raon infheisteoirí institiúideacha i Nollaig 2003. Eisíodh na nótaí sin, atá ar ráta seasta, i ndollair na Stát Aontaithe agus i steirling, agus amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí luach US$370.0 milliún leo agus iad le teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023, agus bhí luach Stg£20.0 milliún leo agus iad sin ag teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2018 agus 2023.

Eisíodh an dara láithriú de nótaí gan urrús i Meitheamh 2009. Eisíodh na nótaí sin i ndollair na Stát Aontaithe, i steirling agus in euro, agus amhail ar 31 Nollaig 2017, bhí luach US$226.0 milliún leo agus iad le teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2019 agus 2019, bhí luach Stg£85.0 milliún leo agus iad le teacht in aibíocht ar dhátaí idir 2017 agus 2021, agus bhí luach €40.0 milliún leo agus iad sin le teacht in aibíocht in 2019. Aisíocadh Stg£35.0 milliún den fhiachas sin i Meitheamh 2017 mar a bhí sceidealaithe.

Baineann coinníollacha áirithe leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus le saoráidí áirithe eile a éilíonn ar ESB clúdach úis áirithe a choinneáil mar aon le cúnaint sócmhainne. Ar an 31 Nollaig 2017 chomhlíon ESB chun dáta le gach ceann de na ceanglais cúnaint a bhaineann leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus leis na saoráidí eile.

**6. Fiachas airgeadais tionscadail ghearrthéarmaigh neamhiontaofa**
Bhí maoiniú neamhiontaofa tionscadail ghearrthéarma de Stg£33.7 milliún tarraingthe anuas amhail ar an 31 Nollaig 2016. Baineann sé sin le hairgeadú tionscnamh áirithe Airvolution.

**Fálú glaninfheistíochta in oibriúcháin eachtracha**
Cuimsítear sna hiasachtaíochtaí thuas iasachtaí bainc atá ainmnithe i steirling, ar sainíodh iad mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta sa Ríocht Aontaithe atá ainmnithe i steirling, mar a mhínítear thíos:

| **Iasachtaí atá ainmnithe i steirling a sainíodh mar fhálú d'infheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachta** | **2017<br>€ '000** | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Luach amhail ar 1 Eanáir | **44,563** | 64,981 |
| Aisíocaíochtaí sa bhliain | **(10,872)** | (11,892) |
| Gnóthachan ar aistriú go euro | **(1,437)** | (8,526) |
| Luach amhail ar 31 Nollaig | **32,254** | 44,563 |
| Caillteanas ar aistriú iasachta euro inghrúpa go fochuideachta (tugtha go OCI) | **(1,024)** | (5,522) |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

| | Iasachtaí iontaofa | |
|---|---|---|
| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | **2017 Iomlán € '000** | 2016 Iomlán € '000 |
| **Iasachtaí reatha** | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | **78,665** | 94,097 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | **91,705** | 38,761 |
| **Iasachtaí reatha iomlána** | **170,370** | 132,858 |
| **Iasachtaí neamhreatha** | | |
| - Inaisíoctha i dtráthchoda | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **76,019** | 81,432 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **204,588** | 225,576 |
| Tar éis cúig bliana | **355,687** | 421,816 |
| | **636,294** | 728,824 |
| - Inaisíoctha ach amháin i dtráthchoda | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **228,370** | 101,080 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **56,337** | 308,458 |
| Tar éis cúig bliana | **239,207** | 271,005 |
| | **523,914** | 680,543 |
| **Iasachtaí neamhreatha iomlána** | **1,160,208** | 1,409,367 |
| **Iasachtaí iomlána amuigh** | **1,330,578** | 1,542,225 |

### (a) Maoiniú agus bainistíocht leachtachta

Baineann na príomhrioscaí leachtachta os comhair an Ghrúpa le riachtanais sreabhadh airgid a eascraíonn ó oibriúcháin laethúla, oibleagáidí fiachais ag teacht chun aibíochta agus maoiniú na gclár infheistíochta caipitil. Déanann feidhm chistíochta an Ghrúpa bainistíocht ar an riosca trí mheascán d'infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid agus áiseanna tiomnaithe bainc nár tarraingíodh. Déanann an Grúpa idirbheartaíocht maidir le saoráidí le bainc chaidrimh agus le margaí caipitil fiachais chun aon riachtanais maoinithe a eascraíonn as fiachas ag teacht in aibíocht, caiteachas caipitil nó riachtanais gnó ginearálta a réamhfhálú.

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí níos mó ná €1.9 billiún ar fáil ag an nGrúpa i bhfoirm airgid thirim agus saoráidí bainc tiomanta, agus cinntíonn seo go mbeifear in ann riachtanais leachtachta a chomhlíonadh mar is gá. Áirítear leis na saoráidí bainc tiomanta saoráid iasachta shindeacáite le líon mór institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil mhaith orthu chomh maith le saoráidí leis an EIB. Tá saoráidí san áireamh sa mhéid atá nochta, arb ionann iad agus €83.0 milliún (a d'fhéadfaí a mhéadú go €100.0 milliún), agus ní féidir iad seo a tharraingt ach amháin i gcoinne caiteachas caipitil sceidealaithe sonraithe.

Le straitéis bhainistíochta fiachais an Ghrúpa dírítear ar phróifíl phunainne fiachais le meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí cistíochta agus aibíochtaí. contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí. Comhlíonann gach saoráid iasachtaíochta na hAchtanna Leictreachais agus na riachtanais rialála ábhartha.

Is mar seo a leanas atá próifíl aibíochta an mhéid tugtha anonn d'iasachtaí an Ghrúpa, agus dáta éaga na n-áiseanna iasachta bainc tiomanta neamhtharraingthe ábhartha:

| Ag Teacht in Aibíocht | Fiachas arna tharraingt - an Grúpa 2017 € '000 | Fiachas arna tharraingt - an Grúpa 2016 € '000 | Fiachas arna tharraingt - an Mháthairchuideachta 2017 € '000 | Fiachas arna tharraingt - an Mháthairchuideachta 2016 € '000 | Saoráid nach bhfuil Tarraingthe - an Grúpa agus an Mháthairchuideachta 2017 € '000 | Saoráid nach bhfuil Tarraingthe - an Grúpa agus an Mháthairchuideachta 2016 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| I mbliain amháin nó níos lú | **388,073** | 489,330 | **170,370** | 132,858 | **83,000** | 68,000 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **552,121** | 403,577 | **304,389** | 182,512 | **-** | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **791,515** | 1,175,201 | **260,914** | 534,034 | **1,440,000** | 1,440,000 |
| Níos mó ná cúig bliana | **3,026,069** | 2,819,335 | **594,905** | 692,821 | **-** | - |
| | **4,757,778** | 4,887,443 | **1,330,578** | 1,542,225 | **1,523,000** | 1,508,000 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

### (a) Maoiniú agus bainistiú leachtachta (ar lean)

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conartha iasachtaí an Ghrúpa, lena n-áirítear na híocaíochtaí úis gaolmhara. Tá iasachtaíochtaí le luach €3,427.2 milliún de réir na leabhar (2016: €3,345.2 milliún) cuimsithe sna hiarmhéideanna Grúpa thíos.

| | Méid na suime glanluacha € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2017** | | | | | | |
| Iasachtaí iontaofa | 3,664,651 | 4,521,673 | 301,975 | 633,290 | 798,694 | 2,787,714 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 1,093,127 | 1,457,536 | 279,576 | 87,741 | 362,354 | 727,865 |
| **Iasachtaí iomlána** | **4,757,778** | **5,979,209** | **581,551** | **721,031** | **1,161,048** | **3,515,579** |
| **31 Nollaig 2016** | | | | | | |
| Iasachtaí iontaofa | 3,687,446 | 4,604,196 | 578,658 | 311,442 | 1,330,971 | 2,383,125 |
| Iasachtaí neamhiontaofa | 1,199,997 | 1,585,898 | 115,081 | 273,342 | 240,911 | 956,564 |
| **Iasachtaí iomlána** | 4,887,443 | 6,190,094 | 693,739 | 584,784 | 1,571,882 | 3,339,689 |

### (b) Bainistíocht riosca ráta úis

Rinneadh beartas ráta úis an Ghrúpa a nuashonrú in 2017 agus is é an sprioc atá leis seo ná tromlach mór a fhiachais a bheith ag ráta úis seasta (nó nasctha le boilsciú) go dtí go dtéann sé in aibíocht, agus go mbeadh íosmhéid 50% seasta (nó nasctha le boilsciú) ann i gcónaí. Baintear é sin amach trí iasachtaí a fháil go díreach ag rátaí úis seasta nó trí bhabhtálacha ráta úis. Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí 99.3% d'fhiachas an Ghrúpa seasta go dtí go dtiocfadh sé in aibíocht, é sin nó bhí sé nasctha le boilsciú (2016: 96%). Nochtar an luach cóir i dtaca le babhtálacha ráta úis i nóta 20.

Maidir le dliteanais airgeadais a thuilleann ioncam, tugann an tábla seo a leanas le fios a rátaí úis éifeachtacha amhail dáta an chláir chomhardaithe, ag cur san áireamh éifeacht bhabhtálacha ráta úis agus bhabhtálacha tras-airgeadra:

| | **Ráta úis éifeachtach %** | **Iomlán € '000** | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh (ráta úis seasta) | **6.4** | **615,655** | 91,705 | 228,370 | 56,337 | 239,243 |
| Iasachtaí neamhiontaofa (ráta úis seasta) | **5.6** | **1,093,127** | 217,703 | 43,617 | 237,668 | 594,139 |
| Iasachtaí fadtéarmacha eile (ráta úis seasta agus athraitheach) | **3.1** | **3,048,996** | 78,665 | 280,134 | 497,510 | 2,192,687 |

Áirítear le hiasachtaí fadtéarmacha eile san anailís seo dliteanais ráta chomhlúthaigh €35.2 milliún (2016: €113.2 milliún).

Socraíodh ráta úis éifeachtach ar na hiasachtaí socrúcháin phríobháidigh trí úsáid bhabhtálacha tras-airgeadra agus bhabhtálacha ráta úis. Socraíodh an ráta éifeachtúil ar iasachtaí neamhiontaofa steirling de £412.2 milliún le húsáid babhtálacha ráta úis. In éagmais na mbabhtálacha ráta úis seo, is é 2.3% an ráta comhlúthach a bheadh ar na buniasachtaíochtaí steirling agus euro amhail ar 31 Nollaig 2017, agus tá seo ag teacht leis na rátaí úis atá i réim ar iasachtaíochtaí den fhad céanna sna limistéir airgeadaíocha sin. Áirítear babhtálacha nasctha le boilsciú ar leibhéil rátaí úis ainmniúla coibhéiseacha.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 19. IASACHTAÍ AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

### (b) Bainistíocht riosca ráta úis (ar lean)

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú, agus riosca ráta úis á mbainistiú. Beidh tionchar ag athruithe buana i rátaí úis ar thuillimh chomhdhlúite thar téarma níos faide. Meastar go mbeadh brabús roimh chánachas méadaithe agus cothromas laghdaithe faoi na méideanna atá ar taispeáint thíos dá mbeadh méadú ginearálta de 50 bonnphointe i rátaí úis ann (agus rátaí úis comhfhreagracha fírinneacha) amhail an 31 Nollaig. Déanann an anailís seo talamh slán de go bhfanfaidh gach athróg eile seasmhach, go háirithe rátaí airgeadra eachtracha, lena n-áirítear an toimhde nach n-athróidh rátaí boilscithe.

| | 31 Nollaig 2017 | | 31 Nollaig 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | **méadú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000** | **laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000** | méadú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 | laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| **(Caillteanas) / Brabús roimh chánachas** | | | | |
| Ús iníoctha | **(1,031)** | **845** | (566) | 566 |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | **64,415** | **(69,087)** | 64,808 | (62,624) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | |
| Gnóthachain/(caillteanais) | **10,498** | **(10,498)** | 12,680 | (12,680) |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas i leith na hanailíse íogaireachta thuas:

- ní bhaineann íogaireacht an chláir chomhardaithe i leith rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais díorthacha, mar iompraítear fiachas agus taiscí eile ag costas amúchta agus mar sin, ní athraíonn a luach tugtha anonn de réir mar a athraíonn rátaí úis;

- déantar íogaireacht úis fhabhraithe i leith gluaiseachtaí i rátaí úis a ríomh ar bhonn glan-neamhchosaint ráta chomhlúthaigh maidir le fiachas, taiscí agus ionstraimí díorthacha;

- déantar talamh slán de maidir le díorthaigh atá sainithe mar fháluithe sreabhaidh airgid i gcoinne athruithe i rátaí úis, go bhfuil siad éifeachtach go hiomlán, agus go bhfuil siad taifeadta go hiomlán laistigh de chothromas agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;

- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sin nach bhfuil i gcaidrimh fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus

- caitear leis an gcos chomhlúthach d'aon bhabhtála nó aon fhiachais ráta chomhlúthaigh amhail is nach bhfuil aon ráta úis socraithe cheana féin; mar sin, má bhíonn aon athrú ar rátaí úis, bíonn tionchar aige seo ar an gcuid de na ríomhanna íogaireachta a bhaineann leis an ús fabhraithe ar feadh tréimhse iomlán 12 mí.

### (c) Réiteach iasachtaíochtaí seachtracha

**GRÚPA**

| **2017** **Saoráidí Fiachais** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Sreafaí airgid € '000 | Diúscairt fochuideachta € '000 | Iarmhairtí na malairte eachtraí € '000 | Eile € '000 | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Eorabhannaí an ESB | 2,144,722 | 191,253 | - | (11,233) | 9,295 | **2,334,037** |
| Fiachas airgeadais tionscadail fhadtéarmaigh neamhiontaofa | 488,566 | (28,013) | - | (18,895) | 3,018 | **444,676** |
| Eorabhannaí neamhiontaofa NIE Networks | 677,718 | - | - | (23,488) | (5,779) | **648,451** |
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 815,007 | (93,682) | - | (7,658) | 1,292 | **714,959** |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 727,717 | (39,803) | - | (72,389) | 130 | **615,655** |
| Fiachas airgeadais tionscadail ghearrthéarmaigh neamhiontaofa (Airvolution) | 33,713 | 18,260 | (54,270) | (1,979) | 4,276 | - |
| **Iomlán** | **4,887,443** | **48,015** | **(54,270)** | **(135,642)** | **12,232** | **4,757,778** |

**MÁTHAIRCHUIDEACHTA**

| **2017** **Saoráidí Fiachais** | Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir € '000 | Sreafaí airgid € '000 | Diúscairt fochuideachta € '000 | Iarmhairtí na malairte eachtraí € '000 | Eile € '000 | **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig € '000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí bainc fadtéarmacha | 814,508 | (93,682) | - | (7,658) | 1,755 | **714,923** |
| Iasachtaí socrúcháin phríobháidigh | 727,717 | (39,803) | - | (72,389) | 130 | **615,655** |
| **Iomlán** | **1,542,225** | **(133,485)** | - | **(80,047)** | **1,885** | **1,330,578** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA

### (a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí

Iompraítear ionstraimí airgeadais díorthacha ag luach cóir. Is é atá i gceist le luach cóir ionstraime airgeadais ná an praghas a bhfaighfear chun sócmhainn a dhíol nó a íocfar chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh amhail dáta an tomhais. Is é an modh a úsáidtear chun luach cóir ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a ríomh ná anailís sreabhaidh airgid lascainithe, a úsáideann ráta lascainithe cúpóin nialasaigh agus a léiríonn riosca ó contrapháirtithe creidmheasa. Cuireann an modh seo ar chumas an Ghrúpa na sreafaí airgid a lascainiú ag ráta atá cothrom leis an ráta úis atá i réim sa mhargadh, ag cur san áireamh aibíocht agus corrlach creidmheasa.

Is iad seo a leanas luachanna córa ionstraimí airgeadais, arna ngrúpáil de réir aicme ionstraime:

| **GRÚPA** | Neamh-reatha sócmhainní € '000 | Reatha sócmhainní € '000 | **2017** Dliteanais neamhreatha € '000 | Reatha dliteanais € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 10,296 | - | (31,699) | (8,021) | **(29,424)** |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | - | - | (563,571) | (89,605) | **(653,176)** |
| Babhtálacha airgeadra | 24,066 | 10 | (37,508) | (5,749) | **(19,181)** |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 8,472 | 5,799 | (180) | (2,030) | **12,061** |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 2,860 | 57,608 | (4,867) | (31,123) | **24,478** |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 39,383 | 53,950 | - | - | **93,333** |
| | **85,077** | **117,367** | **(637,825)** | **(136,528)** | **(571,909)** |

| | Neamh-reatha sócmhainní € '000 | Reatha sócmhainní € '000 | 2016 Dliteanais neamhreatha € '000 | Reatha dliteanais € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 15,240 | 661 | (40,533) | (9,127) | (33,759) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | - | - | (681,981) | (16,491) | (698,472) |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | - | (10,270) | - | 51,019 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 9,969 | 7,715 | (619) | (16,185) | 880 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 27,042 | 104,343 | (10,236) | (47,633) | 73,516 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 70,459 | 90,473 | (10,329) | (10,350) | 140,253 |
| | 183,999 | 203,192 | (753,968) | (99,786) | (466,563) |

| **MÁTHAIRCHUIDEACHTA** | Neamh-reatha sócmhainní € '000 | Reatha sócmhainní € '000 | **2017** Dliteanais neamhreatha € '000 | Reatha dliteanais € '000 | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 1,857 | - | - | - | **1,857** |
| Babhtálacha airgeadra | 24,066 | 10 | (37,508) | (5,749) | **(19,181)** |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 1,018 | 4,401 | (180) | (2,018) | **3,221** |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 2,663 | 54,183 | (3,069) | (31,123) | **22,654** |
| | **29,604** | **58,594** | **(40,757)** | **(38,890)** | **8,551** |

| | Neamh-reatha sócmhainní € '000 | Reatha sócmhainní € '000 | 2016 Neamh-reatha dliteanais € '000 | Reatha dliteanais € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 2,738 | 90 | - | - | 2,828 |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | - | (10,270) | - | 51,019 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 4,379 | 7,590 | (619) | (16,185) | (4,835) |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 13,768 | 92,281 | (10,144) | (46,783) | 49,122 |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | - | 38,681 | - | (2,161) | 36,520 |
| | 82,174 | 138,642 | (21,033) | (65,129) | 134,654 |

Ach amháin i gcás babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú, tá formhór na n-iarmhéideanna díorthacha atá ar taispeáint sna táblaí thuas ainmnithe mar fháluithe sreabhaidh airgid ar riosca ráta úis, airgeadra nó tráchtearra ag éirí as ús, ioncam nó sreafaí airgid chostas oibriúcháin a mbaineann an dóchúlacht leo.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, agus luachanna córa dearfacha agus diúltacha ionstraimí airgeadais díorthaigh á léirmhíniú, go ndéantar iad a mheaitseáil le hidirbhearta bunúsacha lena mbaineann rioscaí fritháirithe.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

### (a) Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaigh (ar lean)

**(i) Babhtálacha rátaí úis**

Rinne an Grúpa babhtálacha ráta úis, arb ionann iad agus Stg£780.7 milliún, a fhorghníomhú maidir le cuid áirithe dá iasachtaíochtaí, lena n-áirítear fiachas airgeadais tionscadail a d'urraigh Carrington Power Limited agus West Durham Wind Farm Limited, maidir le hiasachtaíochtaí ar ráta seasta atá i seilbh na Máthairchuideachta agus DAC ESB Finance, agus maidir le fiachas atá sealbhaithe i sócmhainní feirme gaoithe eile de chuid an Ghrúpa. Tá siad seo ar fad rangaithe mar fháluithe sreabhaidh airgid.

I gcás babhtálacha ráta úis, cuireann an luach cóir san áireamh na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. De bhrí go ndéantar babhtálacha ráta úis a “mharcáil-go-margadh” amhail an 31 Nollaig 2017, tá a luach tugtha anonn cothrom lena luach cóir.

Aithníodh gluaiseachtaí iomlána (lena n-áirítear fáltais, íocaíochtaí agus gluaiseachtaí luacha chóir) de ghnóthachan €4.3 milliún (2016: caillteanais de €6.2 milliún) i rith na bliana maidir le babhtálacha ráta úis, ar aithníodh gnóthachain €3.0 milliún go díreach i gcostais airgeadais sa ráiteas ioncaim, agus gnóthachain €7.3 milliún aitheanta in OCI (2016: aithníodh caillteanas de €54.3 milliún in OCI): aithníodh gnóthachain €8.2 milliún i gcostais mhaoinithe agus caillteanais de €14.4 milliún in OCI).

**(ii) Babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú**

Fuarthas babhtálacha ráta úis a bhí nasctha le boilsciú agus a raibh dliteanas luacha chóir de €272.5 milliún orthu nuair a éadáladh iad, i Nollaig 2010 mar chuid de cheannach ghnóthas NIE Networks. Ní raibh na babhtálacha ráta úis, a bhí nasctha le boilsciú, i dteideal cuntasaíochta fálaithe faoi IAS 39 nuair a éadáladh gnóthas NIE Networks. Tá tionchar ar luach cóir babhtálacha an ráta úis nasctha le boilsciú ag gluaiseachtaí coibhneasta i rátaí úis agus in ionchais mhargaidh maidir le gluaiseachtaí san innéacs praghsanna miondíola (RPI) amach anseo sa Ríocht Aontaithe (RA).

Mar thoradh ar ghluaiseachtaí i réamhrátaí úis, réamhphraghsanna RPI na Ríochta Aontaithe, agus rátaí agus íocaíochtaí malairte eachtraí le linn na bliana, laghdaíodh luach cóir de €45.3 milliún i dtaca leis na babhtálacha seo le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017 (2016: laghdú €64.4 milliún ar luach cóir). Aithníodh gluaiseachtaí luacha chóir dearfacha de €3.7 milliún (2016: gluaiseacht dhiúltach €187.6 milliún) go díreach mar chostais airgeadais ar an ráiteas ioncaim (nóta 7), lena n-áirítear íocaíochtaí de €16.8 milliún (2016: €15.9 milliún) ag eascairt faoi na babhtálacha i rith na bliana. Ina theannta sin tá gluaiseachtaí dearfacha aistrithe de €41.6 milliún (2016: €123.2 milliún) i rith na bliana ar aistriú na mbabhtálacha ó steirling go euro léirithe san OCI.

**(iii) Babhtálacha airgeadra**

Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí ar rátaí malairte eachtraí agus úis ar luach cóir bhabhtálacha airgeadra. Rangaítear babhtálacha airgeadra ESB go príomha mar fháluithe sreafa airgid agus baineann siad, don chuid is mó, le babhtálacha trasairgeadra a dhéantar i ndáil leis an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh, a ndéantar cur síos air i nóta 19. Chuathas i mbun na mbabhtálacha trasairgeadra seo chun an t-ús ar dhollar Mheiriceá agus ar steirling, agus ar aisíocaíochtaí príomhshuime ar an mbunfhiachas, a bhabhtáil go euro, rud a fhágann go bhfálófar an riosca ar na híocaíochtaí sin thar na tréimhsí ó 2010 go 2023 go dtiocfaidh siad in aibíocht.

Bhí neamhéifeachtacht i gceist, de réir na brí atá leis sin in IAS 39, maidir leis na babhtálacha airgeadra le linn na bliana, agus mar thoradh air seo, aithníodh muirear €0.1 milliún (2016: muirear €0.5 milliún) agus costais airgeadais sa ráiteas ioncaim. Cuimsítear ina aonair i ráiteas ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 caillteanas €68.9 milliún ón gcúlchiste fálaithe airgid thirim (2016: caillteanas de €10.4 milliún) a tharla de bharr babhtálacha trasairgeadra, agus tá seo fritháirithe ina iomláine mar thoradh ar ghluaiseachtaí in aistriú na mbuniasachtaíochtaí fálaithe airgeadra eachtraigh ag na rátaí malairte eachtraí atá i réim (féach nóta 7).

Chomh maith le conarthaí airgeadra eachtraigh ar aghaidh a ndeachthas isteach iontu i ndáil le hiasachtaí an Ghrúpa, tá an Grúpa tar éis conarthaí airgeadra eachtraigh a dhéanamh maidir costais fhuinnimh, riachtanais cheannacháin bhreosla (atá i ndollair Mheiriceá agus steirling) agus i ndáil le tionscadail stáisiún cumhachta (lena n-áirítear Carrington Power Limited). Tá aibíochtaí ag na conarthaí sin a mhaireann go dtí 2022. Aithníodh gluaiseachtaí luacha chóir dearfacha de €11.2 milliún san iomlán (2016: gluaiseachtaí diúltacha de €19.9 milliún) le linn na bliana maidir le conarthaí malairte eachtraí den chineál sin, agus aithníodh gluaiseacht luacha chóir dhearfach de €3.1 milliún ina leith (2016: gluaiseachtaí dearfacha de €13.6 milliún) trí OCI agus gluaiseacht dhearfacha luacha chóir de €8.1 milliún (2016: gluaiseacht dhearfacha de €6.3 milliún) sa ráiteas ioncaim.

**Ordlathas cóirluacha**

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi na modhanna lenar féidir ionstraimí airgeadais a luacháil i nóta 26.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 20. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

### (b) Maoiniú agus bainistiú leachtachta - aibíocht na n-ionstraimí airgeadais díorthacha

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conartha ionstraimí airgeadais díorthacha, lena n-áirítear na glansreafaí airgid gaolmhara neamhlascainithe atá inchurtha ina leith. Táthar ag súil go n-imreoidh na hionstraimí airgeadais díorthacha sin tionchar ar bhrabús nó chaillteanas thar tréimhse ama a bheidh cosúil leis na heis-sreafaí airgid. Áirítear glandliteanais ionstraimí airgeadais díorthacha de €580.5 milliún (2016: €601.2 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní chuimsíonn siad cuid de shócmhainní agus de dhliteanais na Máthairchuideachta. Féach nóta 26 (b) chun tuilleadh anailíse a fháil ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais an Ghrúpa agus a Máthairchuideachta.

| | Méid tugtha anonn € '000 | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim conartha - glan € '000 | Laistigh de 1 bliain € '000 | 1-2 bliain € '000 | 2-5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2017** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 10,296 | 10,437 | 3,254 | 2,289 | 4,894 | - |
| Babhtálacha airgeadra | 24,076 | 25,188 | 2,378 | 22,810 | - | - |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 14,271 | 17,389 | 7,846 | 1,945 | 7,598 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 60,468 | 60,960 | 58,054 | 2,639 | 267 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 93,333 | 93,086 | 53,783 | 38,638 | 665 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | **202,444** | **207,060** | **125,315** | **68,321** | **13,424** | **-** |
| Babhtálacha ráta úis | (39,720) | (42,858) | (9,122) | (7,427) | (15,119) | (11,190) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (653,176) | (718,130) | (90,071) | (15,157) | (44,322) | (568,580) |
| Babhtálacha airgeadra | (43,257) | (47,037) | (5,976) | (659) | (4,156) | (36,246) |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | (2,210) | (4,529) | (4,325) | (204) | - | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (35,990) | (36,524) | (31,607) | (4,663) | (254) | - |
| **Dliteanais iomlána** | **(774,353)** | **(849,078)** | **(141,101)** | **(28,110)** | **(63,851)** | **(616,016)** |
| **Glansócmhainní / (dliteanais) díorthacha** | **(571,909)** | **(642,018)** | **(15,786)** | **40,211** | **(50,427)** | **(616,016)** |
| **31 Nollaig 2016** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 15,901 | 16,710 | 3,724 | 3,595 | 9,183 | 208 |
| Babhtálacha airgeadra | 61,289 | 118,528 | 6,900 | 17,384 | 60,922 | 33,322 |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | 17,684 | 17,685 | 7,706 | 4,368 | 1,394 | 4,217 |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | 131,385 | 131,677 | 104,491 | 25,944 | 1,242 | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | 160,932 | 158,367 | 88,111 | 51,322 | 18,934 | - |
| **Iomlán na sócmhainní** | 387,191 | 442,967 | 210,932 | 102,613 | 91,675 | 37,747 |
| Babhtálacha ráta úis | (49,660) | (122,726) | (5,263) | (14,352) | (28,929) | (74,182) |
| Babhtálacha ráta úis boilsciú-nasctha | (698,472) | (769,639) | (14,900) | (11,935) | (104,776) | (638,028) |
| Babhtálacha airgeadra | (10,270) | (3,136) | (136) | (2,852) | (108) | (40) |
| Tá conarthaí um malairt eachtrach | (16,804) | (16,804) | (16,185) | (609) | (10) | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna breosla | (57,869) | (57,933) | (47,691) | (9,770) | (472) | - |
| Réamhchonarthaí praghsanna leictreachais | (20,679) | (20,620) | (10,091) | (10,282) | (247) | - |
| **Dliteanais iomlána** | (853,754) | (990,858) | (94,266) | (49,800) | (134,542) | (712,250) |
| **Glansócmhainní / (dliteanais) díorthacha** | (466,563) | (547,891) | 116,666 | 52,813 | (42,867) | (674,503) |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 21. DLITEANAIS PHINSIN

Tá roinnt scéimeanna pinsin á bhfeidhmiú ag an nGrúpa don fhoireann i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus a Ríocht Aontaithe. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne i bPoblacht na hÉireann, lena n-áirítear fostaithe ESB ar iasacht thar lear, leagtha amach in ailt (a) thíos. Tá na socruithe pinsin i leith na foirne sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann leagtha amach in alt (b) agus (c).

### (a) Máthairchuideachta agus Grúpa - Poblacht na hÉireann

### (i) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB (an Scéim)

Maoinítear pinsin do thromlach na bhfostaithe i ngnó an leictreachais trí scéim pinsean ranníocach a dtugtar Scéim Sochair Shainithe d'Fhostaithe Ginearálta ESB uirthi. Dílsítear an ciste in Iontaobhaithe a ainmníonn an ESB agus a chomhaltaí chun sochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe amháin. Is scéim le sochair shainithe an Scéim agus tá sé cláraithe mar sin leis an Údarás Pinsean.

Tá na sochair atá le cur ar fáil agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag an ESB agus na baill ranníocacha araon ordaithe sna rialacháin lena rialaítear an Scéim. Bíodh is gur tairbhí sochair shainithe na tairbhí sin, níl aon dualgas dlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun na tairbhí sin a choinneáil má tharlaíonn sé go mbeidh easnamh ann. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB a fháil, mar aon le faomhadh ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Má tharlaíonn sé go mbeidh easnamh ann sa todhchaí, tá dualgas ar an gCuideachta faoi na rialacháin dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun breithniú a dhéanamh ar Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire le haghaidh a fhaofa. Is cur chuige éagsúil é seo ón gcur chuige sochair shainithe 'iarmhéid costais' a úsáidtear go hiondúil, ina n-iarrtar ar an bhfostóir iarmhéid na ranníocaíochtaí a íoc chun sochair a mhaoiniú.

**Stair**

Is é an cleachtas atá ann le fada ná go bhfuil ranníocaíochtaí ESB agus na mball araon socraithe ag rialacháin na Scéime ar feadh tréimhsí fada. Tá tuairisciú déanta ag achtúire na Scéime go minic ar easnaimh sa Scéim ó thús na 1980í i leith. Chuaigh ESB i mbun comhairliúcháin gach uair leis an gCoiste, na hIontaobhaithe agus an Achtúire, de réir a oibleagáidí faoi rialacha na Scéime. Tar éis idirphlé leis an gceardchumann, thángthas ar réiteach do na heasnaimh trí ranníocaíochtaí na cuideachta agus ball na Scéime araon a mhéadú.

Bhí easnamh achtúireachta €1,957.0 milliún ann amhail ar 31 Nollaig 2008 agus thángthas ar Chomhaontú Pinsin 2010 ina dhiaidh sin. Glacadh leis nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar a leithéid d'easnamh trí ranníocaíochtaí a mhéadú. Cuireadh clabhsúr le hidirbheartaíocht idir an Chuideachta agus Grúpa Ceardchumann ESB (ionadaithe na bhfostaithe) leis an gComhaontú Pinsin 2010 (ar fhaomh na fostaithe i mí Iúil 2010 é agus ar dhaingnigh Bord ESB go foirmiúil é an 20 Deireadh Fómhair 2010). Ar phríomhghnéithe an Chomhaontaithe sin, áiríodh tabhairt isteach múnla pinsin 'Meántuilleamh Athluacháilte Ghairm Bheatha (CARE)' i gcomhair na sochar a thuillfear tar éis 1 Eanáir 2012, cosc ar mhéadaithe pinsin agus pá, deireadh a chur leis an nasc fadbhunaithe idir méaduithe tuarastail agus pinsin, agus go gcuirfear tástáil sócmhainneachta i bhfeidhm i ndáil le haon mhéadú pinsin sa todhchaí. Ní dhearnadh aon athrú ar na rátaí ranníocaíochta socraithe don fhostóir agus do bhaill na Scéime. Ghlac ESB faoi théarmaí an Chomhaontaithe instealladh airgid aonuaire a dhéanamh sa Scéim, a bheidh iníoctha thar líon blianta agus a raibh luacháil comhaontaithe €591.0 milliún aici chun críocha achtúireacha amhail ar 1 Eanáir 2010. Dúnadh ballraíocht na Scéime faoin gComhaontú agus ní féidir le duine úr ar bith dul isteach sa Scéim. D'fhaomh an tAire na hathruithe a raibh an Comhaontú Pinsin 2010 ina údar leo ina dhiaidh sin.

Níl easnamh sa Scéim ar bhonn achtúireach leanúnach. Bheadh easnamh aici dá ndéanfaí í a foirceannadh (ag an gCaighdeán Íosmhaoinithe) ach tá plean maoinithe faofa ag an Údarás Pinsin chun an t-easnamh sin a réiteach faoin mbliain 2018. De réir an athbhreithnithe deiridh ar an gCaighdeán Íosmhaoinithe a rinneadh i 2015, táthar ag cloí leis an bplean sin agus níl sé beartaithe an Scéim a fhoirceannadh. Níl sé ar intinn ag an gcuideachta go ndéanfaí aon ranníocaíochtaí eile, ach amháin na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha (suas go dtí 16.4% den tuarastal inphinsin, chomh maith le ranníocaíochtaí fostaí suas le 8.5%), mar aon le hiarmhéid ranníocaíochta breise na Cuideachta arb ionann í agus €591.0 milliún (ar cuid de Chomhaontú 2010 é). Má tharlaíonn sé sa todhchaí go mbeidh easnamh ann, níl aon athrú ar oibleagáid na Cuideachta, mar atá leagtha amach i rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle leis na páirtithe don Scéim.

**Sainmhínithe**

Tá trí mhodh éagsúla ann chun stádas airgeadais na Scéime a mheas:
- Luacháil Achtúireach Leanúnach.
- Caighdeán Íosmhaoinithe, de réir Acht na bPinsean.
- Cuntasaíocht, mar atá leagtha amach i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19, Sochair Fostaí.

Déanann gach ceann de na modhanna sin measúnú ar an Scéim ó pheirspictíochtaí faoi leith agus baineann siad úsáid as boinn toimhde agus réamhmheastachán a d'fhéadfadh a bheith éagsúil óna chéile.

**Luacháil Achtúireach Leanúnach**

Déanann an modh luachála seo talamh slán de go leanfaidh an Scéim agus an Chuideachta araon i mbun ghnó go ceann i bhfad - ní luacháil ar uair foirceanta atá ann. Dheimhnigh Achtúire na Scéime in 2017 go bhfuil an Scéim i gcothromaíocht ar bhonn achtúireach leanúnach, i.e. go meastar go mbeidh an Scéim in ann a hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a dhlitear iad, ar bhunús na mbonn toimhde atá déanta.

**Foirceannadh / Luacháil an Chaighdeáin Íosmhaoinithe**

Éilíonn Acht na bPinsean ar Iontaobhaithe na Scéime measúnú a dhéanamh freisin cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh sí caighdeán forordaithe faoi leith a chomhlíonadh, a dtugtar an Caighdeán Íosmhaoinithe (MFS) air. Úsáidtear an caighdeán seo chun a mheas cibé an mbeadh nó nach mbeadh an Scéim in ann na sochair a urrú ar dháta luachála teoiriciúil faoi leith dá ndéanfaí an Scéim a fhoirceannadh ar an dáta sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé beartaithe ag ESB an Scéim a fhoirceannadh.

Thuairiscigh Achtúire na Scéime ag deireadh na bliana 2011 nár shásaigh an Scéim bunriachtanais an Chaighdeáin Íosmhaoinithe. Chuir Iontaobhaithe na Scéime, le comhaontú ESB, plean maoinithe isteach chuig an Údarás Pinsean chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb, agus faomhadh an plean sin i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is é aidhm an phlean mhaoinithe seo ná riachtanais an Chaighdeáin Íosmhaoinithe a réiteach faoi dheireadh na bliana 2018, agus le linn 2017, dheimhnigh Achtúire na Scéime go raibh an Plean seo ar an mbóthar ceart leis an gcuspóir sin a bhaint amach ar bhunús leibhéal ranníocaíochta reatha (lena n-áirítear an tiomantas €591.0 milliún a rinneadh sa Chomhaontú Pinsean 2010).

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

### (a) Máthairchuideachta agus Grúpa - Poblacht na hÉireann (ar lean)

### (i) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an ESB (an Scéim) (ar lean)

**Cuntasaíocht**

Is é IAS 19 (athbhreithnithe) 'Sochair Fostaí' an caighdeán cuntasaíochta ábhartha chun an cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ar cheart sochair iarfhostaíochta a léiriú i ráitis airgeadais ESB.

Léiríonn na ráitis airgeadais na hoibleagáidí seo a leanas don Scéim:

- Ranníocaíochtaí leanúnacha - aithnítear iad seo sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéid nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.
- Áirítear oibleagáidí don scéim freisin arb ionann iad agus €394.3 milliún ar an gclár comhardaithe, agus cuimsíonn siad iad seo a leanas;
  - Instealladh don Chomhaontú Pinsin 2010 – rinne an chuideachta tiomantas instealladh airgid eisceachtúil arb ionann é agus €591.0 milliún (PV in airgead 2010 bunaithe ar ráta 6.25%) isteach sa Scéim thar thréimhse chomhaontaithe ama isteach sa Scéim. Tá na méideanna atá le híoc fós don Scéim faoin gcuid seo den Chomhaontú Pinsin faoi réir go héifeachtach ag muirear airgeadais bliantúil agus déantar iad a chur sa ráiteas ioncaim mar speansais. Íocadh €583.7 milliún isteach sa Scéim chun dáta.
  - Ranníocaíochtaí seirbhíse roimhe seo - áirítear le ráta ranníocaíochta leanúnach ESB ranníocaíocht do sheirbhís roimhe seo a fabhraíodh in 2010. Aithnítear luach reatha ranníocaíochtaí sa todhchaí maidir leis an tseirbhís roimhe seo ar an gclár comhardaithe.
  - Cláir Théarfa Dheonacha (VS) Roimhe Seo - i 2010 d'aithin an Chuideachta tiomantas seasta sa todhchaí maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi chláir VS roimhe seo. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na baill foirne sin agus aithnítear luach cóir na ranníocaíochtaí sin sa todhchaí ar an gclár comhardaithe freisin.

### (ii) Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB

Feidhmíonn ESB scéim fhaofa le ranníocaíochtaí sainithe freisin, ar a dtugtar Scéim Phinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe ESB (Scéim Phinsin Fhochuideachtaí ESB roimhe seo), i gcomhair fostaithe fochuideachtaí ESB (seachas NIE Networks) agus, ón 1 Samhain 2010, foireann oibre nua na Máthairchuideachta. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ar rátaí socraithe. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn Grúpa agus d'fheadfaí iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus/nó pinsin marthanóra. Coinnítear sócmhainní na Scéime i gciste ar leith á riaradh ag Iontaobhaithe. Is ionann muirear pinsin na bliana agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus b'ionann é sin agus €10.7 milliún (2016: €9.7 milliún).

### (b) FM Scéim Geallsealbhóirí an Ríochta Aontaithe

Ina theannta sin, feidhmíonn an chuideachta scéim phinsin do gheallsealbhóirí sa Ríocht Aontaithe dá chuid fostaithe go léir sa Ríocht Aontaithe. Is iad na baill agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ar rátaí socraithe. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn Grúpa agus d'fheadfaí iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus/nó pinsin marthanóra. Coimeádtar sócmhainní na Scéime i gcuntais aonair geallsealbhóra arna mbainistiú ag Dlí & Ginearálta. Is ionann muirear pinsin na bliana agus ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus b'ionann é sin agus €0.7 milliún (2016: €0.7 milliún).

### (c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)

Is baill iad formhór na bhfostaithe de Scéim Phinsin NIE Networks (Scéim NIE Networks). Tá dhá chuid ag an scéim sin: 'Options', ar socrú ceannach airgid é trína meaitseálann an fostóir ranníocaíochtaí na mball de ghnáth suas go dtí uasmhéid de 7% den tuarastal, agus 'Focus' a sholáthraíonn sochair atá bunaithe ar thuarastal inphinsin ar scor nó ar fhágáil seirbhíse níos luaithe. Coinnítear sócmhainní Scéim NIE Networks faoi iontaobhas agus infheistíonn na hiontaobhaithe iad ar chomhairle bainisteoirí infheistíochta gairmiúla.

Éilítear i reachtaíocht an RA go ndéanfaí scéimeanna pinsin a mhaoiniú go críonna. Rinneadh an luacháil mhaoinithe dheireanach ar an gcuid Focus den Scéim ag achtúire cáilithe amhail an 31 Márta 2014 agus léiríodh easnamh de €124.8 milliún. Tá an Chuideachta ag íoc ranníocaíochtaí easnaimh de €19.1 milliún in aghaidh na bliana (ag dul i méid de réir boilscithe) ón 1 Aibreán 2015. Freisin íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí de 36.6% de thuarastail inphinsin i dtaobh fabhraithe reatha, agus baill ghníomhacha ag íoc 6% breise de thuarastail inphinsin. Tá an luacháil fhoirmiúil amhail an 31 Márta 2017 ar siúl faoi lárnach.

**Próifíl na Scéime**

Áirítear leis na sochair an glandliteanas d'fhostaithe reatha, d'iarfhostaithe agus do phinsinéirí reatha. Go ginearálta, tá 21% de na dliteanais inchurtha i leith fostaithe reatha, 5% i leith iarfhostaithe agus 74% i leith pinsinéirí reatha. Sonraíonn fad na Scéime an meánam ualaithe go ndéantar íocaíochtaí sochair. Le haghaidh Scéim NIE Networks tá an fad comhionann le thart ar 13 bliana (2016: 13 bliana) bunaithe ar an luacháil mhaoinithe dheireanach.

**Boinn toimhde airgeadais**

Tá luacháil a rinne achtúirí neamhspleácha ar chuid Focus de Scéim NIE Networks chun críche nochtuithe IAS 19 bunaithe ar na boinn toimhde seo a leanas:

| | **% ag 31 Nollaig 2017** | % ag 31 Nollaig 2016 |
|---|---|---|
| Ráta úis a cuireadh i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine | **2.50** | 2.70 |
| Boilsciú praghsanna (CPI sa Ríocht Aontaithe) | **2.10** | 2.10 |
| Ráta méadaithe i dtuarastail inphinsin | **3.20** | 3.20 |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | **2.10** | 2.10 |

Is é 2.5% an ráta lascaine a úsáideadh chun an dliteanas pinsean a ríomh amhail ar 31 Nollaig 2017 (2016: 2.7%). Socraíodh é seo trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán amhail ar an dáta sin. Bhí airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha ar aon dul le hairgeadra agus le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

### (c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (ar lean)

**Toimhdí maidir le mortlaíocht**

Tá na toimhdí a bhaineann le hionchas saoil a bheidh ag baill ag am scoir leagtha amach thíos. Tá na toimhdí seo bunaithe ar tháblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus áirítear lamháltas d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil sa todhchaí leo.

| | **Ar an 31 Nollaig 2017** | | Ar an 31 Nollaig 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Fir** | **Mná** | Fir | Mná |
| | **Blianta** | **Blianta** | Blianta | Blianta |
| Pinsinéirí reatha ag aois 60 | **27.4** | **29.9** | 27.3 | 29.8 |
| Pinsinéirí sa todhchaí atá 40 bliain d'aois faoi láthair (ionchas saoil aois 60) | **29.3** | **31.9** | 29.2 | 31.8 |

**Sócmhainní agus dliteanais pinsin**

Is iad seo a leanas na sócmhainní agus dliteanais i gcuid Focus de Scéim NIE Networks:

| | **Ar an 31 Nollaig 2017 €'000** | Ar an 31 Nollaig 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna – luaite | **312,546** | 276,927 |
| Bannaí – luaite | **255,064** | 295,498 |
| Infheistíocht chreidmheasa in ilshócmhainní | **245,032** | 249,830 |
| Fás éagsúlaithe – luaite | **463,127** | 464,855 |
| Eile | **10,596** | 6,316 |
| Luach cóir sócmhainní plean | **1,286,365** | 1,293,426 |
| Luach reatha oibleagáidí maoinithe | **(1,429,421)** | (1,463,969) |
| **Glaneasnamh** | **(143,056)** | (170,543) |

Tá plean coigeartaithe easnaimh i bhfeidhm ag NIE Networks chun dul i ngleic leis an easnamh sin.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 21. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

### (c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (ar lean)

| | Ar an 31 Nollaig 2017 €'000 | Ar an 31 Nollaig 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Athrú in oibleagáid sochair** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **1,463,969** | 1,494,343 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Costas seirbhíse reatha | **9,203** | 7,859 |
| Costas úis | **37,577** | 49,537 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **435** | 496 |
| Caillteanas achtúireacha - tionchar na n-athruithe ar thoimhdí airgeadais | **37,552** | 212,470 |
| Caillteanas achtúireach - tionchar na n-athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | **-** | - |
| Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach - caillteanas ó thaithí | **6,350** | (8,744) |
| Sochair a íocadh | **(76,231)** | (70,561) |
| Costas ciorrúcháin | **2,009** | 178 |
| Difríocht aistrithe ar oibleagáid sochair sa bhliain | **(51,443)** | (221,609) |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **1,429,421** | 1,463,969 |
| | | |
| **Athrú i sócmhainní plean** | | |
| Luach cóir sócmhainní plean ag tús na bliana | **1,293,426** | 1,352,274 |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Ús ar shócmhainní plean | **33,464** | 45,225 |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní lúide ús | **53,249** | 137,206 |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **27,641** | 27,902 |
| Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean | **435** | 496 |
| Sochair a íocadh | **(76,231)** | (70,561) |
| Difríocht aistrithe ar shócmhainní sa bhliain | **(45,619)** | (199,116) |
| **Luach cóir sócmhainní plean ag deireadh na bliana** | **1,286,365** | 1,293,426 |
| | | |
| **Toradh iarbhír ar shócmhainní plean don bhliain** | **86,713** | 182,431 |

Léiríonn an caillteanas ciorrúcháin a tháinig chun cinn i 2017 na costais iarsheirbhíse a bhaineann le fostaithe a d'imigh ón gcuideachta faoin gclár athstruchtúraithe um imeacht dheonach. Measann an Grúpa go n-íocfaidh sé ranníocaíochtaí le €26.6 milliún le Focus i 2018.

| **Is é seo a leanas anailís ar na méideanna arna n-aithint i gcostais fostaí mar chuid den mhuirear sochar fostaí:** | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(9,203)** | (7,859) |
| Costas ciorrúcháin | **(2,009)** | (178) |
| **Muirear sochair shainithe iomlán sa bhliain** | **(11,212)** | (8,037) |

| **Anailís ar na méideanna arna n-aithint sna costais airgeadais, mar ghlan-ús scéime pinsin:** | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ús ar shócmhainní scéime pinsin | **33,464** | 45,225 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsin | **(37,577)** | (49,537) |
| **Glanmhuirear scéime pinsin** | **(4,113)** | (4,312) |

| **Anailís ar na méideanna arna n-aithint sa ráiteas ar ioncaim cuimsitheach (gan aistriú san áireamh)** | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Toradh iarbhír ar shócmhainní lúide ús | **53,249** | 137,206 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais | **(43,902)** | (203,726) |
| **Glan-ghnóthachan / (caillteanas) achtúireacha** | **9,347** | (66,520) |

**Anailís íogaireachta**

Is iad na méideanna atá ar taispeáint thíos an tionchar a bheadh ag athruithe réasúnta féideartha ar cheann amháin de na toimhdí achtúireachta ábhartha amhail ar dáta tuairiscithe ar an oibleagáid sochair shainithe, dá gcoinneofaí gach toimhde seasmhach.

| | Tionchar ar dhliteanais scéime (méadú) / laghdú | |
|---|---|---|
| **Dliteanas pinsin** | 2017 € m | 2016 € m |
| Ráta lascaine (méadú 0.1%) | **19.0** | 18.5 |
| Ráta boilscithe (méadú 0.1%) | **(14.3)** | (16.1) |
| Mortlaíocht sa todhchaí (méadú 1 bhliana) | **(49.0)** | (49.6) |

D'ainneoin nach gcuireann an anailís san áireamh dáileadh iomlán na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo faoin bplean, cuireann sé meastachán ar fáil d'íogaireacht na dtoimhdí a thaispeántar.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**22. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE**

| GRÚPA | Dliteanas - scéim pinsean an ESB € '000 | Dliteanais a bhaineann le fostaithe<br>Athstruchtúrú scéime € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | **648,129** | 111,726 | 33,684 | **145,410** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 43,409 | **43,409** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(152,974)** | (16,906) | (30,039) | **(46,945)** |
| Muirear airgeadaíochta | **29,657** | 835 | - | **835** |
| Difríochtaí aistrithe | **-** | (8) | - | **(8)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **524,812** | 95,647 | 47,054 | **142,701** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | **524,812** | 95,647 | 47,054 | **142,701** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Scaoileadh) / muirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | (19,107) | 46,054 | **26,947** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(153,007)** | (15,828) | (42,312) | **(58,140)** |
| Muirear airgeadaíochta | **22,515** | 511 | - | **511** |
| Difríochtaí aistrithe | **-** | (10) | (21) | **(31)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **394,320** | 61,213 | 50,775 | **111,988** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **100,190** | 46,107 | - | **46,107** |
| Dliteanais reatha | **294,130** | 15,106 | 50,775 | **65,881** |
| **Iomlán** | **394,320** | **61,213** | **50,775** | **111,988** |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Dliteanas - scéim pinsean an ESB € '000 | Dliteanais a bhaineann le fostaithe<br>Athstruchtúrú dliteanais € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | **648,129** | 111,425 | 25,864 | **137,289** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Curtha de mhuirear ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 35,318 | **35,318** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(152,974)** | (16,812) | (22,338) | **(39,150)** |
| Muirear airgeadaíochta | **29,657** | 835 | - | **835** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **524,812** | 95,448 | 38,844 | **134,292** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | **524,812** | 95,448 | 38,844 | **134,292** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Scaoileadh) / muirear ar ar an ráiteas ioncaim | **-** | (21,115) | 37,407 | **16,292** |
| Arna úsáid i rith na bliana | **(153,007)** | (14,795) | (35,605) | **(50,400)** |
| Muirear airgeadaíochta | **22,515** | 511 | - | **511** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **394,320** | 60,049 | 40,646 | **100,695** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **100,190** | 45,936 | - | **45,936** |
| Dliteanais reatha | **294,130** | 14,113 | 40,646 | **54,759** |
| **Iomlán** | **394,320** | **60,049** | **40,646** | **100,695** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 22. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE (ar lean)

**Dliteanas - scéim pinsean an ESB**
Féach nóta 21 (a) cuid (i).

**Athstruchtúrú dliteanas**
Is ionann an soláthar seo agus an costas a mheastar a bhainfeadh le híocaíochtaí iarfhostaíochta d'iarfhostaithe, seachas na méideanna sin a chuimsítear faoin scéim phinsin. Tá dliteanais san áireamh ann a bhaineann le híocaíochtaí leanúnacha a dhéanamh le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh luathscoir dheonaigh cheana, atáthar ag súil a bheith scaoilte go hábhartha faoi 2027. Tá sreabhadh airgid todhchaí ionchais lascainithe go dtí an luach reatha ag úsáid rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

Rinneadh athbhreithniú ar an soláthar athstruchtúraithe i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus scaoileadh €21.1 milliún (2016: €nialas don ráiteas ioncaim (nóta 8).

**Eile**
De réir cheanglais IAS 19 Sochair Fostaí, tá soláthar déanta maidir le dliteanais luach saothair na bhfostaithe, lena n-áirítear laethanta saoire fabhraithe agus íocaíochtaí bainteach le feidhmíocht.

## 23. TRÁDÁIL AGUS MÉIDEANNA INÍOCTHA EILE

| | GRÚPA | | MÁTHAIRCHUIDEACHTA | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€ '000** | € '000 | **€ '000** | € '000 |
| **Méideanna iníoctha reatha:** | | | | |
| Méideanna iníoctha trádála | **316,260** | 358,392 | **185,966** | 200,526 |
| Creidiúnaithe caipitil | **68,235** | 76,473 | **43,675** | 37,299 |
| Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair atá idir lámha | **78,722** | 80,220 | **41,695** | 1,462 |
| Méideanna iníoctha eile | **49,988** | 65,966 | **30,662** | 36,764 |
| Cánacha párolla | **14,059** | 13,554 | **13,049** | 12,646 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | **5,222** | 4,996 | **4,329** | 4,083 |
| Cáin bhreisluacha | **42,747** | 43,337 | **17,147** | 19,917 |
| Fabhruithe | **142,909** | 114,122 | **53,773** | 25,448 |
| Méideanna dlite do ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **3,369,107** | 3,415,444 |
| Ús fabhraithe ar iasachtaí | **79,680** | 77,958 | **39,912** | 35,606 |
| **Iomlán** | **797,822** | 835,018 | **3,799,315** | 3,789,195 |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 24. IONCAM IARCHURTHA AGUS DEONTAIS RIALTAIS

| GRÚPA | Ranníocaíochtaí soláthair agus eile €'000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | **558,284** |
| Infhála | 38,994 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (58,548) |
| Difríochtaí aistrithe | (2,178) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **536,552** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | **536,552** |
| Infhála | 44,912 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (70,462) |
| Difríochtaí aistrithe | (885) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **510,117** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | 460,975 |
| Dliteanais reatha | 49,142 |
| **Iomlán** | **510,117** |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Ranníocaíochtaí soláthair agus eile €'000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | **533,542** |
| Infhála | 1,240 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (33,118) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **501,664** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | **501,664** |
| Infhála | 2,949 |
| Scaoilte chuig an ráiteas ioncaim | (35,002) |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **469,611** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | |
| Dliteanais neamhreatha | 433,892 |
| Dliteanais reatha | 35,719 |
| **Iomlán** | **469,611** |

Taifeadadh ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha agus deontais caipitil a fuarthas roimh mhí Iúil 2009 mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear go dtí an ráiteas ioncaim iad ar bhunús atá ag teacht le beartas dímheasa na sócmhainní ábhartha. Tá tuilleadh cur síos déanta ar an gcuntasaíocht a dhéantar ar ranníocaíochtaí soláthair tar éis mhí Iúil 2009 sa ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta sna ráitis airgeadais seo.

San áireamh in iarmhéid deiridh an Ghrúpa thuas tá ranníocaíochtaí soláthair de €466.8 milliún (2016: €499.6 milliún) agus ioncam iarchurtha de €43.3 milliún (2016: €35.4 milliún) agus deontais rialtais de €nialas (2016: €1.5 milliún).

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 25. SOLÁTHAIRTÍ

| GRÚPA | Cur as feidhm sócmhainní astaíochtaí € '000 | Soláthar astaíochtaí € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 131,707 | 62,132 | 81,592 | **275,431** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 64,266 | - | **64,266** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 4,530 | **4,530** |
| - Cur as feidhm sócmhainní | (5,700) | - | - | **(5,700)** |
| Soláthar le haghaidh cur as feidhm sócmhainní arna chaipitliú i rith na bliana | 56,900 | - | - | **56,900** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 7,000 | **7,000** |
| Arna úsáid sa bhliain | (3,623) | (61,154) | (15,860) | **(80,637)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,482 | - | 537 | **2,019** |
| Difríochtaí aistrithe | (465) | 159 | (1,528) | **(1,834)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 180,301 | 65,403 | 76,271 | **321,975** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | 180,301 | 65,403 | 76,271 | **321,975** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 68,896 | - | **68,896** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 18,247 | **18,247** |
| - Cur as feidhm sócmhainní | (9,055) | - | - | **(9,055)** |
| Soláthar le haghaidh cur as feidhm sócmhainní arna chaipitliú i rith na bliana | 90,721 | - | - | **90,721** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 2,384 | **2,384** |
| Arna úsáid sa bhliain | (2,604) | (65,232) | (12,735) | **(80,571)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,611 | - | 456 | **2,067** |
| Difríochtaí aistrithe | (242) | (138) | (324) | **(704)** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | 260,732 | 68,929 | 84,299 | **413,960** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 254,655 | - | 50,870 | **305,525** |
| Dliteanais reatha | 6,077 | 68,929 | 33,429 | **108,435** |
| **Iomlán** | **260,732** | **68,929** | **84,299** | **413,960** |

| MÁTHAIRCHUIDEACHTA | Cur as feidhm sócmhainní astaíochtaí € '000 | Soláthar astaíochtaí € '000 | Eile € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2016** | 125,965 | 48,296 | 57,048 | **231,309** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 46,159 | - | **46,159** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 8,079 | **8,079** |
| - Cur as feidhm sócmhainní | (5,700) | - | - | **(5,700)** |
| Soláthar le haghaidh cur as feidhm sócmhainní arna chaipitliú i rith na bliana | 53,500 | - | - | **53,500** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 7,000 | **7,000** |
| Arna úsáid sa bhliain | (3,623) | (46,987) | (2,772) | **(53,382)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,272 | - | 537 | **1,809** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 171,414 | 47,468 | 69,892 | **288,774** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017** | 171,414 | 47,468 | 69,892 | **288,774** |
| Arna muirearú don ráiteas ioncaim / do shochar an ráitis ioncaim | | | | |
| - Lamháltais astaíochtaí | - | 40,314 | - | **40,314** |
| - Dlíthiúil agus eile | - | - | 17,733 | **17,733** |
| - Cur as feidhm sócmhainní | (9,055) | - | - | **(9,055)** |
| Soláthar le haghaidh cur as feidhm sócmhainní arna chaipitliú i rith na bliana | 66,615 | - | - | **66,615** |
| Soláthar ESOP (nóta 30) | - | - | 2,384 | **2,384** |
| Arna úsáid sa bhliain | (2,604) | (46,699) | (12,145) | **(61,448)** |
| Muirear airgeadaíochta | 1,408 | - | 456 | **1,864** |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017** | 227,778 | 41,083 | 78,320 | **347,181** |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 221,700 | - | 46,087 | **267,787** |
| Dliteanais reatha | 6,078 | 41,083 | 32,233 | **79,394** |
| **Iomlán** | **227,778** | **41,083** | **78,320** | **347,181** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**25. SOLÁTHAIRTÍ (ar lean)**

**Soláthar do scor sócmhainní (costais as dúnadh stáisiún cumhachta a thugtaí orthu roimhe sin)**
Is ionann soláthar an Ghrúpa amhail ar 31 Nollaig 2017 ná €260.7 milliún (2016: €180.3 milliún) um scor sócmhainní agus luach reatha an mheastacháin reatha ar na costais a eascraíonn ó oibleagáidí áirithe maidir le scor agus díchoimisiúnú go príomha stáisiúin ghiniúna ls ionann an soláthar le haghaidh dúnadh stáisiún ghiniúna, feirmeacha gaoithe agus cuaillí adhmaid a chóireáiltear le créasóid ag deireadh a saolré úsáidí.

Táthar ag súil go ndúnfaí formhór na stáisiún giniúna roimh an mbliain 2040. Mar gur ar bhonn lascaine a luaitear na costais, áirítear muirear maoinithe sa ráiteas ioncaim agus cuirtear leis an soláthar gach bliain é. Déantar an soláthar um scor sócmhainní a athscrúdú gach bliain agus déantar an dliteanas a ríomh arís i gcomhréir leis an meastachán measta ba dheireanaí.

Mar thoradh ar athruithe ar mheastacháin maidir le costais chomhshaoil agus díchoimisiúnú i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2017, méadaíodh an soláthar um scor sócmhainní faoi €90.7 milliún (2016: méadú €56.9 milliún). Áirítear le luach measta costais scoir sa todhchaí amhail dáta an chláir chomhardaithe díchóimeáil fhisiciúil, feabhsúchán suímh, scor foirne agus costais ghaolmhara.

Tá roinnt éiginnteachtaí ann a imríonn tionchar ar ríomh an tsoláthair do scor sócmhainní, lena n-áirítear tionchar rialála, cruinneas na suirbhéanna suímh, éilliú nach rabhthas ag súil leis, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus athruithe sa ráta lascaine. Agus an soláthar á ríomh aige, tá an meastachán is fearr déanta ag an nGrúpa maidir leis an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na héiginnteachtaí sin, ach d'fhéadfadh athruithe ábhartha amach anseo ar aon cheann de na toimhdí tionchar ábhartha a imirt ar ríomh an tsoláthair. Tá sreabhadh airgid todhchaí ionchais lascainithe go dtí an luach reatha ag úsáid rátaí úis fadtéarmacha atá bunaithe ar chuar lascainithe an chúpóin nialasaigh ar an dáta tuairiscithe móide raon difríochta creidmheasa cuí.

**Soláthairtí astaíochta**
De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí $CO_2$ na hEorpa, aithnítear soláthar chun an dliteanas maidir le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana a chlúdach. Cuirtear lamháltais a cheannaítear i rith na bliana ar ais chuig an Údarás ábhartha atá i mbun na scéime laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, agus tá seo ag teacht leis na hastaíochtaí $CO_2$ iarbhír i rith na bliana. Is ionann an soláthar agus an oibleagáid lamháltais astaíochtaí atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír a chur ar ais. Tomhaistear an oibleagáid ag méid tugtha anonn na lamháltas astaíochta $CO_2$ caipitlithe, chomh maith leis an luach margaidh atá ag aon lamháltas breise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a shocrú.

**Soláthairtí eile**
Meastacháin atá i gceist le soláthairtí eile maidir le dliteanais do thríú páirtithe, i ndáil le héilimh a chuirtear in iúl nó a ndéantar soláthar ina leith ag deireadh na bliana. Tá meastachán maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár cuireadh in iúl go fóill san áireamh i soláthar dheireadh na bliana.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 26. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS AGUS LUACH CÓIR

### (a) Forléargas ar bhainistiú riosca airgeadais

**Timpeallacht riosca**
Baineann na príomhrioscaí airgeadais don Ghrúpa le malairt eachtrach (go háirithe gluaiseachtaí ar luach an euro i gcoibhneas le steirling agus le dollar SAM) agus gluaiseachtaí i bpraghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla). Rioscaí lárnacha fadtéarmacha agus airgeadais freisin iad riosca leachtachta, agus nochtadh do luaineacht rátaí úis, ach déileáladh leo den chuid is mó sa ghearrthéarma. Athbhreithníonn, leasaíonn agus ceadaíonn an Bord beartais go rialta a thugann cosaint don Ghrúpa ó na rioscaí seo agus ó rioscaí eile, amhail riosca creidmheasa mar is cuí. I rith 2017 d'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Bord beartas an Ghrúpa i leith rátaí úis agus maoinithe. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as gnáthbhearta cistíochta an Ghrúpa. Coinnítear an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna móra cistíochta agus bearta maolaithe a bhaineann leo.

Is iad feidhmeanna na hoifige tosaigh agus oifige láir na haonad ghnó ábhartha a dhéanann riosca praghsanna tráchtearraí a bhainistiú: ESB Trading (atá laistigh de Mhargaí Giniúna agus Mórdhíola) agus Electric Ireland. Déantar é sin i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca an Ghrúpa ar an iomlán. Déantar athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin ag Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa agus is iad na Coistí Bainistíochta um Riosca Trádála (a ndéanann an Coiste Trádála Grúpa (CTG) maoirseacht)) orthu atá freagrach as cinntiú go ndéileáiltear go sásúil le fionnachtana agus moltaí na hiniúchóireachta inmheánaí. Cinntíonn feidhm Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa go mbainisteofar rioscaí margaidh, creidmheasa agus rioscaí oibriúcháin an Ghrúpa (rioscaí nua agus rioscaí a thagann chun cinn ó I-SEM san áireamh) ar shlí a thabharfaidh cosaint don Ghrúpa ó chaillteanas agus go léireofar meas ag an am céanna ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá i bhfeidhm idir na haonaid ghnó.

Is féidir conarthaí a dhéantar chun fálú a dhéanamh ar neamhchosaint a eascraíonn as táirgeadh agus díol leictreachais a dheighilt ina gconarthaí ar aghaidh praghas breosla, conarthaí ar aghaidh praghas leictreachais agus conarthaí malairte eachtraí. Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint ar uair a socraithe nó ar uair a ndíolta.

**Struchtúr um thuairisciú riosca**
Rinne an Bord, tríd an bPríomhfheidhmeannach, an fhreagracht níos leithne a tharmligean do CTG as bainistíocht a dhéanamh ar riosca trádála ESB ar bhealach a réitíonn le lamháltais riosca agus straitéisí gnó an Ghrúpa. Bhunaigh an GTC teorainneacha riosca chun neamhchosaint riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ag leibhéal an Ghrúpa agus an aonaid ghnó. Déantar na teorainneacha sin a dhoiciméadú le haghaidh gach ceann de ghnóthaí ESB atá i mbun gníomhaíochtaí trádála mórdhíola. Anuas air sin, tá Beartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa infheidhmithe do gach ceann de na gnóthaí sin.

I Margaí Giniúna agus Mórdhíola agus Electric Ireland araon, bíonn cruinnithe gach mí (nó níos minice de réir mar is gá) ag Coistí Bainistíochta Riosca Trádála ar leithligh), agus feidhmíonn siad mar phríomh-mhaoirseoir an riosca trádála ar leibhéal an aonáin aonair imfhálaithe. Ar na coistí sin tá ceann na feidhme oifige tosaigh, an Bainisteoir Riosca Trádála (Oifig Láir), ionadaí ó Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa, agus Rialtóir Airgeadais an aonaid ghnó. Tá na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála freagrach as an straitéis riosca trádála a cheapadh de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa agus as comhlíonadh a chinntiú leis an mbeartas céanna, teorann riosca trádála a bhainistiú agus as cinntiú go bhfuil creat éifeachtach rialaithe i bhfeidhm. Tugann na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála tuairisc don GTC.

Coimeádann an fheidhm oifige láir i ngach aonad gnó líne tuairiscithe ar leithligh go dtí feidhm Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar glan-neamhchosaint an Ghrúpa d'athruithe praghsanna tráchtearraí nó praghsanna eile a bhainistiú go cuí de réir Bheartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa.

**Cuntasaíocht fálaithe**
Úsáideann ESB iasachtaí agus ionstraimí éarlais chun cistí breise a infheistiú. Agus úsáideann ESB ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun rioscaí ráta úis agus airgeadra a thagann chun cinn de ghnáth in oibríochtaí ó iasachtaí ainmnithe i ndollair na Stát Aontaithe agus steirling, ófhochuideachtaí airgeadra iasachta, agus ó úsáid soláthraithe airgeadra iasachta. Baintear úsáid as cuntasaíocht fálaithe de bhun IAS 39 i gcomhair fálaithe ar dhliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí rátaí úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha araon.

Baineann réamhchonarthaí praghsanna breosla agus réamhchonarthaí praghsanna leictreachais atá áirithe ag Leibhéal 3 san ordlathas luacha chóir le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a gcuid luachálacha bunaithe ar roinnt boinn tuisceana réamhphraghsanna, a bhfuil roinnt ionchuir neamh-inbhraite i gceist leo, lena n-áirítear réamh-ionchuir thoimhdithe leictreachais, carbóin agus gáis thar tréimhsí fadtéarmacha.

**Anailís íogaireachta - Luachanna córa Leibhéal 3**

I gcás na réamhchonarthaí praghsanna breosla agus leictreachais is iad na héifeachtaí seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe féideartha réasúnta ar cheann amháin de na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite, dá gcoinneofaí na hionchuir eile seasmhach.

| GRÚPA | **31 Nollaig 2017** | | 31 Nollaig 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) € '000** | **Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000** | Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) € '000 | Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) € '000 |
| Gnóthachan i ngeall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **(14,165)** | **-** | (22,276) | - |
| Caillteanas i ngeall ar mhéadú 10% ar an bPraghas Imeallach Córais | **12,625** | **-** | 26,311 | - |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 27. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS

### (a) Oibleagáidí léasanna oibriúcháin

| Is iad seo a leanas na ceangaltais iomlána faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe atá dlite: | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **17,172** | 16,631 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | **55,075** | 54,110 |
| Tar éis cúig bliana | **149,475** | 136,148 |
| **Iomlán le híoc** | **221,722** | 206,889 |

Baineann léasanna oibriúcháin atá le híoc ag an nGrúpa le talamh agus le foirgnimh a fháil ar cíos go ginearálta. Tá na costais léasa seo bunaithe ar luach an mhargaidh oscailte ar an dáta tionscanta agus de ghnáth bíonn siad faoi réir athbhreithnithe cíosa gach cúig bliana ar an meán. Níl srianta suntasacha nó srianta neamhghnácha ar bith curtha ar an nGrúpa le téarmaí na léasanna oibriúcháin.

### (b) Ceangaltais chaipitil

| | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Faoi chonradh le haghaidh | **342,432** | 248,364 |

| **Sciar ghealltanais na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Faoi chonradh le haghaidh | **61,130** | 20,414 |

### (c) Ceangaltais conarthaí breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha i bhfeidhm maidir le soláthar gáis do thréimhsí éagsúla suas go dtí an bhliain 2019. Déantar soláthar sna socruithe sin i leith athruithe praghsála ar aon dul le hathruithe ar tháscairí ionsuite sa mhargadh fuinnimh. Nuair ba chuí, rinneadh díorthaigh leabaithe a dheighilt agus luacháladh iad de réir IAS 39.

### (d) Nochtadh eile

De dheasca na tuile i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thug Aviva, atá ina árachóir ar Choláiste na hOllscoile, Chorcaí, caingean dlí ar ESB san Ard-Chúirt ag iarraidh €19 milliún a aisghabháil as damáiste a rinneadh de mhaoin. Ar an 5 Deireadh Fómhair 2015, thug an Ard-Chúirt a bhreithiúnas ar an gcás agus chinn sé go raibh ESB 60% faoi dhliteanas as an damáiste a rinneadh, agus go raibh faillí rannpháirteach 40% déanta ag UCC ina leith.

Bunaithe ar chomhairlí dlí a fuarthas, rinne an ESB achomharc in aghaidh an chinnidh os comhair na Cúirte Achomhairc agus éisteadh leis an achomharc i mí na Samhna 2017. Táthar ag súil le cinneadh i 2018. Ar feitheamh cinneadh, ní bheidh aon éisteacht ann maidir le candam (is é sin, méid iarbhír na ndamáistí atá iníoctha i ndáil le caillteanais UCC) agus tá an Ard-Chúirt tar éis bac a chur ar a hordú i dtaca le costais.

Sa bhreis ar an éileamh a rinne UCC, ó tugadh an breithiúnas sa chás UCC, tá 387 sraith d'imeachtaí dlí seirbheáilte ar ESB a bhaineann leis an tuile i gCorcaigh i Samhain 2009. Níl sonraí faighte fós faoi na méideanna atá á n-éileamh i ndáil leis na himeachtaí seo, agus dá bhrí sin ní féidir meastúchán iontaofa a dhéanamh maidir lena gcostas (dá gcinnfeadh an Chúirt Achomhairc in aghaidh an ESB) faoi láthair. Ach níl ESB den tuairim go sáródh méid iomlán na ndamáistí a bhronnfaí, más ann dóibh, agus na costais ghaolmhara do gach caingean, an cás Aviva / UCC san áireamh, an cumhdach árachais infheidhme atá aige.

Creideann an ESB, ar bhonn na comhairle inmheánaí agus seachtraí atá faighte, gur mó an dóchúlacht go n-éireoidh leis an achomharc agus dá réir sin, ní dhearnadh soláthar ar bith dá leithéid d'éilimh sna ráitis airgeadais.

Seachas iad siúd atá nochta thuas, tháinig roinnt cúiseanna dlí, éileamh agus díospóidí eile le tríú páirtithe chun cinn i ngnáthchúrsa an ghnó. Cé go mbíonn éiginnteacht ag baint le haon dlíthíocht nó díospóid, creideann baill an Bhoird nach raibh aon dliteanais teagmhasacha a d'fhéadfadh go mbeadh drochéifeacht ábhartha acu ar staid airgeadais an Ghrúpa.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 28. IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

**Comhlachtaí leathstáit**
Cosúil le go leor aonán eile, déileálann an ESB sa ghnáthchúrsa gnó le comhlachtaí státurraithe eile cosúil le EirGrid, Ervia, Bord na Móna agus Coillte Teoranta. Déantar comhaontuithe fadtéarmacha idir an ESB agus Bord na Móna i ndáil le ceannach móna do na Stáisiúin Lár na Tíre.

**Bainc faoi úinéireacht stát na hÉireann**
Bíonn idirbhearta ag an ESB sa ghnáthchúrsa gnó le bainc áirithe in Éirinn arna rialú go hiomlán nó go páirteach ag Rialtas na hÉireann. Tá gach idirbheart de chuid an ESB le bainc dá leithéid ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh comhchruinniú iasachtaíochtaí ábhartha ar bith ag ESB le haon bhanc dá leithéid i rith na bliana nó amhail ar 31 Nollaig 2017. Mar a léirítear i nóta 16, bhí sciar den airgead tirim agus de na coibhéisí airgid thirim i dtaisce le bainc dá leithéid.

**Leasanna na gcomhaltaí Boird**
Seachas na leithdháiltí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh leas tairbhiúil ar bith ag na Comhaltaí Boird in ESB nó i bhfochuideachtaí dá chuid ag am ar bith i rith na bliana.

**Aischeannach ESOP**
Féach ar nóta 30 chun sonraí a fháil faoi aischeannach ESOP.

**Gnóthais fochuideachta**
Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2017, cheannaigh ESB seirbhísí innealtóireachta, comhairleoireachta agus eile, lena n-áiríodh seirbhísí cíosa de €302.3 milliún (2016: €362.2 milliún) óna fhochuideachtaí.

Le linn na bliana, bhí díolachán €195.0 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2016: €181.2 milliún) le fochuideachtaí. Baineann na díolacháin sin le seirbhísí bainistíochta den chuid is mó, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais agus díolacháin leictreachais.

Le linn na bliana, fuair Máthairchuideachta ESB ús de €41.1 milliún (2016: €46.2 milliún) ó fhochuideachtaí, agus d'íoc ús de €71.8 milliún (2016: €70.1 milliún) le fochuideachtaí ar iasachtaí idir cuideachtaí.

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí suimeanna iníoctha de €3,369.1 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2016: €3,415.4 milliún) lena fhochuideachtaí. Baineann na méideanna iníoctha sin don chuid is mó le méideanna atá i dtaisce d'fhochuideachtaí, le suimeanna a thóg DAC ESB Finance ar iasacht agus a thug sé ar iasacht do Mháthairchuideachta ESB, chomh maith le méideanna atá dlite i dtaobh seirbhísí innealtóireachta agus comhairleoireachta.

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí iarmhéideanna infhála de €2,284.3 milliún ag Máthairchuideachta ESB (2016: €2,766.9 milliún) óna fochuideachtaí. Baineann na méideanna infhála seo go príomha le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí le fochuideachtaí, chomh maith le muirir leictreachais, lena n-áirítear Muirir Úsáide Córais. An soláthar iomlán bearnúcháin maidir le méideanna dlite ag foghnóthais ar an 31 Nollaig 2017 ná €330.9 milliún (2016: €nialas).

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí infheistíochtaí Máthairchuideachta ESB i bhfoghnóthais comhionann le €61.8 milliún (2016: €61.8 milliún). Féach nóta 13 le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

| GRÚPA | Díolachán earraí / seirbhísí[1] | | Ceannach earraí / seirbhísí[2] | | Méideanna dlite (do) / ó amhail an 31 Nollaig[3] | | Gnáthscaireanna réamhíoctha i rith na bliana | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2017 € '000** | 2016 € '000 | **2017 € '000** | 2016 € '000 | **2017 € '000** | 2016 € '000 | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
| DAC an Ráithín Léith | **343** | 3,000 | **9,773** | 1,800 | **3,769** | 3,800 | **-** | 1,400 |
| DAC Oweninny | **1,927** | 100 | **-** | - | **12,051** | 6,900 | **-** | - |
| DAC Castlepook | **1,681** | 5,200 | **-** | - | **7,229** | 6,900 | **-** | - |
| DAC Emerald Bridge Fibres | **5** | 300 | **-** | 100 | **1,433** | 5,100 | **-** | - |
| Tilbury Green Power Holdings Ltd | **1,458** | 1,000 | **721** | - | **51,094** | 46,800 | **-** | - |
| DAC Kingspan ESB | **108** | 100 | **474** | - | **300** | 300 | **-** | - |
| SIRO Ltd | **9,499** | 11,900 | **3,400** | 1,900 | **67,142** | 4,750 | **-** | - |
| Terra Solar Ltd | **-** | 100 | **-** | - | **-** | - | **-** | 2,500 |
| **Iomlán** | **15,021** | 21,700 | **14,368** | 3,800 | **143,018** | 74,550 | **-** | 3,900 |

[1] Sholáthair ESB díolacháin leictreachais, bainistíocht agus seirbhísí gairmiúla eile i rith na bliana d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh an chothromais i bhfeidhm orthu mar atá leagtha amach sa tábla thuas.

[2] Cheannaigh ESB seirbhísí i dtaca le teileachumarsáid agus cothabháil ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar atá leagtha amach sa tábla thuas.

[3] Áirítear le méideanna dlite (do) / ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu iasachtaí scairshealbhóra, ús ar na hiasachtaí sin agus iarmhéideanna infháltais agus méideanna iníoctha trádála. Baineann ús infhála ar iasachtaíochtaí le Tilbury Green Power Holdings Limited €13.8 milliún (2016: €8.4 milliún), DAC Emerald Bridge Fibres dar luach €1.8 milliún (2016: €1.4 milliún).

Tá gealltanas tugtha ag ESB chun maoiniú caipitiúil de €85.0 milliún a chur ar fáil do SIRO Ltd, agus €48.0 milliún de sin réamhíoctha mar iasachta ghearrthéarma scairshealbhóra mar atá san áireamh sa tábla thuas.

**Téarmaí agus coinníollacha**
Déantar díolachán le agus ceannacháin ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta i bhfeidhm orthu i ngnáthchúrsa an ghnó.
Tá a hiarmhéideanna amuigh ata curtha san áireamh in infháltais agus méideanna iníoctha amhail dháta an chláir chomhardaithe i dtaobh idirbheart le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu neamhurraithe agus tagann socrúchán chun cinn in airgead tirim. Níor iarradh ná níor soláthraíodh aon ráthaíochtaí maidir le hinfháltais agus méideanna iníoctha gaolmhara páirtí.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 28. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA (ar lean)

| **Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta** | **2017 € '000** | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile | **2,838** | 2,567 |
| Sochair iarfhostaíochta | **329** | 374 |
| | **3,167** | 2,941 |

Is ionann luach saothair na bpríomhbhainisteoirí a nochtar thuas agus an luach saothair do na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear leis seo luach saothair na bhfeidhmeannach sinsearach.

## 29. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS

Teastaíonn líon suntasach boinn tuisceana agus meastachán breithiúnach nuair a bhíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú. Téann siad sin i bhfeidhm ar an ioncam agus ar na speansais a luaitear sa ráiteas ioncaim agus ar luach tugtha anonn na sócmhainní agus na ndliteanas sa chlár comhardaithe. Bíonn meastacháin agus breithiúnais den sórt sin bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar chúinsí eile lena n-áirítear meastacháin maidir leis an todhchaí a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis agus a bhíonn faoi réir ag athbhreithniú leanúnach.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh athraitheas maidir le boinn tuisceana nó meastacháin áirithe tionchar ábhartha suntasach a imirt ar na torthaí a thuairiscítear. Áirítear iad seo a leanas orthu sin, ach níl siad teoranta dóibh:

**(a)** Ní mór a bheith stuama i gcás an chuntasaíocht a dhéantar ar dhliteanas pinsin ESB. Tá an Bord sásta gurb é an cur chuige cuntasaíochta cuí, arna dhearbhú de réir IAS 19 Sochair Fostaí, ná aitheantas a thabhairt dá oibleagáidí tiomanta reatha, mar atá leagtha amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais (féach nóta 21).

**(b)** Tá na fostaithe i NIE Networks i dteideal chun ballraíochta ar Scéim NIE Networks lena bhfuil socruithe sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe araon. Baineann breithiúnais a rinneadh i dteannta le hachtúirí neamhspleácha leis an meastachán ar agus an chuntasaíocht i gcomhair oibleagáidí sochair scoir. Áirítear leo siúd, ionchas saoil na mball den Scéim, méaduithe sa todhchaí ar thuarastal agus phinsean agus rátaí boilscithe chomh maith le rátaí lascainithe. Tugtar tuairisc i nóta 21 ar na toimhdí arna n-úsáid ag an nGrúpa chomh maith le hanailís íogaireachta ar athrú ar na toimhdí sin.

**(c)** Luach úsáide sócmhainní fadsaolacha agus an cáilmheas bainteach, de réir IAS 36 Bearnú Sócmhainní, mar a leagtar síos é i nóta 12 agus mar a gcuirtear síos air thíos:

Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach úsáide bunaithe ar na sreafaí airgid measta a bhfuiltear ag súil lena n-eascairt ón tsócmhainn, agus tá sé bunaithe ar dhearcadh seachtrach maidir le giniúint cumhachta réamh-mheasta agus maidir le praghsanna réamh-mheasta cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne (más infheidhme), chomh maith le tráthúlacht agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitil. Déantar na sreafaí airgid a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascainithe réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha luach ama an airgid agus na riosca a bhaineann go sainiúil leis an tsócmhainn. Teastaíonn breithiúnas i gcomhair mheastachán na n-ioncam réamh-mheasta agus uainíocht an chaiteachais agus braitheann sé ar na fachtóirí eacnamaíocha a bhaineann leis na sócmhainní sin.

**(d)** Mar a thuairiscítear i nóta 26 alt (i), tá luacháil ionstraimí airgeadais áirithe bunaithe ar roinnt fachtóirí agus boinn tuisceana breithiúnacha nach bhfuil, de riachtanas, bunaithe ar ionchur inbhraite. Rinneadh iad sin a rangú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 3, faoi réir bhrí IFRS 13 Tomhas Luacha Chóir.

**(e)** Costais a bheidh ag teastáil sa todhchaí chun soláthairtí reatha e a réiteach, amhail costais scoir agus oibleagáidí téarfa dheonaigh. Léirítear na dliteanais sin i nótaí 21, 22 agus 25.

**(f)** Tomhas ar roinnt sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas ag deireadh na bliana a dteastaíonn ardleibhéal meastacháin agus breithiúnais ina leith, lena n-áirítear ioncam leictreachais neamhbhilleáilte agus infháltais trádála agus infháltais eile a ríomh, luacháil stoic bhreosla, costas an bhreosla a ídíodh, saolréanna úsáideacha na sócmhainní neamhreatha agus fabhruithe maidir le hearraí a fuarthas nó le hobair a rinneadh agus nach bhfuarthas sonraisc ó sholáthraithe ina leith go fóill chomh maith. Déantar meastacháin maidir leis na míreanna sin de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa agus de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta reatha.

**(g)** Soláthraíonn an ESB seirbhísí do thart ar 1.4 milliún duine aonair agus gnó, ar théarmaí creidmheasa den chuid is mó. Tá sé ar an eolas nach n-íocfar fiacha áirithe atá dlite leis an ESB trí mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáidtear meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil, chun leibhéal na bhfiach nach gceaptar a bhaileofar a dhearbhú. Áirítear fachtóirí amhail staid reatha gheilleagar na hÉireann agus saincheisteanna áirithe tionscail ar na meastacháin sin (féach nóta 15).

**(h)** Le teacht ar nochtadh eile, tá tuairisc i nóta 27 mheastacháin agus ar bhreithiúnais i ndáil le héilimh leanúnach dhlíthiúla.

## 30. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Bhí ESB ESOP Trustee Limited corpraithe ag ESB le linn 2001, mar thoradh ar infheistíocht €1, mar Iontaobhaí le hAontaobhas Úinéireachta Fostaithe ESB (ESOT) agus le Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa ESB (APSS). Faoi théarmaí chruthú ESB ESOP Trustee Limited, níl sé de chumas nó de cheart ag an ESB smacht a chur i bhfeidhm ar shócmhainní nó ar bhainistíocht na Cuideachta. Iontaobhaí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gCuideachta Trustee, agus tá ceathrar stiúrthóirí uirthi thar ceann fhostaithe an ESB agus beirt stiúrthóirí thar ceann ESB .Dá réir sin tá diansrianta ann a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú chearta an ESB i leith shócmhainní agus bhainistíocht na Cuideachta. De réir IAS 10 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, ní dhéantar cuntais ESB ESOP Trustee Limited a chomhdhlúthú le torthaí Ghrúpa an ESB.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015, chuaigh an ESB i gcomhaontas lena dtabharfar tacaíocht do cheannach stoic chaipitil i margaí inmheánacha ESOP amach anseo. Mar chuid den chomhaontú sin, thug an ESB tiomantas cómhaoiniú a chur ar fáil i ndáil leis na ceannacháin arna ndéanamh ag Iontaobhais ESOP, ar luach suas le €25.0 milliún. Aithníodh soláthar athcheannaigh ESOP de €2.4 milliún (2016: €7.0 milliún) i ráitis airgeadais 2017 maidir leis an athcheannach stoic chaipitil a rinne ESOP Trustee. I rith 2017, chuir ESB tús freisin le hathcheannach stoc caipitil ESOP agus dá bharr sin tháinig cúlchiste fuascailte caipitiúla de €4.7 milliún chun cinn a bhí comhionann le méid ainmniúil an scairchaipitil curtha ar ceal (2016: €nialas) ó cheannach agus cealú an 4.7 milliún de scairchaipiteal ESOP um chomaoin de €5.6 milliún. Laghdaigh an t-athcheannach a soláthar um athcheannach ESOP faoi €5.6 milliún agus amhail ar an 31 Nollaig 2017, ba é méid an tsoláthair um athcheannach ESOP (nóta 25) a bhí aitheanta i gcúlchistí eile ná €15.9 milliún (2016: €19.1 milliún).

## 31. TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE

Tá sonraí faoi dhíbhinní arna ndearbhú ó dheireadh na bliana leagtha amach i nóta 17.

Níor tharla aon imeachtaí eile tar éis an chláir chomhardaithe ó dheireadh na bliana a gcreideann na stiúrthóirí nach mór coigeartú a dhéanamh dóibh nó iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## 32. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 1 Márta 2018.

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

**33. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE**

| Ainm na cuideachta | Cláraithe oifig | Grúpa % scaire | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais fochuideachta** | | | |
| **Fochuideachta dhíreach** | | | |
| ESB Energy International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Electric Ireland Ltd. (UK) | 4 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| DAC Airgeadais ESB. | 2 | 100 | Airgeadas |
| ESB Financial Enterprises Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB International Investments Ltd. | 2 | 100 | Infheistíochtaí idirnáisiúnta |
| ESB International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| DAC Líonraí ESB. | 8 | 100 | Dáileadh cumhachta |
| ESBNI Ltd. | 5 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| **Fochuideachta neamhdhíreach** | | | |
| Airvolution Energy (Agney Farm) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Car Ban Wind Farm) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Hafod-Y-Dafal) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Hartwood Hill) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Shotts 2) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Tarvie) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (Washpit Drove) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy (West Scales) Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Airvolution Energy Ltd. (UK) | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Blarghour Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Cambrian Renewable Energy Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Capital Pensions Management Ltd. | 6 | 100 | Riarachán scéim pinsean |
| Cappawhite Wind Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Carrington Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Chirmorie Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Coolkeeragh ESB Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corby Power Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corvoderry Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Crockagarran Windfarm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| DAC Crockahenny Wind Farm. | 2 | 75 | Giniúint cumhachta |
| Crockdun Windfarm (NI) Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Curryfree Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Dell Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Devon Wind Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| EC02 Cambrian Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Electric Ireland Ltd. (UK) | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Electricity Supply Board Services B.V. | 12 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| ESB 1927 Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESB Asset Development (UK) Ltd. | 4 | 100 | Forbairt gnó |
| ESB Commercial Properties Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht maoine |
| ESB Energy Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta soláthair |
| ESB Electric Ireland Ltd. | 4 | 100 | Díomhaoin |
| ESB Independent Energy (NI) Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 33. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Cláraithe oifig | Grúpa % scaire | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachta neamhdhíreach (ar lean)** | | | |
| ESB Independent Energy Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais |
| ESB Independent Generation Trading Ltd. | 2 | 100 | Trádáil leictreachais agus gáis |
| ESB Innovation UK Ltd. | 4 | 100 | Soláthar seirbhísí fuinnimh agus leictrea-shoghluaisteachta |
| ESB Innovation ROI Ltd. | 2 | 100 | Soláthar seirbhísí fuinnimh agus leictrea-shoghluaisteachta |
| ESB Novus Modus GP Ltd. | 2 | 100 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| ESB Power Generation Holding Company Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESB Services BV (An Ollainn). | 12 | 100 | Seirbhísí oibríochta agus cothabhála |
| ESB Solar (IRE) Ltd. | 2 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| ESB Solar (NI) Ltd. | 5 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| ESB Telecoms Ltd. | 2 | 100 | Teileachumarsáid |
| ESB Trading Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí bainistíochta agus oibriúcháin |
| ESB Wind Development Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| ESBI Carbon Solutions Ltd. | 2 | 100 | Laghdú astaíochtaí carbóin |
| ESBI Computing Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí ríomhaireachta |
| ESBI Consultants Ltd. | 1 | 100 | Comhairleacht |
| ESBI Contracting Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| ESBI Eng & FM (Botswana) (Proprietary) Ltd. | 11 | 100 | Innealtóireacht agus comhairliúchán |
| ESBI Engineering and Facility Management Ltd. | 1 | 100 | Innealtóireacht |
| ESBII UK Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| ESBI Luxembourg S.A. | 32 | 100 | Infheistíocht i sócmhainní giniúna leictreachais |
| Facility Management UK Ltd. | 4 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| Garvagh Glebe Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Garvary Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Ltd. | 10 | 82.1 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Hrvatska (Croatia) d.o.o. | 31 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Italia SRL. | 29 | 20 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Magyarorszag Korlatolt Felelossegu Tarsasag. | 28 | 40 | Giniúint cumhachta |
| Geothermal International Polska Sp Zoo (Spolka Z Organiczona Odpowiedzialnoscia). | 30 | 89 | Giniúint cumhachta |
| GI Holdings North America Inc. | 26 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Glendye Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Gort Windfarms Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Greengate Energy Recovery Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hibernian Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hunter's Hill Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kerry Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kirk Hill Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Knottingly Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mount Eagle Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mountainlodge Power DAC. | 2 | 85.9 | Giniúint cumhachta |
| NIE Finance PLC. | 6 | 100 | Airgeadas |
| NIE Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| NIE Network Services Ltd. | 6 | 100 | Neamhthrádála |
| Northern Ireland Electricity Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| Northern Ireland Electricity Networks Ltd. | 6 | 100 | Tarchur agus dáileadh cumhachta |
| Orliven Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 33. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa % | Cineál an ghnó |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachta neamhdhíreach (ar lean)** | | | |
| Planet 9 Energy Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta soláthair |
| REG Greenburn Ltd. | 33 | 10 | Giniúint cumhachta |
| REG Knockodhar Ltd. | 33 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Silahertane Energy Project Two Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Synergen Power Ltd. | 14 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Power Generation Technology Snd. Bhd. | 18 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Tullynahaw Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Turnalt Wind Farm Ltd. | 9 | 8 | Giniúint cumhachta |
| Utility Operation & Maintenance Services Ltd. | 14 | 100 | Seirbhísí oibríochta agus cothabhála |
| Waterfern Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) 2 Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| West Durham Wind Farm (Holdings) Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta shealbhaíochta |
| West Durham Wind Farm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Woodhouse Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| **Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | | | |
| DAC Castlepook Power. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| DAC Emerald Bridge Fibres. | 2 | 50 | Teileachumarsáid |
| DAC Kingspan ESB. | 2 | 50 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta um ghnó agus bainistíocht |
| DAC Oweninny Power. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| DAC Raheenleagh Power. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| SIRO Ltd. | 2 | 50 | Cábla snáthoptaice go foirgneamh |
| Tilbury Green Power Holdings Ltd. | 4 | 47 | Cuideachta shealbhaíochta |
| Tilbury Green Power Ltd. | 4 | 47 | Giniúint cumhachta |
| **Gnóthais chomhlachaithe** | | | |
| Terra Solar Ltd. | 27 | 25 | Giniúint cumhachta |
| **Infheistíochtaí** | | | |
| Cylon Controls Ltd. | 20 | 36.2 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Endeco Technologies Ltd. | 21 | 22 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Heliex Power Ltd. | 22 | 34.3 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Nualight Ltd. | 23 | 41 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| Pesaka Technologies. | 17 | 30 | Giniúint cumhachta |
| Rousch Pakistan Power. | 13 | 7 | Giniúint cumhachta |
| TenKsolar Inc. | 25 | 4 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| UNES Operation and Maintenance Inc. | 16 | 50 | Seirbhísí oibríochta agus cothabhála |
| VantagePoint Cleantech Partners II, L.P. | 24 | 4.5 | Infheistíocht teicneolaíochta glaise |
| **Eile** | | | |
| ESB ESOP Trustee Ltd. | 15 | 100 | Scéim um scairsheilbh foirne |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 33. FOCHUIDEACHTAÍ, GNÓTHAIS AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CUIDEACHTAÍ COMHLACHAITHE (ar lean)

Is é príomhionad gnó ESB ná Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 A995

**Nótaí:**

1 ESB International, One, Dublin Airport Central, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Clochrán, Co. Bhaile Átha Cliath
2 Two Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 A995
3 Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire, MN17 1Q7
4 Tricor Services Europe LLP, 4th Floor, 50 Mark Lane, Londain, EC3R 7QR
5 2 Electra Road, Maydown, Doire, BT47 6 UL
6 120 Malone Road Béal Feirste BT9 5HT
7 Palladium House, 1-4 Argyll Street, Londain, W1F 7TA
8 Teach Chlann Liam, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2
9 22-24 King Street, Maidenhead, SL6lEF
10 Shellingwood House, Westwood Way, Westwood Business Park, Coventry, CV48J2
11 Deloitte House, 1ú Urlár, Plot, 64518, Fairgrounds Office Park, Gaborne, an Bhotsuáin
12 22ú Urlár, Menara, EON Bank, Lala Raja Laut, 50350, Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
13 94-W, 3ú hUrlár, AAMIR Plaza, Jinnah Avenue, Blue Area, Islamabad, an Phacastáin
14 ESB Dublin Bay, Bóthar Theach Pigeon, An Rinn, Baile Átha Cliath 4, D04 Y5N2
15 43 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
16 Nispetiye Cad Akmerkez E3 Blok K, 13Etiler/Beskiktas, An Tuirc
17 Leibhéal 1, Menara Yavasan, Tun Razak, Zoo, Jalan Bukit Bintang, 55100 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
18 10ú Urlár, Wisma Havela, Thakardos, No 1 Jalan Raja Laut, 50350 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
19 C/O Staffords Cpc1 Capital Park, Fulbourn, Cambridge, An Ríocht Aontaithe, CB21 5XE
20 Páirc Theicneolaíochta agus Ghnó Chluain Seach, Cluain Seach, Baile Átha Cliath 17
21 3015, Céide an Locha, Páirc Ghnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24
22 Kelvin Building Bramah Avenue, East Kilbride, Glaschú, G75 0RD
23 Páirc Theicneolaíochta agus Ghnó, Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh
24 c/o Codan Trust Company (Cayman) Limited, Cricket Square, Hutchins Drive, P.O Box 2681, Grand Cayman, KY1-1111, Oileáin Cayman
25 9231 Penn Avenue South, Minneapolis, Minnesota, 55431
26 134 N LaSalle St, Suite 510, Chicago, IL 60602
27 57 Ascaill Bhruach an Chuilinn Íochtarach, Raghnallach, Baile Átha Cliath 6
28 H-1015 Budapest, Batthyány utca 56, An Ungáir
29 Trezzano Sul Naviglio- Viale C.Colombo, 8
30 Geothermal International Polska, Parkova 21 lok 7, 00-759 Warszawa, An Pholainn
31 ZagrebaCka 94, 42000 VaraZdin
32 6, Rue Eugene Ruppert, L-2453 Lucsamburg
33 2ú Urlár Edgeborough House, Edgeborough Road, Guildford, Surrey, GU1 2BJ

# Tuarascáil na gComhaltaí Boird maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochta Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016)

**Réamhrá**

Bhí na téarmaí íocaíochtaí le linn 2017 faoi réir thrí mhír reachtaíochta:

- An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú) 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016) chun dul i gcoinne íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Baineann na Rialacháin sin le conarthaí maidir le hearraí agus seirbhísí arna soláthar don ESB.
- An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta 2013. Baineann an tAcht sin le hoibriúcháin tógála agus le seirbhísí coimhdeacha os cionn €10,000.

**Ráiteas faoi chleachtais íocaíochta**

Tá ESB tiomanta gach sonrasc soláthraí nach bhfuil díospóid faoi a íoc taobh istigh de na téarmaí íocaíochta a aontaíodh.

**Nósanna imeachta agus rialuithe atá i bhfeidhm**

Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí curtha i bhfeidhm lena n-áirítear róil agus dualgais atá sainithe go soiléir. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.

**Cód Iompair um Íocaíocht Phras**

I 2015 seoladh Cód Iompair um Íocaíocht Phras ag an Rialtas, atá ar fáil ar www.promptpayment.ie. Tá an ESB i measc na sínitheoirí leis an gcód seo agus tugann sé faoi soláthraithe a íoc go tráthúil, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe ESB a spreagadh leis an gCód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin.

**An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta 2013**

Tugadh feidhm don Acht sin ar an 25 Iúil 2016. Tá ESB tar éis a fhreagrachtaí faoin acht seo a athbhreithniú agus na freagrachtaí seo a chur in iúl do na baill foirne go léir a bheadh buailte leo.

**Sonraí maidir le hús íocaíochta déanaí i dtaobh 2017**

Nuair a dhéanann an ESB iarratas íocaíochta déanaí ó sholáthraí a bhailíochtú, is é beartas an ESB an t-ús atá dlite ar íocaíochtaí déanacha a íoc. Rinneadh dhá híocaíocht comhionann le €7,542 san iomlán i dtaobh íocaíochtaí déanacha i rith na bliana 2017 (2016: €nialas).

Ellvena Graham OBE,
Cathaoirleach

Pat O'Doherty,
Príomhfheidhmeannach

1 Márta 2018

01 STRAITÉIS AGUS FEIDHMÍOCHT
02 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
03 RÁITIS AIRGEADAIS

# GLUAIS

**1. Socruithe Trádála agus Tarchuir Leictreachas na Breataine (BETTA)**
An margadh mórdhíola leictreachais atá ag feidhmiú sa Bhreatain Mhór ná British Electricity Trading and Transmission Arrangements (BETTA).

**2. An Bhreatimeacht**
Le Brexit, d'fhéadfadh an Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach (AE).

**3. An Coimisiún um Rialáil Fóntas Uisce agus Fuinnimh (CRU)**
Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) an rialtóir neamhspleách d'uisce agus d'fhuinneamh i bPoblacht na hÉireann (ROI).

**4. Conradh Difríochta (CfD)**
Is éard is conradh difríochta (CfD) ann ná conradh idir dhá pháirti, ceannaitheoir agus díoltóir, lena leagtar amach go n-íocfaidh an ceannaitheoir leis an díoltóir, an difríocht idir luach reatha sócmhainne agus a luach ag am déanta an chonartha. Más difríocht dhiúltach atá i gceist, íocann an díoltóir seachas an ceannaitheoir.

**5. Spréach Dhorcha**
Seo é an difríocht idir praghas an aonaid leictreachais agus costas an ghuail a úsáidtear lena ghiniúint.

**6. EBITDA Gan mhíreanna eisceachtúla a bheith san áireamh**
Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dhímheas, bhearnúchán, amúchadh (lena n-áirítear amúchadh ranníocaíochtaí soláthair) agus míreanna eisceachtúla.

**7. Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais (EMR)**
Beartas de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe is ea an t-Athchóiriú ar an Margadh Leictreachais, chun infheistíocht i leictreachas slán, ísealcharbóin a spreagadh chomh maith le slándáil soláthar leictreachais na Breataine Móire agus a inacmhainneacht do thomhaltóirí a fheabhsú.

**8. Ciste um Fhuinneamh le haghaidh na nGlúinte**
I mí na Samhna 2013, sheol an ESB an Ciste um Fhuinneamh le haghaidh na nGlúine', infheistíocht um fhreagracht chorparáideach lena bhfeicfear os cionn € 2 mhilliún in aghaidh na bliana á íoc thar raon tionscnamh pobal-bhunaithe agus saincheisteanna-bhunaithe.

**9. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)**
Comhlacht poiblí neamhspleách is ea an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil arna bunú faoin Acht fán Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Tá sí ar an líne thosaigh maidir le cosaint agus póilíneacht an chomhshaoil.

**10. Gigighiotán (Gb/s)**
Is aonad ráta traschurtha sonraí é gigighiotán (Gb/s) (Gb) arb ionann é: 1,000 meigighiotán in aghaidh an tsoicind.

**11. Gigeavata (GW)**
Is éard is gigeavata ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 billiún vata.

**12. Uaireanta Gigeavata (GWh)**
Is éard is Uaireanta Gigeavata (GWh) ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 billiún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**13. An Bhreatain Mhór**
Sasana, an Bhreatain Bheag agus Albain.

**14. Bearnúchán**
Dearbhaítear muirear bearnúcháin nuair a sháraíonn méid tugtha anonn (luach leabhair) na sócmhainne a mhéid inaisghabhála.

**15. An Margadh Aonair Chomhtháite Leictreachais (I-SEM)**
Forbairt is ea an Spriocshamhail Eorpach seo a d'eascair as an Tríú Pacáiste Fuinnimh agus is scáth-théarma é do liosta mionsonraithe de threoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE atá nua agus comhchoiteann, agus atá le cur i bhfeidhm chun margadh aonair leictreachais mórdhíola ar fud an AE a chumasú. Nuair a chuirfear i bhfeidhm na treoirlínte, nósanna imeachta agus cóid AE chomhchoiteanna seo ar fud an AE, beifear in ann leictreachas agus gás a thrádáil gan bhac ar fud an Aontais.

**16. Comhfhiontar (CV)**
Cuideachta nó aonán eile a rialaítear i gcomhar le páirtithe eile.

**17. Gás Nádúrtha Leachtaithe (GNL)**
Gás nádúrtha leachtaithe, leacht trédhearcach, gan dath, neamhthocsaineach a chruthaítear nuair a dhéantar gás nádúrtha a fhuarú go -162°C (-260°F).

**18. Gortuithe Ama Caillte (LTIanna)**
Gortú a bhaineann leis an obair atá ina údar d'asláithreacht ar feadh lá amháin nó níos mó, ag comhaireamh ón lá i ndiaidh an ghortuithe, sula bhfilleann an duine ar an ngnáthobair nó ar obair theoranta.

**19. Meigeavata (MW)**
Is éard is meigeavata (MW) ann an méid cumhachta atá cothrom le 1 mhilliún vata.

**20. Uaireanta Meigeavata (MWh)**
Is éard is uaireanta meigeavata (MWh) ann, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 mhilliún vata cumhachta a sheachadadh ar feadh uair an chloig.

**21. Ciste Novusmodus**
Is ciste caipitil fiontair é an Ciste Novusmodus, ina mbíonn caipiteal síl infheistithe i dteicneolaíochtaí éiritheacha.

**22. OHSAS 18001**
Is éard is OHSAS 18001 Deimhniú Bainistíochta Ceirde, Sláinte agus Sábháilteachta ann caighdeán idirnáisiúnta ina soláthraítear creat chun na rioscaí a bhaineann leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht i gcuideachtaí a shainaithint, a rialú agus a laghdú.

**23. Ardán do thrádáil Thar an gCuntar**
Uirlisí airgeadais (conarthaí praghas leictreachais go sonrach) a chuireann ar chumas rannpháirtithe san SEM a riosca a laghdú (agus mar sin luaineacht an phraghas leictreachais dá gcustaiméirí) trí na táirgí sin a thrádáil go díreach ('thar an gcuntar') lena chéile, seachas trí idirghabhálaí nó trí mhalartán, ar mhaithe lena nochtadh d'athruithe i bpraghas mórdhíola leictreachais a fhálú.

**24. Íoc Mar a Úsáidtear**
Cuireann táirgí Íoc Mar a Úsáidtear ar chumas úsáideoirí, a n-úsáid leictreachais a rialú agus a rianú ó mhonatóir, chun go mbeidh a fhios acu i gcónaí cé mhéad atá á chaitheamh acu ar leictreachas.

**25. Athbhreithniú Rialaithe Praghsanna Líonraí 4 (PR4)**
Maireann tréimhsí rialála ar feadh 5 bliana agus cuimsíonn an tAthbhreithniú ar Rialú Praghsanna 4 (PR4) an tréimhse 2016 go 2020 agus leagann sé amach na hioncaim iomlána rialaithe atá ceadaithe i rith na tréimhse sin mar atá dearbhaithe ag an CRU.

**26. Tréimhse Rialála 5 (RP5)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 5 (RP5) ná tréimhse rialála 5 bliana chun críche rialú praghsanna, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Aibreán 2012 go dtí 31 Márta 2017, arna dhearbhú ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.

**27. Tréimhse Rialála 6 (RP6)**
Is éard atá i gceist le Tréimhse Rialála 6 (RP6) ná tréimhse rialála chun críche rialú praghsanna, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Aibreán 2017 go dtí 31 Márta 2024, arna dhearbhú ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann.

**28. Toradh ar Chaipiteal a Úsáideadh (ROCE)**
Léirítear leis an Toradh ar Chaipiteal a Úsáideadh (ROCE) toradh ar chaipiteal a úsáideadh an toradh foriomlán ar chaipiteal arna dtabhairt ag fiachas agus cothromas araon.

**29. An Margadh Aonair Leictreachais (SEM)**
Is éard atá i gceist leis an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) margadh leictreachais mórdhíola atá linn-bhunaithe agus atá i bhfeidhm ó thuaidh agus ó dheas de theorainn na hÉireann.

# GLUAIS

**30. Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO)**
Tá SEM á oibriú ag Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), comhfhiontar idir EirGrid agus SONI, oibreoirí an chórais tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, faoi seach.

**31. SIRO**
Comfhiontar le Vodafone, a sholáthróidh leathanbhanda 1 gigighiotán in aghaidh an tsoicind (Gb/s) do 500,000 custaiméir i gcaoga baile ar fud na hÉireann, agus úsáid á baint chuige seo as an líonra dáileacháin réamhbhunaithe.

**32. Smart Energy Services (SES)**
Is réiteach iomlán bainistíochta fuinnimh é Smart Energy Services (SES) a chuireann na scileanna agus an taithí uile atá ar a thoil ag nuálaí domhanda fuinnimh ar fáil do ghnóthais.

**33. Eangach Chliste**
Gréasán nó Eangach tarchuir agus dáilte leictreachais aistrithe ina n-úsáidtear cumarsáid dhá bhealach, ardbhraiteoirí agus ríomhairí dáilte chun feabhas a chur ar éifeachtacht, iontaofacht agus sábháilteacht seachadadh agus úsáid cumhachta.

**34. An Clár Méadair Chliste**
Is é an clár méadair chliste an chéad ghlúin eile de mhéadair fuinnimh. Cuirfear iad sin in ionad na seanmhéadar leictreachais agus gáis a chuirfidh deireadh leis an ngá le cuairt a thabhairt ar an teach chun an méadar a léamh agus cuirfidh sé deireadh leis an ngá le meastacháin a úsáid nuair nach féidir méadar a léamh.

**35. Straitéis um Cheannaireacht Shábháilteachta**
Creat a thaispeánann modh soiléir simplí lena léirítear na freagrachtaí, oibleagáidí agus ionchais sábháilteachta atá ar gach duine san ESB chun timpeallacht shábháilte a chinntiú.

**36. Raon Spréiche**
Seo é an difríocht idir praghas an aonaid leictreachais agus costas an gháis a úsáidtear lena ghiniúint.

**37. Costais dúisithe**
Is iad na costais dúisithe na costais don ghineadóir más gá go gcastar air tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta.

**38. Stay Safe, Stay Clear**
Ba é cuspóir lárnach an fheachtais ná daoine a chur ar an eolas faoin ngá le bheith sábháilte agus iad amuigh faoin aer, agus fanacht amach ó shreanga leictreachais.

**39. Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**
Bhunaigh Rialtas na hÉireann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) mar údarás fuinnimh náisiúnta na hÉireann faoin Acht Fhuinneamh Inmharthana 2002.

**40. An tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI)**
Cinntíonn an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI) oibriú eacnamaíoch slán, sábháilte an eangach leictreachais ardvoltais i dTuaisceart Éireann agus i gcomhoibriú le comhghleacaithe in Eirgrid, tá sé freagrach chomh maith as an margadh leictreachais mórdhíola uile-oileáin a reáchtáil.

**41. Praghas Imeallach Córais (SMP)**
An praghas mórdhíola ar leictreachas le haghaidh gach leath uair an chloig.

**42. An Ríocht Aontaithe (RA)**
Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann.

**43. Rialtóir Fóntas (UR)**
An roinn rialtais neamhaireachta neamhspleách a cuireadh a bun le rialú éifeachtach a chinntiú do na tionscail leictreachais, gáis, uisce agus séarachais i dTuaisceart na hÉireann.

**44. Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU)**
Tagraíonn an Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU) do láithreacht an ESB laistigh de, agus a úinéireacht ar, shócmhainní ar fud gach ceann de mhíreanna an tslabhra breisluacha leictreachais, lena n-áirítear giniúint, trádáil, tarchur, dáileadh agus soláthar cumhachta do chustaiméirí.

**45. X_Site**
Is láthair í an chéad mhol nuálaíochta de chuid ESB, X_Site, ina nginfear smaointe úra gnó agus gnólachtaí nuathionscanta.